

# An tÚrscéal Stairiúil sa Ghaeilge 1993-2013

Síle Ní Choincheannain

Tráchtas le haghaidh na céime Ph.D.  
arna chríochnú i Roinn na Gaeilge  
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach

Ceann na Roinne: Máire Ní Neachtain

Stiúrthóir an tráchtais: An Dr. Breandán Ó Cróinín

## Clár

Réamhrá .....	1
1. Sainmhíniú an Úrscéil Stairiúil.....	3
2. Luathúrscéalta stairiúla na Gaeilge, <i>an scéal go dtí seo</i> .....	10
3. Suirbhé ar nua-úrscéalta stairiúla na Gaeilge 1993-2013.....	28
4. Fosheánraí agus téamaí i nua-úrscéalta stairiúla na Gaeilge.....	109
i. An t-úrscéal cogaidh.....	110
ii. An t-úrscéal fantasaíochta.....	116
iii. An t-úrscéal bleachtairéachta.....	119
iv. An t-úrscéal grá.....	122
v. Cás na mban sna nua-úrscéalta stairiúla.....	127
5. <i>An Fear Dána</i> .....	140
i. An Idirthéacsúlacht Stairiúil.....	140
ii. An Idirthéacsúlacht ó fhoinsí liteartha seachtracha.....	163
iii. Lorg na fírinne.....	182
6. <i>Fontenoy</i> .....	192
i. Cén fáth Cath Fontenoy?.....	192
ii. Athghabháil Fontenoy: An Chogaíocht agus an Pholaitíocht.....	197
iii. Reacaireacht an Úrscéil.....	214
7. <i>An Cléireach</i> .....	227
i. Cúlra agus Carachtracht.....	227
ii. An Chogaíocht san Úrscéal.....	236
iii. Tábhacht na hEalaíne.....	243
Conclúidí.....	260

**Dearbhú:**

Dearbhaím gur liom féin an saothar seo agus go bhfuil tagairt cheart chuí déanta agam d'ábhar ar bith a d'úsáid mé as foinsí eile. Níor úsáid mé aon chuid den saothar seo chun céim a bhaint amach in aon institiúid eile.

Síle Ní Choincheannain

---

## Nóta Buíochais

Fad is a bhí mé ag gabháil don tráchtas seo bhí daoine faoi leith a thug an-chúnamh agus an-tacaíocht dom. Ba mhaith liom an deis a thapú anois chun buíochas a ghabháil leo.

Ba mhaith liom, ar dtús, buíochas a ghabháil leis an Dr. Breandán Ó Cróinín a stiúraigh an taighde agus a thug tacaíocht iomlán dom ó thús go deireadh. Bhí sé foighneach agus bhí a dhoras ar leathadh dom i gcónaí. Roinn sé a stór eolais ar léann agus litríocht na Gaeilge go fial liom agus táim go mór faoi chomaoin aige. Más féidir liom a bheith leath chomh léannta leis le linn mo shaoil, bheadh éacht bainte amach agam. Níl na focail agam le buíochas ceart a ghabháil leis.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann iomlán Roinn na Gaeilge i gColáiste Muire gan Smál; An Ceann Roinne, Máire Ní Neachtain, a spreag i gcónaí mé ó thosaigh mé i gColáiste Muire gan Smál sa bhliain 2009, An Dr. Stiofán Newman, a bhí sásta cabhair agus comhairle a thabhairt dom leis na blianta chomh maith, An Dr. Liam Mac Páircín, a bhí mar stiúrthóir máistreachta agam, An Dr. Róisín Ní Dhonncha agus An Dr. Róisín Ní Ghairbhí. Táim buíoch daoibh ar fad as ucht na tacaíochta a thug sibh dom le deich mbliana anuas agus mé i mbun na céime agus na máistreachta araon.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil, ach go háirithe, le mo Dhaid. Is mian liom buíochas a ghabháil le mháthair a thug grá na Gaeilge dom i dtosach agus a oibríonn gan staonadh ar son na Gaeilge in Iarthar an Chláir. Is mian liom buíochas a ghabháil chomh maith le mo dheartháir, Tadhg, agus mo dheirfiúir, Úna, as an tacaíocht a thug siad dom fad is a bhí an obair seo ar siúl.

## Achoimre

Tá plé á dhéanamh sa tráchtas seo ar na húrscéalta stairiúla ar fad a scríobhadh sa Ghaeilge sa tréimhse 1993 – 2013. Cúig úrscéal déag ar fad a scríobhadh idir na blianta sin agus pléitear iad go léir sa tráchtas seo. Sa chéad chaibidil, tá sainmhíniú an úrscéil stairiúil á phlé. Feicimid go bhfuil sé deacair sainmhíniú sásúil a thabhairt ar an seánra seo agus is minic a thagann roinnt sainmhínithe salach ar a chéile. Sa dara caibidil, féachaimid siar ar na luathúrscéalta stairiúla sa Ghaeilge ó scríobhadh an chéad úrscéal stairiúil *Cormac Ua Conaill* (Ua Duinnín, 1901) go *Ceart na hUaighe* (Ó Catháin, 1986). Sa tríú caibidil ansin, déantar suirbhé ar na húrscéalta ar fad a scríobhadh ó 1993 do dtí an bhliain 2013 in ord cróineolaíoch. Is é atá i gceist le suirbhé ná anailís a dhéanamh ar na húrscéalta sin. Sa cheathrú caibidil, pléitear na fosheánraí agus na téamaí atá soiléir le feicéail sna húrscéalta stairiúla sin - an t-úrscéal cogaidh, an t-úrscéal fantasaíochta, an t-úrscéal bleachtairéachta agus an t-úrscéal grá. Chomh maith leis sin, déantar iniúchadh ar chás na mban in úrscéalta stairiúla na Gaeilge sa cheathrú caibidil. Is é atá sa chúigiú, sa séú, agus sa seachtú caibidil ná mionphlé ar thrí úrscéal ar leith atá ar chaighdeán níos airde ná na húrscéalta eile, dar liom. Sa chuigiú caibidil, pléitear *An Fear Dána* (Tittley, 1993), sa séú caibidil, tá plé ar *Fontenoy* (Mac Cóil, 2005), agus sa séú caibidil, déantar plé ar *An Cléireach* (Ó Scolaí, 2007). Ar deireadh ar fad, déantar iarracht ar na snáithe ar fad a shní le chéile sna conclúidí maille le sracfhéacaint a thabhairt ar a bhfuil tarlaithe sa seánra ó 2013 i leith.

## Réamhrá

Is é a chuirim romham sa tráchtas seo ná iniúchadh a dhéanamh ar na húrscéalta stairiúla sa Ghaeilge a scríobhadh idir na blianta 1993 agus 2013. Tá sé i gceist agam an seánra seo ar a bhfuil an-bhorradh tar éis teacht air le fiche bliain anuas a chíoradh agus a scagadh. Tá an t-úrscéal stairiúil ar cheann de na seanraí is bisiúla sa litríocht go ginearálta ach gnó cuíosach nua atá ann sa Ghaeilge. Is léir go dtosnaíonn stair an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge sa bhliain 1901 nuair a foilsíodh *Cormac Ua Conaill* le Pádraig Ua Duinnín (Delap: 1993, 15). Ó foilsíodh *Cormac Ua Conaill* sa bhliain 1901 go dtí an bhliain atá mar thús pointe don tráchtas seo, 1993, foilsíodh sé úrscéal is fiche. Bhí rath ar an seánra go mór mhór sna seascaidí nuair a foilsíodh *L'Attaque* (Ó Tuairisc, 1962) ach fé dheireadh na n-ochtóidí, thosaídh an seánra ag trá, ach bhí rudaí ag athrú cheana féin. Sa bhliain chéanna sin, 1993, foilsíodh úrscéal stairiúil a bhí réabhlóideach ar mhórán slite. Ní hamháin go raibh *An Fear Dána* le hAlan Titley réabhlóideach ó thaobh na teanga sa mhéid is go bhfuil sé scríofa ar shlí a bhaineann macalla as teanga liteartha na tréimhse ina bhfuil sé suite ach is féidir a rá gur chuir sé tús le ré nua i scríobh an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge. Ó 1993 go 2013, foilsíodh cúig úrscéal déag. Mar sin, mar gheall ar an mborradh a tháinig ar an seánra le fiche bliain, tuigtear dom go bhfuil mórán oibre le déanamh i ngort an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge i bhfianaise líon mór na n-úrscéalta Gaeilge atá scríofa, agus i bhfianaise éagsúlacht agus ilghnéitheacht na n-úrscéalta seo. Chomh maith leis sin, is ceart aitheantas a thabhairt do bhuíon áirithe daoine a rinne sár-thaighde critice ar an úrscéal stairiúil; Georg Lukács, Jerome de Groot, James Cahalan, Breandán Delap, agus Alan Titley, gan ach cúpla ainm a lua.

Tá na tréimhsí staire ina bhfuil eachtraí na leabhar seo suite suimiúil ach tá an éagsúlacht a fhaightear iontu ó thaobh cur chuige agus ó thaobh fosheánraí (ficsean bleachtairreachta, ficsean cogaíochta, srl.) thar a bheith spéisiúil chomh maith. Ficsean liteartha atá i bhformhór mór na n-úrscéalta seo agus d'fhéadfaí an lipéad 'iar-nua-aoiseach' a thabhairt ar chuid mhaith acu – *An Fear Dána* agus *Fontenoy*, mar shampla. Tá an iar-nua-aoiseachais thar a bheith tábhachtach in aon phlé a dhéantar ar an bhficsean stairiúil go háirithe

toisc go n-aithnítear anois nach bhfuil sa stair féin ach ‘a narrative form itself rather than an account of historical ‘truth’ (de Groot: 2010, 111). Dar ndóigh, ní hionann an t-úrscéal stairiúil agus an stair í féin ach is minic gur fearr é ná an stair toisc gur féidir leis aon tréimhse ar leith a thabhairt chun beochta ar an leathanach dúinn nuair nach féidir leis an téacsleabhar staire ach na cnámha tirime a thabhairt dúinn, chun a bhfuil le rá ag Baker (1968, vii) a chur i nGaeilge agus i mbeagán focal. Níl aon cheist ach go bhfuil leaganacha fíorspéisiúla den stair curtha ar fáil in an-chuid de na húrscéalta seo agus d’fhéadfaí a thuairimiú gurb é seo is mó atá á dhéanamh san úrscéal seo, i.e. leagan nua, Gaelach den stair á scríobh i bhfoirm úrscéil.

Is é mo thuairim ná go gcuirfidh an tráchtas seo go mór lenár dtuiscint ar an ngné an-tábhachtach seo de phrós na Nua-Ghaeilge agus gur céim mhór chun tosaigh i gcritic na Gaeilge a bheidh ann. Is iad na príomhaidhmeanna a bheidh agam sa tráchtas seo ná: (i) sainmhíniú a thabhairt ar cad é go díreach atá i gceist le húrscéal stairiúil sa Ghaeilge; (ii) athbhreithniú a dhéanamh ar chúlra an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge agus ar na luathúrscéalta a scríobhadh roimh 1993; (iii) suirbhé a dhéanamh ar na húrscéalta stairiúla ar fad a scríobhadh sa Ghaeilge ó 1993 go dtí 2013 agus plé a dhéanamh ar na fosheánraí agus téamaí a fheictear iontu; (iv) mionstaidéar a dhéanamh ar na húrscéalta is tábhachtaí acu ó thaobh téamaí, teicnící reacaireachta, agus úsáid na teanga féin; (v) iarracht a dhéanamh na húrscéalta seo a shuíomh i gcomhthéacs ghluaiseacht na nua-litríochta sa Ghaeilge.

\

## 1. Sainmhíniú an Úrscéil Stairiúil

Is é atá i gceist agam a dhéanamh sa chéad chaibidil seo ná déileáil leis an sainmhíniú a bhaineann leis an úrscéal stairiúil, agus is cinnte gur sainmhíniú theibí, chasta atá inti. Chun go ndéileálfaí leis mar sin, ba mhaith liom, ar an gcéad dul síos, tuairim Liam Mhic Cóil agus an méid atá le rá aige faoin úrscéal féin mar uirlis litríochta a lua, toisc go bhfuil pointe an-tábhachtach á dhéanamh aige:

Níl a fhios agam cé chomh sásta is atá mé leis an bhfocal ‘úrscéal’ mar théarma a choimsíonn réimse áirithe scríbhneoireachta. Mar, nuair a chuimhníonn tú air, tá an réimse sin ollmhór. Clúdaíonn sé, abair, *Cré na Cille*, *Deoraíocht*, úrscéalta Mháirtín Uí Chorrbaigh. . . Agus an difríocht idir chuile ceann díobh seo, ach fós is úrscéalta iad uilig. Deir tú, ‘cén rud atá ag na húrscéalta seo i bpáirt a chéile?’ Agus an t-aon rud a bhféadfá a rá faoi ná, go bhfuil an chuma air, gur píosaí fada ficseanacha iad seo uilig. (Mac Cóil, 2003)

Dar le Mac Cóil, smaoinimid ar shaothar Scott, Balzac, Dickens, Tolstoy agus Joyce fiú nuair a bhímid ag smaoineamh ar an úrscéal go ginearálta. Is dócha an pointe atá á dhéanamh ag Mac Cóil ná nach féidir linn teorainn ródhian a chur ar aon seánra úrscéalaíochta agus ní mór dúinn cuimhneamh ar an méid sin agus sinn ag plé leis an úrscéal stairiúil sa tráchtas seo. ‘Murar aon ní amháin é an t-úrscéal, ní haon ní amháin é an t-úrscéal stairiúil ach an oiread’ (1991: 320) faoi mar a deir Titley. Gan amhras, is mór an difir atá idir ‘úrscéal stairiúil agus úrscéal ina bhfuil stair ann’ (Delap, 1993: 9) agus i gcás mórán úrscéalta, níl an stair ach ‘mar a bheadh taca ann’ (ibid.) Glaonn Avrom Fleishman, saineolaí eile ar an seánra seo, ‘Meditative Historical Fiction’ ar a leithéid d’úrscéal (in Delap, 1993: 9) agus is é a bhíonn i gceist leis sin ná, mar shampla, scéalta grá atá suite i dtréimshí ama cinniúnacha ach a bhaineann, don chuid is mó, leis an gcaidreamh daonna idir fir agus mná ann. Sampla amháin den sórt úrscéil sin i dtraidisiún na Gaeilge ná *Máire Nic*



*Artáin* (1995) le Séamus Ó Néill. Úrscéal é seo atá suite i mBéal Feirste le linn na dTrioblóidí, ach baineann plota an scéil le cúrsaí grá agus fadhbanna an phósta measctha don chuid is mó.

Níl sainmhíniú socair amháin ann a chuireann síos go beacht ar an úrscéal stairiúil, agus sin í an deacracht is mó a bhaineann leis an seánra, dar liom. Mar sin féin, áfach, agus sinn ag plé le saothar Liam Mhic Cóil, Alan Titley, agus Mháire Mhac an tSaoi, sa tráchtas seo, gan ach cúpla sampla a lua, d'fhéadfaí glacadh leis an úrscéal stairiúil mar scéal ina ndéantar cur síos ar ré staire ina mbíonn idir an fhírinne agus an ficsean fite fuaite la chéile sna heachtraí éagsúla ann. Is scéalta atá iontu a dheineann uachtar an mhiotais a scríobadh chun brí agus beocht a thabhairt d'eachtraí stairiúla éagsúla agus do thréimhsí atá caite sa tír seo, nó gan dabht i dtíortha eile. Anuas air sin, is ríléir go bhfuil an-solúbacht ag baint leis an úrscéal ó thaobh stíle de faoi mar atá ráite ag Titley agus Mac Cóil. Tá Jerome de Groot ar aon aigne leo chomh maith nuair a deir sé an méid seo a leanas, 'the intergeneric flexibility of historical fiction has long been one of its defining characteristics' (2010: 2). Is mór an éagsúlacht a bheidh le feiceáil sna húrscéalta stairiúla Gaeilge a phléifear sa tráchtas seo; tá idir úrscéalta gearra, nó nóibhille againn ar nós *Scéal Ghearóid Iarla* le Máire Mhac an tSaoi nó *Hula Hul* le Seán MacMathúna. Tá úrscéalta níos tathagaí ann chomh maith, úrscéalta ar nós *An Litir* le Liam Mac Cóil nó *Crann Smola* le Seán Ó Dúrois. Tá úrscéal stairiúil ann anois atá scríofa i bhfoirm filíochta fiú, *An Bhean Feasa* le Alan Titley, a thiteann lasmuigh de scóp an tráchtas seo ach gur léir go bhfuil an-tábhacht ag baint leis.

Is léir go dtuigeann scríbhneoirí an úrscéil stairiúil an tsolúbthacht a bhaineann leis an seánra seo, agus is léir freisin, go dtéann siad go mór i ngleic leis an solúbthacht sin chun saothair shuntasacha a chur ar fáil don phobal. Feicimid go bhfuil peirspictíocht níos leithne ar an tsolúbthacht sin ag scríbhneoirí an lae inniu ná mar a bhí fadó ag leithéidí an Duinnínigh nó Dhiarmuda Uí Shuilleabháin mar shampla, faoi mar a bheidh soiléir sa chéad chaibidil eile.

Tagann cúpla sainmhíniú eile chugainn ar an úrscéal stairiúil ó thaobh aidhmeanna agus tréithe de. Is fiú an méid atá le rá ag Cahalan a lua sa chéad áit cé go mbeidh sé soiléir fós nach n-oireann sé mar shainmhíniú ar an úrscéal stairiúil sa Ghaeilge:

...let us consider the Irish historical novel as one dealing with political events in modern Irish history prior to the author's own experience- usually a major upheaval or revolution such as the Jacobite-Williamite war, the Penal Age, the 1798 rising, the Famine, the Land War, the 1913 Dublin lockout, the Easter Rising of 1916 and the subsequent Anglo-Irish and Civil Wars. (1983: 20)

Cé gur sainmhíniú an-mhaith é seo maidir le húrscéalta stairiúla an Bhéarla, ní dócha gur féidir glacadh leis nuair a deir Cahalan gurb ionann na húrscéalta stairiúla agus 'the making of modern Ireland' agus an t-achar ama a mholann sé ná 1603-1923 (ibid.: 20). Níl an míniú sin iomlán oiriúnach do na húrscéalta a phléifear sa tráchtas seo faoi mar a fheicimid toisc go mbaineann nua-úrscéalta stairiúla na Gaeilge le tréimhsí ama a théann chomh fada siar leis an 13ú haois, *An Fear Dána* (1993) le Alan Titley, mar shampla. Is díol suime é líon na n-úrscéalta a scríobhadh sa Ghaeilge le fiche bliain anuas agus na tréimhsí staire lena mbaineann siad: pléann *An Fear Dána* (Titley, 1993) agus *1260 AD* (Mac Conaill, 2008) leis an 13ú haois; *Scéal Ghearóid Iarla* (Mhac an tSaoi, 2012) agus *Ár i gCor Chomrua* (Ó Laighléas, 2007) leis an 14ú haois; *A Bhean Óg Ón* (Mhac an tSaoi, 2001), *Cogadh 'gus Cathú* (Mac Confhaola, 2002), *An Litir* (Liam Mac Cóil, 2011) agus *An Cléireach* (Ó Scolaí, 2007) leis an 17ú haois; *Ceol an Phóbaire* (Mac Confhaola, 1997) agus *Fontenoy* (Mac Cóil, 2005) leis an 18ú haois; *Crann Smola* (Ó Dúrois, 2001), *Lucinda Sly* (Ó Sé, 2008) leis an 19ú haois; agus *Hula Hul* (Mac Mathúna, 2009) le tréimhsí difriúla an 20ú haois.

Ar an taobh eile den scéal, caithfear an cheist seo a chur chomh maith, cé chomh fada siar sa stair agus a chaithfidh dul chun a bheith cinnte gur úrscéal 'stairiúil' atá idir lámha againn? Seo roinnt

sainmhíthe eile (nach bhfuil ar aon fhocal lena chéile ar fad gan dabht) a dheineann tréimhsí ama an úrscéil stairiúil a phlé. Deir Avrom Fleishman go gcaitheann an t-úrscéal a bheith suite, ó thaobh ama de: ‘at a remove [of] at least two generations from the authors own time’ (1972: 299). Déanann Cahalan idirdhealú idir an t-úrscéal stairiúil agus leithéidí *The Invasion* le Gerald Griffin agus *The Unfortunate Fursey* le Mervyn Wall mar shamplaí, agus tá sé den tuairim gur úrscéalta iadsan a bhaineann le ‘ancient and medieval romance’ (1983: 20-25). Chomh maith leis sin, luann Cahalan an dá shaghas úrscéil atá i measc úrscéalta Scott agus an difríocht atá ann eatarthu chun an seánra a shoiléiriú dúinn, ag déanamh trácht ach go háirithe ar *Ivanhoe* agus á chur i gcomparáid leis na húrscéalta Seacaibíteacha, ag taispeáint nach ionann iad (ibid.: 20). Is fiú tagairt a dhéanamh do scéalta atá lonnaithe san aimsir chaite ach gan fíorchúram polaitíochta poiblí le fáil iontu ach oiread, mar shampla *The House by the Churchyard* (1863) le Sheridan Fanu. Chomh maith leis sin, deir Fleishman gur cheart go mbeadh i ngach aon úrscéal stairiúil ‘at least one real historical personage, an actual ‘big name’ from history, and this seems a reasonable additional criterion’ (1972: 300). Feicimid, don chuid is mó, áfach, go mbíonn mórphearsa na staire le fáil go minic i luathúrscéalta stairiúla na Gaeilge agus i nua-úrscéalta na Gaeilge, ach an fhadhb is mó a bhaineann le luathúrscéalta na Gaeilge ná go gcuirtear an iomarca béime orthu nó go dtugtar ról rómhór dóibh, rud a fheicfimid sa chéad chaibidil eile.

Chomh maith leis sin, is suimiúil an rud é féachaint ar chás Aodha Uí Chanainn toisc gur rugadh é sa bhliain 1934, an bhliain chéanna ina dtosaíonn an t-úrscéal *Léine Ghorm* (1984) (Delap, 1993: 44). Is ionann é sin agus a rá, mar sin, nach úrscéal stairiúil é de réir shainmhíniú Cahalan nó Fleishman, toisc nach bhfuil sé ‘at a remove [of] at least two generations from the authors own time’ (Fleishman, 1972: 299) ach go fíreannach, cén seánra eile a thabharfaí air? Sa leabhar mór taighde a scríobh Titley (1991), tá cur síos déanta aige ar an úrscéal seo faoi chaibidil *An*

*Bildungsroman* agus ní sa chaibidil *An t-Úrscéal Staire agu Polaitiúil*. Seans go ndearna sé é seo toisc go bhfuil sé ar aon aigne le Cahalan, nó b'fhéidir gur chuir sé sa chaibidil sin é chun forbairt laoch an úrscéil, Colm Mac Conaill, a lua mar an ghné is tábhachtaí den leabhar, 'is é cúrsa an úrscéil é an teacht chun feasa seo a thuairisciú' (Titley, 1991: 484). Thug Proinsias Mac an Bheatha 'bildungsroman stairiúil réalaióch' ar úrscéal Uí Chanainn, agus an ceart aige, dár ndóigh (Delap, 1993: 162) ach dar liomsa, is úrscéal stairiúil é.

Cé a déarfadh, áfach, nach féidir le haon úrscéal a bheith faoi scáth dhá chinéal seánra? Faoi mar atá ráite níos luaithe sa tráchtas, caithefear a bheith solúbtha agus is dócha go gcaithimid a bheith ciallmhar. I réamhrá *An tÚrscéal Gaeilge*, deir Alan Titley, nach bhfuil 'in aon genre ar bith ach teilgean áirithe nó treo áirithe a ngluiseann an cheapadóireacht ar a rian' (1991: 11). Tuigtear nach bhfuil teimpléad ar leith le fáil a léireodh sainmhínithe dochta, daingne ar aon seánra úrscéalaíochta, ní hamháin ar an úrscéal stairiúil, agus uaireanta is fúinn féin atá sé an cinneadh sin a dhéanamh. Déanann Titley athfhriotal ar thagairt i leabhar a foilsíodh sa bhliain 1762 a thaispéanann dúinn gur seanscéal é seánraí an úrscéil a shuaitheadh:

Literary compositions run into each other, precisely like colours: in their strong tints they are easily distinguished; but are susceptible of so much variety, and of so many different forms, that we never can say where one species ends and another begins (Home in Titley, 1991: 22)

Mar sin, an ceart dúinn glacadh le *Léine Ghorm* mar úrscéal stairiúil in ainneoin gur rugadh an t-údar sa bhliain chéanna ina dtosaíonn an leabhar agus a rá go raibh sé fós 'prior to the author's own experience'? Nó an é is cirte a rá gur *Episodio Nacional* atá ann, 'by the Spanish, that is, historical events that occur close to the time of their writing' (Ó Rinn in Ní Chollatáin, 2005: 395). Déanann Delap plé ar an *Episodio Nacional* chomh maith agus ceistíonn sé an féidir linn 'úrscéalta stairiúla' a ghlaoch' (1993: 61) ar na húrscéalta a scríobhadh sa tír faoi na himeachtaí

stairiúla a thit amach ó Éirí Amach 1916 go aimsir Cogadh na Saoirse; *Tarnгаireacht Mhiseoige* (1958) le Séamas Ó Grianna, mar shampla. Cruthaíonn sé sin coimhlíntí agus sinn ag iarraidh an t-úrscéal stairiúil a shainmhíniú. Deir Delap gur thosaigh scríbhneoirí na Gaeilge ‘ag diúltiú do dheorantacht na staire imigéiniúla agus tosaíodh ar chuimhní cinn pearsanta ar an stair nuadhéanta’ (1993: 60). Mar sin féin, is deacair gan glacadh le *Léine Gorm* mar úrscéal stairiúil in aon chomhthéacs agus an t-ard-mholadh a thugann Delap dó:

Níl eachtra ar bith, diomaite den phlota cruthaitheach féin, nach bhfuil bunús stairiúil leis. Go deimhin, d’fhéadfaí é a úsáid mar théacsleabhar staire de thairbhe meáchan an ábhair stairiúil ann agus a liacht fíricí suimiúla a nochtar ann. Cur síos údarásach ar imeachtaí staire, bunaithe ar nuachtáin na dtríochaidí agus ar chuimhní cinn daoine a bhí gafa leis an pholaitíocht ag an am, atá ann. *Ars est celare artem*<sup>1</sup>. (Delap, 1993: 150)

Is cinnte gur ealaíon ar leith atá san úrscéal stairiúil agus go mbíonn a chur chuige féin ag gach údar dó. Bíonn rudaí áirithe i gceist ann, an taighde is gá a dhéanamh agus na bunfhoinní stairiúla (más ann dóibh) a mhúnlaigh na scéalta, claontacht an údair agus na spriocanna a chuireann sé roimhe agus é nó í i mbun pinn. Thar aon ní eile áfach, tuigeann an t-úrscéalaí stairiúil cad a chaithfidh sé a dhéanamh chun úrscéal stairiúil a scríobh, sé sin, mar a deir Alessandro Manzoni go meafarach:

They are required to give not just the bare bones of history, but something richer, more complete. In a way you want him to put the flesh back on the skeleton that is history (In de Groot, 2010: 3)

Tar éis féachaint ar na sainmhínithe éagsúla atá ag criticeoirí éagsúla, is féidir linn teacht ar ár réiteach féin ar an úrscéal stairiúil. Is deacair sainmhíniú a thabhairt air toisc go mbíonn sé de shíor ag athrú, ach ag an bpointe seo, d’fhéadfaimís glacadh leis an úrscéal stairiúil mar úrscéal

---

<sup>1</sup> Ceileann cumas ceardaíocht

atá suite san aimsir chaite agus é chomh soiléir sin go bhfuil an t-úrscéal stairiúil suite i dtréimhse staire áirithe nach bhféadfadh léitheoir é a mheascadh suas le haon tréimhse staire eile. Mar shampla, más úrscéal é atá suite sa 17ú haois, ní féidir aon rian d'aon tréimhse eile a bheith ar an úrscéal sin.

Gné eile atá tábhachtach sa sainmhíniú seo ná go bhfuil taighde agus samhlaíocht mar uirlisí ag an údar seachas a thaithí phearsanta féin, sé sin le rá gur tréimhse staire atá ann nár mhair an t-úrscéalaí tríd. Chomh maith leis sin, ní hiad fíorphearsana na staire atá mar phríomhcharachtair in úrscéalta stairiúla, ach gnáthcharachtair ficseanacha, agus fágfar na mórphearsana staire i gcúlra an scéil. Tugann an t-úrscéal stairiúil deis dúinn saol cultúrtha na haimsire caite a athchruthú, agus machnamh a dhéanamh ar an stair, go háirithe má théann an t-úrscéalaí i muinín níos mó lena chuid samhlaíochta ná leis na fíricí. Is ceist chasta í cad is úrscéal stairiúil ann ach má chloítear leis an sainmhíniú ginearálta seo, beidh sé le feiceáil gur úrscéalta stairiúla ar fad a phléitear sna caibidlí romhainn.

## 2. Luathúscéalta Stairiúla na Gaeilge

Agus roinnt plé déanta againn ar shainmhíniú an úrscéil stairiúil anois, is díol suime é tuairim Titley mar a ndeir sé gur ‘dhoras feasa ar Éirinn’ atá in úrscéalta stairiúla na Gaeilge (1991: 319). Chun go mbeadh tuiscint éigin againn ar an méid sin, ní mór anois féachaint ar aidhmeanna údair luathúscéalta stairiúla na Gaeilge agus chun é sin a dhéanamh, b’fhiú sracfhéachaint a thabhairt ar roinnt de na luatharrachtaí Gaeilge sa seánra seo.

In ainneoin gur seanseánra atá san úrscéal stairiúil i dteangacha eile, is gnó cuíosach nua-aimseartha é na húrscéalta stairiúla seo a bheith á scríobh sa Ghaeilge. Mar sin, más féidir tús an úrscéil stairiúil nua-aimseartha san Eoraip a rianadh siar go dtí foilsiú *Waverley* (1892) le Walter Scott ag tús an 19ú haois, is léir go dtosnaíonn stair an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge sa bhliain 1901 nuair a foilsíodh *Cormac Ua Conaill* le Pádraig Ua Duinnín (Delap, 1993). Tá sé suimiúil féachaint ar an tslí inar chuir an Duinníneach tús leis an úrscéal stairiúil sa Ghaeilge sa tír seo. Ba chinneadh coinsiasach a bhí ann gan patrún na n-úrscéalta a bhí scríofa i dteangacha eile ag an am a leanúint agus seo roinnt dár scríobh an t-údar i réamhrá an úrscéil, *Cormac Ua Conaill*, a dheineann cur síos ar an meon sin a bhí aige agus an aidhm a bhí aige len é a scríobh:

[C]heapas gur b’fhearr gan aithris do dhéanamh ar úr-scéaltaibh eachtrannacha an lae sin-bhíodar ró leamh, ró bhaoth, ró-fholamh don aos scoile – agus nár miste scéal do cheapadh go mbeadh baint aige le stair na hÉireann... (Dúinnín, 1901: viii)

Tá an tagairt seo suimiúil mar tá an-chosúlacht idir é agus an méid a bhí le rá ag Dr. Richard Healy sa *Gaelic Journal* sa bhliain 1892 mar gheall ar úrscéalta na Gaeilge go ginearálta, agus bhí sé den tuairim nár cheart go mbeadh úrscéalta na Gaeilge faoi thionchar ag an mBéarla ar chor ar bith nuair a dúirt sé, ‘[E]nglish idiom, mannerism, style, system of thought, must be rigidly eschewed’ (in Nic

Eoin, 2008: 13). Is fiú an méid a scríobh James Cahalan sa chéad chaibidil in *Great Hatred, Little Room* a lua freisin, ‘[a]n understanding of the historical novel must begin with Walter Scott because Irish historical novelists began with him’ (1983:1). Ba dheacair a rá cé chomh cruinn agus atá an ráiteas sin ó Cahalan ach is léir ón méid a dúirt An Duinníneach agus Dr. Richard Healy nach n-aontóidís féin leis pé ar bith é.

I gcás úrscéal an Duinnínigh, rinneadh idir cháineadh agus mholadh ar *Cormac Ua Chonaill*, atá bunaithe ar imeachtaí Iarla na Deasmhumhan agus a mhac sa cheathrú haois déag. Bhí tuairim amháin ann nár ealaigh an t-úrscéal seo slán ar fad ón scéal fada rómánsaíochta (Delap, 1993: 36) ach mar sin féin glacadh leis go raibh téagar faoi leith i *gCormac Ua Chonaill* agus é le háireamh mar an ‘chéad úrscéal Gaeilge a foilsíodh ina iomláine faoi iamh an aon chlúdaigh amháin riamh é’ (Titley, 1991: 332). Faoi mar a scríobh an tAthair Ua Duinnín é féin i litir chuig *Irisleabhar na Gaeilge*, tar éis an cháineadh, ‘is fearr an duine ag tabhairt litiordhachta dúinn ná an fear a bhidheas ag caint ar a lochtaibh beaga’ (in Ó Conchubhair, 2009: 246). Mar sin féin, is beag an meas atá ag léirmheastóirí ar an leabhar seo fós, sa lá atá inniu ann, agus dar le Brendan Delap ina staidéar ar *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge*. ‘[n]í fiú an oiread céanna iniúchadh a dhéanamh ar *Cormac Ua Conaill*,’ mar ní ‘iarracht róshásúil atá ann ar úrscéal stairiúil a scríobh’ (1993:36). Tá sé, dar leis, ‘i bhfad Éireann ró-éadomhain ina insint agus róshaonta agus rómánsach mar scéal chun stádas an úrscéil a bhronnadh air’ (ibid.: 36). Déanann Titley cáineadh air chomh maith agus deir sé:

[I]s easpa fuála idir eachtraí, an easpa caidrimh idir dhaoine a léireofaí go coitianta i bhfoirm cómhra an easpa sonraí in imeacht na gcarachtar is mó a thagann idir sinn agus ár dtoil a aomadh go hiomlán leis. (1991: 333)

Is fíor i gcónaí afách, mar a deir Titley, ‘gurb ionann siúcra duine amháin agus salann duine eile’ (1991: 18). Rinneadh léirmheas cáinteach ar *Cormac Ua Conaill* sa bhliain 1901 in *Irisleabhar na*



*Gaedhilge* agus is cosúil gur Eoin Mac Néill a scríobh é (Ó Conchubhair, 2009: 242). Tugann an cáineadh seo léargas ar mheon na linne agus léirítear go raibh na téamaí ar rinneadh plé orthu imithe i bhfeidhm ar údair, ar chriticeoirí agus ar léitheoirí na linne sin. Cháin an léirmheastóir áirithe seo, Eoin Mac Néill, an canúnachas agus an Béarlachas a bhí san úrscéal, ach go háirithe, agus mhol sé gur cheart go ‘[bh]fágaimís an chanamhaint ag an sgéalaidheacht ghnáthaigh.i. ag na sgéaltaibh innsteair cois na tinneadh’ agus nár cheart í ‘a sháthadh isteach i ngnó nach de í’ (Mac Néill in Ó Conchubhair, 2009: 242). Is spéisiúil an tuairim é sin nár cheart an chanúint cois tine a mheascadh leis an scríbhneoireacht chruthaitheach ach gan dabht is argóint é sin atá fós ar siúl i measc lucht léinn na Gaeilge an lae inniu agus tá an méid atá le rá ag an gCéitinneach, a thacaíonn leis an gcanúnachas, spéisiúil:

Ar ndóigh is i leabhar na Gaeilge a mhaireann ilfhoirmeacha na gcanúintí ina neart. Is aisteach le hUltach *focail* a rá in ionad *focal*. B’fhéidir go mbeadh sé díograiseach go leor *tabharfaidh* a scríobh ach beidh *bhéarfaidh* ar bharr a theanga aige, foirm nach bhfuil le fáil in *Gramadach na Gaeilge agus Litriú an Caighdeán Oifigiúil* (GCO) ná in *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí 1960 agus 1999...* (2004: 10)

Pé ar bith é, chosain an Duinníneach an canúnachas san úrscéal aige chomh maith agus sheas sé an fód in aghaidh an cháinte seo. Scríobh sé go mion minic chuig *Irisleabhar na Gaedhilge* ag cosaint a úrscéil, faoi mar a chonaiceamar níos luaithe, agus bhí sé den tuairim nár thuig na léirmheastóirí an príomhcharachtar a bhí aige sa scéal, sé sin, Cormac. Sa tarna heagrán de *Cormac Ua Conaill* fiú, scríobh sé: ‘the character of this youthful hero has not been fully understood or justly appreciated’ (ibid.). In ainneoin an cháinte ar fad, níl aon amhras ach go gcaithfear glacadh leis mar úrscéal stairiúil toisc gur chuir an Duinníneach roimhe scéal a cheapadh a bheadh ‘i bhfuirm droichid idir litridheacht na sean-scéal is cibé litridheacht a bheadh mar thoradh ar an

dteangain aithbheoidhte’ (Duinnín in Titley, 1991: 333). Ba é an Duinníneach a leag bunchloch an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge agus is mór an chreidiúnt atá ag dul as an éacht sin:

Moladh go spéir é. Moladh an stair a bhí ann. Moladh an eachtraíocht. Moladh uaisleacht na bpearsan. Moladh é de bharr fathach a bheith ann, de bharr gníomhacht a bheith ann, de bharr múineadh mórálta a bheith ann. Moladh as Béarla agus as Gaeilge é. Ba mhór an onóir dó na páipéirí Béarla a chur suime ann ar chur ar bith. Ba é an chéad úrscéal Gaeilge é, agus ní bhainfeadh marcshlua an domhain an gradam sin de. (Ó Conluain agus Ó Céileachar in Delap, 1993:37)

Tá sé suimiúil nár ghlac léirmheastóirí uile na hAithbheochana go fonnmhar le *Cormac Ua Conaill* ach mar sin féin aithníodh gur tús ab ea é in ainneoin pé lochtanna a bhí air. Mar sin féin, dar liom, ba dheacair mórán iontaoibh a bheith againn as léirmheastóirí na linne sin toisc gur ‘beag an scóp [a bhí] ann le haghaidh léirmheastóirí toisc a laghad úrscéalta a scríobhadh’ (ibid.) go ginearálta sa Ghaeilge an t-am sin. Maidir le criticeoirí an lae inniu, tá sé i bhfad níos fusa dóibh siúd Cormac Ua Conaill a cháineadh, nó a mholadh, go háirithe nuair is féidir é a chur i gcomparáid le saothair an lae inniu atá níos sofaisticúla. Dár ndóigh agus is fíor do Thitley nuair a deir sé:

Ní hionadh linn, mar sin, idir a bheith ag iarraidh freastal ar dhaoine óga, ar dhoichead a thógáil, ar spiorad na nGael a mhúscailt, ar a pheann féin a phromhadh, ar cháil na Muimhneach a sheasamh agus ar an gcéad úrscéal stairiúil Gaeilge a scríobh, ní haon ionadh linn go bhfuil meascán agus an mhearái ar fud a chéile tríd síos ann. (1993: 333)

Is léir gur chuir an Duinníneach rudaí sa siúl do scríbhneoirí na Gaeilge agus féach, dar le Delap (1993:165) gur foilsíodh sé úrscéal is fiche ó chéad eagrán *Cormac Ua Conaill* sa bhliain 1901 go dtí an bhliain 1993, mar atá :*Cormac Ua Conaill* (Ua Duinnín, 1901), *Niamh* (Ua Laoghaire, 1907), *Bun an Dá Abhann* (Ó Ciarghusa, 1926), *Buaidh na Treise* (Ó Gríobhtha, 1928), *Eoghan Ruadh Ó Néill* (Mac Grianna, 1932), *Iolar agus Sionnach* (Mac Maoláin, 1938), *Eibhlín A’ Ghleanna* (Ó Catháin, 1954), *An Dubhchrónach* (Ó Mulláin,

1954), *Tarnгаireacht Mhiseoige* (Ó Grianna, 1958), *L'Attaque* (Ó Tuairisc, 1962), *Pící Loch Garman* (Ó Liatháin, 1964), *Dianmhuilté Dé* (Ó Súilleabháin, 1964), *Seantéada ar Crith* (Ó Corrbuí, 1965), *Dé Luain* (Ó Tuairisc, 1966), *Ceart na Bua* (Ó Catháin, 1968), *Luaithreach an Bhua* (Ó Liatháin, 1969), *Cnoc na hUamha* (Mac an Bheatha, 1978), *Léine Ghorm* (Canainn, 1984) agus *Ceart na hUaighe* (Ó Catháin, 1986). Rinne *Cormac Ua Conaill* éacht, ach go fíreannach, ní fheicfí toradh ar an tús sin go dtí i bhfad na haimsire, ach mar atá le rá ag Ó Conchubhair faoi luathúrscealta na Gaeilge, agus é ag féachaint siar ar úrscealta na Gaeilge, 'there is a good deal to be proud of, some to be embarrassed by, and much to be read with pleasure and interest' (2005:230).

Faoi thríochaidí na haoise, bhí úrscealta stairiúla thar a bheith suimiúil á scríobh. Níor mhór, dar liom, dhá úrsceal eile a scríobhadh sa chéad leath den fhichiú haois a lua, mar ba chéimeanna thábhachtacha iad na húrscéalta stairiúla seo, *Eoghan Rua Ó Néill* le Seosamh Mac Grianna agus *Iolar agus Sionnach* le Seán Mac Maoláin, agus bhaineadar leis an 'droichead' sin a bhí á thógaint ag an Duinníneach idir an tseanscéalaíocht agus an nua-litríocht chruthaitheach. Cé gur sa bhliain 1931 a foilsíodh é, is sa chéad leath de 1929 a scríobh Seosamh Mac Grianna *Eoghan Ruadh Ó Néill* (Ó Dochartaigh, 1988). Arís, is iomaí cáineadh atá déanta ar an leabhar seo agus níl Delap iomlán sásta 'úrscéal stairiúil' a ghlaoch air ach oiread. Deir sé gur 'athinsint lom ar fhiricí na staire atá ann i ndáiríre' (1993: 47) toisc go mbraitheann an t-úrscéalaí an iomarca ar chuntas J.F. Taylor, *Own Roe O' Neill*, nach ligean sé don chruthaitheacht tionchar mar is ceart a bheith aici ar an obair. Is cinnte go ndéanann Mac Grianna an iomarca plé ar mhionsonraí neamhshuimiúla, agus go bhfuil sé róleamh nó ró-ghafa le cúrsaí staire, sa tslí is go mbraitheann an léitheoir nach gcuireann

sé le cruthaitheacht an scéil nó go bhfuil easpa beochta ann faoi mar atá le feiceáil sa sliocht gearr seo:

Arras, príomh-chathair na nAtrebates nuair a bhí Caesar i gcogadh leo, áit a mhothuigh cealg na Vandals, agus na Normánach i bhfad i gcian! Leag na Frannaigh a cuid bádhún go talamh ocht bhfichid bliadhain roimhe sin, agus a dhíbhí siad a bhunadh. Acht, mar ghní an tsláinte dearmad ar an tinneas atá thart, bhisigh Arras ina dhiaidh sin, agus thabhuigh sí cáil ar fud na ríogachtaí. I Sasain, ins an Iodáil agus ins an Spáinn bhí cúirteannaí agus caisleáin cóirighthe leis an Muadhbhrait a ríomhadh inntí. (Mac Grianna, 1932: 18)

Is cosúil gur as leabhar staire é seachas saothar cruthaitheach. An locht is mó atá ar an úrscéal seo b'fhéidir ná go bhfuil sé 'breac le pearsana stairiúla éagsúla' (Titley, 1991: 334), rud nach bhfeictear chomh mór sin in úrscéalaíocht stairiúil an lae inniu, faoi mar a bheidh soiléir. Tá Eoghan Rua Ó Néill féin ann, in éineacht leis an gCairdinéal Rinuccini, an Ginearál Munro, Cromal, agus an Pápa fiú. Is beag éifeacht a bhíonn ag úrscéal stairiúil nuair a bhíonn sé plódaithe leis an iomarca mórcharachtar. Is fearr an t-úrscéal stairiúil agus príomhcharachtar amháin ann, é ina ghnáthdhuine, a insíonn a scéal fhéin dúinn lena 'chuid braistintí inmhéanacha' (Delap, 1993: 50) agus is dócha go dtugann sé féachaint níos réalaíche dúinn ar an tréimhse staire sin. Is tuairim choitianta í ag scoláirí don úrscéalaí stairiúil gur cheart dó a leithéid seo a sheachaint, sé sin, gan 'alotting too prominent a position and too dominant an interest to the real persons and the real incidents of the story' (Firth in Delap, 1993: 50). Mar a deir Lukács, chomh maith faoin úrscéal stairiúil, 'it is not the retelling of great historical events' atá tábhachtach, 'but the poetic awakening of the people who figured in those events' (1983: 19) agus gurb é sin príomhchúram an úrscéil stairiúil.

Moladh mór atá ag dul don úrscéal *Eoghan Rua Ó Néill* áfach, ná mar gheall ar an tuiscint a bhí ag Mac Grianna ar cheird na scríbhneoireachta agus ar mhúnúlú na staire mar ábhar

scríbhneoireachta cruthaithí (Ó Cearnaigh, 1995: 93). Tá an cur síos ar chath na Binne Boirbe idir fórsaí Eoghan Rua agus arm Monroe sa bhliain 1646 sármhaith. Gan dabht, sárscríbhneoir ab ea Mac Grianna faoi mar a d'aithin Ó Muirí nuair a dúirt sé, 'd'iomlán na scríbhneoirí Gaeilge a tháinig as Tír Chonaill', ba é Seosamh Mac Grianna 'ba mhó tuigse ar cheird na scríbhneoireachta' (1992: 205). Is dócha go bhfuil seasamh éigin ag an leabhar seo sa lá atá inniu ann fós, mar, tugann sé léiriú suntasach dúinn ar an díoma a bhí ar Ghaeil Uladh leis an toradh a bhí ar Chogadh na Saoirse na linne úd agus ar lean é.

Ós ag trácht ar Ghaeil Uladh atáimid, ní mór *Iolar agus Sionnach*, 1938, an t-úrscéal stairiúil a scríobh Sean Mac Maoláin bunaithe ar Eirí Amach na nUltach i 1798, a phlé. Deir Delap gur 'fear eile a shaothraigh *genre* an úrscéil stairiúil sna tríochaidí ab ea Seán Mac Maoláin' (1993: 55). Ach arís, is mór an cáineadh atá déanta ag léirmheastóirí an lae inniu air. Seo mar a dhéanann Alan Titley an scéal a mheas maidir le fiontar Mhic Mhaoláin in *An tÚrscéal Gaeilge*:

Tá idir rómánsaíocht ghrá agus rómánsaíocht tíre imigéiniúla le fáil, mar sin, in *Iolar agus Sionnach*; rómánsaíocht a cheanglaíonn an gnáthléitheoir, an náisiúnachas Éireannach, saol na tuaithe agus daoine deasa go léir le chéile in aon phraisimín amháin a d'fhágfadh go mba chóir go mbeadh Seán Mac Maoláin i mbéal an phobail mar scríbhneoir a shásaigh na mianta ba choitianta agus nár éiligh dua thar meon. Ar nós madra na n-ocht gcós, téann sé tamall den bhóthar le cách ach ní fhanann sé fada go leor ag cogaint ar chnámh ar bith chun lánsásamh a thabhairt uaidh d'aon leathléitheoir ar bith (1991: 350).

Déanann Breandán Delap cáineadh ar úrscéal an Mhaolánaigh chomh maith nuair a deir sé 'go bhfuil a sciar féin de lochtanna ar *Iolar agus Sionnach* agus go bhfuil dealramh seanchaite ar stíl rómánsach an údair' (1993: 35). Mar sin féin, tugann sé creidiúint áirithe don úrscéal agus deir sé, 'ó thaobh na carachtrachta agus an phlota de, d'fhéadfaí a mhaíomh gurbh é *Iolar agus Sionnach* an t-úrscéal stairiúil is congaraí do eiseamláir Scott atá againn

sa Ghaeilge’ (Delap, 1993: 56) agus deir sé freisin nach ‘mór a áiteamh gur saothar suimiúil atá ann, tríd is tríd’ (1993: 55). Tá sé le tabhairt faoi ndeara chomh maith, gur gnáthdaoine iad na carachtair atá san úrscéal. Sa bhliain 1939, scríobh Ó Broin alt san *Irish Monthly* ag moladh agus ag meas seacht leabhar fiúntach, dar leis, a bhí léite aige. I measc na leabhar sin, bhí *Iolar agus Sionnach*. Glaonn sé ‘original historical novel air’ agus molann sé an t-úrscéal go hard, i stíl na linne úd:

[T]he tale develops along traditional lines, blending patriotic sentiments and love-making in nice proportions and has plenty of action. There are no psychological problems. I enjoyed this book: within it’s limitations, it is well conceived and executed and is written in excellent Irish (1939: 67)

Is ríléir ón méid sin go raibh tuairimí difriúla ag daoine i dtaobh na n-úrscéalta stairiúla a bhí á scríobh sna luathbhlianta ó *Cormac Ua Conaill* (1901) go *Iolar agus Sionnach* (1938) agus caithfimid cuimhneamh nár cuireadh ach cúig úrscéal i gcló idir na blianta sin. Mar sin féin, is léir go raibh fás agus forbairt ar an úrscéal stairiúil, rud a bhí fíor i gcás úrscéalta na Gaeilge go ginearálta, agus bhí na deacrachtaí céanna ann. Cé go raibh an Ghaeilge mar theanga dhúchasach ag sciar maith den daonra an t-am sin, ní raibh scríobh ná léamh na teanga ag cuid mhór den phobal. Sa dara háit, ‘ba é traidisiún an bhéaloidis a bhí go mór i réim sna ceantair úd ina labhraí an Ghaeilge agus nuair a dhéantaí na chéad iarrachtaí den úrscéalaíocht, bhí anáil láidir an traidisiúin bhéil ag teacht trasna ar iarrachtaí na n-údar céanna’ (Ó Háinle, 1978: 98). Ní hamháin sin, ach bhí coimhlint ghéar ar siúl idir na ‘Traidisiúnaithe’ (daoine ar theastaigh uathu cloí go dlúth le traidisiún liteartha na seachtú haoise dhéag) agus na ‘Forásaigh’ (cosantóirí na litríochta idirnáisiúnta nua-aoisí) nó faoi mar a scríobh Ó Háinle:

...sheas dream amháin leis an nGaeilge chlasaiceach nó leis an nua-Gheilge liteartha; sheas an dream eile le caint na ndaoine, agus is iad an dream seo a rug an bua leo ar deireadh thiar. (1978: 198)

Cé go raibh ag éirí réasúnta maith le húrscéalta stairiúla na Gaeilge sna luathbhlianta, leagann Delap a mhéar ar an locht ba mhó a bhain leo ag an am, sé sin an stíl thraidisiúnta:

Tríd is tríd, d'fhéadfaí a rá gurbh é an laochas aontoiseach, agus neamhchastacht agus maoithneachas na bplotaí, príomhchomharthaí sóirt na n-úrscéalta stairiúla a foilsíodh idir na blianta 1920 agus 1960 (1993: 69).

Le himeacht an chéid, áfach, feicimid athrú ar an scéal agus ar phlotaí traidisiúnta den saghas seo agus feictear gur chuir scríbhneoirí na Gaeilge rompu stíl agus meon nualitríochta a bhaint amach a réiteigh le tuiscintí, braistintí agus le chomhfhiús na fichiú haoise. Gan dabht, bhí sé ráite ag an bPiarsach ag tús ré na hAthbheochana go gcaithfeadh sé seo a bheith amhlaidh go dtiocfadh rath ar an urscéalaíocht: '[T]his is the twentieth century and no literature can take root in the twentieth century which is not of the twentieth century' (1906: 6-7). Bhí mórscribhneoirí próis na hEorpa mar inspioráid ag scríbhneoirí na Gaeilge faoin am seo, 'Turgenev, Tolstoy, Ibsen, Balzac, Maupassant agus Hardy ina measc' (Denvir, 1978: 42-45).

Faoi na seascaidí mar sin, bhí Delap den tuairim freisin go raibh rudaí ag athrú go tapa in Éirinn:

Ba léir go go raibh dearcadh níos leathanaigeantaí ag fás ann agus go raibh suim á chur ag an phobal sa tuairimíocht domhanda seachas sa pharóisteachas (1993: 71)

Bhí an tuiscint ann roimhe seo fiú, i measc scríbhneoirí na Gaeilge, go háirithe Pádraic Ó Conaire, go raibh gá dul i ngleic leis an réalachas 'gona béim ar ghnáthshaol an ghnáthduine agus an cur síos fírinneach (*vraisamblé*) ar anró, ar chruatan agus ar ghráinneacht an tsaoil sin' (ibid.). Tuigtear dom go raibh an *vraisamblé* seo le brath in úrscéalta stairiúla roimh na seascaidí ach is léir gur

neartaigh an coincheap seo ach go háirithe ó na seascaidí ar aghaidh. Bhí Pádraig Ó Conaire den tuairim freisin gur cheart go mbeadh ‘dílseacht’ sa nualitríocht:

Caithfidh a fhealsúnacht féin a bheith ag an scríbhneoir, caithfidh sé ‘creideamh’ a bheith aige san fhealsúnacht sin, a bheith dílis di, agus an ‘fhírinne’ faoin duine a lorg i bhfianaise na fealsúnachta sin agus í a nochtadh go dílis, dúthrach... (in Ó Háinle, 1978: 214)

B’am ar leith iad na seascaidí in Éirinn agus ‘bhí an chuma ar an scéal go raibh Poblacht nuabhunaithe na hÉireann réidh chun a ionad a ghlacadh mar náisiún sa domhan nua-aoiseach’ (Delap, 1993: 71). Anuas ar sin, bhí an imirce laghdaithe, bhí saoroideachas méanscoile ar fáil do chuile dhuine agus bhí ‘rian an airgid’ sa tír arís (Titley, 1991: 56). Bhí ceisteanna ag pobal na hÉireann, cérbh iad féin, cár bh as dóibh agus cad é mar a tháinig an náisiún le bheith ann? (Delap, 1993: 71) Bhí bearnaí móra ann i dtaobh tuiscint na ndaoine faoina stair féin agus an deis sin ag úrscéalaithe na staire na bearnaí sin a líonadh, rud a rinne siad agus tháinig borradh ar scríobh an úrscéil stairiúil agus ar an tóir a bhí orthu sa tréimhse seo. Freastalaíonn na húrscéalta stairiúla ar cheisteanna na hÉireann, ceisteanna nach bhféadfaí freagraí orthu a aimsiú i ngnáth-théacsleabhair staire mar ‘go bhfuil sé i bhfad Éireann níos fusa agus níos suimiúla stair na tíre a fhoghlaim trí mheán an phlota chruthaithigh ná trí théacsleabhar fíorasach stairiúil a léamh’. (Delap, 1993: 71) Tá an méid atá le rá ag Cahalan suimiúil chomh maith:

The Irish writer has returned over and over again to Irish history, seeing art as a battlefield on which to play out the conflicts contained within that history... The Irish historical novel, the novel in which the Irish writer returns to a major national crisis prior to his own experience in order to recreate the past and make sense of his own heritage. (1983: xi)

Tháinig forbairt ar chúrsaí litríochta sa Ghaeilge sa tír agus tionchar aige sin ar an úrscéal stairiúil agus aibíocht ar a théamaí:



Ní haon ionadh, mar sin, gur forbraíodh téamaí nua a bhain le ‘ciall shóisialta, díláithriú cultúir, ceisteanna fealsúnachta faoi fhiúntas an duine agus ionad na teanga féin sa tsochaí nua’ idir na daichidí agus lár na seachtóidí. (Nic Eoin, 2005)

Dá chomhartha sin, ceannródaí ab ea Eoghan Ó Tuairisc sa bhliain 1962 nuair a foilsíodh a úrscéal stairiúil *L’Attaque* mar, ba é, dar le Delap, ‘an chéad úrscéal traidisiúnta [é] a foilsíodh sa Ghaeilge ó *Iolar agus Sionnach*’ (1993: 72). Tá macallaí den mhíotás traidisiúnta le cloisteáil i *L’Attaque* go háirithe ‘múnla míotaseolaíochta na Tána’ (Nic Eoin, 1988: 37). Is léir domsa áfach, gur d’aon ghnó a dhein Ó Tuairisc é seo, agus deanann sé é ar shlí atá níos sofaisticiúla ná úrscéalta stairiúla a scríobhadh roimhe sin, chun iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le stair na hÉireann, b’fhéidir, agus dár ndóigh, mar a deir sé féin, chun a léiriú gur ‘saghas míotais é an scéal stairiúil don lá atá inniu ann’ (Ó Tuairisc in Delap, 1993: lch 73). Is ardmholadh a thugann Cahalan d’úrscéal Uí Thuairisc:

Yet it is clear that while *L’Attaque* is laced with epic influences, it is above all a realistic, sometimes experimental novel that fits squarely in the tradition of the Irish historical novel of the twentieth century. (1983: 171)

Tá ról tábhachtach ag baint leis an míotás agus leis an ngné eipiciúil atá san úrscéal seo agus is suimiúil an méid seo atá le rá ag Ó Tuairisc faoin míotás:

Agus tá suim agam féin sa stair, ní mar staraí, mar ní staraí mé ar chor ar bith, ach de bhrí gur saghas míotais é an scéal stairiúil don lá atá inniu ann (in Delap, 1993: 73)

Ba é tuairim Uí Thuairisc ná go raibh an míotás féin níos fadsaolaí ná firicí na n-eachtraí stairiúla féin. Is fíor sin, mar, dar liom, go bhfuil mistéir éigin ag baint leis an míotás, agus suim ag daoine ann dá bharr. Tá Tittley ar aon aigne le Ó Tuairisc go háirithe nuair a deir sé:

Nuair a aithnítear inniu gur istigh i súp cosmach na miotaseolaíochta a thúsáigh idir stair agus scéalaíocht is gearr an mhoill a bhíonn ar lucht a gcosanta araon a thaispeáint mar ar leithrigh siad ón bpota giniúna i dtosach agus óna chéile ina dhiaidh sin de réir mar a d'fhás tuiscintí éagsúla maidir le speisialtóireacht léinn agus foghlama. (1991: 319)

Tá James Cahalan den tuairim gurb é *L'Attaque* an t-úrscéal stairiúil is fearr a scríobhadh i mBéarla nó i nGaeilge agus tugann sé le fios dúinn gur iomaí foinse inspioráide a bhí ag Ó Tuairisc agus é á scríobh, an mhiotaseolaíocht mar shampla amháin (1983: 174). Chomh maith leis sin, tugtar le fios dúinn gur bhain a chuid chruthaitheachta le scéalaíocht na Gaeilge maraon le hinspiorád a aimisiú 'as an úrscéal Eorpach, as an stair áitiúil, as an bhfriotal fileata agus as an dúil a bhí aige san eachtraíocht agus sa tsaighdiúreacht'. (Titley, 1991: 403) B'fhéidir gurb é an meascán áirithe sin an t-oideas ceart a bhí ag teastáil d'úrscéal stairiúil fiúntach sa Ghaeilge a scríobh, agus ardmholadh a thugann Titley do *L'Attaque* dá bharr seo:

Ceannródaíocht dhána fhorchéimniúil thraidisiúnta dhúchais nua-aimseartha ba ea '*L'Attaque*' mar fhiontar liteartha ach chuaigh saibhreas na n-iliomad snáth in achrann na miontuisceana a bhí ag iarraidh é a thabhairt chun a cló socair féin ar ais. (1991: 403)

Tosaíonn an scéal agus Máirtín Caomhánach ag carnadh móna le cúnaimh a mhná céile nua-phósta. Tá a bhothán suite ar an mhoing agus saol cruá gan mórán acmhainne saoil ag feitheamh leis an lánúin nuaphósta nuair a thagann marcach ina dtreo le teachtaireacht go bhfuil fórsaí na bhFrancach tagtha go Cill Ala. Is leasc le Máirtín a phíce a thógáil anuas, a bhean óg Sadhbh agus an saol a bhí rompu a fhágáil chun aghaidh a thabhairt ar chogadh. Déanann Ó Tuairisc cur síos lom, cumasach, réalafóch ar an máirseáil thubaisteach a bhí le déanamh ag dream a bhí go haineolach ar fad ar chúrsaí saighdiúreachta ó Bhéal Átha an Fheá go dtí Caisleán an Bharraigh agus ar bhás tragóideach Mháirtín féin (Ó Tuairisc, 1962). Deir Delap gurb é *L'Attaque* 'an chéad

úrscéal stairiúil sa Ghaeilge ina ndearna an t-údar iarracht chinnte iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na troda ar an *condition humaine*' (1993: 81). Is annamh an t-úrscéal stairiúil nua-aimseartha atá againn sa lá atá inniu ann gan an téama seo le sonrú ann, ach téama réasúnta nua a bhí ann don úrscéal stairiúil sa Ghaeilge an t-am sin. Gan dabht, is iomaí téama Eorpach, nua-aimseartha mar seo a chuireann Ó Tuairisc os comhair an léitheora go cliste agus b'fhéidir an rud is fiúntaí mar gheall ar an úrscéal stairiúil seo, ná an stíl chumasach scríbhneoireachta den scoth atá le fáil ann, a mheallann an léitheoir isteach sa scéal. Is é an t-aon úrscéal é, a scríobhadh roimh 1993, atá inchurtha le scoth na n-úrscéalta stairiúla an lae inniu dar liom, agus deir Ó hÉigeartaigh go bhfuil 'bua mor amháin ag an úrscéal so a laghdaíonn pé easnamh no pé laige atá air; is é bua é sin ná an stíl, nó an modh scríbhneoireachta' (1962: 23-24). Seo roinnt eile dá ndeir sé:

Tá gaisce liteartha déanta ag Eoghan Ó Tuairisc; is saothar é seo a thuarann bealaí nua scríbhneoireachta b'fhéidir, agus is saothar é chomh maith a bhainfidh roinnt den bhfuadar den rochúigíochas tostálach so atá á chleachtadh ag roinnt de scríbhneoirí na Gaeilge i láthair na huairé (ibid.).

Is iontach an tslí ina ndéanann Ó Tuairisc an choimhlint idir idé-eolaíocht na staire agus fírinne na staire in Éirinn a thaispeáint dúinn in *L'Attaque*, agus léiríonn sé go beacht 'an mhórdheigilt a bhí ann i gcónaí idir idé-eolaíocht réabhlóideach agus dearcadh agus saoltaithí na gnáthmhuintire' (Nic Eoin, 1991: 28-29). Feicimid an fhorbairt réalaíoch ar phríomhcharachtar an úrscéil Ghaeilge in *L'Attaque* mar shampla, sé sin le rá nach bhfaighimid cur síos ar chrógacht Mháirtín sa tslí chéanna is a déantar cur síos ar an laoch i luath-úrscéalta stairiúla na Gaeilge. Is mór an áibhéil a rinne an tAthair Peadar, mar shampla, ina úrscéal *Niamh* chun chur síos a dhéanamh ar Bhrian Bóraithe go fisiciúil agus go hintleachtúil:

Bhí sé ríoga 'na phearsain. Fear fionn, árd, deaghchúmtha dob' eadh é, fear géagach, fuinneamhail, cuthaigh. Bhí a cheannacha solusmhar. Bhí éadan leathan, árd, bán air... Bhí an

croídhe agus an aigne agus an mheabhair chinn, agus an tuisgint, agus an fhoidhne, agus an fhaidearaidhe...(1907: 119-120)

Feicfimid an claonadh céanna chun áibhéil i gCormac Ua Conaill chomh maith:

‘Ní lag-chroidheach a bhí sé; ná ní hamhlaidh a bhí aon eagla air roimh an mbás, ach gur thruagh leis an saol d’fhágaint gan an obair ina raibh a aigne sáidhte de thabhairt chun baile’  
(Ua Duinnín, 1901: 12)

Chomh maith céanna, i mBrian Óg, úrscéal stairiúil eile a foilsíodh sa bhliain 1926, le Pádraig Ó Conaire, is duine é an príomhcharachtar a fháiltíonn roimh bhás ar son na tíre agus ní bhíonn sé scanraithe roimhe riamh, ‘[n]í thagann eagla anama air, fiú nuair a bhíonn sé in ucht an bháis mar go gcuireann sé rath a thíre roimh a shláinte féin i gcónaí’ (Delap, 1993: 42). Tá an chrógacht rómánsach ceapaithe don phríomhcharachtar in *Eoghan Rua Ó Néill* freisin. Le cur síos neamhréalaíoch ar na carachtair san úrscéal stairiúil, bíonn sé deacair don léitheoir imeachtaí na staire a chreidiúnt. ‘Feidhmiú an duine aonair atá i ngleic leis an stair’ is cúram don úrscéalaí stairiúil, dar le Delap (1993: 7). Mar sin, is gné eile den éacht atá i *L’Attaque* nach gá d’Ó Tuairisc úsáid a bhaint as an áibhéil chun príomhcharactar éifeachtach a chur os comhair an léitheora agus d’éirigh leis, trína charachtar lárnach Máirtín Dubh, ‘bunfhírinne thragóideach na cogáochta don ghnáthduine a chur ina luí orainn go gcailltear gach cath sa deireadh’ (Delap, 1993: 29). Tá Cahalan ar aon aigne leis seo agus é ag trácht ar ealaíon Uí Thuairisc:

He personalizes history by showing how war separates the lover from the loved one, just as it can estrange brother from brother, so that history is something that happens within people’s private lives, not merely on the battlefield or in the court. (Cahalan, 1983: 14)

Tá an-chosúlacht idir carachtar Uí Thuairisc agus an carachtar Ruairí Ó hAodha i *Pící Loch Garman* (1964) agus b’fhéidir Dónal Ó Coileáin i *Luaithreach an Bhua*, dhá úrscéal stairiúla eile, le Annraoi Ó Liatháin, toisc gur gnáthdhaoine atá iontu (Delap, 1993: 136). ‘Sé an breithiúnas atá

ag Delap ná go bhfuil tionchar Walter Scott le feicéail sna caractair sin sa tslí agus nach ‘[n]dearna an t-údar iarracht ar bith an léitheoir a chur amú faoina laghad rómasaíochta a ghabhann leis an saighdiúir atá i ngleic lena chomhdhuine’ (Delap, 1993: 121) rud a thaispeánann go raibh an t-úrscéal stairiúil ag dul i dtreo an réalachais.

Murab ionann agus úrscéalta stairiúla na Gaeilge roimhe sin, is mó moladh ná cáineadh atá déanta ar úrscéal Uí Thuairisc rud a bhí neamhghnách san úrscéal stairiúil Gaeilge roimhe sin. Tá léargas réalaíoch ar shaol an tsaighdiúra san úrscéal *L’Attaque* agus ní haon ionadh é sin b’fhéidir, mar chaith Ó Tuairisc seal ina oifigeach in arm na hÉireann le linn an dara cogadh domhanda:

Here I learned to know soldiers intimately and got a glimpse of what real fighting might be like-particularly with volunteer bands against professionals, which is mainly the situation in *L’Attaque* (Ó Tuairisc in Cahalan, 1983: 170).

Mar sin féin, pé taithí a bhí ag Ó Tuairisc ar an gcogaíocht is cinnte gur éacht samhlaíochta don chuid is mó atá in *L’Attaque*, éacht a chiallaigh go raibh forbairt shuaithinseach tagtha ar an úrscéal stairiúil sa Ghaeilge de dhroim oíche.

Fear eile a bhfuil éacht scríbhneoireachta bainte amach aige ná Aodh Ó Canainn ina úrscéal stairiúil *Léine Ghorm* (1984). Deir Delap gur ‘[ú]dar nua-aoiseach eile a thogh cur chuige díreach an úrscéil stairiúil mar uirlis cumadóireachta ab ea Aodh Ó Canainn’ (1993: 144) Úrscéal stairiúil is ea *Léine Ghorm* faoi fhear óg de chos-slua Doire i rith na mblianta 1934-36. I léirmheas dá chuid, tugann Dúghlas Sealy an cur síos gonta, beacht seo ar an úrscéal:

Naimhdeas idir Caitlicigh agus Protastúnaigh chomh dona agus a bhí sé riamh, lucht leanúna Eoin Uí Dhubhthaigh ag teacht chun cinn, cogadh na Spáinne ar tí briseadh amach, dí-fhostaíocht agus bochtanas i ngach áit, agus arracht an Chumannachais in oirchill ar chúl gach falla (1985: 37-38)

Feicimid, agus sinn ag dul i dtreo dheireadh na fichiú haoise, gur cosúil go n-éiríonn na léirmheasanna níos dearfaí faoi mar a ardaíonn caighdeán an úrscéil stairiúil leis. Déanann Risteard Mac Gabhann comparáid thábhachtach idir an t-úrscéal seo, *Léine Ghorm*, agus leithéidí *Máire Nic Artain* le Séamus Ó Néill agus *An Dá Thrá* le Tarlach Ó hUid a léiríonn bua Uí Chanainn agus é ag tabhairt faoi úrscéal stairiúil. Seo a deir sé:

Tá suíomhanna na n-úrscéalta sin áitiúil, agus tá réimsí radhairc teoranta. Tá an mionphictiúr céanna á rianú anseo fosta, ach tá de dhifríocht agus de bhua ag an úrscéal seo go rianaítear an mionphictiúr ann mar ghné amháin de chanbhás an-leathan. (1985: 38)

Tabharfar faoi deara go bhfuil cosúlacht idir seo agus an tagairt a rinneadh don mhéid a dúirt Delap níos luaithe, gur ‘scéal na hindibhíde i ngleic le próisneas na staire’ bun agus barr úrscéil stairiúil fhiúntaigh. Is ardmholadh a thugann Delap don úrscéal *Léine Ghorm* (1984) chomh maith:

Motháim féin gur saothar é *Léine Ghorm* nach bhfuil a dhiongbháil ag úrscéal stairiúil ar bith eile, ó thaobh an cumasc ceart a aimsiú idir doimhne agus soléiteacht an ábhair. Cumadóireacht dhlúth theann atá ann ó thus deireadh. (1993: 161)

Gné shuntasach eile, dar le Delap, agus b’fhéidir gur gné réabhlóideach é ar shlí, ná nach ligean Ó Canainn dá thuairim phearsanta aon tionchar a bheith aige ar phlota an úrscéil, chomh mór agus is féidir leis, nuair atá tuairimí pearsanta na n-údar le fáil go tréan i leithéidí *Cormac Ua Conaill*, *Eoghan Ruadh Ó Néill* nó *An Dúbhchrónach* atá claonta go leor. Is é a dhéanann Ó Canainn ná ‘meon biogóidí an dá thaobh a chíoradh leis an fhuarchúis chéanna’ (Delap, 1993: 160). Úsáideann sé an carachtar Linda, bean nach bhfuil aon chreideamh in aon chor aici, chun an ‘m[h]eastóireacht neamchlaonta’ a chur in iúl (ibid.). Cuireann an carachtar seo Máirtín Dubh, san úrscéal *L’Attaque*, i gcuimhne dúinn arís, b’fhéidir, sa mhéid is nach aon laoch idéalach atá ann. Deir Delap, gur éirigh le Ó Canainn ‘thar aon úrscéalaí eile, cothromaíocht iontach a chur san insint’ (ibid.). Is

dócha gur féidir linn a rá gurb é an rud a bhí ar siúl aige ná, cosúil le Walter Scott, ‘he seeks a middle way between the extremes and endeavours to demonstrate artistically the historical reality of this way by means of his portrayal of the great crises in English history’ (Lukacs, 1976: 32).

Tá pointe suimiúil eile luaite ag Delap faoi sheánra an leabhair seo, pointe a mhíníonn nach leabhar de sheánra an úrscéil stairiúil a bhí ar bun ag Ó Canainn ar dtús ach gurb’ in a tharla nuair a bhí an t-úrscéal iomlán scríofa aige:

Cé gur úrscéal stairiúil é, aisteach go leor ní chun leabhar den chineál sin a scríobh a chuaigh sé i mbun pinn don chéad uair ar chor ar bith, ach mar a tharla b’ é an genre ba fhóirstiní é do na spriocanna a chuir sé roimhe sa deireadh thiar (Delap, 1993:145).

Arís, baineann sé sin leis an méid a luadh níos luaithe maidir le seánra an úrscéil go ginearálta, sé sin gur féidir le húrscéalta titim lastigh de dhá shéanra éagsúla, agus faoi mar a deir Delap, is féidir féachaint ar úrscéal Uí Chanainn *Léine Gorm* mar úrscéal stairiúil maraon le Bildungsroman (1993: 151).

Mar sin, agus sinn ag féachaint siar ar an úrscéal stairiúil sa Ghaeilge, séanra a bhfuil níos mó ná céad bliain lastiar de anois, glactar leis, faoi mar a chonaiceamar, gurb é *L’Attaque* ‘an chéad iarracht chomhfhiosach ar úrscéal stairiúil, réadúil cothrom, le castacht na carachtrachta, a shaothrú i nGaeilge’ (Delap, 1993: 163). Ní mór dúinn, mar sin, líne éigin a tharraingt idir na húrscéalta stairiúla a tháinig roimhe agus ina dhiaidh. In ainneoin gur úrscéalta áibhéileacha, rómánsacha, a scríobhadh mar ‘shoitheach don idéal náisiunta’ (ibid.) a bhí sna luatharrachtaí, fós féin, is iadsan a chur tús le borradh an tseánra seo san fhichiú haois. Is dócha gur féidir linn glacadh leis gur ‘léargas ní ba dhoimhne agus ní ba chasta a fhaighimid ar imeachtaí na staire’ (ibid.) atá sna húrscéalta a foilsíodh ó *L’Attaque*. Mar sin féin, níor scríobhadh ach trí úrscéal stairiúla do

dhaoine fásta sna 70í agus sna 80í, agus seo an méid atá le rá ag Delap faoi sin, agus a theanga ina phluic aige, b'fhéidir, méid atá suimiúil anois i gcomhthéacs an taighde seo:

B'fhéidir gur eascair sé ón mhian chun súil a thabhairt anois ar chonspóidí na freacnairce nó na todhchaí (2016 le Pádraig Standún, mar shampla) nó b'fhéidir gur léargas atá ann ar a chomporáid is atá muintir na linne seo le stair a dtíre nach mian leo doras na hiaróige a oscailt! (1993: 165)

Ní dócha go mbeidh muintir na tíre seo riamh iomlán compordach le stair a dtíre, agus is suimiúil é mar chomhtharlúint gur sa bhliain chéanna a scríobh Delap na focail sin (1993) agus a foilsíodh *An Fear Dána* le hAlan Titley. Is díol suime fós é, mar sin, líon na n-úrscéalta a scríobhadh sa Ghaeilge ó shin, le fiche bliain anuas, faoi mar atá luaithe, *An Fear Dána* (Titley, 1993), *Ceol an Phíobaire* (Mac Confhaola, 1997), *Crann Smola* (Ó Dúrois, 2001), *A Bhean Óg On* (Mhac an tSaoi, 2001), *Cogadh 'gus Cathú* (Mac Confhaola, 2002), *Rí na gCearrbhach* (Ó Dúrois, 2003) *Fontenoy* (Mac Cóil, 2007), *Ár i gCor Chomrua* (Ó Laighléas, 2007), *Hula Hul* (Mac Mathúna, 2007), *1260 AD* (Mac Conaill, 2008), *Seilbh na Coróine* (Mac Conaill, 2008), *Lucinda Sly* (Ó Sé, 2008), *An Cléireach* (Ó Scolaí, 2008), *An Litir* (Liam Mac Cóil, 2011) agus *Scéal Ghearóid Iarla* (Mhac an tSaoi, 2012).

Is é a dhéanfar sa chéad chaibidil eile den tráchtas seo más ea, ná suirbhé ar chineál na n-úrscéalta 'nua-aimseartha' seo agus plé a dhéanamh ar na húrscéalta sa suirbhé sin.



### 3. Nua-Úrscéalta na Gaeilge: 1993-2013

Sa chaibidil seo, déanfar scagadh ar nua-úrscéalta stairiúla na Gaeilge a scríobhadh le fiche bliain anuas. Tar éis dúinn sainmhiniú an úrscéil stairiúil a phlé, is féidir linn a bheith deimhin de gur úrscéalta stairiúla ar fad atá sna húrscéalta a phléifear sa chaibidil seo, de réir na dtuiscintí ar a leithéid atá thuasluaite. Ní hé sin le rá nach dtiteann na húrscéalta faoi scáth seánraí eile, áfach, rud atá luaite agam cheana, ach is úrscéalta stairiúla iad go príomha. Tar éis dom mionléamh a dhéanamh ar na húrscéalta seo, is féidir léargas a thabhairt ar fhorbairt an tseánra seo ó mheon na hathbheochana go cur chuige scríbhneoirí forásacha, nua-aimseartha na linne seo. Chífead fós go bhfuil an-chuid de na tréithe céanna ag luathúrscéalta agus nua-úrscéalta stairiúla na Gaeilge ach níl amhras ar bith faoi ach go gcítear athruithe bunúsacha i dtaobh mheon na n-údar i dtaobh fírinne na staire iontu, na carachtair a roghnaítear do na húrscéalta agus an dearcadh atá ann i leith na cogaochta chomh maith. Pléifear na nua-úrscéalta stairiúla go cróineolaíoch sa chaibidil seo ach amháin nuair a phléitear dhá úrscéal leis an údar céanna le chéile ar uairibh.

#### An Fear Dána (1993)

Deir Breandán Delap ina staidéar cuimsitheach ar *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge* gurbh ‘iad na seacscaidí ardréimhse shaothrú an úrscéil stairiúil’ (1993: 96) agus gur thosaigh an seánra céanna ‘ag trá’ (ibid.) ag tús na seachtóidí. Ina theannta sin, níor cuireadh ach 2 úrscéal stairiúla i gcló i rith na n-ochtóidí, *An Leacht Nár Tógadh* (1982) le Séamas Ó Conghaile agus *Léine Ghorm* (1984) le Aodh Ó Canainn. Arís, ag deireadh an leabhair, deir Delap go raibh suim sa seánra seo á caillúint ag scríbhneoirí faoi dheireadh ochtóidí na haoise seo caite agus thuairimigh sé, faoi mar atá ráite sa chaibidil deireanach, go mb’fhéidir ‘gur léargas atá ann ar a chomporáid is atá

muintir na linne seo le stair a dtíre agus nach mian leo doras na hiaróige a oscailt!’ (Delap, 1993:96) Bíodh sin mar atá ach is léir gur cuireadh tús le caibidil nua i scríobh an úrscéil stairiúil go luath ina dhiaidh sin le foilsiú *An Fear Dána* le Alan Titley (1993) agus d’fhéadfaí a rá anois go bhfuil an t-úrscéal stairiúil ar cheann de na seánraí is bisiúla ar fad i litríocht na Gaeilge sa lá atá inniu ann.

Is úrscéal stairiúil den chaighdeán is fearr é *An Fear Dána* a eachtraíonn scéal mhórfhile an 13ú haois dúinn, Muireadhach Albanach Ó Dálaigh. Léargas é, an t-úrscéal stairiúil seo, ar imeachtaí Uí Dhálaigh agus a ghiolla rúndiamharaigh, Mac Tíre, idir a dtréimhse in Éirinn, a loingear go hAlbain agus ar a n-iomramh go dtí an Talamh Naofa agus an filleadh go hÉirinn arís. Seo hiad na heachtraí ar leith a luann Míchéal Mac Craith agus é ag déanamh cíoradh ar phlota *An Fear Dána*:

Cuimhním go háirithe ar an aighneas idir an file agus an stíobhard Uí Dhomhnaill, an tubaiste ba bhun le trioblóidí Uí Dhálaigh; ar alltacht, ar iontas agus ar aduaine na cathrach móire nuair ab éigean don fhile dídean a lorg i mBaile Atha Cliath agus é ar a theicheadh; ar dhraíocht, ar nindiamhracht, ar choimhthios agus ar chruálacht na sochaí a ndearna an file teagmáil léi san Oirthear le linn an Chúigiú Crosaid. (1996:33)

Dúshlán is ea é d’aonscríbhneoir scríobh faoin 13ú haois toisc nach bhfuil tuiscint róchrúinn againn ar an tréimhse áirithe sin. Níos mó ná úrscéal stairiúil atá anseo, dar liom, mar is féidir a rá gur úrscéal meitíficsin agus iar-nua-aoiseach é chomh maith, ach i ndeireadh na dála, úrscéal stairiúil go príomha atá ann toisc go bhfuil sé suite sa 13ú haois. Toisc go bhfuil an *Fear Dána* lonnaithe sa 13ú haois, bréagnaíonn Titley sainmhíniú úd de chuid Cahalan a phléadh sa chéad chaibidil, sé sin le rá go bhfuil tréimhse an úrscéil seo lasmuigh don achar ama a mholann Cahalan don seánra seo, 1603-1923. De bharr an tréimhse ama atá roghnaithe ag Titley, agus níos lú eolais againne ar an tréimhse áirithe sin, i gcomparáid leis na blianta idir 1602-1923, b’fhéidir, tá gné iar-

nua-aoiseach ag baint leis an úrscéal stairiúil mar thoradh. Anuas ar sin, ceann de na gaiscí is spéisiúla atá sa leabhar seo ná an tslí ina n-éiríonn le Titley na heachtraí a nochtadh go réadúil dúinn agus go háirithe a fheabhas is a éiríonn leis guth an fhile a thabhairt dúinn:

Cloisimid an fhaoistin i dtaobh a chuid imeachtaí in Éirinn, in Albain agus ar na crosáidí agus nochtar dúinn a chuid smaointe ar an bhfilíocht agus ar dhálaí na héigse’ (Cúl an leabhair) Ní hamháin sin ach nochtar dúinn go héachtach meon an fhile gona ‘staid phribhléideach faoin seanchóras Gaelach (Mac Craith, 1996: 33).

Ní hamháin go meallann Titley an léitheoir ach coiméadann sé suim an léitheora ó thús deireadh sa tslí is go mbraitheann an léitheoir go bhfuil sé féin páirteach agus lárnach san úrscéal i gcónaí, toisc go labhraíonn Muireadhach féin linn sa dara pearsa. Seo gan ach cúpla sampla a thabhairt, ‘ná habair nár labhair mé leat’ agus ‘ní bhuaifídh mé thú le gach sonra’ (Titley, 1993: 24). Leis an tseift liteartha seo, cloisimid guth réadúil an fhile agus mar thoradh air sin bíonn sé níos fusa ar na léitheoirí an 13ú haois a shamhlú agus sinn féin a chur inti. Chomh maith leis sin, cuireann caighdeán agus leibhéal an chomhrá san úrscéal le hinchreidteacht na gcarachtar agus tá éacht bainte amach ag an scríbhneoir sa tslí is go bhfuil an leibhéal ard teanga a labhraítí na tréimhse sin aimsithe aige gan dua. Is fíor do Nic Diarmada a deir gur ‘tour de force teangan’ é (1994: 30).

Scríbhneoir agus scoláire é Alan Titley, chomh maith le bheith ina Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge in UCC, agus neart oibre scolártha curtha de. Is úrscéal stairiúil é an saothar is déanaí leis, *An Bhean Feasa* a foilsíodh sa bhlian 2014, ach úrscéal stairiúil é nach bpléifear sa chaibidil seo toisc é a bheith lasmuigh den tréimhse ama atá leagtha síos againn. Ní hamháin sin ach tá cáil ar Titley mar scríbhneoir cruthaitheach agus na saothair ficsean shuntasacha seo scríofa aige mar

shamplaí, *Méirscrí na Treibhe* (1978), *Stiall Fhial Feola* (1980), agus *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile* (1987).

Rud a sheasann amach in *An Fear Dána* ná an mínmheascadh a dheineann sé ar an súgradh agus ar an dáiríre. Is uirlis riachtanach é guth Uí Dhálaigh chun an súgradh agus an dáiríre sin a shní tríd an scéal, go háirithe nuair atá Ó Dálaigh ag bagairt ar Fhionn ‘Ó Brocláin’, mar a thugann sé air, nuair a deir sé, ‘go dtite do chluais dheis isteach i do mhagairle clé, a ghlincin ghlágláigh (1993: 12). In ainneoin go gcuireann na focail ag gáirí sin, tá cumacht iontu fós féin. Ní hamháin go seasann guth na lomdáiríreachta agus an tseoigh amach, ach tuigeann Titley an tábhacht a bhaineann leis an dá rud a chur le chéile. Seo a ndeir sé ina thaobh seo in agallamh leis:

Is dóigh liom gurb í an deacracht ná, má tá aithne ort mar scríbhneoir grinn go príomha go bhfuil deireadh leat; ách má tá aithne ort mar scríbhneoir a thugann aghaidh ar fhadhbanna móra fealsúnta aimpléiseacha ilchasta an tsaoil (nach ann dóibh dáiríre) go bhfuil seans agat. Ach ní dhá rud ar leithrigh iad, agus is beag scríbhneoir 'mór le rá' nach raibh an greann agus an éadroime ina scaoba móra trina shaothar (2013).

Is i nGaeilge fhoclach, fhíorshaibhir a scríobhann Titley an t-úrscéal stairiúil seo, agus tá an ceart ag Mac Craith nuair a deir sé go n-éiríonn ‘go seoigh leis meon na méanaoise a thuiscint agus a chur os ár gcomhair’ (1996: 33) in ainneoin go bhfuil an Crua-Ghaeilge le fáil ann. Tá an méid céanna braite ag Antain Mac Lochlainn nuair a deir sé, nach féidir ‘macallaí den Chrua-Ghaeilge atá le sonrú ar *An Fear Dána* a shéanadh’ (1995: 219). Ach dáiríre, ní thógann an ‘Crua-Ghaeilge’ sin, atá le haimsiú in áiteanna, ó fhiúntas an leabhair, agus éiríonn leis an údar fós imeachtaí an scéil i dteanga na linne sin a nochtadh dúinn. Tá friotal Titley (nó friotal Uí Dhálaigh, más maith linn) curtha le chéile go suntasach lastigh de sheacht gcaibidil. Ní hamháin sin ach tá gach ceann de na caibidlí sin roinnte in a seacht gcuid agus bíonn an seachtú cuid díobh í gcónaí i bhfoirm filíochta agus rithfeadh sé le duine gur aithris é sin, ar chuma éigin, ar fhilí na scol sa litríocht

chlasaiceach. Agus é ag caint faoi Mhuireadhach Ó Dálaigh in Albain, deir Antain Mac Lochlainn mar gheall air gur ‘le linn na deoraíochta seo, d’éirigh leis cuid den saothar is suimiúla agus is fíochmhaire d’fhillíocht na scoileanna a chumadh’ (1995: 220). Is cinnte nach bhfuil a leithéid de chruth le haimsiú in aon úrscéal stairiúil eile sa Ghaeilge, nó in aon teanga eile, go bhfios dom. D’fhéadfaí a thuairimiú gur léir go n-úsáideann Titley móitíf an uimhir a seacht d’aon ghnó mar tuigean sé an tábhacht a bhain leis i litríocht agus béaloideas na staire. Seo an méid a scríobh Ó Héalaí in alt leis faoi thábhacht an uimhir 7:

Tuigeadh d’fhealsaimh na sean-Ghréige gur iomlánú í an chorruimhir ar an ré-uimhir fúithi, agus tagann go maith leis an tuiscint seo ‘mórsheisear’ sa Ghaeilge ar sheachtar. Beartaíodh ar an uimhir seacht go háirithe mar léiriú ar iomláine agus tuigeadh go raibh barántas ón dúlra féin chuige sin mar áiríodh seacht bplainéad a rialaigh cúrsaí an tsaol, seacht lá sa tseachtain de réir fhéilire na gealaí, agus is seacht ndath a bhí sa bhogha síne (2015).

Deir Titley go raibh ‘go leor poncanna dorcha fágtha gan réiteach ina thaobh’ (1993: 141) faoi Mhuireadhach Albanach Ó Dálaigh ach baineann sé úsáid as a chuid samplaíochta fairsinge chun na poncanna dorcha seo a líonadh agus is í an tsamhlaíocht seo a thugann brí agus beocht don tréimhse staire seo agus do na carachtair sa leabhar. Faoi mar a deirtear ar an mblurba ar chúl an úrscéil féin, ‘carachtar stairiúil agus carachtar samhlaíochta’ (Titley, 1993) é príomhphearsa an úrscéil seo agus is tríd na carachtair éagsúla san úrscéal seo a dhúisítear saol an 13ú haois déag dúinn. Tá éacht déanta ag Titley leathcharachtar stairiúil agus samhlaíochta a chruthú agus leis an mbeocht atá sa charachtar seo, eíríonn leis arís, ar chuma éigin, a chur ina luí orainn go bhfuilimid sa tríú haois déag.

B’fhéidir go ndéarfaí go bhfuil sé róshimplí a rá gur aiséirigh an t-úrscéal stairiúil sa Ghaeilge mar thoradh ar éacht Titley in *AFD*, ach, mar sin féin is é a leag bunchloch nua an tseánra

seo leis an úrscéal éachtach seo. Is fíor gur chuir sé beocht nua sa seánra lena charachtar corrmhéiniúil, lena chruthaitheacht agus lena stíl scríbhneoireachta agus beidh sé le feiceáil go bhfuil an seánra áirithe seo imithe ó neart go neart le fiche éigin bliain. Níl anseo anois ach cur síos lom ar an úrscéal suntasach seo agus mar gheall ar an tábhacht ar leith a bhaineann leis an úrscéal seo, dar liom, déanfar mionphlé air i gcaibidil a cúig.

## Ceol an Phíobaire (1997)

An chéad úrscéal stairiúil eile a foilsíodh sa Ghaeilge ina dhiaidh seo ná *Ceol an Phíobaire* sa bhliain 1996 agus tá sé suimiúil gur bhronnadh príomhdhuais Oireachtais sa bhliain chéanna ar an úrscéal stairiúil seo le Colm Mac Confhaola. Is a deir Titley nár bronnadh an duais céanna ar an bh*Fear Dána* toisc nár glacadh leis mar úrscéal is cosúil<sup>2</sup>. Dá bhrí sin, is féidir a rá go dtagann an leabhar toirtiúil seo chugainn agus é molta go crannaibh na spéire cheana féin. Baineann sé don chuid is mó le poblachtas na nÉireannach Aontaithe roimh agus i rith an Éirí Amach 1798 i Loch Garman, go ginearálta. Ní féidir a rá áfach, gur nua-théama atá i réabhlóid 1798 mar scríobhadh leithéidí *Pící Loch Garman* le hAnraoi Uí Liatháin sa bhliain 1964 agus *Cnoc na hUamha* le Prionsias Mac an Bheatha sa bhliain 1978, dhá úrscéal a bhain leis an tréimhse chéanna. Mar sin féin, is suimiúil go bhfuil an téama á phlé arís i g*Ceol an Phíobaire*, an chéad úrscéal stairiúil eile a scríobhadh agus a foilsíodh tar éis d’Alan Titley *An Fear Dána* a scríobh mar atá feicthe againn. Seo an méid a deir Mícheál Mac Craith faoi:

Saothar a chuimsíonn trí thír, dhá mhór-roinn agus réimse ama dhá chéad bliain. Fágann sé seo gurb é Ceol an Phíobaire an saothar is leithne scóp, go bhfios dom, ó tháinig ann do nualitricht na Gaeilge (2013: 147).

Is iad eachtraí múinteora scoile, Cathal, atá tagtha abhaile go Loch Garman ón bhFrainc, in éineacht le ‘foireann bhreá de charachtair éagsúla ó gach aicme saoil idir bhligearid agus réicí, tiarnaí talún agus mná feasa’ (ibid.:147) atá ag croílár an úrscéil seo. Tosaíonn an leabhar agus Cathal i mbun brionglóide ar bhád agus é ar a bhealach abhaile tar éis tamaill a chaitheamh ag troid le linn reabhlóid na Fraince. Tosaíonn an scéal mall go maith ach ‘bailíonn sé neart agus

---

<sup>2</sup> I gcómhrá leis an Dr. Breandán Ó Cróinín

fuinneamh sula i bhfad agus coimeádann caibidilí gearra gonta luas faoi ó thus go deireadh’ (ibid.:147).

Tá sé de bhuntáiste, áfach, ag an gcur chuige croineolaíoch atá sa leabhar, nach gá don údar léim díreach isteach i lár choimheascair 1798, ach go bhfaigheann sé an deis na coinníollacha a chothaigh réabhlóid sna blianta sular tháinig sé i gcrích, a chíoradh. Suimiúil go leor, bhí cur chuige an-chosúil leis sin san úrscéal a scríobh Prionsias Mac an Bheatha, *Cnoc na hUamha*, sa bhliain 1978 sa tslí is ‘gur fíorimeachtaí na staire a phléitear ann agus tagann an scéal chun díginn le hÉirí Amach 1798’ (Delap, 1993: 130). Tosaíonn an insint in *Ceol an Phíobaire* sa bhliain 1793 agus is dócha go raibh an t-údar den tuairim gur gá tosú go gearr i ndiaidh titim amach réabhlóid na Fraince. Tús maith is ea é sin dar liom toisc go bhfeicimid an forás a thagann ar na carachtair chomh maith leis an bhforbairt a thagann ar an bhfealsúnacht réabhlóideach atá acu. Chomh maith leis sin, measaim go n-éiríonn go seoigh le Mac Confhaola an cúlra polaitiúil a tháinig roimh an éirí amach a chur os comhair an léitheora gan sinn a chrá le sonraí leamha, mar shampla, an cur síos a dhéantar ar bhunú an *Ord Oráisteach* sa bhliain 1796 agus teacht na bhFrancach go Bá Bheanntaí. Feicimid colsúlachtaí idir scríbhneoireacht Uí Chonfhaola agus scríbhneoireacht Uí Thuairisc in *L’attaque*, úrscéal stairiúil a bhaineann le teacht i dtír na bhFrancach i gCill Ala sa bhliain 1798 agus an tionchar a bhí ag imeachtaí an Eirí Amach ar an scológ, Máirtín Dubh Caomhánach (Delap, 1993: 72). Sníonn siad beirt, Ó Tuairisc agus Mac Confhaola, na hocáidí seo isteach sa scéal go cúramach. Ní ligeann Mac Confhaola do bharántúlacht na n-imeachtaí stairiúla cur isteach ar spésiúlacht na hinsinte cruthaithí san úrscéal seo, agus éiríonn go han-mhaith leis dá bharr san.



Fíorimeachtaí na staire a phléitear sa leabhar seo agus tagann an scéal chun buaice le hÉirí Amach 1798. Is léir go ndearna Colm Mac Confhaola lear mór taighde ar ábhar an scéil sular chuir sé peann le pár. Is ó lámhscríbhinní Cholm Mhic Dhonnchadha, mar dhea, mac an phríomhcharachtair, Cathal, a fuair an t-údar a inspioráid don leabhar, faoi mar a deirtear linn. Seift chomónta go maith is ea é sin in úrscéalta stairiúla, is é sin go mbaintear úsáid as foinse inspioráide bhréagach chun chúlra a sholáthar don scéal. Seo an méid atá scríofa i ‘réamhrá an eagarthóra’ ag tús an leabhair:

Sheol mo chol ceathrar Coleman Connolly, lámhscríbhinn chugam a fuair sé ar chúpla dollar i Nua Eabhrac. Ní raibh le déanamh agam ach an litriú a chaighdeánú, aistriúchán a thabhairt ar na giotáí Laidine agus Gréigise, nóta a scríobh anseo agus ansiúd, agus cúpla eachtra nár bhain leis an scéal a ghearradh amach (Mac Confhaola, 1996: viii).

Tuigtear dúinn mar sin go bhfuil bunús na staire san úrscéal stairiúil seo ach pé litreacha nó lámhscríbhinní ar a bhfuil an scéal seo bunaithe, téann Mac Confhaola go mór i ngleic lena shamhlaíocht chun imeachtaí 1798, agus níos tábhachtaí fós, saol na ndaoine a mhair tríd an tréimhse sin, a chur os ár gcomhair:

Díríonn sé aird an léitheora freisin ar a gcailltear sa stair, stair na cosmhuintire go háirithe, i ngeall ar easpa cáipéisí agus ar a éascaí atá sé cáipéisí a chailliúint. Is minic nach bhfeictear an stair ach trí shúile na gceannairí amháin, fearacht leithéidí Myles Byrne a bhreac síos a chuimhní ar an éirí amach i Loch Garman agus é ag cur faoi i bPáras sa bhliain 1863 (Mac Craith, 2013; 147).

In ainneoin ‘go luann an t-eagarthóir go mb’fhéidir go raibh canúint an scríobhaí agus canúint an scéalaí ag teacht salach ar a chéile uaireanta’ (Mac Craith, 2013: 146), cuireann an réamhrá ag tús an leabhair, leis an bpríomhcharachtar, Cathal Ó Ceallaigh, scríofa i gcanúint bhreá Loch Garman, de réir dealraimh, go mór le fiúntas an leabhair. Tuigtear dúinn go ndeachaidh an t-údar i

dteangmháil le beirt scoláirí a chabhraigh leis agus é ag plé le canúint Loch Garman, An tAthair Séamus de Vál agus Dr. Daithí Ó hÓgáin (Mac Confhaola, 1996: vii). Seo chuid den réamhrá sin:

Tá formhór an ndaoine a tháinig anseo linn go Meiriceá sínte sa chré i New Butcher's Grove, is an ghaoth aduaidh ag feadaíl chughubh ó Loch Erie is ag carnadh sneachta ar a n-uaiqeanna. Thá súil agam go mbeidh clann mo cholainne is na glúnta athá le teacht in ndon an saothar seo a léamh, agus go dtuigfidh siad ár scéal agus cad é an tubaist a dhíbhír anseo míd ón bhaile beag aerach sin ag bun na Staighrí Dubha... (Ó Ceallaigh in Mac Confhaola, 1996: vii)

Is sa teach mór i Butchers Grove, Loch Garman, tá an chuid is mó den scéal suite agus is minic go mbíonn rudaí ag titim go hiomlán as a chéile agus go mbíonn siad ina chíor thuathail cheart ann. Is le fear mór, borb, Constatine Butcher, an tigh agus conaíonn sé ansin lena chlann mhac, Livinia, Horatio agus Augustus, agus a bhean chéile 'fuar' (Mac Confhaola, 1996: 231) nach roinneann seomra leis, gan trácht ar leaba. Ach dáiríre is iad na searbhóntaí atá ag obair sa tigh a chuireann an fhíorbheocht isteach san úrscéal leis na bobanna éagsúla a bhíonn á mbualadh acu agus na leasainmneacha atá ceapaithe acu dá chéile mar shampla 'Domhnall Ó Dúch', an múinteoir a bhí fostaithe ag Constantine sular thosaigh Cathal ag múineadh ann, agus na deirfiúracha cráite 'Cití na gCnámh' agus 'Máire Chaol'. Scéal drámatúil agus soléite is ea *Ceol an Phíobaire* agus an taighde cruinn stairiúil fite fuaite go slachtmhar tríd. Cuid mhór den chruinneas sin is ea an cómhra a bhíonn i nGaeilge nuair ba Ghaeilge a labhraítí go nádúrtha ag an am agus is i mBéarla a bhíonn sé nuair 'is doichí nach raibh Gaeilge ag an gcarachtar áirithe sin' (Mac Craith: 2013: 146). Léirítear dúinn ach go háirithe an deighilt agus an bhearna idir lucht na Gaeilge agus lucht an Bhéarla go háirithe ó thaobh meon polaitiúil na tíre de. Anuas ar sin, baineann an t-údar leas an-mhaith as na míthuiscintí idir an Béarla agus an Ghaeilge chun greann a mhúscailt sa leabhar. Leanann míthuiscintí a leithéid ar ndóigh 'nuair a chloiseann an tiarna talún na seirbhísigh ag béicíl

le háthas i ngeall ar theacht na bhFrancach’, (Mac Craith, 2013: 148) déanann Larry Fortune iarracht ar é a chur ar an eolas:

It’s the rats, Mr. Butcher, thousands and thousands of them, a real invasion!’

‘Oh, my God! Tell Matty Doran to sets traps and poison for the vermin. I’ll get my blunderbuss and blow the heads off them’ (Mac Confhaola, 1997: 239)

Bíonn míthuiscint iomlán idir Larry Fortune (arís) agus Livinia agus é ag iarraidh bás a athar a mhíniú, rud a fhágann na léitheoirí sna tríthí ag gáire:

Was it apoplexy?

Be God, I donno what he wiz drinkin’

Did he take a bad turn?

No. He died because he stayed still (227)

Mar a luaigh mé cheana féin, is i gcanúint Loch Garman a scríobhtar an t-úrscéal stairiúil seo, sé sin le rá an saghas Gaeilge a bheadh ag an reacaire ag an am. Ach tarraingíonn Mac Confhaola ár n-aird ar phointe tábhachtach ag tús an leabhair arís:

Ní cosúil gur scríobh Colm Mac Donnchadha caint Chathail síos go ró-chruinn. Bhí a chanúint féin ag éalú isteach sa scéal. Lena chois sin is cosúil go m’fhéidir go raibh Cathail ag déanamh aithrise ar chuid des na lámhscríbhinní Gaeilge a cheannaigh sé (1996: viii).

Dáiríre, is cuid lárnach é cúrsaí teanga sa leabhar seo agus ní hamháin go bhfuil idir Bhéarla agus Ghaeilge ann ach tá Laidin, Gréigis agus beagáinín Iodáilise ann chomh maith, cé nach róshásta atá Constantine leis sin, ‘Enough of that damned Italian. It is a decadent descendant of Latin. It should be proscribed and stamped out’ (47). Is dócha gur d’aon ghnó a dheineann Mac Confhaola é seo chun a thaispeáint go raibh sé de chumhacht ag teangacha an bhearna a bhí idir na haicmí éagsúla, an uair sin, a leathnú; is é sin le rá, nach mbíonn ach Gaeilge agus fíorbheagán Béarla ag

an aicme is lú sa leabhar seo, leithéidí Páid Caomhánach, a chlann, agus na searbhóntaí, de réir mar a ardaíonn tábhacht an phoist sa ‘te mór’<sup>3</sup>, is mó Béarla a bhíonn ag na daoine sin, leithéidí Matty Doran agus Peigí Sheoin a bhíonn i gceannas ar na searbhóntaí eile. Ansin ag barr a réime, bíonn an Laidin, an Ghréigis agus an Béarla go líofa ag muintir Butcher ar fad, Mr. Johnston agus Cathal gan dabt (é ina mhúinteoir). Bíonn an t-údar ag spochadh as Constantine Butcher áfach, tríd an úrscéal chomh fada is a bhíonn locht ar a chuid Laidine go minic. Feicimid arís, mar sin, gur tír ilteangach a bhí in Éirinn riamh.

Úrscéal is ea *Ceol an Phíobaire* ina mbíonn bolscaireacht staire le haimsiú in áiteanna, ach is cosúil go ndéanann Mac Confhaola díriú ar ionramháil na teanga féin d’fhonn fírinne na staire a thabhairt chun beochta ar an leathanach seachas aon bholscaireacht pholaitiúil a chur chun tosaigh. Is gné é seo atá an-tábhachtach in úrscéalta stairiúla nua-aimseartha na Gaeilge agus is léir go bhfuil na húdair airdeallach faoi agus éiríonn leo, níos fearr ná riamh, mar a thaispeánann *Ceol an Phíobaire*, léiriú a thabhairt ar stair na hÉireann trí úsáid chruthaitheach agus sheiftiúil na teanga féin. Faoi mar a chonaiceamar sa phlé ar *L’Attaque* freisin, d’éirigh le Mac Confhaola fuinneamh a choimeád san insint ó thús deireadh an leabhair agus sárléargas a thabhairt dúinn ar thoscaí sóisialta agus polaitiúla na linne gan cur isteach ar nádúracht na stíle. Mar sin, má chuir an t-údar roimhe cuma na fírinne agus dreach an réalachais (nach ionann iad i gcónaí, gan amhras) a chur ar imeachtaí na linne sin, níl aon dabht ná gur éirigh go seoigh leis:

Mura mbeadh ann ach an méid sin amháin, ba dhíol aitheantais an t-úrscéal seo, ach tuileann sé aird na léitheoirí ar go leor cúiseanna eile chomh maith (Mac Craith, 2013: 147)

---

<sup>3</sup> Teach mór sa chanúint

## Cogadh ‘gus Cathú (2002)

Láimhseáil chumasach eile ar fhicsean stairiúil ina dtéann Mac Confhaola i ngleic le ceann de na tréimhsí ba chorrathí i stair na hÉireann agus ina bpléann sé saol na n-uasal, cruatan an phobail atá ar a gcoiméad, Na Gaeil i gcoinne SeanGhall agus gan dabht, an cogadh agus cathú ná a úrscéal dár theideal *Cogadh ‘gus Cathú* a foilsíodh sa bhliain 2001. Seo an cur síos a rinneadh ar an úrscéal nuair a seoladh an leabhar seo i Loch Garman:

He describes the book as an historic epic, set in 1600's Ireland. The novel opens with the small group of enthusiastic priests coming ashore at Waterford. It isn't long before one of them falls in love. He tries to fight his desire and as a result he is forced to leave broken hearted for Wexford, where he becomes involved in the rising of 1641 (Hayden: 2002).

Is rílér ó thosach an úrscéil áfach, go bhfuil scéal an phríomhshagairt, Domhnall, i bhfad níos casta ná sin. Baineann an scéal le sagart óg cráite darb ainm Domhnall Ó Dubhghaill. Litir gan síniú is ea chéad leathanach an leabhair, litir nach dtuigimid go dtí deireadh an scéil ar fad. Sa chéad chaibidil, déantar cur síos ar Dhomhnall agus é tar éis filleadh abhaile i ndiaidh seal a chaitheamh thar lear mar shagart. Roimh dheireadh an chéad leathanaigh sa chaibdil seo luaitear cailín álainn, ‘with jet black hair and bright blue eyes sparkling with mischief’ (Mac Confhaola, 2001: 1), Mary Cardiff, agus tuigimid ón tús go mbeidh scéal níos casta ann idir í féin agus Domhnall. Scríobhann Mac Confhaola go héifeachtach (i gcanúint bhreá Loch Garman arís de réir dealraimh) faoin tionchar atá ar Mhary Cardiff agus ar mhothúcháin an tsagairt:

D’oscail me an doras agus chonaic mé óigbhean álainn. Bhain a scéimh steangadh asam agus gheit mo chroí. Bhí dhá shúil ghorma ag spéacharnaigh ina héadan folt ciardhubh ag titim ina dhualaí síos ar a guailí (Mac Confhaola, 2002: 11).

Tugann an cur síos fisiciúil le fios dúinn go bhfuil Domhnall bocht go hiomlán fé dhraíocht aici. Díreach nuair atáimid ag súil go bhfeicfear mothúcháin shoiléire an tsagairt, tagann Síle, leathchúpla Dhomhnaill isteach sa scéal, í gairsiúil agus borb agus cuireann sí greann agus teannas araon isteach sa scéal, ‘didn’t I tell ye to stick yer arses on chairs? We were just discussin’ me brother’s efforts in the bed, and comparin’ his labours to that o’ rams and stallions’ (ibid.: 11). Is duine achrannach, searbhasach í Síle agus tuigimid freisin nach dea-phósadh atá déanta aici fhéin agus b’fhéidir gurb é sin an fáth go mbíonn sí chomh drochbhéasach agus gairsiúil sin ina cuid cainte. Leanann an scéal ar aghaidh agus mórán tagairtí do Mhary, agus arraing uafásach i gceartlár chroí Dhomhnaill fuithi, agus is cinnte nach gcabhraíonn searbhas Shíle leis sin riamh.

Úsáideann an t-údar teicnící an iar-dhearcaidh san úrscéal go seiftiúil gan mórán de scéal Dhomhnaill a nochtadh dúinn in aon chuid amháin. Tosaíonn an dara caibidil agus sinn fillte ar laethanta óige Dhomhaill, Shíle agus a dearthár níos sine, Aodh. Cuirimid aithne ar mhuintir an chaisléain sa chaibidil seo, idir an Seanbhuachaill, an leasainm a bhí ar a n-athair, an Bard, Mártan an Iarainn agus Na Cailleacha Caola, leasainmneacha a bhí ar Shíle agus ar Nóra Chríonna de bharr na ngearrán agus an ólagóin ar fad a bhíodh ar siúl acu. Is trí aithne a chur ar na carachtair éagsúla seo a aithnítear cosúlachtaí idir an t-úrscéal seo agus an chéad úrscéal stairiúil a scríobh Mac Chonfhaola, *Ceol an Phíobaire*, atá pléite againn thuas. Bíonn mórán cosúlachtaí idir na Cailleacha Caola agus na deirfiúracha cráite ‘Cití na gCnámh’ agus ‘Máire Chaol’ i g*Ceol an Phíobaire* agus an dá dhream i gcónaí ag olagón agus is minic go mbíonn an ‘scutar’ (ibid.) fúthu siúd freisin, fo-iarmhairt a bhíonn ann nuair a bhíonn siad go hiomlán buartha, cráite. Úsáideann sé an Béarla agus an Ghaeilge agus an mhíthuiscint a bhíonn eatarthu mar phointe grinn, go háirithe nuair a insítear scéal fé Mhártan an Iarainn dúinn nuair a chuaigh sé go Ros Mhic Thriúin le hualach iarainn a cheannach (rud a dhéanann sé san úrscéal eile chomh maith):

‘Beart iarainn! Iarann! Give me beart mór iarainn!’ ar seisean.  
‘Do ye want an earring?’ ars’ an fear. ‘Have ye got the money?’  
‘Sea! Sea!’ Díreach é,’ arsa Mártan, agus chuir sé an t-airgead amach ar an bhord.  
‘Come in next door,’ ars’ an ceannaí agus thug sé isteach go gabha geal é. (Mac Confhaola, 2002: 36)

Gan dabt, ní mó ná sásta a bhí an Seanbhuachaill nuair a tháinig Mártan ar ais go dtí an caisleán agus fáinne ina chluas seachas beart iarainn. ‘Mártan an Iarann, nó Mártan an Earing a bhaist muintir na háite air’ ó shin (ibid.). Tá cosúlacht idir an scéal sin agus scéal Larry Fortune nuair a bhíonn míthuiscint ann faoin bhfocal ‘francach’ faoi mar a chonaiceamar thuas.

Cuireann an dátheangachas seo go mór le réalachas an dá shaothar gan amhras. Seo a ndúirt Míchéal Mac Craith ina léirmheas ar an dátheangachas i g*Ceol an Phíobaire* agus níl dabht ar bith faoi ná go bhfuil an méid céanna i gceist san úrscéal seo freisin:

Cuireann an dátheangachas go mór le réalachas an tsaothair sa mhéid gur scáthán é ar staid iarbhír shochtheangolaíochta na linne, gurb éifeachtaí go mór fada seo na réimsí éagsúla teanga amháin a úsáid chun an dá theanga dhifriúla, Gaeilge agus Béarla, a chur in iúl (2013: 148).

Is díol suntais chomh maith gur saothar dátheangach é an t-úrscéal seo sa mhéid is go dtaispeánann sé deighilt idir na Gaeil, na SeanGhaill agus na NuaGhaill. Fós féin, d’fhéadfaimís a rá nach úrscéalta dátheangacha in aon chur iad na húrscéalta seo ach saothair trítheangacha nó ceithretheangacha, mar bíonn *Cogadh ‘gus Cathú* breac le hIodáilis freisin, chun saol na hEorpa a chur os ár gcomhair go réalaíoch, mar is i dteach ársa i gceantar Lazio san Iodáil a tháinig an t-údar ar na lámhscríbhinní, mar dhea, ar a bhfuil an leabhar bunaithe, a thug scéal Dhomhnaill dó. Deir Mac Chonfhaola ag tús an leabhair gur bhain sé ‘cúpla eachtra amach as an scéal is chiorraigh mé an chuid eile beagán’ (2001: ix). Tar éis an úrscéil a léamh níl aon amhras ar bith ann ach go

ndeachaigh Colm Mac Confhaola i ngleic go mór leis an tsamlaíocht chruthaitheach liteartha san úrscéal stairiúil seo. Faoi mar atá feicthe againn cheana, sé sin go bhfuil roinnt bolscaireachta staire le haimsiú in áiteanna, cosúil lena úrscéal eile, is cosúil go dtaispeánann Mac Confhaola go seiftiúil nach mar a shíltear a bítear i gcónaí go háirithe maidir le stair na hÉireann. Dar liom, is siombail thábhachtach é an Leabhar Mór a bhíonn á scríobh ag an mBard tríd an úrscéal den choincheap sin, is é sin le rá go gcaithfear an stair agus an fhírinne a chaomhnú. Seo a ndeir an Bard le Domhnall, ‘geall dom go gcosnóidh tú an Leabhar Mór. Má bhíonn an seanchas slán i scríbhinn beifear in ann é a athbheo is é a mhúineadh do ghlúin eile’ (Mac Confhaola, 2001: 140). Leagtar béim ar thábhacht an fhocail scríofa sa stair, rud a bheidh le feicéail freisin in úrscéal Mhic Chóil, *Fontenoy*, ar ball.

Cuirtear le hatmaisféar bríomhar an úrscéil nuair a bhaineann Cromwell an cloigeann den rí agus nuair a cheaptar an prionsa Séarlas ina rí. Bhí a fhios ag muintir Loch Garmain ansin nárbh fhada go mbeadh fórsaí na Parlaiminte chucu. Cosúil le formhór na leabhar atá scríofa sa tír seo agus Cromwell ann, bíodh sé ina phríomhcharachtar nó a mhioncharachtar, cuirtear os ár gcomhair é mar áirbhirseoir agus glaotar ‘Anti-Christ’ (2001: 196) air go mion minic anseo. Is éifeachtach mar chleas é san úrscéal an sall agus anall a bhíonn ar siúl le litreacha idir David Sinnott agus Cromail. Cuireann sé seo le réalachas an scéil arís agus is tar éis na litreacha a bheith léite againn a thosaíonn an bharbarthacht ar fad timpeall na tíre. Tugann Domhnall faoiseamh aigne agus coirp do dhaoine i rith na tréimhse deacra seo agus taispeántar ról an tsagairt go soiléir dúinn. Ach más é Domhnall príomhcharachtar an úrscéil, agus dá leimhe féin mar phríomhcharachtar é, níl aon amhras ar bith ann ach gurb í Mary Cardiff, an spéirbhean lena bhfuil sé i ngrá, laoch an leabhair gan aon cheist in aon chor. Déanta na fírinne is beag sonas a bhaineann lena saol pearsanta, ag troid go seasta lena fear céile agus caidreamh chomh dona sin eatarthu nach gcodlaíonn siad in



aon leaba feasta. Ní thuigimid an fáth, ach de réir mar a bhímid ag druidim chuig deireadh an úrscéil, seo an méid a deir Mary Cardiff le Domhnall an oíche a thugann sí aire dó agus é in ísle brí toisc go bhfuair a chara Seon Ó Murchú bás:

Have ye no idea of the pain that I suffered for love of ye, from the day ye first walked into this house? Had ye no inkling of the effects yer fine appearance, yer strong voice and yer copious learnin' would have on me? Destiny seemed determined to bring us together again an' again and before long ye had stolen my heart (2001: 263).

Luíonn siad le chéile an oíche sin agus is ina dhiaidh sin a thuigtear gur scríobhadh an litir a fheictear ag tús an leabhair go dtí an mac a shaolaítear de bharr an chaidrimh seo, mac nach bhfaca sé riamh:

..níor inis do mhátháir dada dom, is ní raibh puinn eolais agam faoin scéal go dtí gur thug an Captaen do litirse chugam. Ba bheag nár thit mé as mo sheasamh agus mé á léamh. Is mór an briseadh croí dom na blianta fada sin a chaith míd [sic] gan aithne againn ar a chéile. B'fhéidir nuair a thuigfidh tú an praiseach a rinn [sic] mé dem shaol go maithfidh tú mo chionta dom (ibid.:x).

Tuigtear dúinn an fáth nár insíodh don sagart faoina mhac, mar ba pheaca é sin riamh dar leis an eaglais Chaitliceach.

Feictear dúinn go bhfuil an-chlisteacht ag baint leis an tslí ina bhfuil an leabhar seo scríofa, go háirithe an cur chuige éifeachtach i leith an léargais a tugtar dúinn ar shaol na ngnáthdhaoine i rith aimsir Chromail, ach ní hé Cromail féin an chloch is mó ar a bpaidrín de ghnáth mar is minic go mbíonn rudaí níos pearsanta ag déanamh tinnis do na gnáthdhaoine céanna sin. Chomh maith leis sin, ceann de na gnéithe is suntasaí den leabhar ná ról Barnabas Butcher, athair Chonstantine Butcher, an tiarna talún i g*Ceol an Phíobaire*, carachtar a cheangalaíonn an dá leabhar le chéile.

## A Bhean Óg Ón (2001)

Bhí bearna de chúig bliana ann ó foilsíodh *Ceol an Phíobaire* le Colm Mac Confhaola go dtí gur scríobhadh an chéad úrscéal stairiúil eile sa bhliain 2001. San úrscéilín *A Bhean Óg Ón* le Máire Mhac an tSaoi, feicimid an t-aon scríbhneoir mná a chuaigh i ngleic le seánra an úrscéil stairiúil sa tréimhse seo. Is fiú a lua go bhfuil iarrachtaí déanta ag Bidy Jenkinson i ngort an fhicsin stairiúil ach gur gearrscéalta atá scríofa aici ar imeachtaí an bhleachtaire-shagairt, an tAthair Pádraig Ó Duinnín (2005) agus is mar sin ní chuirtear san áireamh sa taighde seo é. Dála úrscéil Alan Titley, *An Fear Dána*, is file mór le rá atá mar phríomhcharachtar san úrscéal stairiúil seo, is é sin Piaras Feiritéar, a mhair sa seachtú haois déag. File ar leith a bhí i bPiaras agus ní haon ionadh é gur chuir Máire Mhac an tSaoi an-spéis ann, duine go bhfuil an-bhá aici le Corca Dhuibhne. Seo mar a labhraíonn sí faoi in agallamh léi:

Laoch mór scéalaíochta dom ab ea Piaras leis, agus gan amhras, tá Corca Dhuibhne lán de scéalta faoi Phiaras, iarracht an rógaireacht ag roinnt leis i gcónaí, agus tá sé sin leis fíor mar gheall ar Ghearóid Iarla; iarracht an rógaireacht i gcónaí a roinnt leis an laoch sa bhéaloideas sa Ghaeilge (Mhac an tSaoi, 2012).

Chuir sí an oiread sin spéise ann gur scríobh sí leabhar neamhfhicsin chomh maith, faoina dearcadh ar shaolré Phiarais Fheiritéir (go háirithe faoin bpáirt a bhí ag Richard Boyle, Iarla Chorcaí, ann) dar teideal *Cérbh í Meg Russell* a foilsíodh sa bhliain 2008. Mar a deir Máire Mhac an tSaoi féin linn, i dtús an leabhair nua seo, is ionann freagra na ceiste ‘Cérbh í Meg Russell’ agus freagra ar an gceist ‘Cérbh é Piaras Feiritéar’ a scríobh dán suaithinseach di is í ina cailín óg:

Is mó Piaras Feiritéar ann. Tá Piaras na staire, Piaras na filíochta, agus Piaras an bhéaloideas. Baineann Piaras na filíochta agus Piaras an bhéaloideas leis an nGaolainn. Baineann Piaras na staire leis an mBéarla... Is le Piaras na staire a bhaineann cuid mhaith den saothar so againne (2008: i).

File mór de chuid Iarthar Duibhneach, de bhunadh Normanach, ab ea Piaras Feiritéar agus tá roinnt dánta grá cúirtéiseacha dá chuid a bhaineann le Meg Ruiséal, príomhcharachtar eile san úrscéal gairid seo. San nóibhille seo, samhlaíonn Máire Mhac an tSaoi eachtra ina dtagann Piaras i gcabhair ar Mheig i Sasana sa 17ú haois. Léiríonn sí polaitíocht agus uisce faoi thalamh na linne freisin agus conas mar a bhí iníonacha na n-uaisle, ach go háirithe, ina bhfichillíní i gcluichí na dTithe Móra ó thaobh saibhris agus ó thaobh cumhachta de. Déanann Mac an tSaoi mionphlé ar ghabháil an Iarla ar Chorca Dhuibhne i *gCérbh í Meg Russell* freisin:

Ní hamháin go raibh réimeas na sean-uasal in iarthar agus i ndeisceart Mumhan, idir Gaeil agus SheanGhaill díscithe, tráite, ciolaraithe ó leigheas, ach fairis sin, bhí an teicheadh curtha ar na cóilínigh Shasanacha san nach raibh sé de ghus iontu a gcuid féin súip a chosaint (Mac an tSaoi, 2008: 32).

Is éifeachtach an tslí ina ndéanann Mac an tSaoi an nóibhille seo a scríobh mar ghnátheachtra gaiscíochta ach go bhfuil sé bunaithe ar an stair agus fáiscthe as filíocht an Fheiritéaraigh (mórán mar atá an scéal *Ghearóid Iarla*, bunaithe ar shaol an fhile sin, a scríobh an t-údar céanna agus a phléifear ar ball). Seo mar atá ráite ag Gearóid Ó Tuathaigh i réamhrá an leabhair *Cérbh í Meg Russell* maidir le Piaras agus Meg ag tagairt do dhán a scríobh an Feirtéireach faoi Mheig;

...tar éis dó a bheith ar cuairt ar Londain Shasana sa bhliain 1629, le haghaidh coinne ghnótha lena thiarna talún, Richard Boyle, Iarla Mór Chorcaí. Is i dtrátha na coinne sin, de réir an chuntais sa leabhar seo, i dtigh i Chiswick, ar le Francis Russell, ceathrú Iarla Beford é, a leag Piaras súil ar iníon an teaghlaigh (2008: ix).

Mar sin, cén fáth an file seo agus an file sin? Is é sin le rá cén fáth Máire Mhac an tSaoi ag cur suime i bPiaras Feiritéir? Seo mar a deir Rachel Ní Fhionnáin:

Maidir le scríbhneoireacht, choiméad Mac an tSaoi spéis i bPiaras Feirtéar i gcónaí. Roimh 1583, glaodh "Ferriter's Island" ar oileán an Bhlascaoid nuair a mhair Piaras Feirtéar, a laoch scealaíochta

agus thosaigh sí ag bailiú dánta dhó ó bhí sí 16 bliana d’aois. Scríobh sí miontráchtas air nuair a bhí sí sna 20idí , lean an spéis ann suas go nuige seo (2009:20).

Duine ildánach gan amhras is ea Máire Mhac an tSaoi a bhfuil clú agus cáil idirnáisiúnta uirthi. Ar a saothar, taobh amuigh dá nóibhille *A Bhean Óg Ón*, tá cnuasaigh filíochta *Codladh an Ghaiscígh* (1956), *Margadh na Saoire agus Véarsaí Eile* (1973) scríofa aici chomh maith le saothar taighde agus a dírbheatháinéis *The Same Age as the State* (2003). Chaith sí tréimhse freisin ar fhoireann an *English-Irish Dictionary* faoin Ollamh Tomás de Bhaldraithe (Ó Cearnaigh, 1995: 73). Is léir mar sin gur ardscoláire atá inti agus go bhfuair Piaras Feiritéir file a dhiongbhála chun cur síos a dhéanamh ar an saol spéisiúil a bhí aige.

Is éachtach an t-úrscéilín stairiúil seo ina bhfuil stíl scríbhneoireachta fhíorchruthaitheach á saothrú ag file nua-aimseartha agus í ag scríobh faoi fhile seanda ar shlí a thugann athchruthú réalaíoch dúinn ar shaol na linne, nó ar a laghad ar shaol liteartha na linne sin. Seolann an t-údar sinn isteach i saol corraithe na hÉireann sa cheád leath den seachtú haois déag mar a raibh eachtraí na cumhachtpholaitíochta ag síorathrú sna trí ríochta, agus is beo bríomhar an cur síos ar an saol corraithe seo a fhaighimid tríd síos. Anuas ar sin, lena stíl chumasach scríbhneoireachta cuireann Mac an tSaoi fuil agus feoil na daonnachta ar chreatlach lom na staire agus tugann an t-údar léargas tuisceanach dúinn ar choinbhinsiúin liteartha agus bhéasa iompair na linne. Tá gaisce déanta ag an údar leis an úrscéal stairiúil seo agus d’fhéadfaí an méid a dúirt an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, ar staraí é gan amhras, faoi *Cérbh í Meg Russel* a thagairt don nóibhille gleoite seo:

Faoi mar a bheifí ag súil leis ó dhuine de mhórfhilí nualitríocht na Gaeilge. Tá grinnléamh máistriúil aici anseo ar fhriotail filíochta Phiaraís, mar le meafair, samhlacha agus draíocht na bhfocal de. Ar éigin má tá an dara critic ar an bhfód in Éirinn a bheadh ábalta raon agus ilgnéitheacht na bhfaoinsí ar a mbraitheann téis an leabhair seo a láimhseáil chomh cumasach, údarásach is a dheineann údar na haiste seo. (2008: 9)

Tá ceisteanna le cur fós, áfach, maidir le seánra an leabhair seo; is cinnte gur ficsean stairiúil atá i gceist ach an féidir linn glacadh leis mar úrscéal nuair nach bhfuil ann ach 60 leathanach? Gan dabht, faoi mar a scríobhas níos luaithe sa tráchtas seo, ní féidir teorannacha ródhaingne a bhualadh anuas ar choincheap an úrscéil agus faoi mar atá ráite ag Titley:

más seanrá nó earnáil é an t-úrscéal a bhfuil teorainn dhoiléir éigin idir é agus an fhilíocht nó an stair, tá fo-ghéaga nó fo-earnála le fáil laistigh de bhathalach leathan amscáil meilitheach an úrscéil féin (Titley, 1991: 10).

Tá glactha leis mar úrscéilín nó ‘historical novella’ (Ó Conchubhair, 2005) i measc scoláirí na Gaeilge cheana féin, agus mar sin cé nach úrscéal mór téagartha é ar nós *Ceol an Phíobaire* nó *Crann Smola*, níl aon amhras ach gur úrscéal stairiúil atá ann, agus is dóigh liom gur léir go bhfuil tábhacht ag baint leis maidir le forbairt sheánra an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge. Mar a deir Seán Ó Cearnaigh in a leabhar *Scríbhneoirí na Gaeilge 1945-1995* faoi Mháire Mhac an tSaoi, ‘cleachtann sí stíl thomhaiste ina cuid filíochta a thugann filíocht na scol chun cuimhne in ainneoinn gur file idirnáisiúnta, nua-aoiseach í (1995:72). D’fhéadfaí an rud céanna a rá i dtaobh phrós stairiúil Mhac an tSaoi agus b’fhéidir gurb í an ghné seo den saothar stairiúil seo dá chuid an ghné is suntasaí faoi mar a bheidh soiléir sa phlé a dhéanfar anois ar *Gearóid Iarla*.

## Scéal Ghearóid Iarla (2012)

Úrscéal stairiúil eile ó pheann Mhac an tSaoi é *Scéal Ghearóid Iarla* faoi phearsa staire mór le rá, Gearóid Mac Gearailt, 3ú hIarla Dheasmumhan. Bhí suim ag Mac an tSaoi riamh sa charachtar seo, toisc b'fhéidir, cosúil le Piaras Feirtéar, (agus í féin freisin, dár ndóigh) gur duine ildánach a bhí san Iarla, é ina fhile, ina thaoiseach agus in a leasrí Shasana. Tugann an méid a deir sí féin in agallamh léi le fios dúinn an oiread spéise agus a bhí aici i nGearóid:

Ba phearsa é sa bhéaloideas riamh dom, Gearóid, agus de réir a chéile nuair a fuairas amach go raibh teacht ar dhánta a scríobh Gearóid féin, agus go rabhadar lán de ghreann agus de phearsantacht, rud atá, fé mar is eol duit, rud is annamh i bhfilíocht an dána dhíriú, go rabhadar lán de phearsantacht an chumadóra. Tuigeadh dom, nár mhór dom, pé aithne, b'fhéidir, a chur ar Ghearóid na staire seachas ar Ghearóid an bhéaloidea sa agus is as san a tháinig an smaoineamh go scríbhinn mo shamhlaíocht fé Ghearóid na Staire go scríbhfinn i bhfoirm *novella* an tsamhlaíocht sin, agus go nochtfaí arís, dár nglúin-ne, pearsantacht Ghearóid (2012).

Tá an noibhille seo roinnte ina thrí chaibidil agus véarsaí filíochta le haimsiú i ngach caibidil. Mar sin féin, níl aon leagan amach righin ag baint leis an leagan amach seo cosúil leis an bh*Fear Dána*, sa tslí is go raibh gach caibidil ag Títle roinnte in a seacht gcuid agus an seachtú cuid i bhfoirm filíochta. Níl sí róbhuartha faoi chruth an úrscéil dáiríre, mar 'is don gcluais a scríobhaim, ní don súil' (ibid.) mar a deir sí féin. Cosúil leis an bh*Fear Dána*, afach, bíonn na píosaí filíochta a aimsítear san úrscéal stairiúil seo ina n-achóimrí ar choincheap nó tuairim éigin, agus is minic, cosúil leis an bh*Fear Dána* arís, go mbíonn greann ag baint leo agus pléifidh mé é sin go luath. Chomh maith leis sin, nuair atá bearna sna tréimhsí ama sa leabhar, úsáidtear íomhá de thoirce idir na caibidlí, chun é a chur in iúl. 'Ar ndóigh, bhain na toirc le teaghlach Mhic Gearailt go stairiúil' (Ní Churraoin, 2015: 7) .

Osclaíonn an t-úrscéal agus an tIarla Mac Thomáis ‘tagtha chugainn’ (Mac an tSaoi, 2011: 9). Tá sé tagtha chun a mhac, Gearóid, a thabhairt leis. Tá cúrsaí teangan suimiúil san úrscéal seo freisin, agus é suite in aimsir nach raibh an Ghaeilge ina teanga mhionlaithe ach mar phríomhtheanga na hÉireann. Ní hamháin sin ach tá Fraincis á labhairt san úrscéal seo freisin. Tá an Fhraincis le cloisteáil in úrscéalta stairiúla atá pléite againn cheana cosúil le saothair Mhic Confhaola agus *Fontenoy* le Liam Mac Cóil. Labhraíonn máthair an Iarla i bhFraincis ‘na n-uasal ngallda’ (ibid.:9) agus freagraíonn an tIarla Mac Thomáis sa teanga chéanna í. Is suimiúil go ndeirtear gur teanga ‘na n-uasal ngallda’ é mar tá cosúlacht ar an scéal gur bhain an t-údar úsáid as an dátheangachas, cosúil le Mac Confhaola, chun an deighilt idir na Gaeil, na SeanGhaill agus na NuaGhaill a léiriú:

In this re-presentation, Mac an tSaoi has demonstrated what no small number of people in Ireland may need reminding of from time to time – that Ireland was a multilingual and multicultural country long before any of us were born. (Ó hAodha, 2015)

Seans chomh maith, gur léiriú a bhí ann ar shaol na n-uasal ag an am sin, mar tuigimid go múineann Gofraidh an fhile, carachtar eile san úrscéal, an Laidin, an Fhraincis agus an scríbhneoireacht do Ghearóid. Is mar thoradh ar theagasc Ghofraidh a bhorraíonn bua na filíochta i nGearóid, mar go ndeirtear ann go dtéadh ‘na ranna ceangailte ‘na chuimhne agus bhraitheadh sé aithris orthu ag borradh in’intinn’ (Mac an tSaoi, 2011: 18). Tuigimid chomh maith, faoi mar atá luaite agam cheana féin, go raibh dánta ‘G(h)earóid na staire’ lán ‘de ghreann agus de phearsantacht’ (Mac an tSaoi, 2012). Is trí úsáid na filíochta greannmháire san úrscéal seo a chruthaíonn an scríbhneoir pearsantacht Ghearóid, go háirithe nuair a bhí sé i mbraighdeanas ag an mBrianach, deirtear go raibh ‘cultas Ghearóid á leathadh i measc aos óg chúirt an Bhrianaigh’ (Mac an tSaoi, 2011: 87). Seo rann amháin a chuirtear i mbéal an aosa óig:

Is mé féin an tIarla óg  
Do gheibh póg ó mhná ag ól...  
Ba shógach aonmhac Mháire  
Ní mhilleann cluiche cráifeacht (ibid.:87)

Deirtear gur sa phríosún a thosaigh an fhilíocht ag borradh ann i gceart:

during the Gaelic-Norman wars he was imprisoned by Brian O'Brien of Thomond, and it was while incarcerated that he is said to have begun his career as a poet and written some of his finest lyrics (Ó hAodha, 2015).

Sampla eile den ghreann sin sa bhfilíocht aige ná nuair a thagann a dhreatháir Seán chun é a fhuascailt. Nochtann Gearóid a shaol mar chime dó i bhfoirm véarsaíochta:

I ndíogail a ndearnsad rum  
-muna dearnar ní bhus mó –  
Dá dteagmhadh dhún dul bu-dheas  
Do bheimis i measc a mbó (89).

Feicimid an spochadh ón bhfear óg go soiléir sa sampla thuas agus ní haon ionadh é mar sin gur chuir dánta agus ranna an Iarla Máire Mhac an tSaoi i mbun pinn chun ‘iarracht an rógaireacht’ (Mac an tSaoi, 2012) ann a athchruthú dúinn. Seo tuairim Uí Churraoin faoin méid sin:

Ar bhealach, is dóigh gur tionscnamh filíochta atá ann agus modh chun filíocht Ghearóid Iarla a chur faoi bhráid phobal léitheoireachta na Gaeilge. (2015:7)

Is dócha go n-éiríonn le Mac an tSaoi pearsantacht Ghearóid a nochtadh dúinn, ní hamháin lena ghreann a léiriú, ach trí na dánta grá a scríobh sé chomh maith agus tagraíonn Mac an tSaoi do na dánta grá a scríobh sé san úrscéal seo. Tuigtear dom nach bhfuil na dánta seo múnlaíthe focal ar fhocal ar dhuanaire Ghearóid Iarla, faoi mar a bhí déanta ag Titley in *AFD* ach mar sin féin, úsáideann sí na meadrachtaí céanna is a d’úsáid an tIarla. Deir Mac Niocaill gur i ‘dtrí



meadarachtaí éagsúla atá na dánta scríofa: (a) Ae freislighe (b) Ógláchas rannaíochta móire (c) ‘Óglachas rannaíocht bige’ (1963: 8), agus is cosúil go bhfuil na meadarachtaí sin le fáil sna dánta atá ceapaithe ag Mac an tSaoi ar son an iarla sa nóibhille, mar is léir anseo:

Agus is mar sin a chuir Gearóid Iarla aithne ar dhiamhair na suirí, agus is ansan a chríochnaigh sé a chéad dán grá do mhnaoi:

Tair isteach a dhreolán bheag  
Agus cuartaigh duit féin do nead,  
Do bhéarfainn duit cliar na gclog  
Nach ndéanfainn faillighe ionat. (96)

Bíonn cúrsaí grá mar chuid lárnach tríd an úrscéal, téama eile atá comónta go maith sna húrscéalta stairiúla eile atá pléite agus a bheidh á bplé againn. Úsáideann Mac an tSaoi gnéithe den ghreann, go háirithe an íoróin, agus í ag plé leis an ngrá sa scéal seo. Casaimid ar ‘iníon an bhrúghadh ón ngleann’ agus ‘má bhí sí trí déag, sin a raibh’ (Mac an tSaoi, 2011: 35). Nuair a fheiceann sí Gearóid seo an méid atá le rá aici: ‘Bastard an Iarla! D’éalaigh na focail uaithi de ghaiseá, thit an tuairgín, agus bhuail sí a dá lámh lena béal’ (ibid.: 13). Is greannmhar an rud é go ndéarfadh cailín chomh hóg sin a leithéid agus gan í ach ag casadh ar Ghearóid don chéad uair. Feicimid an íoróin san eachtra sin níos déanaí sa scéal mar bíonn páiste neamhdhlisteanach aici féin agus an tIarla céanna. Bíonn cúrsaí grá agus cúrsaí ginealaigh ábhairín casta agus ní mór do dhuine comhthéacs stairiúil agus sóisialta an ama a bheith ar eolas acu go dtuigfí an caidreamh idir na carachtair. Feictear dúinn chomh maith gur de ‘chuid shíol mBriain’ é Gearóid in ainneoin gur seannaimhde a bhí sna Brianaigh agus na Gearaltaigh. Pé ar bith é, agus an tIarla Mac Thómáis ag tabhairt cúramaí tábhachtacha dá mhac, Gearóid, deir sé leis ansin go bhfuil sé in am aige pósadh. Socraíodh go bpósfadh sé an bhean uasail, Eilionóir de Buitléar, ach sula raibh sé ullamh chun í a phósadh, theastaigh uaidh luí le bean eile roimh ré. Mar sin, chuaigh sé ar lorg iníon an

bhrughadh agus luíodar súid le chéile. Arís, ag filleadh ar íoróin na habairte níos luaithe, ‘Bastard an Iarla’, is mar seo a lean cúrsaí ginealaigh casta na nGearaltach:

Fós is mar sin a tharla, nuair a saolaíodh Seán man an Iarla ón mnaoi uasail, Eilínóir de Buitléar, sa chaisleán, gur rugadh Séamas mac an Iarla timpeall an ama céanna d’iníon an bhrughadh i dtigh an óil (Mac an tSaoi, 2012: 55).

Baineann an t-údar úsáid as an íoróin arís sa tslí ina gcruthaíonn sí beirt mhac an iarla, Seán Óg, mac Eilínóir, agus Séamus, mac iníon an bhrughadh. Tá an páiste dlistineach ‘fionn seachas dubh, dea-chraicinn seachas buí, gnúis-oscailte seachas rúnda’ (95) agus buachail ‘caoldubh cnámhach’ (94) atá i Séamus. B’fhéidir gur nod é seo dúinn dá bhfuil ag teacht agus cé a bheidh ina 5ú hIarla Dheasmhumhan, ‘le cóir nó le heagóir’ (108).

Tá Gearóid thar a bheith suimiúil mar rogha phearsa d’úrscéal stairiúil, mar cosúil le Muireadhach Albanach nó Piaras Feirtéar, is carachtair béaloideas iad don chuid is mó agus is minic a bhíonn coimhlintí agus conspóidí i gceist sna scéalta futhu. Is léir mar sin go raibh deis ag samhlaíocht Mhac an tSaoi scríobh faoi ‘Ghearóid na staire’ mar a ghlaonn sí féin air (2012). Críochnaíonn an nóibhille ar an nóta seo a léiríonn éiginnteacht an bhéaloidis agus éiginnteacht na staire agus a thugann le fios nach mór do scríbhneoirí ficsin bearna na héiginnteachta sin a líonadh:

Tagann as an mbearna sa scéal, ní fios cár adhlacadh na taisí agus, de réir a chéile, ní chreidfí gur cailleadh Gearóid in aon chor, agus bhí a thuairim féin ag cách dá phearsain agus dá thréithe (Mac an tSaoi, 2011:109).

Scríbhneoir eile atá tar éis saothrú a dhéanamh ar an úrscéal stairiúil nua-aimseartha ná Seán Ó Dúrois lena úrscéal fíorspéisiúil *Crann Smola* a bhuaigh duais an Oireachtais sa bhliain 2001. Úrscéal stairiúil bleachtairachta atá sa leabhar agus níl aon amhras ann ach go bhfuil sé thar a bheith so-léite agus go gcoiméadann sé aird an léitheora i gconaí. Is rud annamh é an t-úrscéal bleachtairachta sa Ghaeilge ann gan trácht ar úrscéal bleachtairachta stairiúil.

Is i mBéal Feirste atá an scéal suite timpeall na bliana 1864 agus cathair díreach chomh seicteach a bhí ann an uair sin ná mar atá anois. Tosaíonn an leabhar le hiardhearcadh ar eachtra thragóideach, thubaisteach nach mbíonn aon chonclúid léi go dtí deireadh an úrscéil agus fanann sé i gceann na léitheoirí tríd an leabhar ar fad. I bpreabadh na súl ansin, léimeann an t-údar ar aghaidh cúpla scór bliain go dtí am ina bhfuil an príomhcharacter, William Watters ag siúl go Teach an Chustaim. Feiceann sé dream Protastúch ag tabhairt faoi Chaitlicigh a dhúnmharú go foréigeanach. Nuair a théann sé chun na beairice ag iarraidh na dúnmhafóirí a thabhairt chun cúirte, feictear cé chomh drogallach is atá a chomhleacaithe chun cabhrú leis toisc gur dream seicteach iad féin. Is nuair a chuireann an tArd-Chonstábla ag taisteal timpeall an Tuaiscirt é, go héagórach, is dócha, is ansin a thosaíonn an fíorscéal agus an fhíorbhleachtairacht. I lár chaibidil a seacht nuair a thugann Watters agus a ghiolla Cameron síob do bheirt fheirmeoirí ar a slí go Béal Abhann cloisimid an chéad rún a bhain leis an sraith dúnmharaithe atá ag croílár an scéil:

Ach chomh luath agus a bhain mé an baile amach, bhí orm dul ar an bhóthar arís agus tá mé ag taisteal ó sin, ag iarraidh scéal éigin a fháil faoi m'iníon is óige, Nóra... Bhí sí in ainm is a bheith ag teacht ar ais i ndiaidh sé mhí ach níor tháinig sí ar ais (Ó Dúrois, 2001: 789).

Cuireann Watters agus Cameron suim sa scéal agus ní fada go gcloistear níos mó scéalta ar an gcuma chéanna agus is gearr go mbímid féin, na léitheoirí, ar tóir ar an dúnmharfóir brúidiúil seo, i dteannta Watters agus Cameron. Téann siad ó pharóiste go paróiste ag bailiú eolais agus ag cur na sonraí le chéile. Cuirtear béim ach go háirithe ar lorg na fírinne agus in ainneoin na ndeacrachtaí éagsúla a bhuaileann leo, éiríonn leis an mbeirt teacht ar an bhfírinne sa deireadh, is é sin go ngabhtar an dúnmharfóir. Is suimiúil go ndeir Watters féin “go dtig le fírinne an chroí a bheith níos fire uaireanta ná fírinne an chinn” (Ó Dúrois, 2001: 78) mar is minic go mbraitheann Watters ar a chuid mothúcháin seachas ar a réasún chun cinneadh a dhéanamh.

Tá súil ghéar agus cluas easóige i leith na gcarachtar ag Seán Ó Dúrois agus tugann sé cur síos inchreidte dúinn orthu. Chomh maith leis sin nochtann sé an scéal go soiléir trí shúile agus trí chomráite na gcarachtar agus tuigtear dúinn, trí na súile agus trí na comhráite seo, go leanann eachtra amháin eachtra eile, agus caithfidimid a bheith ar an airdeall le linn gach aon cheann de na heachtraí seo. Is léir go bhfuil tábhachtacht éigin ag baint le gach mioncharachtar san úrscéal seo agus ní bhíonn an léitheoir den tuairim go bhfuil ról duine amháin níos tábhachtaí ná an duine eile riamh mar tá seans maith ann go mbeidh nod nó leid á thabhairt acu dúinn uair ar bith san úrscéal agus is féidir linn a bheith cinnte, toisc gur úrscéal bleachtairreachta atá ann, go bhfuil an leabhar breac le nodanna an phlota. Gan dabht, is é an phríomhcharachtar féin, William Watters, an duine is ansa linn agus is tábhachtaí dúinn. Is Protastúnach é a bhfuil Gaeilge aige agus fear is ea é a dteastaíonn uaidh an fhírinne a lorg agus cothrom na féinne a thabhairt do dhaoine, is cuma cén teanga a labhraíonn siad nó cén creideamh a chleachtann siad. Deir an bhean Elspeth Craigie leis, ‘is beag Protastúnach a chreideann i gcearta an duine anois’ (Ó Dúrois, 2001: 38) ach is léir nach bhfuil an ráiteas sin fíor do Watters. In ainneoin go mbíonn íomhá rólaochta air uaireanta, tríd is

tríd is carachtar inchreidte, réadúil é a bhfuil coinsias glan aige. Éiríonn leis an údar aimsir na linne úd a chur os ár gcomhair gan stró trí shúile an charactair seo.

‘A rare novel from a rare breed’ atá in Ó Dúrois dar le Pól Ó Muirí agus cosúil le Watters féin, b’fhéidir, tá cúlra ar leith ag an údar. Ní duine é Seán Ó Dúrois a thioctadh chun cuimhne agus sinn ag smaoineamh ar úrscéalaithe traidisiúnta na Gaeilge. Duine ón taobh amuigh é Seán Ó Dúrois, cosúil le William Watters, go pointe áirithe. Níl aon amhras ach go dtuigeann an t-úrscéalaí seo stíl an scéil bhleachtairreachta, na bunteicnící agus na mion-nithe a ghabhann leis agus b’fhéidir go raibh tionchar ag an taisteal ar fad a dhein Seán Ó Dúrois in a shaol ar an eolas atá aige ar na stíleanna seo mar déanann sé comparáid idir an ficsean bleachtairreachta agus an scríbhneoireacht thaistil:

Tá an cúlra níos tábhachtaí i bhficsean bleachtairreachta ná sna séanraí eile. Thioctadh leat a rá go bhfuil baint idir scéalta bleachtairreachta agus scríbhneoireacht thaistil. Má amharcann tú ar leabhair mar na cinn a scríobh Michael Dibden faoin Iodáil, na cinn a scríobh Stephen Saylor atá suite sa Róimh i laethanta Sulla agus Cicero, nó leabhar Ian Rankin i nDún Éideann sa lá atá inniu ann, tá an t-eolas atá le baint astu faoin am in a bhfuil siad suite lán chomh tábhachtach leis na scéalta féin (Ó Dúrois in Ó Muirí, 2001: 12).

Ní hamháin sin ach ba é an rud a dúirt John Fowles faoin taisteal ná go dteastaíonn dhá leabhar ó dhuine, ‘leabhar treorach faoin cheantar ar a mbíonn a thriall agus úrscéal a scríobh duine de bhunadh na háite faoi’ (in Ó Canainn, 2004: 4). D’fhéadfaimis a rá fiú, gur amthaisteal a bhíonn ar siúl sna húrscéalta stairiúla.

Tá sé tábhachtach go mbeadh eolas maith ag aon scríbhneoir ar an gcúlra agus iad ag plé le Tuaisceart na hÉireann, ach go háirithe. Mar sin féin, caitheann an sliocht thuas solas ar thábhacht an chúlra in aon úrscéal stairiúil is cuma cá bhfuil an scéal suite. Anuas ar sin agus faoi mar a bhí

ráite níos luaithe, is léir go bhfuil an-eolas ag Ó Dúrois ar imeachtaí an Tuaiscirt na linne sin agus go ndearna sé an-chuid taighde chuige sin. Insítear dúinn faoi mhéadú na gCaitliceach ag an am, agus cé chomh mór agus a chuir sé sin isteach ar Phrotastúnaigh na tréimhse úd, faoi mar is léir ó fhocail an Ard-Chonstábla sa leabhar:

Níl sé furasta an jab s’agamsa a dhéanamh. Creid uaimse é. Daichead bliain ó shin, ní raibh ach cúpla míle Caitliceach i mBéal Feirste agus ní raibh fadhb ar bith ann. Ní hé sin le rá nach raibh coirpeacht ar bith ann. Ach nuair a thosaigh na Caitlicigh ag plódú isteach sa chathair, chuir sé an lasair sa bharrach (Ó Dúrois, 2001: 49).

Mar sin, agus an-eolas ag Ó Dúrois ar an saol i mBéal Feirste mar a bhí agus mar atá anois gan amhras, tá úrscéal stairiúil de chaighdeán an-ard ar fad scríofa aige:

Tá cúpla tuige ann gur roghnaigh mé 1864-5. Shíl mé go raibh Béal Feirste mór go leor faoin am sin le cuid de na rudaí a bhaineann leis an saol nua-aoiseach a bheith ann, rud a lig dom comparáidí a dhéanamh leis an saol anois, ach san am céanna bhí go leor iarsmaí den seansaol Gaelach ann chomh maith (Ó Dúrois, 2001: 12).

Gné eile atá suimiúil ó thaobh seánra an scéil bleachtairachta de agus an stíl scríbhneoireachta a bhaineann leis, b’fhéidir, ná an cur síos a dhéantar ar chúrsaí collaíochta. In ainneoin go bhfuil an grá le haimsiú sna húrscéalta stairiúla eile, beagnach, agus cé go mbíonn fo-thagairt anseo agus ansiúd don chollaíocht, níl léiriú le fáil in aon úrscéal eile mar atá sé in úrscéalta Uí Dhúrois. Déanann an t-úrscéalaí cur síos neamhbhalbh ar an gcaidreamh collaí idir Watters and Nábla, caidreamh a mbeadh cosc air ag an am, dár ndóigh:

I ndiaidh cúig bhomaite, bhí siad réidh. Mhóthaigh sé a cosa á dtarraingt siar faoina chorp. D’ardaigh sé é féin os a cionn. Bhí a aghaidh díreach os cionn aghaidh Nábla. Shleamhnaigh sé isteach inti agus bhog siad anonn agus anall, anonn agus anall, iad ag mungailt agus ag cogaint focal grámhar faoina anáil.

‘Fan, Fan!’ ar sise. ‘Amach leat!’ Mhottaigh sé é féin ag teacht cheana féin. Thosaigh sé ag tarraingt siar aisti, ach bhí a cos sa bhealach air agus ní thioctadh leis tarraingt siar in am. Dhírigh sé é féin agus d’amharc ar an bhraillín (2001:54).

Is iomaí píosa scríbhneoireachta atá mar seo san úrscéal agus i gcómhrá spraiúil san *Irish Times*, idir Ó Dúrois agus Pól Ó Muirí, seo a deir Ó Muirí, ‘tá cuid de na focail ann agus ní raibh siad ag Ó Dónaill’ (Ó Muirí, 2001: 54) abairt a léiríonn (le greann) an t-ardchaighdeán atá bainte amach ag Ó Dúrois i leith scríbhneoireacht nua-aimseartha na Gaeilge.

Agus an t-úrscéal bríomhar seo léite againn, ní bhímid cinnte fós cén duine is mó atá faoin gcrann smola, Watters, nó sinn féin, na léitheoirí. Nuair a bhí Pól Ó Muirí i mbun comhrá le Seán Ó Dúrois ag deireadh na bliana 2001, tugadh le fios dúinn, go raibh an t-údar ag obair ar an dara húrscéal sa tsraith cheana féin. Dar le Ó Dúrois, úrscéal a bheadh ann ina mbeadh:

[N]a carachtair chéanna ann. An iarraidh seo, is i gCo. Dún a bheidh an scéal suite. Agus sin ráite, ar seisean, “Níl faic eile le rá agam faoin leabhar nua seo, ach amháin nach ndearna de Buitléir é (Ó Dúrois in Muirí, 2001).

## Rí na gCearrbhach (2003)

Cosúil lena chéad leabhar *Crann Smola*, tá teideal mealltach roghnaithe aige don tarna húrscéal bleachtairachta seo; *Rí na gCearrbhach* a foilsíodh sa bhliain 2003. Ba mheafar é ‘Rí na gCearrbhach’ ar an mbás sa bhéaloideas riamh agus seans gur de bharr an mheafair ina bhfuair an scríbhneoir a chuid inspioráide don dara leath den sraith bleachtairachta seo. Chomh maith leis sin, feicimid go n-úsáideann Ó Dúrois meafar an bháis mar chluiche tríd an úrscéal agus déanfar níos mó plé air sin ar ball. I gcaibidil a dó fiú, ina mbíonn sruth smaointe Watters gafa leis an mbás, cuireann sé i gcomparáid le cluiche páiste é:

Nach bhfuilimid uile cosúil le páistí ag súgradh cogáí, ag smaoinreamh áit éigin i gcúl ár gcinn go mbeimis ábalta éirí cúpla bomaite i ndiaidh ár mbáis agus go mbeidh seal ag duine éigin eile bheith marbh inár ndiaidh (Ó Dúrois, 2003: 17).

B’éasca tumadh a dhéanamh díreach isteach i lár an úrscéil seo agus aithne againn ar na príomhcharachtair cheana féin; an bleachtair William Watters, a ghiolla dílis, Cameron agus Nábla gan amhras. Tosaíonn an dá úrscéal amach cosúil lena chéile freisin mar go n-úsáideann Seán Ó Dúrois teicníc an iardhearcaidh chun pictiúr an scéil a léiriú dúinn. Faoi mar atá léirithe ag Seán O’ Connor, tá cosúlacht eile eatarthu sa mhéid is go dtosnaíonn gach caibidil le sliocht as sean- agus nua-litríocht na Gaeilge:

Each chapter is prefaced with an excerpt from the late medieval to early modern Irish literature, the reading of which may present more difficult than the novels themselves (2008: 80)

Dar ndóigh, ní ar mhaithe leis an leathanach a líonadh a chuirtear na sleachta seo isteach, ach bíonn tábhacht shiombalach ag baint leo. Ní hamháin go bhfuil cur amach ag an údar ar shean-litríocht na Gaeilge ach deir Ó Dúrois freisin go léann sé ‘go cíocrach-- irisleabhair, beatháisnéis, eolaíocht,



creideamh, stair' (2001:54) agus tá sé sin soiléir san úrscéal seo idir na comhráití a bhíonn ag Watters leis an sagart agus leis an mbiocáire, agus an t-iomrá agus an t-iomlua a dheintear san úrscéal ar Charles Darwin agus *The Origin of Species*.

Tuigtear dúinn ó thús go bhfuil bliain imithe ó tharla eachtra Kingham, a chonaiceamar i gCrann Smola, agus bímid den tuairim, uaireanta, go bhfuil an bheirt, Watters agus Cameron, ábhairín bailithe den ghnáthobair laethúil a bhíonn ar siúl acu. Ní rófhada áfach go dtí go nglaonn an tArd-Chonstábla ar Watters chun taistil arís agus cás dóiteáin á fhiosrú aige i gCo. an Dúin. Is léir dúinn go bhfuil Watters agus Cameron sásta go mbeidh siad ag obair le chéile arís. Ní mó ná sásta atá Nábla áfach, go bhfuil a grá geal, William ag imeacht uaithi arís, ach sin, mar a deirtear, scéal eile. Caithfidh an bheirt acu scéal na tine a fhiosrú, eachtra a bhfuil cosúlachtaí aisteacha idir é agus eachtra a tharla sa cheantar céanna le linn Éirí Amach 1798. Tá an stair agus an pholaitíocht ag teacht idir comharsana agus cairde agus is léir go mbeidh ar Watters pé duine atá i mbun coirloiscithe sa cheantar a cheapadh go luath d'fhonn tragóid níos fuilltí a sheachaint.

Éiríonn go geal le Ó Dúrois castaí agus lúba a chur sa scéal díreach nuair a cheaptar go bhfuil an duine ciontach againn. Anuas air sin, is ríléir go bhfuil stíl an scéinséara stairiúla go maith ar eolas aige. Is dóigh liom go n-éiríonn le Seán Ó Dúrois príomheilimintí an scéinséara stairiúla a láimhseáil go héifeachtach arís sa leabhar seo, eilimintí atá luaite ag Anna Heussaff, mar shampla:

Cinnté, tá foirmle ag gabháil leis an scéal coireachta - Cé, Cad, Conas, Cén Fath is eile - agus nílim a rá gurb ionann an fiúntas ealaíne lena leithéid agus le Ulysses no Cré na Cille. Ach fós, ta fiúntas le go leor scéalta mistéire, maidir le hatmaisféar, léargais ar charachtair agus de réir sin ar intinn an duine, tuiscintí ar an mbeatha is ar an mbás, agus go leor eile (Huessaff in Ó Muirí, 2004: 9).

Níl aon amhras ann ná go nochtann Seán Ó Dúrois tuiscintí ar an mbeatha agus ar an mbás go mion minic san úrscéal seo agus mar sin, ag filleadh ar phointe a ndearna mé tagairt do níos luaithe, is dócha go sroichtear buaicphointe an leabhair, a shníonn téama an dáin *An Bás* agus rún an leabhair go dlúth le chéile, nuair a dhúisíonn Watters agus a lámha ceangailte de lámha cathaoireach tar éis don dochtúir, bithiúnach an scéil, buille sa cheann a bhualadh air. Tuigeann an bleachtair gurbh eisean, an dochtúir, a bhí ciontach i gcás na tine ag an bpointe seo, gan dabht. Osclaíonn an chaibidil seo le seanfhocal atá oiriúnach go maith, ‘súil le cúiteamh a mhilleas an cearrbhach’ agus a chuireann go mór le héacht na caibidle seo. Déanann an dochtúir tagairt don bhás anseo mar chluiche cúpla babhta sa chaibidil chéanna. Tugann sé le fios dúinn gur chluiche a bhí ann dó féin i marú na ndaoine sin sa tine; ‘cluiche a bhí ann. Sin an galar, an leannán s’agamsa, an cearrbhachas. Is geall le taibhse mé gan an chorraitheacht’ (2003, 275). Luann sé na cosúlachtaí arís idir an cearrbhachas agus an bás:

Agus sna cásanna sin, bheadh cluiche beag agam. Geall leis an bhás. Caithinn díslé-cothrom don bheatha, corr don bhás-- nó ghearrainn paca cártaí. Dearg don bheatha, dubh don bhás. Agus mar sin a shocraigh mé cad é a tharlóidh dóibh. (ibid.: 276)

Is mar sin a chuireann sé in iúl do Watters go bhfuil dhá dheoch aige agus níl a fhios aige ‘cé acu an nimh agus cé acu an deoch shuain’. Beidh othru beirt ceann a ól agus deir an dochtúir go bhfuil ‘seans cothrom againn beirt’ (ibid.: 277). Níl aon éalú ón íoróin sa mhéid atá scríofa ag an dochtúir ina dhialann agus é ag cur síos ar an mbás; ‘táimid cosúil lena chéile. Is cearrbhaigh an bheirt againn, i ndiaidh an tsaoil’ (ibid.: 285), is é sin le rá go raibh an dochtúir faoi ndear a bhás féin. Ní mór an fhorbairt a thagann ar na carachtair ón gcéad leabhar ach amháin in ainneoin nach bhfeicimid mórán de Nábla tríd an úrscéal seo, is léir dúinn gurb í an té is tábhachtaí san úrscéal ar deireadh í.

Is cinnte gur éirigh go seoigh le Ó Dúrois úrscéalta stairiúla i seánra na bleachtaireachta a thabhairt dúinn, seánra atá thar a bheith bisiúil i dteangacha eile, dar ndóigh. Pléifear ceist na seánraí sa chéad chaibidil eile.

## Ár i gCor Chomrua (2007)

Úrscéal stairiúil eile ar bronnadh an mhórduais Oireachtais air, sa bhliain 2007, is ea *Ár i gCor Chomrua* le Ré Ó Laighléis. Is é seo an dara húrscéal i dtríológ de chuid Uí Laighléis, tríológ a bhaineann le ceantar na Boirne. *Sceoin sa Bhoireann* is ea an chéad úrscéal sa tríológ aige ach toisc gur scríobhadh as Béarla ar dtús é (agus toisc go bhfuil an chuma air gur scríobhadh don aos óg é), ní bheifear á chur san áireamh sa tráchtas seo. Mar sin féin, dhealródh sé gur ardúrscéal is ea *Sceoin sa Bhoireann* freisin, scéal atá suite 200 bliain roimh Chríost, agus tá an méid seo le rá ag Pádraig Ó Baoill mar gheall air:

Cé go bhfuil an t-úrscéal seo le fáil i mBéarla fosta (Terror on the Burren), creidim go gcailleann an léitheoir úd amach ar an stíl fhileata atá le sonru i dteanga ár sinsear (2005: 6).

Gan amhras, b'fhéidir gur thuig Ó Laighléis an méid a bhí le rá ag Ó Baoill agus gur thug sé faoin dara húrscéal a scríobh i nGaeilge amháin. Is úrscéal é a thugann siar go dtí an 13ú haois sinn, an bhliain 1317AD le bheith beacht, agus úrscéal é a chuireann tréimhse staire, idir shaol agus mhiotas na Boirne, agus stair mhuintir Thuamhumhan os ár gcomhair go réalaíoch. Is fíor d'Ó Baoill arís sa mhéad a deir sé ina thaobh seo:

Nascann Ó Laighléis an draíocht leis an réalachas, an béaloideas lena shamhlaíocht chruthaitheach agus tógtar an léitheoir ar ais le tréimhse a chaitheamh lenár gciansinsir a chaith seal ar an Bhoireann tráth. (ibid.:6)

Deir Ó Laighléis féin i mbrollach an leabhair gur 'comh-shníomh den tsamhlaíocht agus de fhíricí na staire é an saothar seo' (2005:ii). Léiríonn sé dúinn go raibh a leithéid de chol ceathracha mar atá sa scéal, Diarmaid, Prionsa na mBrianach, agus Donncha, Prionsa na Rua-Brianach a thug aghaidh ar a chéile agus 'a throid an cath ba fhíochmhaire a troideadh idir an dá thaobh riamh'

(ibid.). In ainneoin go dtugann sé cúlra staire dúinn ar an gcogadh a troideadh idir mhuintir na mBrianach tugann sé tús áite do ‘ghné cruthaitheachais sa scríobh’ (ibid.) mar tuigtear dó gur ceart tús áite a thabhairt don tsamhlaíocht agus don chruthaiteacht san úrscéal stairiúil i gcónaí.

Is deacair a rá cé hé príomhphearsa an úrscéil seo go cinnte ach is féidir a rá go deimhneach gurb é an cath síoraíochta idir an ‘Mhaitheas agus an tOlc’ (Ó Laighléis, 2005) atá mar phríomhtheachtaireacht an úrscéil seo, agus is fiú a lua go dtugtar ceann litreacha don dá fhocal sin tríd an leabhar. Is mar sin a chuireann Ó Laighléas rud fíorbhunúsach i gcuimhne dúinn, sé sin gur seanscéal é an cath idir an Mhaitheas agus an tOlc, agus go mbeidh sé mar scéal arís agus arís eile sna blianta atá le teacht, sa litríocht agus sa saol maraon.

Osclaíonn an t-úrscéal go luath i bhFómhar na bliana 1317AD agus an Bráthair Benigus á chur os ár gcomhair ag an údar. Tuigimid ag an bpointe seo go bhfuil rud éigin difriúil, draíochtúil ag baint leis an dall seo, manach a thuigeann an saol, neach a bhfuil seanthaithí aige ar chúrsaí an tsaoil mar a deir sé agus a chomhluadar á cheistiú faoi é a bheith dall; ‘Is trí’n gcroí agus trí’n anam a fheictear rud ar bith go fireannach’ (Ó Laighléis, 2005: 2). Mar sin, tuigimid go bhfuil sé ar thaobh na maitheasa agus tá buanna neamhchoitianta aige, ‘bua a cheadaíonn dó breathnú uaidh thar limistéar an domhain seo’ (ibid.: 6). Arís, is suimiúil féachaint ar an tslí go bhfuil duine beannaithe mar dhuine de na príomhphearsana san úrscéal seo cosúil le Aodh Mac Aingil i *Seilbh na Coróine* agus Eoghan an manach i *1260 AD*, dhá úrscéal stairiúla eile a phléifear níos déanaí.

Ar thaobh an oilc de, cuirtear Feardorcha inár láthair, fear fealltach, mór, mailíseach atá ann. Oifigeach é in arm Dhonnacha, Prionsa na mBrianach agus tuigtear dúinn gur bhronn an Brianach céanna talamh na mainistreach do na bráithre. Is gan cúirtéis, gan béasa a thagann Feardorcha go dtí an mhainistir agus tarlaíonn aighneas idir é agus Benigus ón tosach. Úsáideann Ó Laighléis

codarsnacht sheiftiúil chun an dá thaobh a chur os ár gcomhair faoi mar a thugann Eva Burford faoi deara:

Is iontach mar a éiríonn leis an Laighléiseach doircheacht Fheardorcha agus naofacht Bhenignus a chur i láthair an léitheora gan dul i muinín chomórtasaíocht bhunúsach an mhodha dhírigh a chleachtaítear go ró-mhinic i saothair liteartha. I gcás na beirte, tá an charachtracht cothaithe agus forbartha chomh sciliúil sin nach ag brath ar a chéile nó ar an gcomórtas atá eatarthu atá siad chun dul i bhfeidhm go láidir ar an léitheoir. (2007: 12)

Arís agus arís eile feicimid Benignus, (focal Laidine a chiallaíonn ‘séimh’) agus Feardorcha, an fear dorcha féin, ag tabhairt aghaidh ar a chéile, bíodh sé sa mhainistir nó ar an láthair Catha sa Bhoireann. Faoi mar a dúirt Iarla óg lena athair agus scéal Shobharthan á insint aige; ‘An é go bhfuil an cath in aghaidh an Oilc á throid i gcónaí aici, pé áit a bhfuil sí ag an bpointe seo’ (35). Níl ach aon fhreagra amháin ar an gceist sin is dócha.

Is scéal grá atá mar chroílár an úrscéil seo, an grá idir an tIarla céanna agus an bantiarna Sorcha, iníon Dhonncha. Cuireann a leithead de ghrá mórán saothair eile i gcuimhne dúinn *Romeo and Juliet Shakespeare* ach go háirithe is dócha, beirt óg ó dhá theaghlach atá i gcoinne a chéile tite i ngrá le chéile gan aon smacht ag aon duine orthu. Arís seo é an méid deir Burford faoi agus an ceart aici, dar liom:

Ach is é is fíor-chaitilís an phlota dhraíochta shár-shníomhtha anseo ná grá neamhcheadaithe na hÓgbheirte, Iarla agus Sorcha. Is mac é Iarla leis an bprionsa Brianach, Diarmaid, agus is neacht í Sorcha le prionsa na Rua-mBrianach, Donncha, rud a fhágann gur faoi rún ar fad atá a ngrá dá chéile á chothú agus á chleachtadh acu le cúpla bliain roimhe seo. Is é íoróin ghrá na beirte dá chéile ná go seasfaidh Iarla le fórsaí a athair, Diarmaid, in aghaidh airm Dhonncha agus in aghaidh Mhathúin, athair Shorcha, a bhfuil a dhílseacht geallta don Rua-Bhrianach aige (2007:5).

Gan dabht, áfach, faoi mar a tharlaíonn i gcás an ‘cross-class romance’ (de Groot, 2010:55), ní bhímid cinnte de go dtí deireadh an leabhair an dea-chríoch nó droch-chríoch a bheidh in ndán don bheirt leannán seo. Agus an Père François agus Benignus i gcómhrá faoin méid a iarradh ar François a dhéanamh ar son Shorcha, is é sin í a thabhairt chun na Gaillimhe sula mbriseann an cogadh amach, deir Benignus leis na treoracha sin a leanúint nó ‘beidh an Bhantiarna féin i measc na marbh’ (Ó Laighléis, 2005, 74). Agus an mhaitheas ar thaobh na leannán don chuid is mó san úrscéal, ní hé sin le rá go n-éalaíonn siad ó ráth an oilc go hiomlán mar déanann Feardorcha éigniú ar an mBantiarna nó faoi mar a deir Burford arís:

Imrítear an feall is uafásaí is féidir ar Shorcha agus gan a fhios ag Iarla a dhath faoi fhíochmhaire na barbarthachta a bhaineann leis an treascairt sin go dtí leathanaigh dheireanacha an leabhair (2007: 3).

Úsáideann Ó Laighléis an nádúr agus an draíocht agus téann sé i dtreo na fantasaíochta chun an dea-thaobh agus an droch-thaobh a léiriú dúinn freisin. Sa tslí chéanna ina n-athraíonn cruth an dúlra, athraíonn cruth na maitheasa agus cruth an oilc. Is léir dúinn, mar sin, go dtéann Ó Laighléis lasmuigh de ghnáthscóp an úrscéil stairiúil agus go dtéann sé i ngleic leis an réalachas draíochta, gné eile a bhíonn le fáil go minic i seánra an úrscéil stairiúil. Is é atá i gceist agam leis sin, mar a ndeir de Groot, ‘a narrative style which consistently blurs the traditional realist distinction between fantasy and reality’ (Williams in de Groot: 2010: 129). Feicimid an réalachas draíochta nó an fantasaíocht go háirithe nuair a bhíonn Feardorcha ag buaic a oilc, claochlaíonn sé ina ainmhí gránna:

Tá crúba mar a bheadh ar chapall, ar na cosa faoi. Ach is léir ingne a bheith ar na crúba céanna sin, agus tá na matáin ag seasamh amach go righin féitheogach ar mhuineál an ainmhí (Ó Laighléis: 172)

Tagann athrú fisiciúil ar Bhenignus leis, is cosúil, mar fhreagra ar chlaochlú Fheardorcha, b'fhéidir:

Scuabtar gríosach na tine chun na cheithre hairde agus tá ar Iarla féin cromadh go híseal le nach mbéarfaidh an racht gaoithe air [...] Seasann an Taoiseach suas díreach arís. Eitlíonn colm amach as clúid na gcraobh agus tuirlingíonn sé ag béal an *tsouterrain* (ibid.:172)

Tuigimid gur Benignus atá i gceist anseo go cinnte mar seo an cur síos a thugtar air:

Déanann an colm é féin a ísliú athuair go béal an *tsouterrain* agus tá deireadh arís leis an solas a d'eascair as a shúile. Ach tá báine i súile an éin i gcónaí agus is gile géire iad ná súile ar bith eile. Tá a fhios ag an ainmhí gur súile iad atá feicithe aige cheana. Agus i bhfaiteadh na súl diamhair sin, casann an colm ina dhuine agus is é an manach dall Benignus é. (ibid.:174).

Is éifeachtach í an chodarsnacht idir an dá ainmhí seo, idir an colm séimh agus an t-ainmhí gránna agus feicimid go minic go n-úsáideann Ó Laighéis téarmaí a bhaineann le solas agus gile agus é ag cur síos ar Bhenignus agus ansin, ar an taobh eile, go n-úsáideann sé téarmaí an dorchadais nuair atá Fewardorcha á léiriú aige. Léiríonn an t-údar bua na n-eilimintí osnádúrtha thart orainn uilig. Tá fantasaíocht bharbartha, tréithe draíochta agus geasa curtha os ár gcomhair i stíl atá inchreidte ag an údar. Mar sin, in aineoinn gur úrscéal stairiúil go príomha atá anseo, is léir go bhfuil tréithe áirithe an úrscéil fantasaíochta ann seo chomh maith, gné den úrscéal a phléifear nuair atá na fosheánraí agus téamaí á scagadh againn.

Tá sé suimiúil go bhfeidhmíonn an méid seo ó Mháirín Nic Eoin, agus í ag caint ar an litríocht neamhréalaíoch go ginearálta, faoi mar a bheadh suimiú nó achoimre ar úrscéal seo Uí Laighléis:

Tarlaíonn rudaí nach bhféadfadh tarlú sa saol mar mhairimid é nó mar is eol dúinn é; cruthaítear domhan fantasaíochta nó brionglóide. Uaireanta bíonn gnéithe den domhan



réalaíoch le haithint, ach tarlaíonn rudaí nach bhféadfach titim amach sa ghnáthshaol. D'fhéadfaí réalachas draíochta a lua le saothair áirithe sa mhéid go gcuirtear timpeallachtaí nithiúla so-shamlaithe os ár gcomhair ach go dtarlaíonn eachtraí míréalaíocha nó draíochtúla sna timpeallachtaí sin nach bhféadfadh tarlú sa ghnáthshaol. (2005: 81)

Ach is féidir gnáthchoinbhinsiún an úrscéil stairiúil a fheiceáil san úrscéal seo chomh maith, agus faoi mar atá le feiceáil i mórán de na húrscéalta stairiúla eile, tá luachanna linne le sonrú iontu, go háirithe an tábhacht a bhaineann le hoidhreacht clainne, meas ar an láthair cogáíochta agus seanscéalta béaloidis chun go gcuirfear na luachanna seo ar aghaidh go dtí an chéad glúin eile. San úrscéal seo cloisimid seanmhana na mBrianach; ‘Lámh láidir in uachtar’ agus is suimiúil é mar go bhfuil an mana céanna beagnach le clos san úrscéal *An Litir* le Liam Mac Cóil, a bheidh á phlé ar ball, agus glúin eile de na Brianaigh sa bhliain 1612 os ár gcomhair a deir ‘lámh thapa in uachtar’ (Mac Cóil, 2012).

Tá carachtair láidre ceaptha ag Ó Laighléis san úrscéal stairiúil, draíochtúil seo agus tá moladh den sórt is airde tugtha ag Eva Burford dó dá bharr san:

Ní hamháin gur *tour de force* é seo a sheasann buille ar bhuille leis na heipicí is deise, ach is *tour de force* é atá i nGaeilge ghlan ghalánta againn. Tá clasaiceach eile tugtha ar an bhfód ag an Laighléiseach, clasaiceach nach bhfuil den dul céanna le *Gafa* nó *Ecstasy* nó *Goimh* ach atá, i mo thuairimse — rud nach éasca a dhéanamh — chun tosaigh orthu uile. Ardaigh, léigh, agus déan iontas den chruthaitheacht. (2007:5)

Níl amhras ann ach gur *tour de force* é an t-úrscéal seo agus braithim go nascann Ó Laighléis an draíocht agus an réalachas chomh héifeachtach sin go n-éiríonn leis domhan osnádúrtha i mBoireann na luath-mhéanaoise a chruthú agus a léiriú dúinn.

Ghnóthaigh an t-úrscéal stairiúil *Fontenoy* Gradam Uí Shuilleabháin sa bhliain 2007 agus mar sin, is léir gur úrscéal eile é atá ar ardchaighdeán. Cur síos ar Chath Fontenoy, inar throid Arm na Fraince i gcoinne Arm Shasana ar 11 Bealtaine 1745 atá sa leabhar seo agus é á insint ó pheirspictíocht Chaptain Ghaelaigh i reisimint Dillon, Seán Ó Raghallaigh. In aiste thábhachtach dá chuid deir Mac Cóil é féin go bhfuil ‘cuid nach beag den scéal bunaithe ar leabhrán a scríobh Ó Raghallaigh faoin gcath féin am éigin roimh an mbliain 1752’ (2006: 119), ach is léir nach bhfuil anseo, gan dabht, ach cur i gcéill. Is seift chomónta é in úrscéalta stairiúla na Gaeilge agus ní sa Ghaeilge amháin a fhaightear é, dar ndóigh. Tá feicthe againn go mbunaítear na húrscéalta *Ceol an Phíobaire* agus *Cogadh ‘gus Cathú* le Colm Mac Confhaola, ar lámhscríbhinn shamhailteacha, mar shamplaí eile, seift a chuireann go mór le réalachas an úrscéil. Leagann Titley a mhéar ar a bhfuil ar siúl anseo in alt léirmheasa leis:

Much of this story is told in the words of an Irish captain, Seán Ó Raghallaigh, who left the proofs of a book he wrote on the events in the library of Chartres. Or so we are given to believe. It is of course, our own true author inventing the story as it would have been told. It is a masterly piece of authorial audacity, not for its idea but for the manner in which he has carried it off. (2005: 11).

Faoi mar atá ráite go minic anois againn, tá tábhacht na samhlaíochta agus na cumadóireachta intuigthe nuair a bhítear ag plé leis an úrscéal stairiúil nó leis an úrscéalaíocht go ginearálta, ach fós féin ní féidir linn fíricí staire a fhágaint ar lár. San fhicsean staire is féidir leis an dá rud a bheith díreach chomh tábhachtach lena chéile agus seo é an méid a deir Mac Cóil é féin faoi sin:

Dar liom go mbaineann cruinneas san fhicsean staire chomh mór céanna le próiseas na scríbhneoireachta is a bhaineann le tóraíocht na fírinne. Tá an dá rud fite fuaite ina chéile (2006: 114).

Níl dabht ann ach go dtéann Mac Cóil i muinín na samhlaíochta agus an taighde araon san úrscéal seo, fiú ina leagan amach.

Is sa bhliain 1751 a thosnaíonn an scéal, sé bliana ó troideadh Cath Fontenoy, nuair a chasaimid ar an iar-chaptaen Seán Ó Raghallaigh, a bhí i gceannas ar Reisimint Millord Dillon, in Arm na Fraince. Tá cuma chaite air, ina bhreallán ábhairín, agus is léir dúinn go bhfuil scéal an chatha agus saighdiúirí Reisimint Dillon fós ag priocadh ar a aigne in ainneoin na mblianta atá sleamhnaithe leo. Buaileann Ó Raghallaigh le staraí oifigiúil agus iarann an staraí ar an seanchaptaen a scéal a nochtadh dó. Is mar sin a thosaíonn an Raghallach, i bhFraincis bhriste, ag insint eachtraí chath Fontenoy. Mar sin, ó thosach an leabhair, cuirtear téama tábhachtach os ár gcomhair: is é sin scríobh agus seachadadh na staire a chaomhnú, agus tá an méid atá le rá ag an staraí le Ó Raghallaigh suimiúil sa mhéid seo:

Beidh seanchas againn, ar seisean. Tusa ag caint, mise ag scríobh. Agus chrom sé in athuair ar thumadh cleite agus ar scríobadh páipéir (2005: 21).

De réir mar a leanann an insint seo ar aghaidh áfach, leathnaíonn tuiscint Uí Raghallaigh ar ról na nÉireannach sa chath ríthábhachtach seo agus conas mar a chuirfear síos air sna blianta atá le teacht. Tuigtear dúinn go n-éiríonn easaontas agus éiginnteacht éigin idir an staraí agus an t-iar-chaptaen ar imeachtaí Fontenoy agus ról na nÉireannach iontu, agus is mar sin a dheineann sé cinneadh díongbháilte a chuntas féin ar na himeachtaí sin a scríobh. Leathnaíonn an téama tábhachtach seo níos mó, is é sin an tábhacht a bhaineann le stair a scríobh, agus is mórphointe agus mórthéama an cinneadh seo, ní díreach amháin san úrscéal stairiúil seo ach i ngach uile cheann de na húrscéalta stairiúla atá pléite againn go dtí seo. Tuigtear dúinn gur fúinn féin é ár stair féin a scríobh agus úsáideann Mac Cóil an smaoineamh seo mar sheift cliste. Seo mar a mhíníonn de Groot é:

The historical novel is part of the typology of nationhood and helps define what Benedict Anderson terms the ‘imagined communities’ of countries (Anderson in de Groot, 2010: 94).

Tuigeann sé go bhféadfadh duine amháin píosa eolais a fhágaint ar lár faoi stair duine eile, de bharr leisciúlachta b’fhéidir, nó de bharr easpa suime, nó de bharr bolscaireachta fiú. I rith an leabhair léimid abairtí a thugann é seo le fios dúinn; ‘thug Ó Raghallaigh faoi deara nach raibh an Francach ag scríobh’ (Mac Cóil, 2005:81) agus ‘Bhí an stair á ríomh aige. Ach bhí iontas air nach raibh an Francach ag scríobh’ (ibid.:92). Tuigeann Seán Ó Raghallaigh nach mbeidh oiread is rian fágtha ag na hÉireannaigh ar Chath Fontenoy muna scríobhann siad féin cur síos ar na heachtraí. Buanú staire í a scríobh, ar ndóigh. Faoi mar a deir Ó Raghallaigh go híorónach, b’fhéidir: ‘Dá liacht staireanna, is dócha, is ea is fearr an domhan’ (2005: 192).

Mar sin, tá sé feicthe againn arís agus arís eile sna húrscéalta stairiúla go bhfuil na ceisteanna tábhachtachta céanna á gcur; cad is stair, cad is fírinne, agus cad is fianaise ann? I slí an-simplí ar fad, míníonn Mac Cóil tábhacht agus brí na staire mar uirlis chun an fhírinne a chíoradh agus a scagadh:

Is ón bhfocal a d’úsáid seisean [Herodotus] a tháinig na focail eile úd: ‘storia’, ‘stair’, ‘story’, ‘historia’, ‘history’, ‘histoire’. Is éard a bhí i gceist, fiosrú, féachaint le fios a fháil ar ar tharla (Mac Cóil, 2006: 113).

Ag féachaint ar liosta na bhfocal thuas, is oiriúnach agus is suimiúil iad i dtaobh úrscéalta stairiúla mar, dáiríre, is ionann úrscéal stairiúil agus scéal ina measctar an fhírinne agus an ficsean ann agus is fíor do Mac Cóil arís nuair a deir sé:

An rud álainn faoin bhficsean, go mbíonn sé aige an dá bhealach. Tig leis an bhficsean scéalta fóra a insint. Creidim gur féidir é sin a dhéanamh leis an bhficsean mar is féidir a dhéanamh

sa stair. Tig leis an stória a bheith fíor. Sa stair agus san fhicsean araon tá an pheirspictíocht tábhachtach. (2006: 117)

I *Fontenoy*, is léir go bhfuil peirspictíocht an leabhair mar chuid lárnach den insint ach is dúshlán é uaireanta go bhfuil mórán guthanna le cloisteáil ann. Seo an cur síos a dheineann Seán O’ Connor ar na guthanna éagsúla sin:

Tá ar a laghad cúig guth le cloisteáil againn: guth an tsaighdiúra le linn na hinsinte sin agus é ag cumadh a chur síos féin i nGaeilge fhoirmiúil an 18ú haois; guth séimh proifisiúnta an staraí; guth an recaire uilefheasach agus é mar a bheadh ag faoileáil os cionn beirte le linn na hinste, agus guth criticiúil an eagarthóra ag míniú dúinn, ó am go chéile, gur mó idir modh insint staire an lae inniu agus an modh a cleachtaí tráth a raibh an saighdiúir ina shuí os comhair an scríobhaí (2006: 12)

Is trí na guthanna éagsúla seo a chuirimid an-aithne ar an bpríomhphearsa, Seán Ó Raghallaigh, mar chaptaen i lár an chatha agus Seán Ó Raghallaigh an t-iar-chaptaen tar éis an chatha agus is dócha go bhfuil Mac Cóil ag iarraidh ár n-aird a tharraingt ar na guthanna sin chun solas a chaitheamh arís ar thábhacht scríobh na staire.

Arís, téann Mac Cóil go muiníneach i mbun na samhlaíochta agus tugann beocht agus beatha do reisimint Dillon trí na carachtair éagsúla dá chuid atá cruthaithe aige. Tá leasainmneacha ar fhormhór na gcarachtar seo agus tugann na leasainmneacha brí agus pearsantacht dóibh go háirithe i gCaibidil XI agus Ó Raghailigh ag déanamh cur síos ar thráthnóna ar an láthair catha. Cuirimid aithne ar an Sáirsint Ó Laoire, ‘a phlucaí ag obair agus briosca crua á chogaint aige’ (46), Dainín Rua Mac Gearailt, ‘do bhí ina sheasamh ar imeall an ghrúpa’ (48), Seáin Ó Loideáin, ‘ón bhfarraige thiar’ (48), agus Diarmaid Scurlóg, ‘an fear ba shine ina measc’ (46). Tá tábhacht ar leith ag baint leis na giotaí eolais sin go léir mar ní hamháin go gcuireann an léitheoir aithne níos fearr orthu mar phearsana ach is léir go bhfuil an t-eolas seo tábhachtach don stair atá á scríobh,

agus seans nach mbeadh an Francach ar aon aigne faoi thábhacht an mhíoneolais seo. Ní mór na scríbhneoirí eile atá againn a bhfuil an cumas céanna aige carachtair chomh réadúil sin a chruthú is atá ag Mac Cóil. Mar a deir Titley ina léirmheas:

There is a large cast of characters out of Ireland who speak with passion and with humour. They are the universal soldiers thrown up out of Irish history. (2005: 11)

Ba dheacair mórán lochtanna in aon chor a fháil ar an úrscéal suntasach seo, ach amháin nach bhfuil oiread is bean amháin san úrscéal seo, gur scéal é atá go huile agus go hiomlán i ndomhan na bhfear, agus pléifear é sin ag deireadh na caibidle. Is féidir linn creidiúint mar sin nach raibh aon mhná ar an suíomh catha ag an am sin. Ní hamháin gur úrscéal taitneamhach é, ach fágtar ag smaoineamh sinn, ag smaoineamh ar an stair, ar an gcultúr agus ar an teanga fiú ach tuigimid faoi dheireadh an leabhair go bhfuil ‘gach pobal freagrach as a stair féin’ (Mac Cóil, 2005: 188).

Beidh sé le feiceáil go bhfuil *Fontenoy* ar cheann de na húrscéalta is cumasaí a scríobhadh sa Ghaeilge le fiche bliain anuas agus dá bharr sin, déanfar mionphlé air i gcaibidil ar leith.

## Hula Hul (2007)

Léargas bríomhar ar laethanta deiridh chogadh cathartha na hÉireann atá le fáil san úrscéal stairiúil *Hula Hul* le Seán MacMathúna agus tá Ó Múirí den tuairim gur ‘leabhar ar leith é’ agus nach bhfuil ‘oiread is nóta amháin as alt’ ann (2008). D’fhéadfaí a rá gur úrscéal ar leith é (agus is cuma an fada nó gear é) an t-úrscéal seo ina bhfuil idir an stair agus mhothúcháin an duine dhaonna fite fuaite tríd síos ann. Insíonn an nóibhille seo, atá thart ar chéad leathanach ar an iomlán, scéal an bhacaigh Mait Ó Dálaigh dúinn agus é ina chaptaen ar an IRA i gCiarraí. In ainneoin go bhfuil sé faoi éide mhíleata, faigheann an trua agus an taise atá ann go nádúrtha an lámh in uachtar ar an mbrúidiúlacht i gcónaí.

Osclaíonn an t-úrscéal le Mait agus é ina ógánach ar scoil. Is dócha go n-úsáideann an t-údar an óige mar mhóitíf chun a thaispeáint nach rófhada óna chéile a bhíonn daoine óga agus daoine fásta sa tslí gur ceap magaidh a bhíonn sa duine a bhfuil cos bhacach aige ag daoine idir óg agus aosta. Tá Mait coinsiasach faoin gcos seo ó bhí sé óg ach lá amháin agus é i rang Mhac Uí Shé i Scoil an Chuileanaigh i mBarúntacht Dhún Ciaráin Thuaidh, sa bhliain 1898, tháinig ‘mórtas’ (Mac Mathúna, 2008: 11) air. Nuair a bhí an múinteoir ag plé Lord Byron thug sé le fios don rang go raibh cos bhacach ar Byron féin freisin:

‘An bhfheiceann sibh an chos atá ar Mhait Dálaigh ansan, bhí a leithéid ar Lord Byron’.  
D’fhéach an rang go léir air. D’fhéach siad síos ar an gcois. D’fhéach siad suas ar a aghaidh.  
Agus don chéad uair riamh ina shaol chonaic an garsún meas agus urraim i súilibh daonna  
(ibid :10).

Fanann véarsa den dán a mhúin Mac Uí Shé dóibh le Lord Byron *The Destruction of the Sennacherib* le Mait agus b’fhéidir gur cúlghrat de shaghas éigin é an véarsa seo don úrscéal ar fad:

The Assyrian came down like the wolf on the fold,  
And his cohorts were gleaming in purple and gold;  
And the sheen of their spears was like stars on the sea,  
When the blue wave rolls nightly on deep Galilee (ibid.).

Is é croílár an dáin seo agus croílár an nóibhille, b'fhéidir, ná cé chomh leochaileach agus teoranta is atá an cine daonna in aghaidh uafás an chogaidh. Dúirt Mait Ó Dálaigh ‘gur fhan an véarsa aige mar shórt paidre’ (ibid.). Mar thoradh ar an lá úd, is cosúil, an lá a líon a chroí le mórtas, d'éirigh le Ó Dálaigh dul chun cinn sa saol a dhéanamh agus céim an chaptaein a bhaint amach. Misneach cogaidh a fuair sé ach easpa misnigh ó thaobh cúrsaí ban ag an am céanna in aineoinn gur ‘fear mór ban is baolach’ (Mac Mathúna, 2008: 74) a bhí i Lord Byron. Tá scéal grá, nó aistear grá, d'fhéadfaí a rá, mar chuid lárnach sa scéal seo agus feictear é sin nuair a thiteann Ó Dálaigh go hiomlán tóin thar cheann i ngrá le Cáit Ní Bric ón gcéad uair a bhuaileann sé léi ag an tobar. Cailín aimsire í agus í ag obair do na Diolúnaigh, muintir an tí shábháilte. Is léir go bhfuil an-chur amach ag an údar ar sheanphiseoga mar sa scéal seo is cosúil go mbaineann piseog éigin le pointí tábhachtacha i saol na bpríomhphearsan. Nuair a bhuaileann sé le Cáit ag an tobar, smaoiníonn sé leis féin go raibh sé ráite riamh, faoi mar a deirtear, ‘dá mhéid nithe beo a chíféa istigh ann is ea is mó den ádh a bheadh ort. Dá bhfeicfeá trí cinn d'aon tsaghas gheofá guí’ (ibid.: 27). Is cosúil gur duine piseogach é Ó Dálaigh féin go háirithe nuair a insíonn sé an scéal faoin eachtra inar ghaibh beirt isteach ina thigh agus gunnaí acu chun é a mharú. Toisc go bhfuil Ó Dálaigh seiftiúil, éiríonn leis bob a bhualadh orthu agus éalaíonn sé ó dhainséar sa tslí seo. Iarrann sé orthu ligint dó paidir a rá roimh an dúnmharú ach in ionad paidir a rá tosaíonn sé ag aithris *Cúirt an Mheon Oíche* agus dar leis na gunnadóirí ní bheidh críoch leis an ‘bpaidir’ go deo. Tosaíonn eagla ag teacht ar an mbeirt agus bailíonn siad leo. In ainneoin go bhfuil an chuid seo áiféiseach go maith, feicimid go bhfásann piseog as an eachtra sin:



Agus é ag insint an scéil i bhfad ina dhiaidh sin dúirt sé go raibh blas na síoraíochta ina bhéal go ceann i bhfad. Ach deirtear leis mar gheall air go mbíodh scanradh air ó shin aon phaidir a rá ar eagla go mbeadh air Áiméan a chur leis. (15)

Príomhphearsa eile an scéil is ea an carachtar go dtugtar Breen air, príosúnach atá ceangailte de gheata iarainn. Chuirfeadh sé seo an íomhá de Pháis Chríost i gcuimhne duit agus cá bhfios nach d'aon ghnó atá sé déanta ag Mac Mathúna chun fulaingt, trócaire agus grá an duine a chur i gcuimhne dúinn. Feicimid codarsnachtaí idir Ó Dálaigh agus Breen agus déanann an t-údar an-chur síos ar dhathúlacht Bhreen agus an mhuinín atá aige as féin i measc na mban ach go háirithe. Is mó rud atá le léamh ar na difríochtaí idir na carachtair seo, ach níos mó le léamh b'fhéidir, ó thaobh na gcosúlachtaí atá le feiscint eatarthu. Leagann de Brún a mhéar go beacht ar na difríochtaí atá idir an bheirt fhear agus é ag labhairt faoi *Hula Hul* in alt leis:

Amach as an chodarsnacht idir an dá charachtar seo a fhásann cuid mhór de scéal an aistir- dá éifeachtaí é mar shaighdiúr, duine soineanta ar a dhóigh féin atá sa Dálach, 'duine le Dia' a thugann an cléireach air. Os a choinne sin, stócach a bhfuil taithí agus tuiscint neamhghnách ar na mná is ea Breen. (2009: 22)

Seo cur síos eile a dheineann de Brún a chaitheann solas ar na difríochtaí idir an bheirt:

Marfóir leathainglí a bhfuil grá mná ag ealú uaidh agus fear óg dóighiúil a bhfuil barraíocht airde ag mná air; fear a chreideann go bhfuil an saol casta ina choinne agus fear eile a chreideann nach bhfuil de lancais air ach na slabhraí agus an geata iarainn atá ceangailte dá dhroim. (2009:22)

Faoi mar atá luaite cheana, áfach, is as na cosúlachtaí a bhíonn idir na fir seo a nochtar fíorphlota an úrscéil dúinn, mar le linn an chogaidh, tuigimid gurb é a chroí agus a mhothúcháin, 'idir mhaith agus olc' (Ó Muirí, 2008) an rud a chorraíonn duine.

Chomh maith leis sin agus é fós ag iarraidh Cáit Ní Bhric a mhealladh, in ainneoin go n-iompaíonn sí pota ‘gravy’ (Mac Mathúna, 2008: 78) air mar dhíoltas air tar éis dó í a mhaslú, níl sé chun eirí as aistear an ghrá. Tar éis cogar mogar ó bhéal Breen i gcluas Cháit, éiríonn le Mait agus Cáit an dara deis eatarthu a thapú. Bíonn dea-chríoch an leabhair mar chomhartha don saol atá amach roimh an mbeirt nuair a théann siad ar mharcaíocht capaill i dtreo a dtodhchaí nua le chéile:

Stad an dá chapall. Tháinig sí anuas is cheangail an srian den iallait. Ansan léim sí ar chúlaibh ar Mhollaí, agus chuir sí an dá lámh timpeall ar Mhait is bhuail a ceann ar dhrom (ibid.: 102).

Agus is mar sin a fhilleann siad ‘abhaile’ (ibid.) ag cloisint an ‘Hula Hul’ don uair dheireanach agus ‘léas bándearg’ ag bun na spéire rompu.

Is ríléir go bhfuil máistreacht ar a cheird ag Seán Mac Mathúna agus gach rogha carachtair, suíomh, agus abairte go pointéailte aige. Tuigeann sé an stair agus tuigeann sé daoine, faoi mar a aithníonn Ó Muirí:

Tuigeann Mac Mathúna síceolaíocht; tuigeann sé éad, saint, sotal, urraim agus grá agus bíonn iomlán léir na nithe sin ag iomrascáil lena chéile sna carachtair a chruthaíonn sé (2008).

Chomh maith leis sin is le hardmholadh a deir Pól Ó Muirí an méid seo:

[C]astar sleachta ort atá chomh mothálach sin ina gcur síos go bhfágann siad an léitheoir lag le hiontas i láthair an téacs (2008).

Is fiú an méid seo a lua freisin, in ainneoin go bhfuil an t-úrscéal stairiúil seo suite in am an chogaidh, is úrscéal grá é go príomha, úrscéal eile a mhúsclaíonn ceist an foshéanra ann sna húrscéalta stairiúla seo, rud eile a phléifear sa chéad chaibidil eile.

## An Cléireach (2007)

Úrscéal stairiúil cumasach eile é *An Cléireach* le Darach Ó Scolaí agus úrscéal eile sa suirbhé seo a ghnóthaigh duais mhór an Oireachtais sa bhliain 2007. Léiríonn Ó Scolaí go snoite san úrscéal seo an bua atá aige a chuid samlaíochta a chur ag obair ar fhíricí na staire. Fuair an t-úrscéal stairiúil seo ana-mholadh ó lucht critice ó thosach agus dar le Ní Chinnéide gurb é an ‘t-úrscéal is fearr ó chasadh an chéid é’ (2008:14).

Is in Earrach na bliana 1650 a thosaíonn an t-úrscéal seo agus is é Tadhg Ó Dubháin, príomhreacaire an scéil. Tá sé ina ‘oifigeach i reisimint Éamoinn Uí Fhlathartha’ (Ó Scolaí, 2008: 90) agus is eisean an cléireach. Is é an teideal nó an post atá ag Ó Dubháin mar chléireach an pas a ligeann isteach é i bhfórsaí míleata na nGael, agus faighimidne, léitheoirí, éachtaint ar an domhan seo dá bharr. Is trína smaointe agus a chuid scíbhneoireachta a chuirtear plota an scéil os ár gcomhair. Úrscéal lán d’eachtraí beaga nó scéalta beaga ar shlí amháin é *An Cléireach*, is é sin le rá go gcuireann an t-údar an-bhéim ar na scéalta beaga sin chun cúlra a sholáthar agus an scéal a dhathú. Seo a ndeir Ó Drisceoill faoi na heachtraí beaga a bhfuil an t-úrscéal breac leo:

An Cléireach is really a series of vignettes with numerous sub-stories and heavy emphasis on background and colour (Ó Drisceoill, 2008: 12).

Chomh maith leis sin, gné eile a chuireann le réadúlacht an leabhair ná go ndéanann an t-údar idirdhealú idir guthanna na saighdiúirí coise agus na hoifigigh, is é sin le rá go mbíonn réimeanna difriúla teanga le haithint ar na haicmí éagsúla, faoi mar a thugann Ó Drisceoill faoi ndeara:

A higher linguistic register distinguishes the dialogue of the elite from that of the novel’s commoners, but it is the demotic spoken Irish of the latter class that represents the future (ibid.).

Tríd síos an leabhar, feictear go mbíonn todhchaí na nGael á cheistiú agus fágtar sinn le ceisteanna suimiúla le freagairt tar éis an úrscéil seo a léamh; ceisteanna faoi dhílseacht, fhreagracht, chreideamh agus gan dabht faoin ealaín agus faoin bhfocal scríofa.

Tá *An Cléireach* suite in Éirinn agus ar an Mór-Roinn i lár na 17ú haoise, agus tá plota an úrscéil bunaithe timpeall ar eachtra amháin ach go háirithe, eachtra a thiteann amach le linn ionradh Chromail ar Éirinn. Gné thaitneamhach den chumadóireacht in *An Cléireach* is ea an tslí éifeachtach ina dtéann an t-údar i mbun atmaisféar a chruthú. Baineann sé an-leas as comhbhá an dúlra chun é seo a chur i gcríoch. Seo sampla de sin atá le fáil ar chúl an leabhair:

[N]uair a chruinnítear buíon bheag saighdiúirí, filí agus scéalaithe ina measc ar thaobh sléibhe agus, in ainneoin an áir atá á bhagairt othu, ar feadh aon oíche amháin, tagann aiteall sa bháisteach, soilsíonn na réaltóga, agus déantar ceiliúradh ar an ealaín is ar aislingí. (Ó Scolaí, 2008)

Is duine ildánach é an t-údar Darach Ó Scolaí, aitheanta cheana féin mar dhrámadoir den scoth agus is iomaí gort a shaothraigh sé roimh an úrscéal seo. Tá *Coinneáil Orainn* (2005) agus *An Braon Aníos* (2006) ar na drámaí is bisiúla sa Ghaeilge. Is léir go mbaineann sé úsáid as cuid de chleasanna an drámadóra le muid a chur go díreach i lár an aicsin ón tús, agus Tadhg Ó Dubháin, an cléireach féin, ag cur síos ar an tranglam atá thart air agus an t-arm ag cúlú ó fhórsaí an namhaid. Ní bhímíd ag smaoineamh ar fhoiréigean an chogaidh rómhór mar gheall ar na cleasanna céanna agus ina ionad sin faighimíd léargas ar chúrsaí cogaidh ó thaobh na daonnachta de. Tugtar scéal an ghnáth-shaighdiúra dúinn. Cuirimíd aithne ar na saighdiúirí, braithimíd a bhfuacht, a n-ocras, agus a mianta. Tá an méid atá ráite ag Alan Titley ag teacht leis an tuairim sin agam:

Tá éad agus formad agus bitsíocht agus na complachtaí éagsúla ón Mumhain, ó Uladh, ó

Chonnachta. An teannas idir daoine, is teannas gairmiúil inscneach, aicmeach é (2007).

Ní hamháin sin, ach tugann Ó Scolaí léargas dúinn ar an ré sin san Eoraip nuair a bhí an Mór Roinn corraithe ag na cogáí a lean an tAthleasú creidimh agus páirt mhuintir na hÉireann ann. Tuigimid go raibh Éireannaigh ar gach machaire an áir ó Bíla Hora na Boihéime go Luimneach faoi mar a insítear sna scéalta beaga seo dúinn. Úsáideann an Scolaíoch modh an iardhearcaidh, (seift atá comónta go leor in úrscéalta stairiúla, úrscéalta Uí Dhúrois ach go háirithe, mar atá feicthe againn) chun an cogadh a tharla sa Bhóihéim sna blianta roimhe sin a mhíniú dúinn chomh maith:

Chaitheadar os cionn bliana ar mhacairí na Bóihéime ag tabhairt maidhme is mion-bhrisidh dá chéile agus gan aon taobh ag breith buntáiste ar an taobh eile nó gur chruinníodar siúd a neart féin agus thugadar aghaidh soir ar rí-chathair Phrág. (Ó Scolaí, 2008: 92)

Seo an cur síos a dheánann Ó Cróinín faoin méid sin:

Ach tá snáith eile san insint a shíneann siar chomh fada leis an gcogadh tríocha bliain sa Bhóiméim agus a fhítear isteach sa phríomhinsint aríst níos déanaí. Baineann an chuid seo den insint le scéal Eamoin Uí Mhaoldóráin agus a chuid eachtraí mí-ámharacha ar mhór-roinn na hEorpa. É sin agus scéal Shaltair an Easpaig atá ag croílár an scéil ach féadann an léitheoir é sin a dhéanamh amach dó féin. (Ó Cróinín, 2007: 17)

Ach go fíreannach, is iad caomhnú an chultúir agus cúrsaí na healaíne go ginearálta atá ag croílár an úrscéil seo, is é sin, cultúr agus ealaíon na nGael ar ndóigh. Móreachtra sa scéal a chaitheann solas ar an téama áirithe seo ná nuair a thagann an cléireach ar fhothrach séipéil. Ní bhíonn sé ag smaoineamh ar an damáiste ach ag féachaint ar an ealaíon os cionn na haltóra. Seo mar a dhéanann sé machnamh agus é ag féachaint ar an bpíosa ealaíne seo:

Ach in áit mo mhacnamh a dhéanamh ar neamhbhuaine is ar ghairide an tsaoil is amhlaidh a bhíosa ag baint sásaimh as feabhas na céardaíochta a bhí ar na ballaí os mo chomhair amach (Ó Scolaí: 36).

Tuigtear dúinn gur níos fadsaolaí a bhíonn saol na healaíne ná saol an duine. Feicimid scéalta beaga mar sin a léiríonn tábhacht agus luach na healaíne agus na litríochta tríd an leabhar ar fad. Is dóigh liom go leagann Ó Drisceoil a mhéar ar phríomhchúram an úrscéil anseo:

Cultural concern rather than military action is what engages the novel: as the army retreats westwards so does the concomitant civilisation and literature (2008: 12).

In eachtra eile feictear gurb é an peann féin a shábhálann saol príosúnaigh a d’inis scéalta do na saighdiúirí an oíche áirithe seo. Bhí gach aon duine díobh chomh gafa sin leis na scéalta céanna a d’inis sé gur iarr an captaen air iad a scríobh síos in ainneoin go raibh sé le crochadh an mhaidin dár gcionn, ‘cuireadh an príosúnach i mbun pinn an mhaidin dár gcionn agus b’in mar a fuasclaíodh é ón gcroch’ (Ó Scolaí: 95). Tá an t-úrscéal breac le mionscéalta mar sin a léiríonn meon mhuintir na hÉireann maidir le luach an fhocail scríofa mar fhianaise ar an stair agus sa chomhthéacs seo, tá an méid seo atá le rá san úrscéal suimiúil:

óir táid amuigh ansin, a deir sé, atá ag cur bréaga orainn agus ag déanamh beag is fiú dhe ghníomhartha gaisce is laochais ár náisiúin. Ar son na fírinne, a deir sé, agus ar son go mbeidh tuairisc is tuarascáil chruinn ag náisiúin an domhain orainn tá sé iarrtha ag an bProivinsial orm cuntais a chur á scríobh ag daoine iontaofa i reisimintí is i dtrúpaí na ríochta. Agus chuige seo, iarrtar ortsa a mhic Uí Dhubháin, ós eol dúinn gur oifigeach i resimint Éamonn Uí Fhlatharta thú, go bhfuil léann ort agus cumas scríbhneoireachta, agus ós aithnid dúinn ó t’athair is ó do shinnsearthacht gur duine d’fílis diaganta thú, iarrtar ort glacadh leis an leabhar seo uaim agus cuntas a scríobh inti ar imeachtaí an chogaidh (42)

Cosúil le hardscríbhneoirí eile an úrscéil stairiúil, cruthaíonn Darach Ó Scolaí carachtair inchreidte. Tá bá againn leis na carachtair seo de thoradh a stíl scríbhneoireachta, agus braithimid go bhfuil aithne againn orthu sa deireadh. Is mó béim atá ar mhothúcháin agus smaointe na gcarachtar seachas aon chur síos fisiciúil nó aon ní eile.

In ainneoin go luaitear mór-ainmneacha na tréimhse seo freisin, Padraigín Haicéad, Micheál Ó Cléirigh, Brian Mac Giolla Choinnigh, agus Somhairle Mac Dónaill, mar shamplaí, is tríd na gnáthcharachtair agus a gcuid mothúchán don chuid is mó gur féidir linn cúrsaí cogaidh a shamhlú níos soiléire. Cúram comónta faoi leith é seo in úrscéalta stairiúla, ag dul siar go haimsir Tolstoy fiú, ina dtugtar lánléargas réadúil ar chathanna trí réimse iomlán mothúcháin a léiriú tríd na carachtair. Seo mar a deir an staraí, Troyat, agus is ionann an cás d'úrscéal Uí Scolaí:

His battles are not observed and commented upon by a placid historian; they are lived- by three, five, a score of of frightened, exhausted, uncomprehending participants, On all sides, the fearful din, death, helplessness and incoherence (in Delap, 1993: 77).

Léiríonn An Scolaíoch go bhfuil sár-chumas scéalaíochta aige lena charachtair inchreidte, agus a léargas ar chúrsaí staire. Seo eile a ndeir Ó Cróinín agus an ceart aige, dar liom:

[Is] iad na buanna is mó atá ag *An Cléireach* ná inchreideacht agus dealraitheacht na scríbhneoireachta a mheallann an léitheoir isteach sa scéal sa chéad áit agus ardsuibhreas agus cruinneas na teanga a chuireann ar chumas an údair a chur ina luí ar an léitheoir go bhfuil sé i gcorplár na cuilthe pé áit a ngluaiseann an t-aicsean. (2007: 17)

Is mar thoradh ar chumas iontach scéalaíochta an údair agus an léargas suntasach ar chúrsaí staire atá le fáil san úrscéal seo, gur dóigh liom gur úrscéal é *An Cléireach* atá ar aon léibhéal

feabhais leis *An Fear Dána* agus *Fontenoy* agus dá bhrí sin, tuileann sé tuilleadh plé maraon leis an dá úrscéal mhóra eile sin.



1260 AD (2008)

Tuairisc bheatháisnéise ar Eoghan Ó Néill, manach Éireannach atá san t-úrscéal stairiúil seo *1260 AD* le Alec Bán Mac Conaill (nach bhfuil ach mar ainm pinn don Bhéal Feirsteach, Séamus de Napier). Is suimiúil an t-úrscéal seo sa mhéid is gurb é an t-aon úrscéal eile é atá suite sa tríú haois déag, lasmuigh de *An Fear Dána* le Alan Titley a foilsíodh cúig bliana déag roimhe sin. Ardaítear ceist thábhachtach ar chúl an leabhair féin nach mbaineann díreach leis an leabhar seo amháin ach le gach úrscéal stairiúil eile; is é sin, cérbh iad na laochra staire nach bhfuil againn ach a n-ainmneacha is tagairtí fánacha mar gheall orthu sna hannálacha? Mar sin, cad chuige an teideal 1260 AD? Tá an méid seo le rá ag Ní Chinnéide faoin úrscéal stairiúil seo d'fhonn comhthéacs an tsaothair a bheachtú:

Is sa bhliain sin, de réir na hAnnála, a maraíodh Brian Ó Néill, Rí Chineál Eoghain, i gcath an Dúin agus de réir an scéil is sa bhliain chéanna a d'fhill a dheartháir Eoghan, a bhí ina mhanach Beinidicteach san Fhrainc abhaile ar theach a mhuintire ar an Tulach Óg i dTír Eoghain (2008: 20).

D'fhéadfaí a rá go bhfuil an t-úrscéal roinnte ina dhá chuid; saol Eoghain ar an Mór Roinn agus saol Eoghain tar éis dó filleadh ar Éirinn. Cuireann an ghné seo le forbairt an charachtair sin agus feicimid an t-athrú a thagann ar Eoghan de réir mar a thiteann plota an scéil amach. Ní hamháin sin ach tá macallaí den chéad chaibidil sa chaibidil dheireanach, sé sin le rá go dtosaíonn an t-úrscéal ar Lá Caille agus críochnaíonn sé ar Lá Caille agus is féidir leis an léitheoir an méid a tharla idir an dá Lá Caille a mheas ag deireadh an leabhair mar thoradh air seo.

Is é Eoghan príomhphearsa an úrscéil agus tosaíonn an insint agus é ag smaoineamh ar a bhaile in Éirinn. Sa chéad naoi gcaibidil, cuirimid aithne ar Eoghan an manach agus é i mainistir i Saint-Germain-en Laye san Fhrainc i mbun staidéir ar an bhfealsúnacht. Cuirtear os ár gcomhair é

mar scoláire críochnúil agus ag an am gcéanna is léir gur ógfhear soineanta é. Mar chuid dá staidéar bíonn sé ag plé le haistriúchán ar lámhscríbhinn Eriugena, an fealsúnaí. Cuireann soineantacht Eoghain go mór le dáiríreacht an charachtair mar b'fhuirist a shamhlú gur mar sin a bhíodh manaigh den tsórt sin agus a saol caite i mainistreacha iargúlta acu. Tá soineantacht an laoich inchreidte, agus measaim nuair a thagann an cailín óg dathúil, Claudette, ar an bhfód gur léir gurb í an tragóid atá i ndán dóibh. Measaim go n-éiríonn an-mhaith leis an chuid seo den scéal a nochtadh. Bíonn Claudette ag cliúsaíocht le hEoghan agus í ag tabhairt a chuid bhia dó:

Nach bhfuil tú ag dul buíochas a thabhairt damh as teacht amach chugat ins an fhearhainn leis?

*Merci, merci!*

Bhí an diabhláocht ag rince ina súile agus í ag tógaíl an mheadair. Agus í ag sleamhnú amach an doras:-

Slán agat, *a petit frère!* (Mac Conaill, 2008:7).

Cuireann sí ar a mhí-chompórd é toisc an easpa taithí atá aige ar mhná, gan amhras. Mar sin féin, de réir a chéile, forbraíonn an grá idir Eoghan agus Claudette agus déanann sé iarracht freagra a fháil ar na mothúcháin atá aige i leith an chailín seo i scríbhinní scoláirí na hEaglaise:

Ach caidé a dúirt Eriugena? Nár dhúirt seisean gur chruthaigh Dia an bhean ní amháin le páistí a ghiniúint don fhear, mar roimh an chéad pheaca thioctadh leis an chéad fhear páistí a ghiniúint gan cuidiú mar ghní na haingil, ach gur cruthaíodh í de bharr diúltú an fhir leanstan ins an dignít gan pheaca inár chruthaigh Dia é (ibid.: 12-13).

Is cuid lárnach den scéal é tríd síos go mbíonn Eoghan ag lorg na fírinne ar gach aon ghné den saol. Is minic a bhíonn sé ag lorg na fírinne agus ag lorg na bhfreagraí cuí agus é i ngrá le Claudette, ach mar a thuigimid ó thosach, is dócha, is droch-chríoch atá i ndán dóibh beirt.

Bogann an scéal ar aghaidh ansin go hÉirinn, agus Eoghan ar saoire i ndiaidh dó a dhochtúireacht a bhaint amach. Mar sin, nuair a fhilleann sé, tar éis bheith ina dheoraí, ‘ní mór a lán a mhíniú dó faoi na hathruithe atá tagtha ar an tír ó d’imigh sé’ (Ní Chinnéide, 2008) agus feicimid go gcuireann athruithe na hÉireann le hathruithe an charachtair Eoghain féin. Feicimid, tar éis tamaill áfach, go dtéann Eoghan i dtaithe ar staid na hÉireann mar atá sé. Musclaíonn an tuiscint seo ar staid na tíre anois suim in Eoghan ar a bhealach go Dún Geanainn nuair a fhaigheann sé tuairisc ar Chath an Dúin inar maraíodh a dheartháir, Brian, rud a fhágann go bhfuil an tuath gan rí anois. Tugann Ní Chinnéide le fios dúinn freisin go luaitear Cath an Dúin in Annála na gCeithre Máistrí (2008:20) agus is léir mar sin go bhfuil taighde áirithe déanta ag an údar agus go bhfuil an t-úrscéal bunaithe ar an bhfírinne go pointe. Anois, agus a dheartháir marbh, is léir dúinn gur mian le máthair Eoghain go ndéanfaí Rí de:

De réir traidisiúin a théann siar breis is míle bliain toghtar rí Chineál Eoghain sa Tulaigh Óg, i measc a phobail, agus fógraítear ina rí ar Leic an Rí é (2008: 46).

Arís, tugtar léargas dúinn ar nósanna an tríú haois déag anseo. Déantar an toghchán agus feictear gurbh é ‘Eoghan an Manach an freagra a tháinig ar ais ó gach taobh’ (ibid.:46). Is mar sin a leanann an scéal ar aghaidh agus Eoghan anois ina rí. Cloíonn Eoghan i gcónaí le focail Dé agus is trína ‘fhocal’ (ibid.:46) a stiúraíonn sé an tuath agus an tsíocháin mar aidhm i gcónaí aige, in ainneoin go gcuireann sé sin isteach ar dhaoine áirithe, go háirithe a cholcheathar Réamann, a deir an méid seo, ‘ní maith liom an tsíocháin’ (ibid.:48). Éiríonn go geal le Mac Conaill cruachásana Eoghain a léiriú dúinn go réalaióch agus éiríonn leis a chuid mothúchán a shamhlú i slí chumasach freisin. Éiríonn leis an údar ‘condition humaine’ (Delap, 1993: 81) an charachtair a iniúchadh dúinn agus feicimid ‘speictream iomlán na mothúchán daonna’ sa mhanach seo. Forbaíonn carachtracht

Eoghain agus feicimid conas mar a théann imeachtaí an chatha i bhfeidhm air i slí atá an-chosúil Máirtín Dubh Caomhánach *in L'Attaque*.

Téann Eoghan an Rí go Teamhair chun cainte leis na Gaill agus is í an chloch is mó ar a phaidrín aige ná an tsíocháin. In ainneoin go ngluaiseann an eachtra seo go mall agus go mb'fhéidir go bhfuil sé beagáinín leadránach, fiú, d'fhéadfaí a rá gur buaicphointe é an chuid seo den leabhar faoi mar a mhíníonn Máiréad Ní Chinnéide:

Déanann Eoghan síocháin le Giúistís Shasana ar bhruach na Bóinne, agus tugann an eachtra deis don údar na hargóintí ar son agus i gcoinne síocháin a dhéanamh leis na Gaill a chur i láthair an léitheora (2008: 20).

Is léir go bhfuil fíorthabhacht ag baint leis an eachtra seo mar in ainneoin nach bhfuil ann ach mioneachtra na staire ina iomláine, cuireann sé i gcuimhne dúinn cé chomh seanda is atá an choimhlint idir na Gaeil agus na Gaill. B'fhéidir go bhfuil Alec Bán ag iarraidh ceacht staire – ceacht na síochána – a chur trasna orainn go háirithe nuair a smaoiníonn Eoghan ar an gcéad tine Chásca: ‘mura múchtar an tine anois, leathnóidh sé go dtí go gcuirfear an t-oileán ar fad ar lasadh fuithi’ (2008:167). D'fhéadfaí a rá, b'fhéidir, go bhfuil idir mheafar agus cheacht ansin dúinn, sé sin le rá, muna gcuirtear deireadh leis an troid anois, éireoidh rudaí níos measa.

Faoi mar a dúirt mé cheana is go beomhar a chuireann an t-údar saol an triú haois déag os ár gcomhair agus trí ábhar manaigh a dhéanamh d'Eoghan Ó Néill, bhí deiseanna ag an údar ceisteanna fealsúnachta agus creidimh a phlé, in éineacht le plé ar ‘ról na hEaglaise Caitlicí i stair na hÉireann’ (Ní Chinnéide, 2008) a thug tuiscint níos doimhne dúinn ar chúrsaí an scéil agus ar chúrsaí an tsaol maraon leis sin. Chomh maith leis sin, cloistear roinnt piseoga san úrscéal a

chuireann go mór le meon na ndaoine ag an am sin, an eachtra ina bhfeiceann arm Eoghain an bhean agus gruaig rua uirthi mar shampla amháin:

Tá fadhb ag na fir... casadh bean rua orainn ag an áth thíos, agus í ag déanamh níocháin... síleann cuid daofa gur bean sí í agus go bhfuil drochthuar ann... ní rachaidh siad thar an áth! (Mac Conaill, 2008: 172).

Mar sin, an pearsa stairiúil a bhí in Eoghan Ó Néill? (cosúil le Alec Bán Mac Conaill, nach bhfuil ach mar ainm pinn don Bhéal Feirsteach, Séamus de Napier mar a luaigh mé níos luaithe). Tuigtear dúinn gur phearsa staire cinnte é Brian Ó Néill in Annála Uladh. Ardaítear ceisteanna in aigne an léitheora faoi phearsa Eoghan Ó Néill agus an t-úrscéal á léamh aige, agus is léir gur ardaíodh an cheist chéanna in aigne Mhairéad Ní Chinnéide faoi mar is léir nuair a deir sí:

Theip orm tagairt ar bith a aimsiú in Annála Uladh don tréimhse sin, nó in Annála na gCeithre Máistrí, agus de réir an staraí Kenneth Nicholls in ‘Gaelic and Gaelicised Ireland in the Middle Age’s gurb é Aodh Buí Ó Néill a tháinig i gcomharbacht ar Bhrian Ó Néill tar éis chath an Dúin (2008: 20).

Agus an ceart ag Ní Chinnéide nuair a deir sí go bhfuil ‘féith na scríbhneoireachta ag an údar, tá samhlaíocht aige agus eolas ar an stair’ (ibid.) agus is go cruthaitheach a chuir sé saol

Eoghain Uí Néill ós ár gcomhair.

In aiste thábhachtach dá chuid dar teideal, ‘*Storia: Ficsean Staire*’, atá luaite cheana féin sa tráchtas seo, pléann Liam Mac Cóil an bac a chuireann an iomarca taighde ar shamhlaíocht údar fhicsean staire agus deir sé an méid seo faoi:

Cuireann an stair féin an plota ar fáil agus cinntíonn a bheag nó a mhór cén toradh a bheidh ar an scéal; cinntíonn freisin dearcadh na bpearsan agus a gcuid iompair. Is í an stair féin an teimpléad (2006: 114).

Is teimpléad dá leithéid seo a bhí ag Mac Conaill, arís, dá dara húrscéal stairiúil a foilsíodh sa bhliain 2008, *Seilbh na Coróine*. Úrscéal é seo atá suite sa Loháin idir na blianta 1607 agus 1608 agus nochtann sé dúinn scéal an Iarla Aodh Ó Néill agus a chlann, a sheol amach as Loch Súilí chun cabhair a lorg ó Rí na Spáinne. Is trí shúile an Mhanaigh Aodh Mac Cathmhaoil, nó Aodh Mac Aingil mar a tugadh air go coitianta, a fheicimid cás na nGael a bhí ar deoraíocht. Ní mór dom beagáinín a rá mar gheall ar thábhacht Mhic Aingil mar scríbhneoir chomh maith. Sa bhliain 1618, foilsíodh a aon leabhar Gaeilge, i Lováin, *Scáthán shacramuinte na haithridhe*, saothar próis thábhachtach i seanlitríocht na Gaeilge<sup>4</sup>. Seo an cúlra gonta a thugann Ó hÁdhmhaill dúinn faoin bpearsa thábhachtach seo i stair cultúrtha na hÉireann:

De chlann Chathmhaoil an Dúin é, bíodh gur as Tír Eoghain de cheart iad. Cé acu a tugadh Mac Aingil air de thairbhe a dhiagachta nó a charthanachta nó a mheoin ainglí, ní féidir a rá, ach is mar Aodh Mac Aingil a aithnítear anois é, é féin a thug bráithrín bocht ó Dhún air féin (1985: 550-551).

---

<sup>4</sup> arb é atá ann ná tráchtas ar shacraimint na haithrí de réir Chomhairle Thrionta

Is díol suime iad na cosúlachtaí atá le feiscint idir an dá úrscéal stairiúla atá scríofa ag Mac Conaill in ainneoin na dtréimhsí staire difriúla ina bhfuil siad suite. Cosúil le *1260 AD*, is manach atá mar phríomhphearsa an úrscéil *Seilbh na Coróine*. An difríocht is mó a bhaineann leis na manaigh seo áfach, ná nach bhfuilimid cinnte an pearsa staire cinnte é Eoghan an manach i *1260 AD* ach níl aon amhras orainn faoi Aodh Mac Aingil. Tá an bheirt mhanach i mbun staidéir ar an bhfealsúnacht, Eoghan an manach ag díriú ar fhealsúnacht Eurigina, mar a chonaiceamar, agus Aodh ag díriú ar fhealsúnacht Duns Scotus. Déanann an bheirt acu tagairt dá gcuid fealsúnachta féin tríd an leabhar nuair a bhíonn siad i gcrúachás éigin. Is cosúil gur d'aon ghnó a bhaineann an t-údar úsáid as daoine cráifeacha chun an scéal a nochtadh dúinn mar is trína gcuid cainte a chloisfimid ceisteanna fealsúnachta, ceisteanna creidimh agus ceisteanna staire á bplé. D'fhéadfaí a thuairimiú, go scaipeann an carachtar cráifeach níos mó solais ar na ceisteanna tábhachtacha sin, i gcomparáid le gnáthcharachtar nach mbeadh staidéar domhain ar chúrsaí fealsúnachta déanta aige. Seo a ndeir Ó hAdhmaill faoi shaol sagartóireachta Aodh, agus faighimid an t-eolas céanna a bheag nó a mhór san úrscéal:

Ba í Salamanca a chuaigh Aodh san Ord Phrionsias. Rinneadh sagart de am éigin roimh an bhliain 1605 agus fan am chéanna ceapadh ina ollamh le diagacht san ollscoil é, áit ar fhan sé go dtí gur bunaíodh Coláiste San Antoin i Loháin san bhliain 1607. (ibid.)

Mar sin féin, cuireann Mac Conaill na manaigh ós ár gcomhair go réadúil agus go daonna, agus rud eile atá comónta idir an dá leabhar ná go mbíonn nasc éigin acu beirt le mná. Tugtar le fios dúinn mar sin, gur daoine fola agus feola iad na fir chráifeacha seo agus cuireann sé le hinchreidteacht na gcarachtar. Mná iad an bheirt a mbíonn a dtrioblóidí féin acu agus seans go mbíonn siad ag lorg treorach éigin ó na manaigh seo. Cuireann Claudette i *1260AD*, a lámh in a

bás féin, agus bíonn Caitriona, bean Uí Néill i *Seilbh na Coróine*, croíbhriste toisc go raibh uirthi a mac, Conn, a fhágáil in Éirinn san úrscéal seo.

B'fhéidir go bhfuil an ceart ag Mairéid Ní Chinnéide chomh maith, nuair a deir sí go '(d)Tugann an caidreamh idir Aodh Mac Aingil agus bean Uí Néill deis don údar ceisteanna a phlé faoi ghrá Platónach agus aontumhacht na cléire' (2008: 21). Is croí-lár an úrscéil é an caidreamh a bhíonn idir Caitriona agus an manach. De réir mar a thiteann an scéal amach is mó a thiteann Caitriona i ngrá le hAodh. Déanann Aodh bocht a dhícheall gan aird a thabhairt uirthi ach is mó an cur síos fisiciúil a fhaighfimid uaidh ina taobh:

..agus tharraing sí imeall a ghúna in airde go dtí an ghlúin, ag taispeáint cois cuimir clúdaithe i stoca bhán tsíoda (2008:106).

Faoi dheireadh, déanann Caitriona an grá Platónach atá aici d'Aodh a adhmháil nuair a deir sí '[i]s tú an chéad fhear, an chéad fhear ariamh, dár thug mé grá, grá ceart anama, mar a deir na filí, grá nach bhfuil truallaithe ag an chorp!' (107). Ní nach ionadh ach baineann sé seo an-gheit as Aodh Mac Aingil.

An bua is mó atá ag an úrscéal seo, dar liom, ná an cur síos a dhéantar ar an Iarla mór le rá, Aodh Ó Néill. In ainneoin go bhfuil sé tagtha ag lorg cabhair ó Rí na Spáinne, tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil a fhios aige cheana nach bhfaighidh sé choíche é. Tá sé mar thuairim ag muintir na hÉireann gur dia de shaghas éigin a bhí in Aodh Ó Néill agus cruthaíonn Mac Conaill an taobh daonnachtúil den laoch seo agus is léir go bhfuil an Iarla spíonta amach ag an saol. Tá an t-úrscéal lán d'abairtí a léiríonn é seo: 'bhí an Niallach níos sine ná ba chuimhin le hAodh, ní nach ionadh, agus bhí cuma tuirseach air' (Mac Conaill: 2008: 31) agus 'tá sé ag éirí ró-aosta bheith ag smaoineamh nó ag beartú seifteanna, na súile ró-lag bheith ag léamh' (ibid.). Tá sé ar nós go bhfuil



rún á scaoileadh linn faoin Iarla, rud nach bhfuil a fhios ag muintir na hÉireann sa bhaile agus iad fós ag feithemh ar an Iarla Uí Néill chun an tír a thabhairt slán. Is fiú smaoineamh ar an ngné sin de leabhar, sé sin nach bhfuil Aodh Ó Néill curtha os ár gcomhair mar charachtar idéalach, agus gan amhras, is tréith thábhachtach é sin san úrscéal stairiúil nua-aimseartha.

Tá teideal an leabhair suimiúil chomh maith mar táim den tuairim go bhfuil míniú débhríoch ag baint leis. Seo é an cur síos a dheineann Ní Chinnéide air, agus míníonn sí gur goideadh coróin i Lováin:

I gcúntas Uí Chianáin deirtear linn gur ghoid beirt shaighdiúirí an choróin órga a bhí ar dhealbh na Maighdine Muire i séipéal Lováin, agus go raibh muintir an bhaile ar buile faoi (2008:20).

Tugann Ní Chinnéide le fios nach raibh aon ainmneacha ar an ngadaí i gcúntas Uí Chianáin (ibid.) agus sin buntáiste a bhaineann le fisceán na staire is dócha, sé sin gur féidir leis an scríbhneoir a shamhlaíocht a úsáid d'fhonn na bearnaí éagsúla a líonadh. San úrscéal seo, is beirt as Tír Eoghain a bhí ar meisce, a ghoid an choróin bheannaithe ach b'fhéidir nach raibh an locht orthu ar fad. Carachtar eile sa scéal ná James Rath agus nílimid cinnte an spiaire é nó an é sin an fíorainm atá air fiú ach tá an baol ann gur chuir seisean an dallmallóg ar an mbeirt chun an choróin a ghoid ar a shon. Tá Mac Aingeal cráite ag an scéal seo nuair a chloiseann sé gur pionós an bháis a bheidh mar thoradh ar an scéal dóibh. Déanann sé sár-iarracht é seo a stopadh.

An bhféadfaimís a rá freisin go bhfuil níos mó ná an eachtra sin i gceist le teideal an leabhair? Ní dócha go bhfuil aon cheist faoi ach go bhfuil. An é go raibh Mac Conaill ag tagairt do rud éigin níos troime? Cuid an-thábhachtach den leabhar, dar liom, ná nuair a deir Aodh leis an Iarla go raibh an Rí Philib ag iarraidh síocháin a nascadh leis na Sasanaigh agus nuair ba léir nár chuala sé aon leid den ráfla sin, seo a dúirt sé:

‘Síocháin? Síocháin? Leis an tsean-namhad? Leis na heircigh? Dioltas dár chaill sé in ’88? Agus ar dhearmaid sé an cabhair a thug mise agus na Dálaigh dá mhairneálaigh in ’88, cé gur dheacair linn agus na Sasanaigh agus a gcomhghuallaithe ag saighdiú fúinn?’ (Mac Conaill, 2008: 31).

Mar sin agus muintir Uladh i gcruachás, Aodh Ó Néill ag iarraidh labhairt le Rí na Spáinne ach an Rí céanna ag iarraidh síocháin a dhéanamh leis na Sasanaigh, caithfear an cheist a chur, cé aige a mbeidh seilbh na coróine?

Is éifeachtach an tslí ina gcuireann Mac Conaill saol na linne os ár gcómhair agus, is go réalaíoch a léiríonn an t-údar saol an 17ú haois déag dúinn, go háirithe toisc go roghnaíonn sé carachtair chráifeacha agus daoine ríthábhachtacha ag an am sin, Aodh Mac Aingil i gcás *Seilbh na Coróine* agus Eoghan Ó Néill i gcás *1260 AD*. Arís, bhí deiseanna ag an údar ceisteanna fealsúnachta agus creidimh a phlé toisc na carachtair cráifeacha éagsúla a bheith mar chroílár na scéalta. Tá tagairtí aige ar bhia agus deoch na linne agus fiú tá tagairtí anseo agus ansiúd d’éadaí na linne. Gan amhras, déanann scríbhneoirí na n-úrscéalta stairiúla an-chur síos ar chúrsaí éide in úrscéalta cogaidh, ach go háirithe agus déanfar plé ar sin sa chéad chaibidil eile. Cuireann na tagairtí seo, atá le fáil sa dá úrscéal, go mór le meon agus cultúr na ndaoine ag an am sin, mar shampla an réaltóireacht a bhíonn ar siúl sa leabhar, rud nach dtaithníonn go rómhór le hAodh, gan amhras:

Ó’s ag caint ar aimsir, tá breis buartha curtha orm ag Síle, duine de mo shearbhóntaí, go dtáinig chugam as Oileán an Ghuail... a bhíos ag léamh na néal damh, agus d’amharc sí amach ar an spéir ar maidin inniu agus deir sí go bhfuil droch-thodchaí in ann dúinn uilig... go ra’bh droch chomharthaí ins an spéir (Mac Conaill, 2008: 44)

Cabhraíonn piseoga den saghas seo linn meon na linne a thuiscint, faoi mar atá ráite agam thuas.

Is léir go bhfuil tuiscint ag Alec Bán Mac Conaill ar conas a oibríonn an t-úrscéal stairiúil agus tá dhá úrscéal den scoth scríofa aige a thugann léargas suimiúil dúinn ar shaol an 13ú haois déag agus ar theacht an Iarla go Lobháin sa 17ú haois. Níl amhras ach go bhfuil ardmholadh tuillte ag an dá leabhar ach, is é an trua é nár caitheadh cúram mar is ceart le cúrsaí eagarthóireachta, faoi mar a thugann Ní Chinnéide faoi deara:

Dá gcaithfí am le heagarthóireacht, bheadh dhá sheoidleabhar ann a bheadh incurtha le haon cheann de na húrscéalta staire a scríobhadh le fiche bliain anuas (2008:20).

Mar sin féin, tá an ceart aici, dar liom, nuair a deir sí gur seoda ina gcáilíocht féin atá sa dá leabhar seo, seoda i stair an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge nach bhfuair a gceart ó lucht léite na Gaeilge. Dar ndóigh, d'fhéadfaí é sin a rá mar gheall ar mhórán de na húrscéalta a luaitear anseo.

## Lucinda Sly (2008)

Úrscéal stairiúil eile atá suite sa 19ú haois déag, cosúil le *Crann Smola* agus *Rí na gCearrbhach* le Seán Ó Dúrois, is ea *Lucinda Sly*, a foilsíodh sa bhliain 2008, le Maidhc Dainín Ó Sé. Scríbhneoir ab ea Ó Sé a raibh an clú is mó air mar gheall ar a bheatháinéis Gaeltachta, *A Thigh ná Tit Orm*, b'fhéidir<sup>5</sup>. Suimiúil go maith, tá an t-úrscéal *Lucinda Sly* aistrithe go Béarla ag Gabriel Fitzmaurice (2013) chomh maith.

Tá an t-úrscéal seo bunaithe ar eachtra stairiúil a thiteann amach i gContae Cheatharlach sa bhliain 1834 agus crochadh poiblí atá i gceist. Scéal faoi bhaintreach mná, is í sin Lucinda Sly féin, agus an saol deacair atá aici ó thus deireadh. Tá cónaí uirthi léi féin ar fheirm tar éis dá fear céile bás a fháil den eitinn nuair nach raibh a gcéad mhac ach díreach saolaithe. Tugtar le fios dúinn go n-oibríonn sí go dícheallach le linn a saoil ar fad chun go mbeadh saol le dealramh ag a mac, Tomás Óg, ach is cosúil gur ag obair gan faic ó thaobh pá atá sí. Lá amháin agus í ag ullmhú i gcomhair an aonaigh, tugann Thomas Óg léasadh foiréigneach di, briseann sé an scuab trasna a glúine le teann feirge agus fágann sé an teach ar an lá céanna sin:

Táimse chun mo bhalcaisí a bhailiú ar a chéile agus ní fheicfidh tusa ná aon Chríostaí eile laistigh de thairsing an dorais seo arís mé' ar sé agus d'imigh sé síos go dtína sheomra le paca garbh a fuair sé sa chistin (Ó Sé, 2008: 16).

Ní fheabhsaíonn cúrsaí di, agus dár ndóigh, is amhlaidh a éiríonn siad níos measa don bhean bhocht agus b'fhéidir gur nod a bhí sa léasadh sin ó Thomas dúinn don mhéid eile atá i ndán di.

---

<sup>5</sup> Scríobh sé filíocht, gearrscéalta agus úrscéalta eile chomh maith, *Tae le Tae* (1990) agus *Cara go Brách* (2010) mar shamplaí

Is sa dara caibidil a bhuaileann Lucinda Singleton le Walter Sly don chéad uair agus iad beirt ar an aonach, í ag díol a cuid ime agus eisean ag díol stoic. Arís, b'fhéidir gur nod eile a bhí sa chéad chasadh le Walter Sly sa leabhar agus é caochta ar meisce ag iarraidh Lucinda a mhealladh. Nuair is léir dó nach bhfuil mórán measa aici ar chúrsaí ólacháin, ligeann sé air nach n-ólann sé ach go fíorannamh. Tríd an gcaibdil seo, bíonn sé ag iarraidh teacht suas le plean chun aird Lucinda a tharraingt agus faoi mar a tharlaíonn sé, tá aithne mhaith ag Walter Sly ar mhac Lucinda, Thomas Singleton, atá anois ag feidhmiú mar phóilín an bhaile. Feicimid, tar éis dúinn an t-úrscéal ar fad a léamh, go n-aithníonn ciaróg ciaróg eile agus gur dhrochchomhartha an cairdeas seo ón tús. Éiríonn le Walter Lucinda a mhealladh ar deireadh tar éis dó an caidreamh idir Lucinda agus a mac a athaontú. Tar éis bliana nó mar sin, tugann siad lámh agus focal dá chéile. Beartaíonn siad an margadh a chur i bhfoirm scríofa, téann siad go dtí oifig an aturnae agus ceapann siad beirt an uacht. Arís, taispeánann Walter é féin mar atá sé agus nuair a imíonn Lucinda filleann sé ar an oifig sin chun an uacht a athrú. Ní rófhada a thógann sé ar Walter Sly dul amach ag ragairne arís agus léastaí a thabhairt do Lucinda nuair a thagann sé abhaile. Tugann an t-údar cur síos neamhbhalbh dúinn ar Walter ag tabhairt léasa dá bhean chéile:

Ansan strac sé gach balcáis dena droim agus thug sé lascadh den mbróg di isteach sa bholg a chur i gcoinne an falla í. Chuaigh sé thar n-ais go dtí an chistin agus d'aimsigh fuip an chapail agus léasa míthrócaireach do Lucinda (Ó Sé, 2008: 96).

De réir mar a thiteann an scéal amach, is mó an comhbhrón a bhraitheann léitheoirí do Lucinda agus is mó fuath a mhothaíonn siad do Walter.

Is é John Dempsy an príomhcharachtar eile lena mbuailimid san úrscéal stairiúil seo a bhí ag obair mar bhuachaill aimsire ar fheirm Lucinda agus Walter. Uaireanta, bíonn sé deacair glacadh le hinchreidteacht an charachtair seo, dar liom. Bíonn sé i gcónaí deabhéasach agus múinte

do Lucinda agus nuair a chloiseann sé faoin léasadh a bhí á thabhairt di, tugann sé buille do Walter cúpla babhta é féin.

Ar maidin an lae a maraíodh Walter, tugann sé léasadh uafásach dá bhean chéile agus geallann sé di, ina chuid focal féin, ‘nuair a thiofadh abhaile anocht, déanfad sciléad ded cheann’ (ibid.:118). Le linn an lae sin, insíonn Lucinda do Dempsey go bhfuil sé ar intinn aici Walter a mharú sula ndéanfaidh sé féin an gnó uirthi. Nuair a thagann Sly abhaile an oíche sin agus é súgach ar meisce, titeann sé dá choladh cois tine. Téann Lucinda i dtreo na tua a bhí ag seasamh i gcoinne an fhalla agus tugann sí do Dempsey í. Ar dtús diúltaíonn sé ach tagann athrú misnigh air ansin. Buailteann sé ceann Walter go láidir agus maraíonn sé ar an toirt é. Cuirtear a chorp amach san iothlainn agus ag baint úsáide as gunna Walter, scaoileann Dempsey urchar tríd a cheann agus scaoileann sé ceann eile tríd an doras, chun go mbeadh an chuma ar an scéal gur maraíodh Walter i slí eile. Ligeann Lucinda uirthi go bhfuil sí trí na chéile faoina fear céile a bheith marbh agus téann sí ag lorg cabhrach ó na comharsain. Tagann na comharsain, tagann na póilíní ach is léir nach raibh plean Lucinda agus Dempsey comh seiftiúil is a cheap siad a bhí agus cuirtear chun triallach iad ar an 16ú Márta 1835.

Tuigtear dom gur cheart don triail seo a bheith ar an gcuid is lárnaí agus is tábhachtaí den úrscéal, ach titeann cúrsaí amach chomh tapaidh sin sa triail go gcailleann an t-údar an deis an tábhacht sin a chur ina luí ar an léitheoir. Braithim go bhfuil an chuid seo lag go háirithe, agus tagaim leis an méid atá le rá ag Ní Chinnéide faoi leabhar Uí Shé in alt léirmheasa a scríobh sí:

[Bhí] mórchuid taighde déanta aige ar Lucinda Sly a crochadh, agus chuirfeadh sé go mór leis an úrscéal athscríobh a dhéanamh ar na caibidlí deiridh (2008: 7)

Ba é breith na cúirte ná an bheirt a chrochadh ar an 30ú lá de Mhárta lasmuigh de Phríosún Cheatharlach ag a leath uair tar éis a dó. Seo an méid atá le rá ag an gcoireolaí Séamus Breathnach i dtaobh na heachtra stairiúla seo:

Dempsey received his sentence without the slightest emotion, while the unfortunate woman sank into a corner of the dock in a state of sensibility. We have witnessed many such scenes in a Court to Justice, but never beheld any that appeared to have made so deep an impression upon all present, and as which closed the mortal career of the hapless woman, Mrs. Sly. The chief Justice who was much exhausted retired at half-past 12 o' clock at night (2007: 19)

Ní nach iontach, tá an dáta céanna luaite san úrscéal agus é tugtha le fios gur lá thar laethanta atá ann:

Ar an dtriochadú lá de Mhárta bhí an spéir glan agus gan scamall le feiscint...Bhí daoine ag bailiú ó mhoch maidine sa spás os comhair an Phríosúin i mbaile Cheatharlach. Lá mór ab ea é seo i saol an bhaile. Ní gach lá a chrochtar beirt choirpeach. (Ó Sé, 2008:148)

Laiqe eile a bhaineann leis an úrscéal seo, dar liom, ná an tseift a úsáideann sé, sé sin an fráma áirithe seo a chur timpeall ar an scéal atá á insint. Deir an reacaire linn go raibh sé ag spaisteoireacht, gur shuigh sé ar shuíochán i lár an bhaile agus níorbh fhada ann é ‘nuair a shuigh seandúine le hais [leis]’ (8). Is é an seandúine seo, James Battersby, a d’inis scéal Lucinda Sly do Mhaidhc. Ní thugann an léitheoir mórán aird ar an gcuid seo den scéal go dtí deireadh an leabhair nuair a thugtar le fios dúinn gur taibhse is ea Battersby, duine a mhair in aimsir Lucinda Sly. Seo an comhrá a bhíonn idir Maidhc Dainín, an scéalaí, agus ‘tindeálaí’ an tsiopa ag deireadh an úrscéil:

Ní fhaca mise aon seandúine i do chomhluadar ach, cúpla uair a ghabhas síos thairis an suíochán, taibhsíodh dom go rabhais ag gibiris leat féin (150).

Go fóireannach, is deacair don léitheoir glacadh leis an méid seo agus i ndáiríre, tógann sé ó inchreideacht an scéil, agus dar liom, ní raibh aon ghá leis. Chomh maith leis sin, in ainneoin gur úrscéal é seo atá suite i gCeatharlach, sa 19ú haois, uaireanta bíonn sé deacair sinn féin a chur sa chontae agus sa tréimhse sin agus canúint chomhaimseartha Chorca Dhuibhne á labhairt ag na carachtair. Tá stíl thaitneamhnach ag Maidhic Dainín Ó Sé ach is í a stíl féin í agus arís bíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir caint Uí Shé agus caint na gcarachtar. In ainneoin é seo ar fad, bheadh orm a rá go n-éiríonn leis mar úrscéal eachtraíochta stairiúla.



Úrscéal eile atá ina sheoid liteartha ná *An Litir* le Liam Mac Cóil a foilsíodh sa bhliain 2011. Úrscéal stairiúil eachtraíochta ach go háirithe is ea an leabhar seo a fhágann na léitheoirí ag casadh na leathanach go fonnmhar. Is fíor do Phól Ó Muirí a deir gurb é ‘seo an saothar is díri agus is eachtrúla atá scríofa ag Liam Mac Cóil’ (2012: 6) agus do Chiarán Dúnbarrach, i mblag aige, a deir ‘gurb é seo an leabhar Gaeilge is mó díol le blianta anuas agus níl sé deacair a thuiscint cén fáth’ (2013).

Cuirtear an laoch óg, Lúcas Ó Briain, a dhúchas, a dhúshlán agus a thréimhse inár láthair. Is mac léinn óg é Ó Briain i gColáiste na Luínseach i gcathair na Gaillimhe i 1612, cúig bliana i ndiaidh d’Aodh Mór Ó Néill, Iarla Thír Eoghain agus na taoisigh Ghaelacha imeacht chun na Róimhe le tacaíocht a bhailiú do chogadh i gcoinne na Sasanach in Éirinn. Tréimhse thubaisteach, thábhachtach ab ea an tréimhse seo in Éirinn an 17ú haois agus bíonn an tubaist agus an tábhacht chéanna chun tosaigh sna húrscéalta stairiúla eile ón ré sin, ar nós *Cogadh ‘gus Cathú* le Colm Mac Confhaola agus *An Cléireach* le Darach Ó Scolaí mar ‘ba thír faoi dhaorsmacht í Éire’ an uair úd (Mac Cóil, 2011: 10). Bhí cogaí creidimh go mór chun tosaigh, ní hamháin in Éirinn, ach san Eoraip freisin agus daorsmacht á imirt ar Ghaeil agus ar chreideamh ag na Gaill ag an am sin. Bhí athair Lúcáis i ndiaidh tacaíocht a thabhairt do chúis Uí Néill agus maraíodh é féin agus deartháir leis ag troid ar a shon. Maireann an dílseacht sin don Niallach i Lúcas agus nuair a thagann strainséir le litir rúnda le hiompar chuig Ó Néill sa Róimh, glacann an fear óg cróga leis an gcúram. Ach tá casadh sa scéal, gan dabht, agus tá naimhde Uí Néill sa tóir ar an litir agus iad sásta daoine a mharú le seilbh a fháil ar an litir rúnda seo. Ar deireadh thiar, éalaíonn Lúcas, agus ní gan stró,

ó namhaid fíochmhar amháin, an Sionnach, ar Ché na Gaillimhe agus cuireann sé féin agus an litir chun farraige ag triall ar an Róimh.

Is léir don léitheoir trí síos go bhfuil an-chuid taighde déanta ag an údar ar an tréimhse staire seo agus feicimid an t-eolas sin sa leabhar. Mar sin féin, ní chuireann sé isteach ar na heachtraí ná ar na cora agus na castaí a bhíonn le fáil go flúirseach san úrscéal. Éiríonn le Mac Cóil an comhthéacs cultúrtha a shní go cliste trí na heachtraí céanna. Seo a ndeir an t-údar féin ina thaobh seo in agallamh leis:

Caithfidh tú cuid den chúla a thabhairt nó níl aon bhrí sna heachtraí, ach má caitheann tú an iomarca ama leis an míniú, éiríonn an eachtraíocht cineál leamh agus seans nach rachaidh an léitheoir ar aghaidh (2013).

Lastigh de chúpla leathanach tugann Mac Cóil cúlra dúinn, nuair a chuireann sé fear, gan ainm, (ach tuigimid gurb é Murchadh Shéamuis atá ann ag an deireadh) i láthair crochadh sagairt agus plé faoi Chichester sa chéad chaibidil. Leis an méid sin, tuigimid, na léitheoirí, an meon polaitíochta, an meon creidimh agus an meon moráltachta fiú a bhí ann ag an am agus go bhfuil cúrsaí á stiúru ‘ar son na hÉireann, ar son na hEaglaise tíre, ar son na córa’ (Mac Cóil, 2011: 12). Léimeann an scéal isteach ansin díreach go suíomh na scoile agus na buachaillí scoile ag plé teacht Uí Néill agus faoi mar is comónta i scríbhneoireacht Mhic Chóil, athraíonn saol na príomhphearsan le casadh boise ‘nuair a thagann strainséir le litir rúnda le hiompair chuig Ó Néill sa Róimh’ (Póirtéir, 2011:12). Is mar sin a leanann an scéal ar aghaidh agus cúram ollmhór glactha ag Lúcas. Téimid trí shráideanna na Gaillimhe leis agus bímíd taobh leis agus é ag iarraidh an Sionnach a sheachaint. Léirítear saol na Gaillimhe san am sin dúinn ar shlí atá fíor éifeachtach faoi mar a mhíonn Cathal Póirtéir ina léirmheas faoi:

Castar orainn lucht ceirde, lucht siopaí agus lucht léinn; braitear an teannas creidimh agus polaitíochta; nochtar na spiairí, na strainséirí agus an rúndacht go léir ar shráideanna cúnga na Gaillimhe i dtréimhse corrach, contúirteach. (ibid.:12).

Taispeánann an t-údar an bua atá aige mar scríbhneoir mar cuireann sé Lúcas os ár gcomhair mar charachtar inchreidte, carachtar ar féidir linn bá a bheith againn leis mar déanann sé a sheacht ndícheall an litir a thabhairt ar ais nuair a thuigeann sé cé chomh dáiríre agus atá cúram na litreach, mar níl ann ach buachaill scoile óg ag deireadh an lae. Mar sin féin, ní féidir le Lúcas éalú óna shloinne agus ón oidhreacht a bhaineann leis go háirithe nuair a bhí sé ag smaoineamh ar an litir a chur sa tine:

D'fhéadfadh sé casadh ar dheis, dul abhaile agus an litir a dhó. Ach dáiríre, ní fhéadfadh sé litir d'Aodh Mór Ó Néill a chaitheamh ar an tine. Bheadh easonóir nó mímhacántacht nó fealladh ró-mhór i gceist leis sin. Fealladh ar chuimhne a athar a bheadh ann (Mac Cóil, 2011: 62).

Is cinnte go bhfaighimid éachtaint ar chroí agus ar aigne Lúcaís Uí Bhriain san úrscéal seo. Ní go dtí bás Mhurchaidh Shéamais a thuigeann sé cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh an litir seo ag Aodh Ó Néill mar ba cheist 'bás nó beatha' cinnte é. Agus mana na clainne mar mhacalla in a aigne, beartaíonn sé an cúram a ghlacadh agus an litir a thógaint leis, 'lámh thapa in uachtar' (Mac Cóil, 2011: 98). Téann sé go Tigh Jacques, *La Brocard*, sula bhfágann sé an tír dá cheacht pionsóireachta agus is iontach an cur síos a dhéanann Mac Cóil ar a leithéid de theach, 'go cinnte, bhí La Brocard ar cheann de na tithe ósta ba cháiliúla i nGaillimh an uair sin' (2011: 104). Feicimid ceithre stór an tí, faighimid an boladh breá agus braithimid uaisleacht na ndaoine ann maraon leis. Is i dtigh tábhairne La Brocard a chasfaimíd ar dhaoine spéisiúla a chuireann go mór leis an úrscéal, daoine ó gach aicme den saol agus ní de thimpist a roghnaíonn Mac Cóil na daoine sin. Casann Lúcas ar sheanchara a athar, an Captaen Tomás Ó Flaithearta, agus ag an mbord leis

bhí Tanaí Buí Ó Maol Chonaire, ‘an file é féin’ agus Peadar Cléireach, ‘fear beag cruinn a bhí sna sagairt, deirtí, sna Doiminicéanaigh’ (ibid.: 109). Arís tugann an triúr seo léargas dúinn ar mheon polaitaíochta, ar mheon móráltachta agus ar mheon creidimh na linne sin:

Bhí cloiste ag Lúcas faoin triúr seo: croí na Gaillimhe chomh fada is a bhain le saol saíochta, léinn agus léaspáirtíochta na dtábhairní (ibid.: 110).

Anuas air sin, buailimid le Nábla Nua, an t-ainm atá ar ‘an bhean ba mhó cáil i gcathair na Gaillimhe uile, deirtí’ (ibid.: 122). Bean í agus fios gach feasa ar a toil aici. Is ise a insíonn do Lúcas go bhfuil daoine sa tóir air. Cruthaíonn Mac Cóil carachtair atá inchreidte mar gheall ar an taighde fairsing staire atá déanta aige, ní foláir, agus lena shamlaíocht chruthaitheach agus cuireann siad uilig go mór leis an úrscéal. Gan dabht, ní fhágann Mac Cóil cúrsaí grá ar leataobh ach an oiread agus súil ag Lúcas ar Isabelle Brocard, iníon Jacques, ‘péarla an tí’ mar a ghlaonn sé féin uirthi.

Mórthimpeall ar phlota an scéil tá móitíf na gcluichí, móitíf na táiplise agus móitíf na pionsóireachta a mhúineann idir ceachtanna cogaidh agus ceachtanna staire dúinn. Na cluichí mar shiombail den chluiche atá á imirt agus le himirt fós idir na Gaeil agus na Gaill go háirithe nuair a dheineann Tanaí tagairt don bheirt atá ag imirt táiplise nuair a deir sé; ‘Tá Flaithrí go maith. Ach níl sé maith go leor, mar níl aon rí aige. Teastaíonn Rí ó dhuine maith’. (ibid.: 135). Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn Jacques agus Lúcas ag pionsóireacht agus nuair a deir Jacques go bhfuil deireadh le hÓ Néill, éiríonn an fhuil i Lúcas agus nuair nach n-éiríonn leis an babhta sin a bhuachaint, deir Jacques leis ‘I gcúrsaí pionsóireachta, a Lúcaís, más coimhlint í idir paisean agus scil, beidh an bua i gcónaí ag an scil’ (ibid.: 151). Is dócha áfach go bhfuil sé ag déanamh trácht ar rud éigin níos dáiríre ná an phionsóireacht. Is le hómós agus le honór a bhronann Jacques

Brocard ráipéar, miodóg agus lámhainní pionsóra dó agus tuigimid go mbeidh Lúcas ag tabhairt a aghaidh ar bhóthar fada amach anseo. Faoi mar a deir Mícheál Mac Craith:

Ní thuigeann Lúcas seo ag an am ach is gearr go mbeidh air leas a bhaint as an *passato sotto* céanna chun teacht slán ón Sionnach ar leathanaigh dheireanacha an leabhair (2012: 24)

Bíonn an insint spéisiúil, spreagúil tríd síos agus níl aon amhras ann gur saothar den scoth é. Mar a deir Pól Ó Muirí ar bhlurba cúil an leabhair; ‘you can feel the boots and the blades in Mac Cóil’s Galway’ agus is fíor sin. Táimid ag súil go rachaidh an litir slán go dtí an Róimh agus go mbeidh an lámh thapa in uachtar; ‘Ach níl Lúcas ach ar bord loinge i gcuan na Gaillimhe féin. Is fada idir Gaillimh agus San Malo, ní áirim idir Gaillimh agus an Róimh’ (Mac Craith, 2012: 24).

Seo an chéad chuid de thríológ agus an t-úrscéal *I dTír Stráinséartha* (2014) an dara cuid a thabharfaidh trasna na hEorpa sinn in éineacht leis an bpríomhcharachtar, Lúcas Ó Briain. Ní féidir ach an chéad úrscéal a phlé anseo, gan dabht toisc go dtiteann an dara húrscéal lasmuigh de scóp an tráchtais seo. Is dócha go mbeidh léitheoirí na Gaeilge ag feitheamh go foighneach leis an tríú húrscéal chomh maith. Gan aon amhras, is forbairt an-spéisiúil é a leithéid de thríológ a bheith i Nua-Litríocht na Gaeilge.

Is é *An Litir* an úrscéal deireanach atá le plé sa suirbhé seo, mar sin, cuirfear conclúidí leis an gcaibidil seo anois.

## Conclúidí:

Is féidir a rá gur chuir Titley tús le ré nua i seánra an úrscéil stairiúil nuair a foilsíodh *An Fear Dána* leis. D'fhéadfaí a thuairmiú gur turgnamh liteartha a bhí san úrscéal seo, mar, chomh fada agus is eol dúinn, ba é an chéad úrscéal stairiúil é sa Ghaeilge é a scríobhadh a bhí suite sa 13ú haois. Ní hamháin sin, ach ba é an chéad úrscéal stairiúil é ina dtéann na príomhcharachtair lasmuigh den tír. In *L'Attaque* fiú, ní bhíonn aon chuid den úrscéal sin suite sa bhFrainc. In *An Fear Dána*, tá cuid den úrscéal suite in Albain agus tá cuid eile ann ina nochtar turas an ceathrú crusáid go dtí an Talamh Naofa dúinn, rud a thugann gné idirnáisiúnta don leabhar. Ardaíonn a leithéid de ghné aird an léitheora ar ról na nÉireannach i startha tíortha eile freisin, faoi mar a fheicfimid ar ball nuair a dhéanfar mionphlé ar an úrscéal *Fontenoy* chomh maith.

Tréimhse chasta a bhí sa 13ú haois, ar nós gach aon tréimhse, ach go háirithe agus an ceathrú crusáid faoi sheol lena linn. Bhí dea-thorthaí ar an turgnamh liteartha seo *An Fear Dána*, mar gur athchruthaigh Titley carachtar stairiúil san úrscéal seo, nach bhfuil againn ach tagairtí fánacha ina thaobh, aníos as a shamlaíocht chruthaitheach féin. Mar sin féin is léir go raibh lear mór taighde déanta ag Alan Titley ar fhilíocht Uí Dhálaigh. Ach níor chuir sé sin aon bhac air scaoileadh lena shamhlaíocht agus carachtar suimiúil a chruthú. Deir Titley in agallamh ríshuimiúil leis agus é ag caint faoin úrscéal:

Sé an rud a dheineas ná bréagmhagadh nó bréagchumadóireacht ar stíl na mbard, más maith leat, agus b'é an rud a dheineas chuige sin ná gur léas go leor do dhánta Mhuireadhadh Albanaigh (2013).

Éacht atá déanta ag Titley mar, ní hamháin go gcruthaíonn sé scéal taithneamhach, ach déanann sé athbheochan ar théimhse nach bhfuil cur amach rómhór againn in aon chur air agus tugann sé

léargas dúinn ar fhilíocht na mBard ar shlí phléisiúrtha. Tuigeann sé an tábhacht a bhaineann le hinsint ar ghnáthshaol Uí Dhálaigh seachas a shaothar amháin mar uaireanta, go háirthe i gcás na seanlitríochta, déantar dearmad iomlán ar na daoine a bhí i mbun pinn:

[A]n-chuid daoine a bhíonn ag plé le filíocht na mbard, is mó is cás leo an mheadracht, is mó is cás leo teanga an dána, agus mar sin de, agus is róchuma leo faoin bhfilíocht agus is róchuma leo faoi shaol an duine (ibid.).

Is minic a fhaightear éagsúlacht príomhphearsana in úrscéalta stairiúla in aon teanga, idir fíorphearsana, cosúil le Muireadhach Albanach, pearsana ficseanúla cosúil leis an gCaptean Ó Raghallaigh in *Fontenoy* nó an Bleachtair Watters i saothar Uí Dhúrois agus, chomh maith leis sin, bíonn carachtair nach mbímid cinnte an bhfuil said in ainm is a bheith ina an bhfíorcharachtair stairiúla, cosúil leis an manach Eoghan Ó Néill in *1260AD* (Alec Bán Mac Conaill, 2008).

Cosúil leis an bh*Fear Dána*, tá sé feicthe againn go bhfuil an t-úrscéal stairiúil *1260AD* suite sa 13ú haois, mar is léir ón teideal gan dabht, agus arís tugann an t-úrscéal seo deis dúinn, na léitheoirí, an 13ú haois a shamhlú in Éirinn agus san Eoraip. Ní hamháin sin ach is féidir linn cosúlachtaí a fheiscint idir na daoine a mhair sna tréimhsí sin agus sinn féin. Tugann an t-úrscéal stairiúil sa Ghaeilge, an tuiscint agus an léargas is fearr dúinn orainn fhéin mar Éireannaigh, ar Éirinn í féin agus ar ról na tíre i gcomhthéacs na hEorpa mar ba í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide na hÉireann sna tréimhsí ar fad a phléitear sna húrscéalta seo ar fad. Tuigtear dúinn freisin nach mór an difríocht atá ann idir inné agus inniu agus gur féidir linn mórán a fhoghlaim, ní hamháin mar gheall ar an aimsir atá caite ach cúrsaí aimsire an lae inniu. Seo an méid a deir Cahalan, mar shampla, agus é ag caint faoi iniúchadh Walter Scott ar an am a chuaigh thart:

[h]e learned that the present was a development of the past, a synthesis of conflicting forces in the past, and an improvement of the past. Therefore, the past was to be understood in light of

the present, and the present in light of the past: they were to be seen in vital relation to each other (1983: 9).

Nó faoi mar a deir Luckacs faoi na húrscéalta stairiúla:

They give expression to this feeling- the feeling that a real understanding for the problems of contemporary society can only grow out of an understanding of the society's prehistory and formative history (1976: 276).

An fiúntas is mó, b'fhéidir, a bhaineann leis na húrscéalta stairiúla atá scríofa le fiche bliain anuas i gcomparáid leis na luatharrachtaí ná an tslí nach bhfuil siad breac le maoithneachas nó mortas cine, nach bhfuil aon intleachtú déanta air. Braithimid go bhfuil na carachtair in úrscéalta an lae inniu, a mhair fadó, ar aon leibhéal agus ar aon aigne linne sa lá atá inniu ann i gcomparáid leis an méid a bhí scríofa ag Delap agus é ag trácht ar an úrscéal *Niamh* de chuid an tAthair Peadar Ó Laoghaire:

Is fánach an léas ábharthach a fhaighimid ar ár n-aois féin ó aimisir Bhriain i leabhar Uí Laoghaire... maíonn sé gurb iontach na daoine a bhí inár sinsear, i gcomparáid linn féin... (1993: 35) .

Ag féachaint ar réimse na dtréimhsí ama ina bhfuil na húrscéalta stairiúla suite, is cuma cén tréimhse ina bhfuil úrscéal stairiúil suite dáiríre, chomh fada is atá sé scríofa 'prior to the author's own experience', mar a deir Cahalan (1983) nó ag Johnson 'the writer is writing from research rather than personal experience' (2005: 1) agus go dtuigeann an t-úrscéalaí gur cheart 'fírinne dhearfach a bheith ina leagan samhla féin den aimsir a d'imigh thart' (Tittley: 1991: 324). Is léir go bhfuil an dá ghné sin le haimsiú sna húrscéalta ar fad atá pléite go dtí seo.



Sa chéad chuid eile den tráchtas seo, féachaimid ar fhosheánraí na n-úrscéalta stairiúla cosúil leis an úrscéal cogaidh, an t-úrscéal fantasaíochta, an t-úrscéal bleachtaireachta, an t-úrscéal grá agus pléifear cás na mban sna nua-úrscéalta stairiúla ann chomh maith.

## 4. Fosheánraí agus Téamaí na n-Úrscéalta Stairiúla sa Ghaeilge

Rud an-suimiúil atá le tabhairt faoi ndeara faoi nua-úrscéalta stairiúla na Gaeilge ná réimse na bhfosheánraí agus téamaí atá le haithint sna húrscéalta stairiúla seo. Bheimis ag súil, go cinnte, le húrscéalta cogáíochta nó le húrscéalta eachtraíochta, faoi mar a bhí á scríobh ag scríbhneoirí an úrscéil stairiúil ó aimsir *Cormac Ua Conaill* le Pádraig Ua Duinnín, ach le fiche bliain anuas, maraon leis na húrscéalta cogáíochta agus eachtraíochta, feicimid úrscéalta stairiúla i seánra na bleachtairachta, maraon le úrscéalta a bhfuil téama an ghrá iontu agus tá úrscéal stairiúil amháin againn le tréithe fantasaíochta ann chomh maith. Níl aon amhras ann ach go bhfuil cuspóir agus brí le gach aon seánra úrscéil agus mar sin is fiú féachaint ar chuspóirí na bhfosheánraí mar gur minic a bhíonn na fosheánraí fite fuaite le chéile. Is suimiúil an méid a deir Johnson sa chomhthéacs seo:

The problem is not that historical fiction is too narrow to deserve its own section in libraries and bookstores, but that it's too broad, and that it overlaps with other genres (2005: 1).

Sa chaibidil seo, déanfaimid iniúchadh ar an úrscéal cogaidh, ar an úrscéal bleachtairachta agus ar úrscéalta stairiúla ina bhfuil téama an ghrá agus na fantasaíochta le fail iontu. Is fiú a lua chomh maith go bhfuil tréithe agus téamaí fosheánra amháin le fáil i bhfosheánraí eile. Mar shampla, in aineoinn gur úrscéal cogaidh go príomha atá in *An Cléireach*, tá eilimint na fantasaíochta ag baint leis; go háirithe maidir leis an ngiorria sa scéal, gné a phléifear níos déanaí sa tráchtas. Chomh maith leis sin, in aineoinn go bhfuil an grá chun tosaigh in *Hula Hul*, is cinnte go bhfuil tréithe an úrscéil cogáíochta ann. Mar atá ráite níos luaithe sa tráchtas, níl sainmhíniú socair amháin ann a chuireann síos go beacht ar an úrscéal stairiúil, agus is féidir an rud céanna a rá mar gheall ar fhosheánraí na n-úrscéalta stairiúla seo. Mar sin féin, leis na fosheánraí éagsúla seo i ngort an

úrscéil stairiúil, is léir go bhfuil an-fhorbairt tar éis teacht ar an seánra seo i litríocht na Gaeilge. Chomh maith leis sin, déanfar beagán plé ar chás na mban in úrscéalta stairiúla na Gaeilge faoi mar a luaigh me ag deireadh caibidil a trí.

### *Úrscéalta cogaidh*

Maidir le húrscéalta stairiúla cogaidh, is minic gur athchruthú atá iontu ar chath éigin cinniúnach a troideadh fadó. Ní haon ionadh é, mar sin, gur fosheánra é seo a bhfuil an-tóir air ar fud an domhain, sa lá atá inniu ann agus le fada, mar d’fheáfaí a thuairimiú go bhfuil gach náisiún ar domhan inniu bunaithe, go díreach nó go hindíreach ar chath nó choimhlint stairiúil éigin. Ní gá dúinn ach breathnú siar ar imeachtaí na staire sa tír seo, nó i dtír ar bith le go dtuigimis go bhfuil meon seo na troda de dhlúth agus d’inneach ionainne go léir. Is spéisiúil an méid atá le rá ag Ó Coileán faoin gcogaíocht sa chomhthéacs seo:

Oidhrí is ea muid ar an gcogadh. Fáisceadh muid as agus beidh a lorg linn go deo. Ní féidir linn éalú uaithi ach oireadh agus is féidir linn éalú uainn féin. Más maith linn tuiscint a fháil orainn féin, caithfimid an cogadh a thuiscint fosta. (1974: 4)

Níl aon amhras ach go raibh agus go bhfuil ríthábhacht ag baint le úrscéalta cogaidh i ngort an úrscéil stairiúil. Luathúrscéal stairiúil cogaidh a bhí in *Dé Luain* (Ó Tuairisc, 1966) a thugann léargas ar na laethanta cinniúnacha sin dúinn roimh Eirí Amach 1916 mar shampla. San úrscéal seo, cosúil leis an úrscéal *L’Attaque* freisin, ní léirítear iomlán na n-eachtraí dúinn, ach tréimhse bheag amháin, idir oíche Dhomhnaigh go meán lae an Luain.

Is mór an t-athrú chun feabhais atá tagtha ar úrscéalta stairiúla cogaidh sa Ghaeilge le fiche éigin bliain anuas. In úrscéalta nua-aimseartha na Gaeilge, cuirtear príomhphearsana an úrscéil os ár gcomhair mar ghnáthdhaoine agus ní mar laochra, gné de na húrscéalta stairiúla nach bhfeictear roimhe seo ach amháin, b'fhéidir, in úrscéal Uí Thuairisc, *L'Attaque*. Ba ghnách ag leithéidí Phádraig Uí Dhuinnín nó Sheosaimh Mhic Grianna 'sléachta móra fada' (Delap, 1993: 86) a scríobh faoi shaol sóisialta na bpríomhcharachtar, iad curtha os ár gcomhair mar laochra móra, gan mórán béime a chur ar chúrsaí maireachtála na linne ach gaiscí an laoch amháin, faoi mar atá ráite agam. I leithéidí *Fontenoy* (2005) agus *Ceol an Phíobaire* (1996), áfach ní bhíonn an oiread sin crógachta nó laochais le haimsiú ach smaointe inmhéanacha agus mothúcháin an duine. Tógaimis mar shampla, an cur síos ar chath na Binne Boirbe in *Eoghan Rua Ó Néill* (Mac Grianna, 1932) mar a leagtar an bhéim is mó ar an ár agus ar an gcoscairt:

D'éirigh gáir Ghaedhealach amach as ceithre mhíle ucht agus sgab sí anonn Tír Eoghain gur chuir sí éanlaith as coillte agus broic as brocachaibh agus faolchoin ó na seilg ón Phort Mhór go hAchadh na Cloiche. Agus ansin réab dhá mhíle gunna mar a bheadh neach mór i ndiaidh an cnoc a bhriseadh mar bhéadh cnó ann. Agus d'éirigh glinn-thuargan mar bheadh mílte órd ar mhílte inneoir ann; agus ina dhiaidh béicfeach mar bhéadh míle teach-salachtair i néinfheacht ann, agus mairt agus muca dá marbhadh in gach ceann acú. An bhuidhean mharcach a chuir Munro chun tosaigh sgabhadh iad agus rinneadh maistreadh daobhtha mar dhéanfadh long le tuinn. Briseadh an chéad rann, agus ní raibh a sáith fairsingigh ag an dara rann le teacht aníos...Agus isteach sa mheall seo le cuid pící na nGaedheal, feoil go leath na gcrann orthú, fuil ag sgeáirdiughadh go h-urlá orthú agus ag léimnigh san aghaidh ar ba fearaibh. Chaith na hAlbanaigh uathu brataigh agus claidhmhtheacha agus gunnaí; an fear a shíl go rabh sé saor ar na pící bhrúigh a mhuinntir féin go talamh é, agus bhí cosa ag dramhaltaigh ar a cholainn go raibh sé mar bhéadh fód spadhair ann (145).

Anois cuir é sin i gcomparáid leis an gcur síos seo a leanas atá le fáil i bh*Fontenoy*, cur síos macánta agus réalaióch gan an oiread sin laochais le brath in aon chor. Sa pháosa thíos, braithimid inní an saighdiúra:

An guagadh do bhíos in íochtar goile duine sula dtosaígeann an siubhal i dtreo na líne troda is ionghantach mar a shocruighíonn chéad séideadh na píbe é. Is é an dos mór dorruga a cluintear ar dtús agus ansin go grod ina dhiaigh sin cluintear an siúbhaladh maorga aigeanta. (Mac Cóil, 2005: 105)

Ansin, níos déanaí sa leabhair, tugtar léargas dúinn ar chúlú na saighdiúirí seachas a mbua, gné nach bhfuil le haimsiú i luathúrscéalta cogaidh na Gaeilge, dáiríre, seachas An Raitréat in *L'Attaque* dár ndóigh:

Badh é badh roghain leis na fearaibh agamsa leanamhaint ar aghaidh agus dul i ngleic le cómhraic leis an namhaid bhorb bharbhartha lámh le lámh agus srón le srón. Ach amharc dár chaitheas síos uaim feadh na line do chonnarc cotaí dearga na nÉireannach ag titim agus line chóirighthe do thosaigh an t-amas ina mheasgán mearuighthe gan treoir gan tenant gan teacht aniar. Do connaire saighdiúraídh ag titim feadh line na nDiolamhan chomh maith céadna agus ar an tríomhadh rois piléar ó ghunnaídh na Sacsanach do badh léir damh nár chumasach sinn ar an achar do bhí fanta idir sinne agus iadsan laghadúghadh níos mó. (Mac Cóil, 2005: 107-108)

Mar sin féin, in ainneoin go bhfuil tuiscint na staire i bhfad níos réalaíche sna húrscéalta nuaimseartha seo, tá fós rian de chúis na hÉireann le cloisteáil iontu, mar shampla, ‘Do bheirim mo bhanna duit air, a léightheoir, gur tocha leat bás onórach ná lántuarasdal bliadhna fad a mhaireann an móiméatt sin’ (ibid.: 105). Tugann an focal ‘onórach’ le fios, b’fhéidir, go raibh mórtas cine is ceantair riamh i gcroíthe shaighdiúirí na hÉireann. Arís, cuireann an reacaireacht inmhéanach sin i bh*Fontenoy* réalachas na linne chun tosaigh, agus arís ag filleadh ar an bpointe níos luaithe, caithfidh cruth na fírinne a bheith ar an aon chur síos ar an aimsir atá caite ionas gur féidir leis an úrscéaláí tuiscint níos fearr a thabhairt dúinn orainn féin mar atáimid inniu i gcomhthéacs na haimsire caite ar shlí nach bhfuil maoithneach.

Sa chomhthéacs seo, tá tuairim de Groot an-suimiúil. Dar leis, ‘past wars and history in general have been considered in romantic light, but that fictionalising will not be possible for current conflict’ (2010: 106). Sna húrscéalta cogaidh seo, tá sé le tabhairt faoi ndeara nach bhfuil na nua-úrscéalaithe stairiúla, Mac Cóil agus Ó Scolaí ach go háirithe, díreach réalafóch faoin stair, ach is léir go bhfuil siad géarshúileach ó thaobh cúrsaí airm, cúrsaí troda agus cúrsaí éadaigh. Ní cur síos lom a thugtar dúinn ach oiread ach cur síos beoga:

Cóta dearg a chaitheann an soighdiúr i Reisimint Milord Dillon mar a chaitheann na soighdiúirídhe ins na reisimintí uilic as Éirinn mar chomhartha gur ó armáil an Rígh Séamas do tháinic ar dtús is gur ar a shon bhíos muid ag troid. Is é a chaitheann an saighdiúr sna Diollúin go haonda cóta dearg agus fásáil dhubh uirthi, cnaipídhe de chopur buí agus na hearbuill arna gceangal siar le haon chnaipe amháin. Cufaí dubha atá ar mhuinchillíbh an chóta agus cluasa dubha ar na pócaídh agus cnaipídhe copuir orthu. Tá hata dbh aige arna fhilleadh suas imeall óir air agus cnota dubh. Tá bríste bán ag an soighdiúr agus brogan agus lóipínidhe bána tarrangtha suas thar an nglúin arna gceangal le gairtéal dubh.i. crios cos. Carabhait dhubha a chaitear faoin muingheall agus an ghruaig ceangailte siar le ribín dubh an uair is ceaduighthe sin. (Mac Cóil, 2005: 69)

Leagann Mac Cóil a mhéar air nuair a deir sé an méid seo agus é ag trácht ar ealaíon an úrscéil stairiúil nó an t-úrscéal staire mar a thugann sé air, ‘mar a chéile le bia agus béilte, tá éadaí tábhachtach don scríbhneoir ficsin, braithim’. (2008: 176) Is iontach an cur síos a thugtar dúinn i bh*Fontenoy* ar na héadaí cogaidh mar ní hé hamháin go gcuireann sé go mór le hinchreideacht na hinsinte ach go gcaithfear a rá go bhfuil an scríbhneoireacht chomh cumasach sin, gur féidir linn na saighdiúirí a shamhlú os ár gcomhair. Braithimid go bhfuilimid ann, i lár na coille leo. Is mór an bua é an cur síos breá a fhaightear sna húrscéalta ar chúrsaí éadaigh mar tugann sé chomhthéacs cultúrtha dúinn ar shaol na linne. Gan amhras, bíonn go leor eile i gceist chun chomhthéacs cultúrtha a chruthú, gnéithe tánaisteacha ar nós stíl ghruaige, iompar agus béasa, bia agus deoch ach tugann an cur síos ar na headaí san úrscéal léargas an-shoiléir dúinn ar na saighdiúirí agus

braithimid gur féidir linn sinn féin a chur ina mbuataisí. Is léir go bhfuil an cur síos seo bunaithe ag Mac Cóil ar fhianaise an taighde, agus níl aon dul amú ar Mhac Cóil ó thaobh an chruinnis de.

Seo a ndeir sé féin:

Ní raibh ann ach gur sheachain tú na gnéithe den saol fadó a raibh tú in amhras fúthu agus gur chuir tú isteach na nithe a raibh fianaise agat len n-aghaidh. Níl a fhios agam ar chaith na saighdiúirí in Arm na Fraince san ochtú haois déag fobhrístí, mar sin, níor luaigh mé fobhrístí. (Mac Cóil, 2006: 119)

Tugtar cur síos eile beomhar dúinn san úrscéal *A Bhean Óg Ón* nuair a bhuaílimid leis an gCoirnéal Goring don chéad uair:

Bhí an Coirnéal Goring gléasta go dathannach, cleití ag scuabadh timpeall ar a hata agus tonnaíocha lása ag carbhat agus riostaí leis. Bhí fáinní luachmhara ar a mhéara lasmuigh dá lámhainní, agus sála arda faoina bhuaíaisí béal-leathana den daorleathar (Mac an tSaoi, 2001: 8).

In ainneoin nach ndéanann éadaí difir ar bith do thoradh an chatha i bh*Fontenoy*, is mór an difríocht a dhéanann sé d'insint an urscéil agus is léir go bhfuil ról ar leith ag éadaí na gcarachtar in úrscéalta stairiúla cogaidh níos mó ná in aon fhoshéanra eile. Chomh maith leis sin, is fiú úsáid na léirscéaileanna a lua anseo, sé sin le rá, an úsáid a bhaineann Mac Cóil astu. Níos suimiúla fós b'fhéidir, ná gur *Fontenoy* an t-aon úrscéal staire ina bhfuil léarscáil le haimsiú ann, agus gné eile den úrscéalaíocht stairiúil é sin a mheascann an fhírinne agus an ficsean le chéile. Tá sé seo cosúil leis an úrscéalaí mór le rá i litríocht an Bhéarla, Bernard Cornwell a úsáideanna léarscáileanna go minic in a saothair chomh maith, agus seo a bhfuil le rá ag de Groot faoin úsáid sin:

They allow us to suggest that there is a dynamic interaction between the ‘reality’ of the map and the ‘fiction’ of Sharpe’s actions with it. They further suggest that the map is a metonym for History and Sharpe’s actions for the historical novel (2010: 84).

Uirlis thar a bheith spéisiúl atá in úsáid na léarscáileanna mar, arís, cuireann sé go mór le réalachas an scéil. Tá sé níos fusa an plota a chreidiúint agus na saighdiúirí a shamhlú nuair a chímid an tírdhreach a siúladh agus iad ag dul chun cogaidh. In ainneoinn gur bréagchruthú atá sna carachtair, siúlann said láthair catha fíor. Luafar tábhacht na léarscáileanna arís nuair a déanfar iniúchadh níos doimhne ar an úrscéal seo.

Ag filleadh, mar sin, ar cheist na n-éadaí, gné eile atá thar a bheith suimiúil in úrscéalta stairiúla ná an cur síos a dheintear ar éadaí an ghnáthduine (bean sa chás seo). Déanann Mac Cóil cur síos ar éadaí an mhná tí, Máire, san úrscéal *An Litir*:

Bhreachnaigh sé ar Mháire, beanín bheag déanta ar a raibh cótín dúghrom uirthi agus náprún bán a bhí fliuch ó uisce an níocháin (2011: 222).

Is éifeachtach an cur síos ar a cuid éadaí anseo mar cruthaíonn sé codarsnacht láidir idir saol na ngnáthdhaoine sa leabhar agus Marcas féin, atá gléasta go galánta sa ‘c[h]lóca dearg’ (218) agus é ag tabhairt faoi chúram tábhachtach. Is léir go dtuigeann úrscéalaithe stairiúla na Gaeilge an fiúntas a bhaineann le cur síos cruinn ar éadaí i bhfosheánra an úrscéil cogaidh, go háirithe Mac Cóil agus Mac an tSaoi agus cabhraíonn a leithéid lenár dtuiscint ar chogaí na haimsire atá caite.

Is léir go bhfuil an-dul chun cinn tagtha ar úrscéalta stairiúla cogaíochta na Gaeilge, arís, sa tslí is gur léargas ar na gnáthshaighdiúirí is mó a fhaightear, ní ar uaisle na tíre. Cuirtear béim ar ghnáthchomhráití na saighdiúirí agus ar a gcuid mothúcháin. Cuirtear na saighdiúirí ar aon leibhéal leis an léitheoir agus mar sin is féidir linn bá a bheith againn leo. Is suimiúil féachaint ar thagairt ó úrscéal stairiúil cogaíochta an Bhéarla, *A Long, Long Way* (2005) le Sebastian Barry, ina



labhraíonn na saighdiúirí ar an scríbhneoir Rúiseach Dostoevsky agus conas mar a dheileálfadh seisean leis na díoga. Seo a deir duine díobh:

‘Dante is the chap for this...or Tolstoy.’ ‘Now, Tolstoy wrote about wars. But not like this war. In his war you could still go home and fall in love with a lady...Well, maybe it isn’t so very different. Maybe not. Anyway, they don’t write books about the likes of us. It’s officers and high-up people mostly’ (Barry in de Groot, 2010: 106)

Taispeánann an tagairt sin go bhfuil an fócas athraithe anois i measc scríbhneoirí an úrscéal stairiúil sa lá atá inniu ann agus go bhfuil siad ag scríobh anois faoi ‘the likes of us’, nó, más maith leat, gnáthshaiighdiúirí na gcogaí chun íomhá níos réalaithe den stair a léiriú dúinn. ‘The novel explicitly takes the experience of the ordinary soldier in the trenches and shifts the focus of the historical novel’ (ibid.:106). Léirítear cé chomh gránna, gruama agus atá cúrsaí cogaithe, agus tá úrscéalta stairiúla cogaidh i bhfad níos inchreidte againn dá bharr.

### *Úrscéal fantasaíochta*

Cosúil leis na húrscéalta stairiúla cogaithe, bíonn tréithe ar leith ag baint le húrscéalta stairiúla fantasaíochta. Níl ach úrscéal stairiúil againn ina bhfuil téama na fantasaíochta le sonrú ann amháin ar liosta na n-úrscéalta stairiúla sa tráchtas seo, ach fós, is fiú iniúchadh a dhéanamh air. Seo sainmhíniú simplí a thugann Nic Eoin ar an bhfosheánra seo nuair a deir sí:

[gur] cinéalacha próis a chruthaíonn domhan eile de chuid na samhlaíochta trí chúl a thabhairt go comhfhiosach le tuiscintí is le coinbhinsiúin réalachais liteartha (2006: 80).

Faoi mar a luaigh mé níos luaithe, is cosúil go bhfuil cuspóir éigin ag gach foshéanra in úrscéalta stairiúla na Gaeilge agus ní mór dúinn na cuspóirí a bhaineann leis an bhfosheánra seo a iniúchadh

chomh maith. An scríobhtar úrscéalta fantasaíochta nó neamhréalaíochta díreach chun cúl a thabhairt ar choinbhinsiúin liteartha éigin mar a deir Nic Eoin (ibid.)? Más fíor sin, an é sin le rá go dtugtar cúl ar choinbhinsiún na staire i gcás na húrscéalta stairiúla seo? Seo ceisteanna eile a ardaíonn Nic Eoin:

An é gnó an fhicsin neamhréalaíoch sinn a mhealladh seal ar shiúl ón leadrán laethúil nó ó il-láithreach na bhfadhbanna sóisialta agus polaitíochta a bhíonn de shíor faoi chaibidil sna meáin chumarsáide? An é a ghnó domhain eile de chuid na samhlaíochta a chruthú a sholáthródh malairt eispéiris dúinn nach n-éileodh freagairt intleachtach nó mhothálach ná gníomh sóisialta nó polaitirúil? An é an t-éalúchas is feidhm dó (pléisiúr na léitheoireachta amháin), nó an bhfuil cuspóirí eile curtha roimhe ag an gcineál seo scríbhneoireachta? (2006: 79)

Tá sé deacair na ceisteanna sin a fhreagairt go simplí agus níl aon dabht ach go mbristear rialacha liteartha ann agus gurb é an t-éalúchas an fheidhm mhór atá ag an bhfosheánra seo. Mar sin féin, is féidir linn glacadh leis go bhfuil nithe níos doimhne le foghlaim ón bhfosheánra céanna. Trí úsáid na fantasaíochta, bímid, mar léitheoirí, níos claonta b'fhéidir, gan gnéithe áirithe den stair a chreidiúint; nó a mhalairt fiú, seans go mbeimid níos claonta mar thoradh ar gach rud a chreidiúint. I gcás *Ár I gCor Chomrua* (2007), is éifeachtach an Bhoireann mar shuíomh toisc gur fíoráit í ach áit is ea í a mbaineann miotas nó draíocht áirithe. De bharr na miotaise sin, ní féidir linn a bheith chomh soiniciúil sin faoi na rudaí a tharla sa Bhoireann, go háirithe agus an t-úrscéal seo suite sa 14ú aois. In ainneoin go dtugann an t-údar cúlra staire dúinn ar an gcogadh a troideadh idir mhuintir na mBrianach, tugann sé tús áite don mheitifísean san úrscéal, tréith eile a bhaineann leis an bhfosheánra seo. Seo a ndeir an t-údar féin i dtosach an leabhair:

D'fhéadfaí réalachas draíochta a lua le saothair áirithe sa mhéid go gcuirtear timpeallachtaí nithiúla so-shamhlaithe os ár gcomhair ach go dtárlaíonn eachtraí míréalaíochta nó draíochtúla sna timpeallachtaí sin nach bhféadfadh tarlú sa ghnáthsaol (2007)

Is cinnte go bhfuil eilimintí den domhan fantasaíochta nascaithe le plota na staire go háirithe nuair a iompaíonn Feardhorcha ina ainmhí gránna. Is cinnte nach bhféadfadh sé seo tarlú sa ghnáthshaol faoi mar a deir Ó Laighléis, ach fós féin, de bharr mhíotas na staire, is féidir linn, ar chuma éigin, glacadh lena bhfuil ag tarlú anseo i gcomhthéacs an domhain atá á thaispeáint dúinn san úrscéal i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge féin toisc a leithéid de riarstradh agus míotas ársa a bheith sa traidisiún ag dul siar do dtí Cú Chulainn agus an Táin Bó Cuáilgne (Ó Fiannachta, 1972: 14-18):

[I]s é atá in áit Fheardorcha ná neach dubh gránna anchruthach. Baintear siar as an Iarla ag a bhfeiceann sé os a chomhair amach. Tá crúba mar a bheadh ar chapall, ar na cosa faoi. Ach is léir ingne a bheith ar na crúba céanna sin, agus tá na matáin ag seasamh amach go righin féitheogach ar mhúineál an ainmhí (Ó Laighléis, 2007: 172)

Bíonn athrú ar chruth fisiciúil Benignus chomh maith faoi mar a phléamar i gcaibidil a trí agus seo rud eile a chuireann le toise fantasaíochta an úrscéil, dar liom. Faoi mar a chonaiceamar freisin, nuair a fheiceann Iarla colm bán agus Feardhorcha faoi bhriocht aige tagann ‘báine i súile an éin’ (ibid.:174) agus iompaíonn an colm ina dhuine agus is é Beningus atá ann gan amhras.

Dar ndóigh, domhan fantasaíochta atá á chruthú ag Ó Laighléis san úrscéal seo ach, faoi mar a luaigh mé, agus mé ag trácht ar scéal na Tána níos luaithe, ní rud nua é an réalachas draíochta i litríocht na nGaeilge. Is suimiúil an ní é a fheiceáil go bhfuil Ó Laighléis imithe i dtreo na fantasaíochta ina chuid úrscéalta stairiúla mar tá an nós ann, is cosúil, go bhfuil scríbhneoirí ficsin eile ag dul i dtreo an nádúrachais ina gcuid saothair den chuid is mó. Seo atá le rá ag O'Donnell:

[F]or much of the past century, Irish fiction, and in particular the Irish short story, has been tightly wedded with naturalism (2016: 12).

Baineann an réalachas draíochta leis an miotas agus, faoi mar a pléadh sa chéad chaibidil, baineann an miotas leis an stair. Mar sin, is iontach an rud é a léithéid d'fhosheánra a bheith á scagadh sa tráchtas seo. Seo a ndeir de Groot agus é ag caint faoi na heilimintí draíochtúla sa foshéanra seo:

Magical realism, or at least the infusing of narratives with mystical and mythical elements, is often deployed by writers of historical fiction with a view to undermining mainstream models, to creating a sense of ephemerality, and to critique ideas of nationhood, identity and story-telling itself (2010: 133).

In *Ár i gCor Chomrua*, taispeántar na dea-charachtair agus na droch-charachtair le húsáid na draíochta ann agus arís tuigeann an léitheoir nach díreach úrscéal stairiúil atá anseo ach toise tábhachtach den bhfantasaíocht. Níl dabht ann ach go bhfuil ról an-suimiúil ag an bhfosheánra seo i measc na n-úrscéalta stairiúla eile, mar is dócha gurb é seo an t-aon sampla de atá againn i ngort an úrscéil stairiúil nua-aimseartha sa Ghaeilge agus d'fhéadfaí a thuairimiú go bhfuil Ó Laighléis 'ag glacadh páirte i ngluaiseacht idirnáisiúnta na litríochta neamhréalaí' (Nic Eoin, 2006: 83) maraon le bheith ag cur le seánra ginearálta an úrscéal stairiúil nua-aimseartha sa Ghaeilge. Éacht atá bainte amach ag an údair mar faoi mar a deir Nic Eoin agus í ag caint faoin bhfosheánra seo:

Le léamh de chineál seo, bheadh prós neamhréalaíoch na Gaeilge le suíomh taobh le gluaiseacht dhomhanda an osréalachais agus an réalachais draíochta, agus bheadh iniúchadh le déanamh go háirithe ar scríbhneoirí Eorpacha agus scríbhneoirí Mheiriceá Theas ar údair ar leith (ibid.: 106)

### *Úrscéalta bleachtairachta*

Fosheánra eile atá i measc na n-úrscéalta stairiúla seo ná an t-úrscéal stairiúil bleachtairachta. Tá ról fíorthábhachtach ag an gcineál litríochta seo freisin mar déanann sé an

aimsir atá caite, an aimsir láithreach agus an aimsir atá le teacht a shní le chéile chun eolas áirithe ar chúrsaí polaitíochta nó sóisialta a thuiscint:

It is argued that the detective story, as a particular type of narrative, cannot help but address questions of evidence and proof, since the detective story takes the form of an investigation into a series of past events in order to reveal the causal principles at work behind the mystery. As Porter points out, citing Poe, the detective story is typically constructed backward, with the denouement determining “the order and causality” of all that precedes it. This implies a particular philosophy of history at work in the text, in which the relationship between past and present is understood in strictly teleological terms. (Sargent, 2010: 288-306)

Dhá úrscéal le Seán Ó Dúróis a phléann an fosheánra seo, *Crann Smola* agus *Rí na gCearrbhach* agus bhí an chuma ar an scéal go raibh sé i gceist aige úrscéal eile a scríobh, rud nár tharla áfach. Is i mBéal Feirste atá an scéal *Crann Smola* suite timpeall na bliana 1864 agus cathair díreach chomh seicteach a bhí ann an uair sin faoi mar atá sé anois faoi mar is eol dúinn. Cosúil le húsáid na Boirne ag Ó Laighléis mar shuíomh, is d’aon ghnó, is léir, a úsáideann Ó Dúróis Béal Feirste mar shuíomh do phlota an úrscéil seo, mar tuigimid ón méid sin fiú, go bhfuil seans ann go mbeadh cúrsaí trioblóideacha ann. Tuigeann an t-údar é seo agus toisc an easpa measa agus muiníne a bhíodh agus atá ann ó thuaidh, idir Caitlicigh agus Protastúnaigh, bheadh sé éasca go leor teannais agus eagla a chruthú san úrscéal agus bleachtair mar phríomhcharachtar ann chun an teannas agus an eagla sin a laghdú. Tá buntáistí ar leith ag baint le bleachtair mar staraí de shórt freisin in úrscéalta stairiúla agus seo a ndeir de Groot faoi:

The historian here is seen as someone who seeks solutions through the arrangement of evidence and the stories of witnesses; but who also needs to be careful about believing the wrong thing. The detective as historian often presupposes the existence of one prior correct version of the past, at which it is possible to arrive by a careful process of recovery... (2010: 125)

Gan amhras, is é an bleachtaire féin, William Watters an príomhcharachtar sa dá leabhar seo. Fear uasail agus cóir atá ann a bhíonn i gcónaí ag lorg na fírinne ina chuid bleachtaireachta, snáithe comónta sa chineál litríochta seo: ‘the story of the detective novel is often that of the detective’s search for truth, rather than the story of the crime itself’ (ibid.: 126). Tosaíonn an leabhar le hiar-dhearcadh ar eachtra thragóideach, thubaisteach nach mbíonn aon chonclúid léi go dtí deireadh an urscéil, s’é sin scéal dúnmharú an chailín bhig, Saidhbhín, a bhí ar a slí go teach a haintín lena dhreatháir. Fanann an tubaiste sin i gceann na léitheoirí tríd an leabhar ar fad. Go tobann, áfach, díreach nuair a chríochnaíonn caibidil an scéil sin, faoi mar atá feicthe againn, léimeann an t-údar ar aghaidh cúpla scór bliain ina bhfuil an príomhcharactar, William Watters ag siúl go Teach an Chustaim. Feiceann sé dream Protastúnach ag tabhairt faoi Chaitlicigh a dhúnmharú go foréigeanach. Nuair a théann sé chun na beairice ag iarraidh na dúnmharfóirí a thabhairt chun cúirte, feictear cé chomh drogallach is atá a chomhghleacaithe ag cabhrú leis toisc gur chás seicteach atá i gceist. Is nuair a chuireann an tArd-Chonstábla Watters amach ag taisteal timpeall an Tuaiscirt, go héagórach, is dócha gur ansin a thosaíonn an fíorscéal agus an fhíorbhleachtaireacht. Tréith eile a bhaineann le húrscéalta bleachtaireachta ná go mbíonn dhá insint ar an scéal, s’é sin scéal na tragóide agus agus scéal an fhiosrúcháin:

The detective story always consists of two stories, or narratives. The first story, the story of the crime, “tells ‘what really happened,’” while the second story, the story of the investigation, “explains ‘how the reader or the narrator has come to know about it.’” Todorov comments that, in the classical form of the detective story, the two narratives are formally distinct from each other. The story of the crime has already been completed when the detective (who is the narrator of the second story, or from whose narrative standpoint the second story is presented) enters the scene (Sargent, 2010: 289).

Is é aidhm an scríbhneora mar sin, ná an dá insint sin a thabhairt le chéile faoi dheireadh an leabhair:

It is only at the moment of *denouement*, when the detective lays out his or her proofs concerning the causal principles behind the mystery, that the two narratives converge, and the first story, the story of the mystery, achieves narrative closure. (ibid.: 289)

Arís, sa tslí seo is teicníc an-áisiúil í teicníc an iardhearcaidh in úrscéalta bleachtairachta mar ní hámháin go bhfuilimid ag ceistiú an méid a tharla ach táimid fiosrach faoin méid atá le teacht. Slí éifeachtach is ea é sin chun an aimsir chaite agus an t-am i láthair a nascadh le chéile, gné thábhactach in aon seánra de chuid na n-úrscéalta stairiúla. Bíonn an t-úrscéal stairiúil ag iarraidh tuiscint a fháil ar chúrsaí staire, sa tslí chéanna agus a bhíonn an bleachtair ag iarraidh cás a thuiscint. D'fhéadfaí a thuairmiú, b'fhéidir go bhfuil an t-úrscéal stairiúil bleachtairachta ar cheann de na fosheánraí is fearr atá ann chun léargas a thabhairt dúinn ar ár stair:

Like the historian, the detective seeks to uncover a past that is hidden, to which it is only possible to gain access through the physical traces of that past that remain available to us in the present, or through the testimonies of others who were witnesses to the events in question or who provide secondhand testimonies of the motives and actions of the protagonists (ibid.).

### *Úrscéalta grá*

Bhí an grá riamh mar théama sa litríocht, ní hamháin i litríocht na Gaeilge, ach i litríocht gach teanga, agus seo a ndeir Ní Anluain faoi:

Feiminéan é an grá a bhí ann ó thús aimsire agus a bheidh ann go brách. Is beag nach n-athraíonn ó aois go haois, ach, maidir leis an ngrá, is é an t-eispéireas céanna i gcónaí é, cé gur eispéireas ilghnéitheach, iltaobhach é. (1996: 52)

Tá rian den ghrá le haimsiú i bhformhór na n-úrscéalta stairiúla ach is iad na príomhúrscéalta stairiúla, ina bhfuil téama an ghrá go le fáil iontu, atá scríofa le 20 bliain anuas ná *Hula Hul* (Mac

Mathúna, 2008) agus *A Bhean Óg Ón* (Mhac an tSaoi, 2008). Ach mar sin féin is annamh ná feictear rian éigin den ghrá in úrscéalta stairiúla na Gaeilge seachas b'fhéidir i *Fontenoy*. Seo sainmhíniú amháin a thugtar ar úrscéal stairiúil an ghrá:

[A] central love story means that “the main plot centers around individuals falling in love and struggling to make the relationship work”. A writer can include as many subplots as he/she wants as long as the love story is the main focus of the novel. (Jagodzinski, 2015: 12)

San úrscéal seo, *A Bhean Óg Ón*, samhlaíonn Máire Mhac an tSaoi eachtra ina dtagann Piaras i gcabhair ar Mheig i Sasana sa 17ú haois agus sin príomhphlota an úrscéil. Mar aon leis sin, léiríonn sí conas mar a bhí iníonacha na n-uaisle, ach go háirithe, ina bhfichillíní i gcluichí na dTithe Móra ó thaobh saibhris agus ó thaobh cumhachta de, agus is é sin an fophlota. Tríd an scéal ar fad, áfach, is é an scéal grá idir Piaras agus Meg príomhfhócas an úrscéil. Insítear dúinn faoi ghaiscí cróga Phiarais agus é ag iarraidh Meg a shábháil óna pósadh míshona agus an iarracht a dheineann sé í a thabhairt abhaile. Is minic go scaipeann an t-úrscéal stairiúil solas ar dhúshlán sóisialta nó polaitíochta éigin trí phlota an aistir ghrá. Is sa reacaireacht phríobháideach b'fhéidir a chaitear an solas is mó, sin le rá, sa chás seo, i bhfilíocht Phiarais. I gcás an úrscéil seo, ní hamháin go dtuigimid an teannas atá idir chlann Feiritéar agus Iarla Chorcaí ach tuigimid croí Phiarais. Is tríd an grá seo atá i gcroí Piaras do Mheg a chaitheann Mhac an tSaoi solas ar cheisteanna tábhachtacha an úrscéil stairiúil arís, s'é sin, ceisteanna na staire, ceisteanna na tíre agus ceisteanna teanga. Cosúil le hÓ Rathallaigh san úrscéal *Fontenoy*, beartaíonn Piaras ar pheann a chur le páir ionas go mbeadh an scéal idir é féin agus Meg ann amach anseo:

Os a chionn in airde bhreac sé an teideal: Eachtra Phiarais Fheiritéir agus Tochmharc Mheig Óige. Bhreathnaigh sé ar an leathanach le sásamh. ‘Sea, ‘noiseas dúinn,’ arsa sé leis féin go meidhreach. ‘Ní chreidfí go deo an fhírinne, ach creidfear é seo’ (Mhac an tSaoi, 2008 :59)



Mar sin, glacaimid leis gur féidir leis an ngrá ceachtanna staire a mhúineadh dúinn freisin.

Chomh maith céanna san úrscéal *Hula Hul* le Seán Mac Mathúna múintear ceacht dúinn trí aistear an ghrá. Bíonn an príomhcharachtar, Mait Ó Dálaigh, captaen san IRA, go hiomlán tóin thar cheann i ngrá le Cáit Ní Bhric ón gcéad uair a bhuaileann sé léi ag an tobar. Cailín aimsire í agus í ag obair do na Diolúnaigh, muintir an tí shábháilte. Is trí scéal an ghrá a nochtar fíorphlota an úrscéil dúinn, mar le linn an chogaidh agus in aghaidh an bháis tuigimid gurb é a chroí agus a chuid mothúchán, ‘idir mhaith agus olc’ (Ó Muirí, 2008) an rud a chorraíonn duine. Tuigimid go mbíonn síocháin i gcroíthe daoine a bhíonn i ngrá agus deirtear gur ‘fritéis an grá is ea an chogaíocht’ (1962: 121) in *L’Attaque* le Eoghan Ó Tuairisc nuair a imíonn Máirtín ó Shaidhbhín. Thar aon fosheánra eile in úrscéalta stairiúla nua-aimseartha na Gaeilge, tugtar aitheantas níos mó do ról na mban in úrscéalta grá murab ionann agus na húrscéalta cogadóirí mar shampla. Bíonn deachríoch ag an úrscéal seo agus in ainneoin na bhfadhbanna a bhí idir Mait agus Cáit tríd an úrscéal, bíonn an bua ag an ngrá dóibh.

Gan amhras, is cuid thábhachtach í cúrsaí collaíochta ar bhóthar an ghrá san fosheánra seo, agus sna fosheánraí eile go ginearálta, is léir. In ainneoin gur úrscéalta bleachtairíochta iad go príomhúil, bíonn cur síos lom ar an gcuidreamh collaí in úrscéalta Uí Dhúrois ach go háirithe, agus déanann sé cur síos beoga air sa dá úrscéal leis, *Crann Smola* agus *Rí na gCearrbhach*. Seo sampla inar féidir linn an gníomh a shamhlú go soiléir toisc a chumasáí is atá Ó Dúrois i mbun pinn:

Bhain sé de a chuid éadaí féin. Bhí sé ag éirí corraithe. Mhóthaigh sé an teas ina chraiceann, a chroí ag preabadh. Tháinig sí chuige. Phóg sé í go teasaí, a lámha ag cuimilt a coirp go cíocrach, ag glacadh boisligh feola, a slíocadh a droma, a tóna, a más. Bhí a dteangacha I gcoimhlint lena chéile, ag súgradh, ag cur agus ag cúiteamh go beoga. Scuab sé a brollach go headroom lena liopaí, ag bogadh síos i dtreo na cíocha. (Ó Dúrois, 2001: 54)

Níl cur síos chomh beoga le haimsiú in aon úrscéal stairiúil ach oiread, cé go mbíonn sé ann, feicimid go gcuireann Ó Dúrois an-bhéim air agus é ag scríobh faoin ghrá idir Watters agus Nábla toisc, b'fhéidir gur grá neamhcheadaithe atá ann.

Faoi mar atá luaite agam, múineann an grá ceachtanna dúinn. Tugann sé léargas dúinn ar fhir, ar mhná, ar mhianta an duine, agus conas gur féidir leis an ngrá rudaí a cheartú sa slí chéanna fadó agus is féidir leis inniu. Seo a ndeir Ní Anluain arís agus í ag déanamh tagairt ghinearálta ar an ngrá i sathaoir litríochta na Gaeilge ach is dócha gur féidir é a chur i gcómhthéacs cinnte agus sinn ag cíoradh na n-úrscéalta stairiúla grá seo:

Tuigtear dom freisin go bhfuil na húdair chomhaimseartha in ann an nasc leis an am atá caite a choinneáil beo agus iad ag déanamh ionramháil fhíor-éifeachtach ar ábhar an ghrá ag an am céanna, agus ní beag sin (1996: 56)

In ainneoin go bhfeictear go bhfuil úrscéalta stairiúla an ghrá 'marginalized and often ignored' (de Groot, 2013: 56-57), níl aon amhras ann ach go bhfuil tábhacht ag baint leis an bhfosheánra seo mar deir de Groot chomh maith go bhfuil ról ag úrscéalta stairiúla an ghrá 'in allowing a radical imagination to grow' (ibid.). Ní hamháin sin ach, seo níos mó atá le rá ag de Groot faoi thábhacht an fhosheánra seo:

The ways in which the books articulate historical events, identity and particularly personal relationships mean that they are an important adjunct to the generic definition of the historical novel form. (2010 : 54)

Mar sin, luíonn sé le ciall domsa plé a dhéanamh ar an bhfosheánra seo sa chaibidil seo. Is fiú a lua chomh maith go nglactar go minic le húrscéalta stairiúla an ghrá mar 'fiction written by women for a predominantly female audience' (de Groot, 2010: 52) ach dáiríre ba dheacair a rá an bhfuil a

leithéid i gceist in aon cheann de na húrscéalta sa tráchtas seo agus beidh sé seo á scagadh arís sa chéad chuid eile den tráchtas seo, sé sin cás na mban sna húrscéalta stairiúla seo.

Tar éis dúinn féachaint ar fhoshéanraí agus téamaí an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge, mar sin, ní dóigh liom go bhféadfadh aon amhras a bheith ann, ach go bhfuil an-fhorbairt agus sofaisticiúlacht tar éis teacht ar an seánra. Feictear domsa go bhfuil na húrscéalta Gaeilge seo ag coimeád cois lena bhfuil ar siúl sa seánra céanna i mórtheangacha mórthimpeall an domhain. Is léir go bhfuil athnuachan tar éis teacht ar bheocht an tseánra sa Ghaeilge agus ní hamháin sin ach is féidir linn a rá go bhfuil na húrscéalta stairiúla a scríobhadh sa Ghaeilge le fiche bliain anuas ar aon ardchaighdeán leo siúd atá scríofa i dteangacha eile.

Bíodh sin mar atá, níor mhór a aithint go bhfuil, ról na mban in úrscéalta stairiúla na Gaeilge imeallach go maith agus is ar an ngné sin den seánra a thabharfaimid aghaidh anois.

## Cás na mBan in Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge

Déanann de Groot anailís ar na fosheánraí is mó a dhíríonn ar fhir agus iad sin is mó a dhíríonn ar mhná agus is dócha gur fiú a leithéid a dhéanamh agus úrscéalta stairiúla na Gaeilge idir lámha againn, agus go háirithe sula ndéanfar na carachtair fhireanna agus na carachtair ban a phlé. Faoi mar a deir Ní Dhuibhne agus í ag labhairt faoi chúrsaí inscne sa litríocht:

Tá ceist nó na ceisteanna a bhaineann le hinscne agus scríobh, léamh, teanga, agus cruthaíocht fós tábhachtach, spreagúil d'éinne a bhíonn ag smaoiniú nó ag scríobh (2011:18).

Deir de Groot go bhfuil fosheánraí na heachtraíochta agus na cogáíochta dírithe ar na fir den chuid is mó:

What is immediately striking is that historical fiction for men tends to be more based in adventure and concerned in the main with warfare. The series of novels by Fredrick Marryat, G.A Henty, R.M Ballantyne, C.S Forester, Richard Woodman, Bernard Cornwell, Patrick O Brian, Simon Scarrow and Dudley Pope all consider the careers of soliders and sailors and their participation in combat. These novels present a set of possible masculinities within a relatively conservative nationalistic narrative. Their models of heroism are largely straightforward, dutiful, resourceful... (2010: 79)

D'fhéadfaimis a rá go bhfuil a leithéid fíor in úrscéalta na Gaeilge freisin. Tá gnéithe na fireannachta le haimsiú go tréan in leithéidí *Fontenoy*, *An Fear Dána* agus *An Cléireach*. Rud a chuireann go mór leis an bhfireannacht seo ná an tslí gur fir iad formhór na bpríomhcharachtar sna húrscéalta stairiúla atá á bplé againn ó 1993 ar aghaidh. Pointe spéise eile, b'fhéidir, ná an tslí nach bhfuil oiread is bean amháin mar charachtar i bh*Fontenoy*, pointe a thaispeánann díreach cé chomh mór is atá an fhireannacht chun tosaigh san úrscéal seo.

Maraon leis an bpríomhcharachtar a bheith ina fhear, bíonn stádas ar leith ag an gcarachtar fir sin chomh maith céanna, is cuma cén aicme lena mbaineann said. Tá manaigh againn, Eoghan Ó Néill agus Aodh Mac Cathmhaoil i saothair Uí Chonfhaola, tá bleachtairí, sairsintí, múinteoir scoile, agus filí againn freisin ar fir iad ar fad. Bíonn tábhacht, agus faoi mar dúirt mé, stádas ag baint leis an obair atá ar siúl acu; an Captaen Ó Raghallaigh ag stiúiriú Reisimint Diollard (*Fontenoy*), William Watters ag iarraidh cásanna coiriúlachta a thabhairt chun solais (*Crann Smola*), Eoghan an manach, ag iarraidh ríocht Dhún Gheannain a shábháil (*1260AD*), agus Mait Ó Dálaigh atá mar cheannaire ar an IRA i gCiarraí (*Hula Hul*). Is léir go bhfeictear patrún mar seo i litríocht an Bhéarla freisin. Deir de Groot:

[M]ale historical novels articulate a masculinity that may be marginalised by class but it is still very much articulate, with some agency and means by self-expression. Whilst a soldier may be constrained by the rules of the army, these novels do not consider the lot of men to be so bad, and indeed, their enhanced physical and social mobility is in clear contrast to the women in female romance novels. (2010:79)

I measc údair fhicsean staire, níl ach dhá úrscéal stairiúla, scríofa ag údar mná idir na blianta 1993-2013, sí sin Máire Mhac an tSaoi lena húrscéalta *A Bhean Óg Ón* agus *Scéal Ghearóid Iarla*. Tugann an teideal *A Bhean Óg Ón* le fios maith go leor, go mb'fhéidir gur príomhcharachtar mná atá idir lámha aici, ach ní hé sin an scéal in aon chor é. Is é an file, (gairm ardstádais) Piaras Feirtéar, atá mar phríomhphearsa sa leabhar, a bhíonn ag scríobh a chuid filíochta faoi Mheg Russell, bean óg 'ón' an teidil. I gcomparáid le carachtar na bhfear, ní bhíonn stádas ar bith ag na mná, dáiríre. Bíonn Meg míshásta ina pósadh agus iarrann sé ar Phiaras í a shábháil. Bíonn fear chéile Meg á maslú agus seo a ndeir sí ina thaobh agus í ag scaoileadh scéil le Piaras, 'deir seisean go gcuirim casaigne air, fonn urlacain, gur mar gheall ar sin nach bhfuil aon chlann orainn' (Mac an tSaoi, 2001: 18). Tuigtear dúinn mar sin, gur fear atá á coiméad faoi smacht í agus is ar fhear a

bhraitheann sí chun í a shábháil agus feicimid nach é seo an t-aon úrscéal ina bhfuil mná faoi chaimpirín na bhfear.

Gan amhras, is léir ón teideal *Scéal Ghearóid Iarla* gur charachtar fir atá mar phríomhcharachtar san úrscéal seo chomh maith, ach mar sin féin, buailimid le mná don chuid is mó sa cheád chaibidil. Tugtar le fios dúinn go raibh áit ar leith do mhná uaisle, áit nach mbeidís ag cur isteach ar chúrsaí na bhfear is cosúil. Sa chás seo, bíonn na mná ‘sa ghrianán, áras roghnaithe na mban’ (Mhac an tSaoi, 2011: 9). Cuirimid aithne ar mháthair Ghearóid agus ar na mná eile ‘sa chaisleán túir’ (ibid.) agus tá siad gafa le cúrsaí fuála. Is léir gur bean uasal atá i máthair Ghearóid agus labhraíonn sí leis an Iarla, athair Ghearóid, ‘i bhFraincis chrochta na n-uasal ngallda’ (ibid.) rud a léiríonn dúinn go raibh oideachas uirthi. D’fhéadfaimís a thuarimiú, áfach, gurb é an ról is tábhachtaí a thugtar di ná mac a thabhairt ar an saol. Ní bhíonn gá léi, ceaptar, i saol fásta an bhuachalla óig. Ní bhíonn caidreamh eatarthu arís nuair a imíonn Gearóid lena athair.

Cé nach ag caint faoi úrscéalta stairiúla atá Ní Dhonnacha, is fiú an méid a deir sí faoi na mná i ngearrscéalta na Gaeilge a lua, ‘díol suantais é gurb annamh a fhorbraítear gnéithe den chaidreamh idir máthair paiste léi anois atá in a dhuine fásta’ (2002:161). Tá an méid céanna fíor san úrscéal seo. Chomh maith leis sin, ‘tabharfar faoi ndeara gur mic seachas iníonacha a bhíonn i gceist den chuid is mó’ (ibid.). Sna húrscéalta stairiúla atá á bplé againn, níl oiread agus úrscéal amháin ina mbíonn caidreamh idir máthair agus iníon le fáil ann. Is ríléir go bhfeicimid go bhfuil na mná ar imeall na sochaí agus mar sin tá said ar imeall an úrscéil. Agus an plé seo idir lámha againn, is minic freisin go bhfeicimid go bhfuil na carachtair bhaineanna ag braith ar fhir ar shlí amháin nó ar shlí eile.

Castar ar mhná eile den ‘nádúr baineann’ san úrscéal seo agus is é atá i geist le ‘nádúr baineann’ dar le Nic Eoin ná, ‘na tuiscintí ar an nádúr baineann atá le fail go coitianta sna saothair liteartha’ (2002: 136). Baineann an ‘nádúr baineann’ le cúrsaí collaíochta an uair seo, cúrsaí collaíochta idir Eilionóir de Buitléar agus Gearóid, agus arís idir ‘iníon an bhrughadh’ (Mhac an tSaoi, 2011: 55) agus Gearóid, is mná iad as dhá aicme dhifriúla an tsaoil ach fós, san úrscéal, bíonn an aidhm chéanna leagtha amach dóibh:

Is mar sin a tharla, nuair a saolaíodh Seán mac an Iarla ón mnaoi uasail, Eilinóir de Buitléar, sa chaisleán, gur rugadh Séamus mac an Iarla timpeall an ama chéanna d’iníon an bhrughadh I dtigh an óil (ibid.)

Is fiú an pointe a dhéanamh arís, nach iníonacha a thugann an bheirt bhan ar an saol mar tuigimid nach ar mhná a thiteann oidhreacht clainne.

Faoi mar a luaigh mé, déanann Nic Eoin plé ar na tuiscintí atá le fáil i saothair liteartha éagsúla agus an ‘nádúr baineann’, nó na tréithe éagsúla atá iontu. Is minic a bhíonn mná trioblóideacha le fáil i litríocht na Gaeilge agus go gcruthaíonn said fadhbanna don bhfear. Seo a ndeir Tery Eagleton agus é ag caint faoi ról na mban agus an teoiric liteartha:

She is sometimes what stands between man and chaos, and sometimes the embodiment of chaos itself. This is why she troubles the neat categories of such a regime, blurring its well-defined boundaries. (1982: 190)

San úrscéal *1260AD* mar shampla, feicimid bean ag cothú trioblóide don bhfear. Buailimid le Claudette, freastalaí sa mhainistir. Feicimid Claudette ag cliúsaíocht leis an manach Eoghan. Tá an caidreamh seo suimiúil mar déanann Mac an tSaoi tagairt dona leithéid de chaidreamh agus í

ag cur síos ar an ‘chluain ghnéasúil a chuireann mná ar an manach’ (2011: 125). Seo cómhra a bhíonn idir Claudette agus Eoghan agus is léir go bhfuil sí ag iarraidh é a mhealladh:

Nach bhfuil tú ag dul buíochas a thabhairt damh as teacht amach chugat ins an fhearhainn leis?

*Merci, merci!*

Bhí an diabhláíocht ag rince ina súile agus í ag tógáil an mheadair. Agus í ag sleamhnú amach an doras:-

Slán agat, *a petit frère!* (Mac Conaill, 2008: 7)

Ní ghéilleann Ó Néill don chathú, é ina manach ag déanamh staidéir ar Eurigina, ach mar thoradh cuireann Claudette a lámh ina bás féin. In ainneoin gur eachtra fhíorthragóideach é seo, ní chuirtear aon bhéim in aon chor ar thragóideacht an ghnímh ach leagtar an bhéim is mó ar an trioblóid a chruthaíonn an gníomh d’Eoghan leis an Easpag. Feicimid go gcuirtear an bhéim ar ghníomhaíochtaí agus ar mhothúcháin mhná leis an amaidí a chuirfeadh an fear ar strae nó i mbaol níos mó ná haon ní eile. Bean chainteach, mhealltach a bhí i gClaudette agus í cruthaithe ag an údar fir mar seo d’aon ghnó. Is cosúil go raibh, go pointe, drochmheas ann riamh i litríocht agus i gcultúr na Gaeilge ar mhná cainteacha. Luann Nic Eoin cnuasach seanfhocal Uí Shiochfhradha agus an díspeagadh ar mhná (2011: 180) a fhaightear go minic ann. Agus í ag déanamh achoimre ar an gcnuasach, seo an tuairim atá aici maidir le seanfhocail a bhaineann le mná:

Ní féidir comhairle a chur ar mhná; bíonn mná de shíor ag cabaireacht is ag tarraingt gleo; tá said guagach mínáireach; tá said níos dána ná muc, is deacair na mná a thuiscint; ní féidir le mná rún a choinneáil; níl teanga níos géire ná teanga mná; ní thuigeann mná an saol. (ibid.: 181)



Is léir gurb iad na mná cainteacha, glórmhaire, na mná is trioblóidí ar fad sna húrscéalta stairiúla seo atá idir lámha againn. Sna húrscéalta le Colm Mac Chonfhaola cruthaíonn sé carachtair ban a mbíonn mórán cosúlachtaí eatartha agus gur féidir linn iad a ‘rangú’ go héasca. San úrscéal *Ceol an Phíobaire*, cruthaíonn Ó Confhaola beirt deirfiúracha cráite, agus is iad na leasainmneacha a thugtar orthu sa leabhar ná ‘Cítí na gCnámh’ agus ‘Máire Chaol’. Is minic go dtéann na carachtair seo agus na hainmbhriathra ‘ag cnáimhseán’ agus ‘ag ólagón’ lámh ar lámh le chéile. Is crá croí an bheirt i gcónaí don phríomhcharachtar fir, an múinteoir scoile, Cathal Ó Ceallaigh, agus do mhuintir Butcher Grove go ginearálta (ainm an tí ina bhfuil an scéal suite). San úrscéal *Cogadh ‘gus Cathú* bíonn nach mór na tréithe céanna ag na deirfiúracha cráite is a bhíonn ag na mná in *Ceol an Phíobaire*. Bíonn said bocht, buartha, ciaptha faoi gach aon rud faoin spéir agus gan dealramh ar bith leis. Is díol suime é gurb iad na carachtair ban is mó a chuireann isteach ar na carachtair eile agus ar na léitheoirí chomh maith seachas aon charachtar fir. San úrscéal *A Bhean Óg Ón* feicimid cosúlachtaí idir an cur síos seo agus bean chéile Colonel Goring mar deir sé go bhfuil sí de shíor, ‘ag canrán agus ag pusaíl ghoil ó mhaidin go hoíche’ (Mac an tSaoi, 2001: 7).

Carachtar mná eile atá san úrscéal *Cogadh ‘gus Cathú* ná Síle, leathchúpla an tsagairt, Domhnall. Scódaí atá inti nach mbíonn aon eagla uirthi rudaí gairsiúla a rá in aon cheann den dá theanga atá ar a toil aici, an Ghaeilge agus an Béarla. Seo ceann de na giotaí atá uaithi trí Bhéarla:

I’ve hit the little bastard such a belt over the head that he won’t wake up for a week. Didn’t I tell ye to stick yer arses on chairs? We were just discussin’ me brother’s efforts in the bed and comparin’ his labours to that o’ rams and stallions (Mac Confhaola, 2002: 4)

Agus seo an chaint Gaeilge atá uaithi agus í ag caint faoi fhear chéile Mary Cardiff:

Níl uaidh ach craiceann a bhuaileadh uirthi, agus thá an dearg-ghráin aici ar a mhianta. Deir seisean gur bhean mhí-nádúrtha í is gur chóir dó ceacht a mhúineadh di, ach deirimse léi go gcabhróidh mé léi é a chur síos an staighre (ibid.: 175)

Ní thagann aon fheabhas ar chaint Shíle tríd an úrscéal, agus d'fhéadfaimís a rá gur níos measa a éiríonn sé fiú. Labhraíonn Síle mar gheall ar chúrsaí gnéis agus is ábhar grinn é sin sa leabhar, sé sin le rá go mbaineann na léitheoirí taitneamh as na rudaí gairsiúla a deir Síle faoi ghnéas. I gcaibidil dár teideal 'mná gnéasúlachta greannmhara', i leabhair Nic Eoin, deir sí gur 'fada siar an nasc liteartha idir cúrsaí gnéis agus gnéasúlachta agus saothrú an ghrinn' (1998: 169) agus is léir go ndeachaigh an t-údar i ngleic leis sin chun bean nó 'nádúr baineann' ar leith eile a chruthú i Síle.

Ar an dtaobh eile ansin, bíonn na mná 'banúla' (Nic Eoin, 2011: 150) le haimsiú sna húrscéalta stairiúla nua-aimseartha seo. Ní chuirtear na mná seo os ár gcomhair an uair seo mar charachtair a chuirfeadh na fir ar strae (don chuid is mó) ach mná idéalacha, dar leis na fir, atá i láthair. Seo a ndeir Nic Eoin agus í ag tagairt don tuairim seo nuair atá sí ag déanamh plé ar 'fhilí na scol' (ibid.):

[N]í mar mhealltóirí ná mar fhórsaí díobhálacha a chuirfidh an fear liteartha ar strae a thagann na mná i láthair sna dánta seo, ach mar mhná 'banúla', le tréithe pearsanta a fheileann dá ról (ibid.:151)

Feicimid i g*Cogadh 'gus Cathú* an chodarsnacht ollmhór atá idir an scódaí Síle agus Mary Cardiff. Cuireann Mac Confhaola cur síos ar áilleacht Mhary agus an chuma fhisiciúil atá uirthi:

'D'oscail mé an doras, agus chonaic mé óigbhean álainn. Bhain a scéimh stangadh asam agus gheit mo chroí. Bhí dhá shúil ghorma ag spréacharnaigh ina héadan, is folt ciardhubh ag titim ina dhualaí síos ar a ghuaillí' (2002: 4)

Bíonn Mary Cardiff séimh agus béascach i gcomparáid le Síle. Mar sin féin, ní fada go bhfecimid go bhforbraíonn caidreamh idir an bhean seo agus Domhnall, an sagart. Faoi mar atá luaite agam is minic go gcuirtear a leithéid de chaidreamh os ár gcomhair sna húrscéalta stairiúla seo, sés sin an caidreamh a bhíonn idir bean agus sagart. cosúil leis an gcaidreamh atá idir Claudette agus Eoghan, san úrscéal eile mar atá pléite againn, Caitriona agus Aodh, a phléifear go luath, agus anois Mary Cardiff agus Dómhnall. Mar sin, cad ina thaobh go dtéann na húrscéalaithe stairiúla i mbun a leithéid de chaidreamh a phlé? Is cinnte go n-árdaíonn sé cúpla ceist, ceist na bhfear, ceist na mban, agus ceist na hEaglaise gan amhras. Is as na ceisteanna sin agus an caidreamh nach bhfuil ceadaithe, idir sagart agus bean, a fhásann agus a fhorbraíonn teannas san úrscéal. Bímidne, na léitheoirí, idir dhá aigne faoi chinneadh na gcarachtar agus is mar thoradh ar an éiginnteacht sin, a bhímid ag cur agus ag ceistiú faoi *status quo* na linne sin agus na linne seo go ginearálta. Uaireanta, géileann na sagairt do na mná, mar shampla san úrscéal *Cogadh 'gus Cathú*, luíonn Domhnall agus Mary Cardiff le chéile ar deireadh, 'ní mar mháthair agus leanbh a bhí míd ach mar fhear agus bean' (Mac Confhaola, 2001: 263). Tar éis Mary Cardiff a grá a fhógairt do Dhomhnall, ní bhímid cinnte an peaca a bhí sa ghníomh nó nach ea mar tá a fhios againn ní hamháin gur sagart atá i nDomhnall ach go bhfuil Mary pósta freisin. Cuireann an caidreamh seo i gcuimhne dúinn nach raibh an rogha ag daoine go minic fadó faoin té a phósfaidís, agus b'fhéidir go bhfuil Mac Confhaola, agus na scríbhneoirí eile, ag iarradh ár n-aird a tharraingt ar an méid sin. Seo an méid atá le rá ag Ní Anluain agus í ag déanamh tagartha do chaidreamh mná agus sagairt i saothair Phádraig Standúin agus an ceart aici sa chás seo freisin:

Ní triantán claisiceach an grá atá anseo ach is triantán í ina bhfásann agus a mhéadaíonn an teannas de réir mar atá mothúcháin á gcur in iúl (1997: 23)

Faoi mar a luaigh mé, bíonn a leithéid de chaidreamh le haimsiú in úrscéal eile le Mac Conaill, *Seilbh na Coróine*, idir Caitriona an Chuntaois, bean Uí Néill agus Aodh, an manach. Ní ghéileann an bhean seo dá mianta agus mar sin tá bean de shaghas eile léirithe ag an údar, bean atá láidir, agus dílis dá fear. Feicimid go raibh ar Chaitriona an mac ab óige aici, Conn, a fhágáil in Éirinn, agus in ainneoin nach gcaitheann a fear céile go rómhaith léi, agus in ainneoin an crá croí sin ar fad, bíonn crógacht inti fós. Comhlíonann sí a ról mar bhean chéile an Iarla i gcónaí. Treisíonn an méid a deir Aodh, an manach, fuithi an pointe seo:

A huaisleacht sa chruatan an cuimhne is gline in intinn Aoidh. Bhí croí na máthar inntí briste, ach choinnigh sí cuma na mná uaisle i rith an ama. Seo í idir dhá thír i dteach ar cíos, beirt dá triúr mac aici agus an chaora chailte á crá (Mac Conaill, 2008: 60)

Ardaítear ceisteanna arís faoi chúrsaí grá agus cúrsaí Eaglaise agus mar a deir Mairéid Ní Chinnéide ‘tugann an caidreamh idir Aodh Mac Aingil agus bean Uí Néill deis don údar ceisteanna a phlé faoi ghrá Platónach agus aontumhacht na cléire’ (2008: 21). Is croí-lár an úrscéil é an caidreamh a bhíonn idir Caitriona agus Aodh, an manach. De réir mar a thiteann an scéal amach titeann Caitriona níos doimhne i ngrá le hAodh. Déanann Aodh bocht a dhícheall gan aird a thabhairt uirthi ach is mó an cur síos fisiciúil a fhaighfimid uaidh in a taobh. Faoi dheireadh, déanann Caitriona an grá Platónach atá aici d’Aodh a adhmháil, ‘Is tú an chéad fhear, an chéad fhear ariamh, dár thug mé grá, grá ceart anama, mar a deir na filí, grá nach bhfuil truaillithe ag an chorp!’ (ibid.:107). Faoi mar atá luaite, áfach, ní ghéileann Caitriona don ghrá fisiciúil. Déanann O Riordan scagadh ar cheist na hEaglaise agus ceist na mban agus í i mbun léirmheasa ar leabhar Nic Eoin, *B’ait Leo Bean* (1998) a léiríonn, b’fhéidir, an fáth go mbíonn an caidreamh idir mná agus sagairt le haimsiú cuíosach minic sna húrscéalta stairiúla seo:

Aithnítear anáil chléir na heaglaise agus riachtanais na haontumhachta ar leiriú liteartha na mban sa litríocht a tháinig faoina dtionchar. Deintear imlíniú ar an gcaoi ar cuireadh idé-eolaíochtaí ileith ‘laigi na mban’, I leith ghuagacht a meonta, agus i leith róthionchar a samhlaíodh a bheith acu ar an bhfear (1998: 24)

San úrscéal *Crann Smola* le Seán Ó Dúrois, is é an chéad tagairt a fhaighimid do Nábla ná mar ‘t[h]íogar’. Deirtear linn go raibh tromluí aige ina raibh ‘rud éigin ag teacht aniar aduaidh air. Tíogar nó leon a bhí ann...’. Nuair a dhúisíonn Watters de phreab ón tromluí sin deir sé ‘nuair a d’amharc sé taobh thiar de sa scathán’ go bhfaca sé an tíogar, sí sin Nábla a bhí sa leaba leis. Arís, léirítear an bhean sa leaba mar ábhar trioblóide don phríomhcharachtar fir. Tuigimid go n-árdaíonn an caidreamh seo ceisteanna seicteacha chomh maith mar is Protastúnach é Watters agus is Caitliceach í Nábla. Anuas ar sin, buailimid le Nábla don chuid is mó nuair atá sí i lár chaidrimh collaí leis an mbleachtaire Watters. Bean óg nach bhfuil ach ‘fiche bliain d’aois’ atá inti a bhí ag obair sa teach ag Watters ar dtús ach éiríonn caidreamh collaíochta eaturtha tar éis tamaill. Mar chodarsnacht ar Nábla ansin cuirtear Aibigail, an bhean tí, os ár gcomhair. Is minic an ghné seo in úrscéalta stairiúla na Gaeilge, an chodarsnacht sin idir mhná óga soineanta, a bhíonn dathúil de ghnáth, agus seanmhná go bhfuil taithí acu ar an saol, agus taithí acu ar fhir. Agus O’ Riordan ag caint faoi mhná sa litríocht go ginearálta is dócha gur féidir linn aontú léi agus sinn ag plé le stádas na mban i seánra an úrscéil stairiúil;

Tá go leor cúiseanna ab fhéidir a lua le teirce na mban sa litríocht ‘oifigiúil’ scríofa. Ní hé gurb é gnó na leabhar seo iad a imlíniú. Ach ní hionann teirce na mban sa chorpas agus easpa baineachais, mar a tuigeadh ag an am é agus mar a thuigtear dúinn inniu é (1998: 26)

Ag féachaint ar na samplaí sin amháin, ní féidir gan rian den ghnéasachas agus claontacht na bhfear a fheiceáil in úrscéalta stairiúla na Gaeilge. Is fiú dúinn, mar sin, tagairt arís don bhfrinne agus don bhficsean, na gnéithe is tábhachtaí, dár ndóigh, a bhíonn fite fuaite i seánra an úrscéil

stairiúil. Seanscéal go deo atá ann, gan dabht, go mbíodh (agus b'fhéidir go bhfuil fós) mná ar imeall sochaí na staire. Is cuid den stair í an easpa stádais a bhí ag mná. Sin í an fhírinne. Ach céard faoin bhficsean mar sin? Cad ina thaobh nár chruthaigh na húrscéalaithe stairiúla, idir fhir agus mhná, oiread is bean amháin fiú a bhí láidir agus stuama nach raibh caint gairsiúil uaithe? Bhí láidreacht ag baint le Cáit Ní Bhric, cinnte, nuair a d'iompaigh sí 'pota gravy' tharr ceann Mait Ó Dálaigh in *Hula Hul*, cé nach bhfuil inti ach cailín aimsire (Mac Mathúna, 2008). Ní thugtar aird ar na mná muna bhfuil fear éigin i gceist, nó i láthair in a saol. Tá sé seo fíor san úrscéal clúiteach Béarla *The Many Lives and Secret Sorrows of Joséphine B* (Gulland, 1995):

The Many Lives and Secret Sorrows of Josephine B. presents an historically visible woman, although one considered only for her relationship with the French military leader and emperor Napoleon (de Groot, 2010: 157)

Tuigimid, áfach, gur sin mar a bhí, san aimsir chaite, go raibh cos ar bolg ar mhná, agus tuigimid go bhfuil na carachtair ban in úrscéalta stairiúla na Gaeilge, 'constrained by history to act in particular ways' (ibid: 158). Feicimid tar éis na húrscéalta stairiúla a léamh agus tuairimí de Groot a scagadh, nach mór ar fad iad na húrscéalta stairiúla sa Ghaeilge atá dírithe ar mhná. Cad a chiallaíonn úrscéal stairiúil do mhná mar sin? Dar leis an gcriticeoir Wallace tagann úrscéalta stairiúla 'na mban' from the hybrid potentialities of the Gothic novel rather than the rationality of Scott' (Wallace in de Groot, 2010:67). Níos suimiúla fós, faoi mar a luaigh mé sa chaibidil dheireanach, deirtear gurb ionann úrscéal stairiúil do mhná agus 'historical novels by women for women' (de Groot, 2010: 67). Más fíor, is ionann sin agus a rá nach bhfuil ach dhá úrscéal stairiúla nua-aimseartha, dírithe ar mhná, scríofa idir 1993-2013; *An Bhean Óg Ón*, (Mhac an tSaoi, 2008) agus *Scéal Ghearóid Iarla* (ibid., 2011).

Ní dócha gur le haghaidh ban amháin atá na húrscéalta seo scríofa ach oiread áfach. Mar sin, ní féidir a rá go bhfuil aon úrscéal stairiúil in aon chor scríofa le deich mbliana anuas le haghaidh ban amháin. Mar sin féin, ní hé sin le rá gur d'fhir amháin atá an chuid eile de na húrscéalta stairiúla scríofa, ach is dócha go bhfuil insint agus guth firinsneach cinnte in leithéidí, *An Fear Dána*, *Fontenoy*, agus *An Cléireach* faoi mar a luaigh mé níos luaithe. Is minic go bhfágтар mná ar leathaobh sa stair agus is léir go bhfuil bearna le líonadh agus ceisteanna le cur. Anuas ar an méid a bhí le rá ag Ní Dhuibhne níos luaithe, deir sí freisin:

Maidir le litríocht na Gaeilge, ach go háirithe, tá an-chuid ceisteanna le cur faoi cúrsaí inscne: ábhar, stíl, teanga. Maidir le han-chuid gnéithe den chultúr féin: gluaiseacht na teanga rl. An bhfuil difríocht idir dearcadh atá ag bean agus ag fear ar an náisiúnachas, arc heist na teangan? An bhfuil aon iniúchadh déanta ar na difríochtaí seo sa bhficsean? (2011: 20)

Is cinnte go bhfuil ceist na hinscne spéisiúil agus tá an-chuid gnéithe den cheist fós le cíoradh. D'ardódh sé díospóireachtaí faoi ról na mban sa stair agus thabharfadh sé léargas dúinn ar fheimineachas na staire agus an éifeacht atá aige sa lá atá inniu ann. Mar a deir Light agus í ag caint faoi fosheánraí na mban:

Taking as their subjects female subjectivity, domestic private/public politics or the marginalization of weaker subject means these texts create a dissonant space in which various issues of legitimacy, authority and identity might be considered. The novels have a historiographical radicalism, giving femininity, which usually has a walk-on part in the official history of our times, the lead role in the national drama. In particular, for those who are normally left out of history altogether, such an emphasis is very welcome (in de Groot, 1989: 59)

Tuigtear dom go bhféadfaí an-mhionphlé a dhéanamh ar chás na mban, ní hamháin in úrscéalta stairiúla, ach i gcomhthéacs níos leithne i litríocht na Gaeilge. Ní féidir é sin a dhéanamh

sa tráchtas seo gan amhras ach is ceart dúinn tuiscint i gcónaí a bheith againn ar an tábhacht a bhaineann lena leithéid d'ábhar sa litríocht go ginearálta.

Sa chéad chuid eile den tráchtas seo, déanfar mionphlé ar thrí úrscéal as an liosta atá díreach pléite againn, sé sin *An Fear Dána*, *Fontenoy*, agus *An Cléireach*. Tá na húrscéalta áirithe seo roghnaithe againn toisc go bhfuil siad, dar liom, ar chaighdeán níos airde ná na húrscéalta eile i ngort an úrscéil stairiúil. Féachfaimid go bhfuil na tréithe is tabhachtaí a bhaineann leis an úrscéal stairiúil le haimsiú iontu, maraon le hiomramháil sármhaith teanga ann. D'fhéadfaimis a rá go bhfuil na húrscéalta áirithe seo chomh bisiúil sin, gur 'cora cinniúna' is ea iad i stair an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge. I measc nithe eile, pléifear an idirthéacsúlacht stairiúil, an idirthéacsúlacht ó fhoinsí liteartha, agus lorg na fírinne in *An Fear Dána*, déanfar iniúchadh ar thábhacht an chogaidh, pléifear an pholaitíocht agus an reacaireacht in *Fontenoy*, agus féachfar ar an gcarachtracht, ar an gcogaíocht agus ar thábhacht na healaíne in *An Cléireach*.



## 5. An Fear Dána

### *An Idirthéacsúlacht Stairiúil*

Sa chaibidil seo, beidh cúrsaí idirthéacsúlachta á scagadh agam, an idirthéacsúlacht stairiúil agus an idirthéacsúlacht ó fhoinsí liteartha seachtracha. Is seift liteartha an idirthéacsúlacht atá le feicéail ach go háirithe in *AFD*. Faoi mar a luaigh mé níos luaithe sa tráchtas seo, is úrscéal stairiúil é *AFD* a eachtraíonn scéal mórfhile an 13ú aois dúinn, Muireadhach Albanach Ó Dálaigh. Léargas é, an t-úrscéal stairiúil seo, ar imeachtaí Uí Dhálaigh agus a ghiolla rúndiamharach, Mac Tíre, idir a dtréimhse in Éirinn, a loingear go hAlbain agus ar a n-iomramh go dtí an Talamh Naofa agus an filleadh go hÉirinn arís. Ba mhaith liom iniúchadh a dhéanamh ar an tslí go bhfuil reacaireacht an úrscéil bunaithe ar fhoinsí seanda ach go n-úsáidtear foinsí chomhaimseartha ann chomh. Tá sé ráite agam níos luaithe gur luaigh Ó Conchubhair gur ‘úrscéal meitificsean’ (2015: 17) é *AFD* agus tuigtear dom go gcuireann na foinsí seo leis an ‘staidéar féin-chomhfhiosach meitificseanúil ar an rud is litríocht ann’ (Ó Buachalla, 2015: 198). Gan amhras, is gné ríthábhachtacht í an idirthéacsúlacht sa scríbhneoireacht go ginearálta mar go n-árdaítear ceisteanna faoi chúrsaí cultúrtha agus ar chúrsaí litríochta ann. Ar dtús áfach, is fiú féachaint ar cad é go díreach atá i gceist leis an idirthéacsúlacht. Seo an méid a deir Allen:

The idea of the text, and thus of intertextuality, depends, as Barthes argues, on the figure of the web, the weave, the garment (text) woven from the threads of the ‘already written’ and the ‘already read’. Every text has its meaning therefore, in relation to other texts. (2000: 6)

Is Barthes is mó a luaitear le guth umhail timpeall ar ábhar na hidirthéacsúlachta agus cuireann sé míniú an fhocail ‘téacs’ i gcuimhne dúinn, sé sin gurb é an rud atá i gceist leis an bhfocal ná ‘a tissue’ nó ‘a woven fabric’ (1977: 159). Leanann sé air ag rá gurb ionann an idirthéacsúlacht ann

agus ‘any text is a new tissue of past citations’ (ibid.). Faoi mar a luaigh mé is úrscéal stairiúil é *AFD* ina bhfuil idir seanthéacsanna agus téacsanna comhaimseartha fite fuaite ann. Anuas ar sin, níl amhras ar bith ann ach go bhfuil idir shúgradh agus dáiríre sna téacsanna uilig rud a luafar tríd an gcaibidil. Mar sin, agus sinn ag féachaint ar na seanthéacsanna i dtosach, seo a ndeir an t-údar féin in iarnóta san úrscéal leis mar gheall ar na foinsí a d’úsáid sé:

Saothar úrscéalaíochta é seo atá bunaithe ar a bhfuil ar eolas againn faoi Mhuireadhach Albanach Ó Dálaigh. Is iad na príomhfhoinsí atá againn ná a chuid filíochta féin agus an scéal a insítear ina thaobh in *Annála Ríoghachta Éireann* ar imeachtaí na bliana 1213. (1993: 141)

Baineann Titley úsáid as an aiste dar teideal ‘Eachtra Mhuireadhaigh Uí Dhálaigh’ (1961), atá ‘curtha le chéile go scoláiriúil’ dar leis, (1993: 141) le Brian Ó Cuív, mar fhoinse eile don úrscéal seo.

Sa chéad áit, mar sin, féachfaimid ar an gcur síos stairiúil is údarásaí atá againn faoi shaol Uí Dhálaigh, *Annála Ríoghachta Éireann* mar atá luaite agam thuas. Tá cuntas ar ‘eachtra neamhchoitianta’ (Ó Cuív, 1961: 56) tugtha ag *Na Ceithre Máistrí* bunaithe ar imeachtaí na bliana 1213 a thugann léargas eile dúinn ar shaol Mhuireadhaigh:

‘Fiond ua brolcháin maor í dhomhnaill (.i. domhnall mór) do dhol i cconachtaibh do chuingidh chíosa í dhomhnaill. Asseadh do choidh cettus co cairpre droma cliabh. Ro thadhail sidhe cona chaoimh thectoibh do thigh an fhilidh Muireadhaigh leasa an doill ua dálaigh, ro ghabh for miochostadh mór friss an bhfilidh ar ba haitheach somh a hucht treóin (gion gur bo hé a thiccearna ro chomhairleicc do). Ro lonnagheadh an fear dána fris, ron gabh biail mbithgéir ina laimh co ttaratt beim ndó go ffarcaibh marbh gan anmain. Teitt feisin iarsin ar iomghabhail uí dhomhnaill hi ccloinn Riocaird. Iar na fhios sin dUa domhnaill do ronadh léirthionól slóigh lais ina deadhaidh, ní ro airis co rainicc doire í domhnaill i ccloinn Riocaird, conadh uadh ro ghabh ainmniucchadh, ar a bheith adhaidh long poirt ann. Ro ghabh for creachloscadh an tire gur bho riarach Mac uilliam dó fó dheóidh, co ro dhiochuir

Muireadhach dia chomairge i ttuadmhumhain. Do thaed ua domhnaill ina dhúidh, geibhidh for indradh, orccain na criche íshin coros athcuir donnchadh cairbreach ua briain Muireadhach uadha i nucht muintire luimnigh. Ro lean ua domhnaill é co dorus luimnigh, baí i fforbaissi, hi bhfoslongport ag móin uí dhomhnaill conadh uadh ainmnighthear. Ro dhiocuirsiot lucht luimnigh Muireadhach uadhaibh for for-chongra ui dhomhnaill co nach ffuair a imhídean acht a thairbhirt ó laimh do láimh go riacht ath cliath duibhlinne.

Soais ó domhnaill don chur sin iar sireadh, iar ccor cuarta connacht uile go hiomlan. Do ronadh Sloichceadh ele lais doridhise gan iomfhuireach ganfhosucchadh is in mbliadhain cétna bheos go hAthcliath gur ba heiccean do lucht Atha cliath Muireadhach do chor uadhaibh go halbain, bai annsaidhe co ndeana teóra drechta adhmolta do chuingidh siodha, maithme nanacail ar Úa domhnaill, ba hé an tras dán dibh sidhe, A dhomhnaill deadhlamh fo sith. Do radadh sith dósomh ar a adhmoltaibh, gabhaidh Ó domhnaill ina mhuintearas é iaromh, do rad forba, fearann do feib ro ba data lais.

[Finn O'Brollaghan, steward of O'Donnell (Donnell More) went to Connaught to collect O'Donnell's tribute. He first went to Carbury of Drumcliff; where, with his attendants, he visited the house of the poet Murray O'Daly of Lissadill; and, being a plebeian representative of a hero, he began to wrangle with the poet very much (although his lord had given him no instructions to do so). The poet, being enraged at his conduct, seized a very sharp axe, and dealt him a blow which killed him on the spot, and then, to avoid O'Donnell, he fled into Clanrickard. When O'Donnell received intelligence of this, he collected a large body of his forces, and pursued him to Derrydonnell in Clanrickard, a place which was named from him, because he encamped there for a night;—and he proceeded to plunder and burn the country, until at last MacWilliam submitted to him, having previously sent Murray to seek for refuge in Thomond. O'Donnell pursued him, and proceeded to plunder and ravage that country also, until Donough Cairbreach O'Brien sent Murray away to the people of Limerick. O'Donnell followed him to the gate of Limerick, and, pitching his camp at Monydonnell (which is named from him), laid siege to that town; upon which the people of Limerick, at O'Donnell's command, expelled Murray, who found no asylum anywhere, but was sent from hand to hand, until he arrived in Dublin] (In Ó Cuív, 1961: 56-57)

Cloíonn Titley leis an eolas thuas go croineolaíoch san úrscéal agus nochtann sé eachtraí Uí Dhálaigh agus é i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath nó ‘Áth Cliath Duibhlinne’ mar atá sé

aige san úrscéal. Ach tugaimid faoi deara freisin go bhfuil miondifríochtaí ann, mar shampla, ‘sa tslí gurb é Ailís seachas Riocard a sheolann Muireadhach chuig Donncha Cairbreach, agus gurb é Luimneach seachas Tuaidhmumhan an áit a dtéann siad’ (Ó Buachalla, 2015: 199). Anuas ar sin, is fiú a lua go ndeir Ó Cuív go bhfuil leagan de na heachtraí sin in Annálacha Uladh freisin, agus is sa Laidin atá siad scríofa, ach luaitear an bhliain 1216 ann (1961: 57). Tosaíonn *AFD* le heachtra an dúnmharaithe agus seo mar a tharla sé, dar le Bergin:

O Donnell’s steward had come to the poet’s home at Lissadill, in Sligo, and made his demand with insulting words. The man of art seized a sharp axe and instantly cut him down... (1970: 88)

Dáiríre, déanann Titley scéal mór de sin agus cloíonn sé leis an eolas atá faighte aige ó na foinsí éagsúla. San úrscéal, deir Muireadhach, ‘[nach] raibh ann ach gur ardaigh mé an tua agus gur tháinig sé anuas slán ar bharr an chloiginn’ (*AFD*: 14). Ní bheadh cúlra an scéil ag teastáil ón léitheoir áfach mar leanann Ó Dálaigh air go greannmhar, béalscoilteach, faoi mar is nós leis, mar shampla:

Tada ní raibh ina chloigeann ach oiread. Praiseach nó brachan liath go huiscealach ar an fhéar. Fuil. Ar ndóigh, ach bíonn fuil sa mhuc. (ibid.)

Tuigimid nach bhfuil sna Ceithre Máistrí ach blúirí d’eolais i dtaobh saol an fhile, agus ní fios go cinnte an raibh a leithéid de dhuine a mhair fiú mar ‘tá go leor poncanna dorcha fágtha gan réiteach ina thaobh’ faoi mar atá luaite agam cheana (*AFD*: 141). De bharr na héiginnteachtaí seo agus an tréimhse ama atá idir láimh ag an údar san úrscéal, tuigeann Titley gur féidir leis dul i mbun a chuid samhlaíochta faoi mar is nós leis. Dar le Katherine Simms, ní féidir linn a bheith iomlán cinnte go raibh a leithéid de dhuine ann sa chéad áit, agus seo a ndeir sí, ‘The semi-legendary poet Muireadhach Leasa an Doill ... may well be a literary construction (1989: 177-97).

Cé nach n-easaontaíonn Titley go hiomlán leis an tuairim sin, síleann sé go bhfuil sé i bhfad níos éasca a chreidiúint gur mhair an file agus díreach go bhfuil ‘scáil dóchúlachta éigin laistir den eachtra a luaitear leis’ (AFD: 141). Bhí sé de nós ag ‘seanchaithe na hÉireann’ (Ó Cuív, 1961: 58) an fhírinne a chur as a riocht nuair a bhí sé oiriúnach dóibh, agus tuigimid féin go bhfuil sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir an rud cinnte a tharla sa stair agus na scéalta atá tagtha anuas chugainn ó bhéal go béal, agus is fiú an méid a bhí le rá ag Ó Comhraí a lua freisin:

There was a good deal more in the history of the O’ Daly’s banishment than the Four Masters have recorded in this article; and there is some reason to think that part of what they have recorded partakes more of Donegal tradition than historic fact (in Ó Cuív, 1961: *ibid.*).

Is dócha go bhfuil Titley ag spochadh as an gcoincheap sin, agus lorg na fírinne mar théama aige tríd síos an úrscéal, rud eile a phléfear níos déanaí, nuair atá a leithéid seo á rá ag Muireadhach go minic, ‘cad eile atá sa dán ach bréag’ nó ‘idir na ranna atá an fhírinne don té a loirgeoidh é’. Pointe spéise eile áfach, a thaispéanann an doiléireacht a bhaineann leis na traidisiúin timpeall ar Ó Dálaigh mar dhuine ná go raibh leaganacha éagsúla d’ainm Mhuireadhaigh leis na dánta. Mar shampla bhí ‘Ó Dálaigh Midhe, Muireadhach Leasa an Doill Ó Dálaigh, Muireadhach Ó Dálaigh.i. Muireadhach Albanach gan aon tsloinne’ (Ó Cuív, 1961: 58). I leabhar Bergin, tá dánta ó bheirt dhifriúil, Ó Dálaigh Midhe agus Muireadhach Albanach ach is léir gurb ionann na filí seo mar glaonn Muireadhach Albanach ‘Ó Dálaigh Midhe mise’ ar féin sa dán a dtugtar, *The Irritable Genius* air, a bheidh á phlé againn ar ball. Ligeann Titley dá shamhlaíocht mar thoradh ar na héiginnteachtaí seo agus is léir go n-aontaíonn Delap leis an tuairim sin liom:

Ó tharla a laghad eolais chruinn faoin bhfile tugtar cead a chinn don údar a shamhlaíocht a ligean ar fad agus craiceann a chur ar pé blúirí beatháisnéise atá ar fáil, a fhad is nach n-éigníonn sé rún na rannta féin. Tá níos mó den ‘óglachas’ ná den ‘dán díreach’ sa scéal seo mar sin, agus níos mó den chumadóireacht ná den athscríobh lom, stairiúil (1994:21).

Mar sin féin, tá cinnteacht éigin in alt Uí Chuív gur mhair a leithéid d'fhile ón méid a deir sé faoi:

Dealraíonn sé ar fhianaise dhánta Mhuireadhaigh, agus go háirithe óna bhfuil do thagarthaí iontu do dhaoine, ná fuil aon amhras ná gur file a mhair i ndeire an 12ú céad agus i dtosach an 13ú céad a dhein iad, fer go raibh aithne mhaith agus coidreamh (sic) aige ar rithe agus ar mhóruaisle in Éirinn san am san. Ortha san bhí Domhnall Mór Ó Domhnaill, Riocard do Búrc, Cathal Croibhdhearg Ó Conchubhair, Donnchadh Cairbreach Ó Briain agus a dhreatháir, Muircheartach agus a mbráthair gaoil, Murchadh Ó Briain. (1961: 59)

Bíonn tagairt éigin do na pearsana ar fad thuas in *AFD*, gné den idirthéacsúlacht a chuireann go mór le súgracht agus dáiríreacht an úrscéil.

Baineann Titley leas as ‘corpus filíochta’ Mhuireadhaigh (Delap, 1994: 21) chomh maith chun léargas níos doimhne a fháil ar shaol agus ar phearsantacht an mhórfhile seo. Luaitear thart is scór dán ann agus tá siad le fáil in ‘daichead éigin lámhscríbhinn agus tá a fhios againn go raibh duanaire dá chuid féin aige’ (*AFD*: 141). Tuigtear dom, áfach, go mbraitheann Titley níos mó ar na méid atá scríofa ag leithéidí Thompson (1960-63), Flower (1947), O’ Grady (1926), Gillies (1979), agus mar sin de dá úrscéal seachas filíocht Mhuireadhaigh féin. Is léir go dtéann an t-údar i mbun na hidirthéacsúlachta go bisiúil i dtaobh an tseánra seo sa tslí is go bpiocann sé blúirí agus codanna ó fhoinsí stairiúla éagsúla agus ó na dánta seo is go gcuireann sé iad in áiteanna a bhíonn in oiriúint don scéal ach gan an sruth reacaireachta a lot. Mar a deir Delap, ‘tuigeann an t-údar easpa barántúlachta na bairdne’, agus tuigimid gur ‘mar riachtanais ghairmiúla a cumadh iad’ (1994: 21). I nguth Mhuireadhaigh, tugann Titley le fios go hindíreach dúinn go bhfuil sé ag spochadh as saol na mbard na linne sin uaireanta, mar shampla:

Adhmaím gur chuireamar leis an mbréag. Ach nárbh sin é ar ngnó? Cad atá sa dán ach bréag?  
Agus is mian leatsa gurb í an Fhírinne a fhaisnéiseoinn anois? (*AFD*: 9)

Sa chéad chaibidil, ‘An Eachtra’, feicimid an teannas atá idir Mhuireadhach agus Fionn Ó Brolcháin, nó ‘Ó Brocláin’, mar a ghlaonn an file air, agus maslaíonn Muireadhach go borb é. Sa dán a luaigh mé cheana, *The Irritable Genius*, a thosaíonn leis an line seo, *Créd agaibh aoighe i gcéin*, i.e ‘How comes it that ye have a guest from afar’ (O’ Grady, 1926: 337), tá véarsa ann a luann eachtra an dúnmharaithe:

“B eg ár fala frisin fer. Bachlach do bheith com cáined

Mé do marbad in mogad a dé an adbar an folad”

[Trifling is our difference with the man [O’ Donnell]: that a bumpkin was abusing me and that I killed the serf – O God, doth this constitute a misdemeanour] (ibid.: 337-338)

Deir O’ Grady an méid seo faoin véarsa freisin:

At his first flight he had to Mac William announced himself in the long and curious poem... and containing a quatrain in which the particular idiom used (not to be rendered in correct English) conjures up a perfect picture of the irritable genius in instantaneous action: he speaks thus of O’ Donnell’s displeasure at the mere contemptible mishap (1926: 337).

Athcruthaíonn Titley an teannas seo atá idir Muireadhach agus Ó Brolcháin san úrscéal freisin, mar san áit a ghlaonn sé ‘bumpkin’ air sa bhunleagan, ghlaonn Muireadhach ‘glincín ghlágláigh’ air san úrscéal (*AFD*:12). Feicimid go n-athchúrsálann sé na dánta in áiteanna a bhíonn oiriúnach dó. Is léir gur thaithin an smaoineamh le Titley gur mhaslaigh Muireadhach Ó Brolcháin sa bhundán thuas, mar téann an t-údar i mbun na maslaí go mór sa chaibidil seo, mar shampla:

‘Tusa giolla na gaoithe’ arsa mise, óir níor ghá a rá go rabhas le ceangal um an taca seo, ‘níl aon phuth dá dtéann poll amháin isteach ionat nach dtagann poll eile amach’ (ibid.: 13).

I mbundán eile le Muireadhach, atá scríofa aige do Dhomhnall Ó Domhnaill, a thosaíonn leis an líne, *A Dhomhnaill, deadhlam fá síodh* (Quiggan, 1911: 42) dealraíonn Ó Cuív go bhfuil ‘tracht ag Muireadhach ann ar an aighneas le Domhnall Ó Domhnaill’ (1961: 60) Mar shampla, is dócha gur Fionn Ó Brolcháin atá á lua anseo, ‘An mé do chuaidh d’iarraidh Fhinn’ (Quiggan, 1911, 42)

ar nós nach raibh an locht ar an bhfile gur mharaigh sé Ó Brolcháin. In *AFD* tugann Muireadhach le fios dúinn nach féidir linn iomlán an mhilleáin a chur air de bharr an dúnmharaithe nuair a deir sé, ‘ní mise a chuir romham an Broclánach a mharú’ (*AFD*: 15) Is le fíneáltacht na hidirthéacsúlachta seo go n-athchruthaíonn Titley an carachtar seo agus go léiríonn sé a phearsantacht dúinn.

Leanann an chaibidil ar aghaidh a chlíonn leis an eolas atá againn ó na Ceithre Máistrí agus na daoine lenar bhuail Muireadhach is cosúil agus seo an cuntas atá ag Quiggan ina thaobh:

The Irish Egill Skallagrimmson, Murray O’ Daly, who flourished in the thirteenth century, drew down upon himself the displeasure of O’ Donnell by slaying his steward, and had to fly to Clanrickard for protection. In one of the very few poems of his which we have survived we find him appealing to Richard de Burgo. He seems to have had a full measure of the notorious impudence of the bardic fraternity in Ireland. (1911: 5)

Seo an t-eolas atá in Ó Cuív mar gheall ar Ricard Mac Uilliam de Búrca:

Do Rugadh Riocard mac Uilliam do Búrc timpeall na bliana 1193 agus tháinig sé in aois fir sa bhliain 1213, naoi mbliana tar éis bháis a athar... In annál na bliana 1227 is ea luadh don chéad uair é in ‘Annál Connacht’ mar a bhfuil sé raithe go raibh sé ar mhórsluaigheadh i gConnachta ach ní dochreite in aon chur go raibh sé ina chomhnaí sa Ghaillimh tamall fada roimis sin. Fuair sé bás sa bhliain 1243. (1961: 58)

I véarsa eile ó *The Irritable Genius*, tá sé soiléir gur chuir Titley blúirí den dán seo in oiriúnt don úrscéal agus Muireadhach agus a chlann ag lorg dídine ó de Búrca, bíodh sé soiléir do na léitheoirí nó ná bíodh:

An choinnimhsi atá in bhur ttoigh  
Ar dtoigeacht a gcéin chughaibh.  
Do cleachtadh dháibh fion d’ibhe  
Do láimh ríomh nó ridire

[This band in your house has come to you from afar. They were wont to quaff wine from the hand of kings or knights. Offtimes did they partake of repast at the hands of abbot or bishop.



They disturb no foreign house with their converse, their carousing is not over-talkative]  
(Bergin, 1970: 88-89)

Agus tá macallaí de seo san úrscéal agus Muireadhach ag lorg dídine ó de Búrca:

‘A mhuintir an tí’, a d’éigh mé in airde leis an bhalla lom, ‘Ó Dálaigh Mí anseo ag lorg aíochta  
is didin ó mhac Uilliam. Cá bhfuil siad uaim?’ (AFD: 16)

I véarsa eile sa dán deir ó Dálaigh go brodúil gur file é:

Meisi a maighistir múinte,  
Minic mé a measg ghallchúirte  
Beag do charaibh cuirim dhíom  
Suidhim ar aghaidh ardríogh.

[I am their master of teaching, many’s the time I was in the midst of foreign courts; little  
ceremony I make, I sit in the presence of monarchs] (Bergin, 1970: 88-89)

Agus i mbeagán focal, fograíonn Muireadhach sé gur bard é féin freisin, ‘File mé agus fear dána’  
(AFD: 17) agus ‘béilí a bhí agam le taoisigh, le tiarnaí, le tóinshultain mhóra’ (ibid.).

Leanann an scéal ar aghaidh nuair a thugann Mac Tíre rabhadh do Mhuireadhach imeacht nuair a  
chonaecthas marcaigh Uí Dhómhnaill sa chlós. Gan amhras, in ainneoin go bhféadfadh an chuid  
seo den úrscéal a bheith go hiomlán dáiríre agus práinneach, ní mar sin a ligeann do Titley an píosa  
seo titim amach, mar tagann Mac Tíre chuig Muireadhach leath ólta ‘agus fion ar a bheola’ (AFD:  
18):

Bás nó beatha, ar seisean. Marcaigh sa chlós. Dónallaigh iad. Sceana ar fhis. Deirge ina súile.

Cá bhfios?

Ailis a d’inis.

Ainnir eile.

Nach maith mar a rinne.

Cad faoi Riocard? Faoina chosaint atáimid.

B’é a d’oscail an geata. Ag comhaireamh na seithí is an airgid atá sé. (ibid.)

Dar le na Ceithre Máistrí freisin, sheol Riocard Muireadhach go Donnacha Cairbreach ach faoi mar a luaigh mé níos luaithe, Ailis a sheolann Muireadhach chuig Donnacha Cairbreach seachas Riocard. Arís, is léir nach dtéann Titley rófhada ó na bunfoinsí atá aige ach fós is léir gur chuma leis faoi na mionsonraí mar tuigeann sé gur féidir leis a bheith solúbtha agus an phearsa staire éiginnte seo idir lámh aige.

B'fhiú dúinn féachaint ar an gcur síos a thugann Ó Cuív dúinn ar Dhonnacha Cairbreach agus féachaint conas a chloíonn Titley leis an eolas seo:

Mac do Dhomhnall Mhór Ó Briain ab ea Donnacha Cairbreach. Cailleadh a athair sa bhliain 1194 agus bhí Donnacha ina rí ar Thuamhumhain idir 1210 agus 1242 nuair a cailleadh é. Bhí a dhreatháir, Muireachtach, ar feadh tamaill ina rí ar Luimneach (1961: 58).

Bíonn an chéad tagairt de Dhonnacha Cairbreach sa leabhar ann nuair a deir Ailis, an cailín óg, leo teitheadh:

Gabh gan cónaí ó dheas go Donnacha Cairbreach. Deirfiúr lem mháthair é. Tabhair seo dó. Ní shílím go mairfidh fearg mo dhreatháir ró-fhada. (AFD: 19)

Cloíonn Titley leis an eolas seo ach, gan amhras, téann sé i muinín an ghrinn agus an imeartas focail, gné a chuireann go mór leis an úrscéal, agus baineann sé úsáid as imeartas focail chun cur síos a dhéanamh ar Dhonnacha:

Ba lúcháir súl dúinn an Brianach groí a fheiceáil. É carraigeach, cairbreach agus deirtear gur chairbtheach den scoth é freisin nuair a chuirfeadh chuige (AFD :20).

Agus luann Titley deartháir leis san úrscéal freisin:

‘Conas a roinnfear an mhuc, a Dhonnacha’, arsa Muircheartach Fionn, deartháir leis a bhí ag tochas a boise le lann a scine rí fearainn. (ibid.: 20)

Is fiú a lua chomh maith go bhfuil Títleay eolach i dtaobh saol agus reitric na mbard sa tríú haois déag (maraon le mórán eile) agus cuireann an t-eolas seo go mór le hinchreideacht an úrscéil. Tríd an úrscéil ar fad bíonn splancanna fhilíochta, mar aon le dán ag deireadh gach caibidil. Ba bhua í spontáineacht do na filí Gaelacha ag an am sin agus mar a deir Ó hÓgáin:

Ós reitric agus véarsaíocht a bhí mar ghnó ag an bhfile Gaelach de réir an traidisiúin, chaithfeadh an dá rud sin a bheith ar a chumas aige. Mar bhua spontaineach cainte a tuigeadh an fhlúirse focal agus mar bhua ceardaíochta a tuigeadh an smacht ar na focail (1982:5)

Go minic san úrscéal, cumann Títleay véarsaí nó rannta beaga ar nós gur de chuid Mhuireadhaigh féin iad. Mar shampla, agus sinn fós ag plé chéad chaibidil an úrscéil, nuair a cheistíonn Maol Mheá Muireadhach mar gheall ar an áit a rachaidís tar éis dó ‘an Broclánach’ a mharú, tá an méid seo a leanas le rá aige faoi mar a bheadh ag filí na linne:

Ó dheas, a deirinnse  
An tslí ó dheas, teas is toradh,  
An tslí as seo grian is goradh,  
An tslí ó thuaidh, fuacht is feannadh  
An tslí nach ngabhtar, meas ar chranna (1993: 15)

Chomh maith leis sin, is minic go bhfaigheadh na filí brontannais ón a bpátrún agus baineann Títleay úsáid as an eolas atá aige mar gheall ar an méid seo chun chur leis an úrscéal freisin. Mar shampla seo an cuntas atá in Quiggan faoi agus luann sé Muireadhach:

Tadhg Óg O’Higgin and others state that they were wont to receive twenty milch-kine for each lay or it might be a wand with rings of gold. Murray O’Daly represents himself as obtaining a steed every year and a golden beaker. (1911: 24)

Agus Muireadhach fós i gcomhluadar Dhonncha, tá an méid seo le rá aige, ‘[b]’é Donncha a bhí buíoch díom. Thug eachlasc a raibh ceann airgid air dom de chinéal nach bhfaca roimhe’ (*AFD*: 21) Deir sé freisin go raibh ‘fion milis á ól againn as easgraí áille óir’ (*ibid.*).

Sa dara chaibidil, feicimid Muireadhach ag triail ar Albain, turas atá ag teacht leis an eolas atá ag an údar i dtaobh an fhile:

How Muireadhach was driven onto Thomond, thence to Limerick, and at last he escaped from Dublin to Scotland is told by the Four Masters. He appealed in vain to all the leading families of Ireland, and in a later poem, his pride now humbled, he bewails the bitterness of fifteen years exile. From his stay in Scotland he got the name of Muireadhach Albanach, and his descendants in that country are know as Mac Vuirichs. (1970: 19)

San úrscéal, is dúshlánach an turas a bhíonn ag Muireadhach agus a chlann in Albain agus iad ag lorg pátrún sula mbuaileann siad le hAlún Mórmaor Leamhna. Is cosúil nach bhfuil aon dán le Muireadhach a dhéanann cur síos ar an gcuid seo dá shaol agus níl aon tagairt den triail seo sna Ceithre Máistrí ach oiread. Mar sin is féidir le Titley ligean go fras lena chuid samhlaíochta agus an bhearna a líonadh pé slí agus is mian leis. Táimid beagnach cinnte gur bhuail Muireadhach le hAlún, áfach, mar ‘tá dán againn a chum sé in onóir do Mhormhaor (nó Iarla) na Leamhna in Albain, Alún Mac Muireadhaigh’ (*Ó Cuív*: 1961: 63). Anuas ar sin, ‘do réir údar ar gheinealaigh na hAlban bhí Alún (nó Alwyn) suas sa tarna leath don 12ú céad agus sa chéad fhiche bliain don 13ú céad’. (*ibid.*)

Seo atá ag Titley ina thaobh san úrscéal:

Alún Mórmaor Leamhna an fhlaith ab fhearr dar fhóin mé riamh dó. Mór an t-ainm ollamh flatha agus is agam a bhí an onóir sin. (*AFD*: 39)

San úrscéal, deirtear linn go raibh beirt mhac ag Alún Mhórmhaor Leamhna, Amhlaoibh agus Muiríoch, agus tuigimid nach bhfuil Muireadhach Albanach rómhór le Amhlaoibh nuair a deir sé ‘gur gadhar drochmhíotalach ba ea Amhlaoibh agus ba chuma nó naomh nó laoch é Muiríoch’ (1993: 60). Ní mó ná sásta atá Muireadhach ach an oiread nuair thagann Amhlaoibh i seilbh na hoidhreachta. Seo é mar a insíonn Ó Dálaigh dúinn é:

Fírinne shearbh seachas finscéal filíochta d’aon sort ba ea Amhlaoibh nuair a tháinig sé i seilbh a oidhreachta. (AFD: 56)

De réir chuntas Uí Chuív, tá dán eile le Muireachadh Albanach, *Mairg thréigeas inn, a Amhlaoibh*, inar labhair sé le hAmhlaoibh éigin in Albain ‘ag gearán ná fuair sé a dhóthain maoiné uaidh’ (1961: 68) agus is léir go nglacann Titley leis gur mac le hAlún atá i gceist agus seo an méid atá aige san úrscéal a léiríonn an teannas sin idir Amhlaoibh agus Muireadhach:

Nuair a ghearáin mé go raibh díon m’aireagail ag ligean tríd dúirt sé liom gur cheart mo mhéar a shá isteach ann óir ní raibh áit b’oiriúnaí dom lena cur feasta (AFD: 56).

Ag deireadh na caibidle, An Loingeas, clíonn Titley leis an eolas atá faighte aige ó dhán Mhuireadhaigh, *The Dead Wife*, a luafar arís, agus déanann Muireadhach cur síos spéisiúil ar a chlann:

Fiche bliadhna inne ar-aon,  
Fá binne gach bliadhna ar nglór,  
Go rug éinleabhabh déag dhún  
An ghéar úr mhéirleabhar mhór

[Twenty years we spent together; our converse grew even sweeter; the tall bright stem with tapering fingers bore to me eleven children] (Bergin, 1970: 41)

Seo atá ag Titley san úrscéal ansin, ‘deichniúr linbh a bhí agamsa an tráth seo. Duine eile istigh sa clí ag Maol Mheá’ (1993: 43). Chomh maith leis sin, faighimid léargas eile ar chlann Mhuireadhaigh ó eolas a fuair Titley ó alt le Thompson:

It seems likely enough that this Kathil was a son of Muireadhach Albanach. We know that the Christian name Cathal recurs in the MacMhuirich family later, and we know that Macmurchy was one of the anglicised forms of the surname. The location and the dating favour the conjecture. One other consideration may be mentioned, with some difference. One of Muireadhach’s Irish friends and patrons was Cathal Crobhdhearg, to whom he addressed more than one poem. Was the Kathil of 1259 named in honour of Muireadhach’s friend? (Thompson, 1960-63: 281)

Agus seo an sliocht atá in *AFD* nuair a rugtar mac le Muireadhach ina bhfeicimid cosúlacht leis an méid a deir Thompson:

Leis sin scaoil sé a ghreim orm agus chonaic mé an lorg dearg i gcroí a dhearnan. “Cathal, gan amhras’ arsa mise, ‘tá crobh dearg ar siúd feisin’” (1993: 46)

Sa tríú caibidil, An Fháistine, cailltear Maol Mheá, agus tá fianaise againn gur tharla a leithéid chomh maith. Seo atá ag Quiggan mar gheall air:

I should like to draw attention to a lament in the Dean’s Book on the death on the death of a bard’s wife. Macgregor ascribes the poem to Murray O’ Daly. As the verses are unique in character there is no need to apologize for the length of the quotation (1911: 41)

Tá an rud céanna ag Bergin:

This is a tentative restoration of an elegy by a poet on his wife Maol Mheadha. It is ascribed to Muireadhach Albanach in the Book of the Dean of Lismore (1970: 101)

Seo an dán mar atá sé i leabhar Bergin:

M’anam do sgar riomsa a-raoir,  
Calann ghlan dob ionnsa i n-uaign;

Rugadh bruinne maordha mín

Is aonbhla lín uime uainn.

[My sould parted from me yestere'en, a fair form that was dear to me lay in the grave; a gentle stately lady was taken away from me with a linen shroud around her] (Bergin: 1970:101-102)

Seo mar atá sé athchumtha ag Titley san úrscéal:

Scaradh anama lem chorp ba ea bás Mhaoil Mheá. An colann ab ansa liom sa saol san uaigh.

Níorbh aonarach go dtí mé, b'olc an saol cam a chonaic mé romham. (1993: 51)

Tá macallaí de véarsaí eile an dáin seo le brath freisin, mar shampla:

Leath mo throigheadh, leath mo thaobh,

a dreach mar an droighean ban,

nior dhisle neach dhi na dhun,

leath mo shúil í, leath mo lámh.

Leath mo chuirp an choinneal naoi;

's guirt riom do roinneadh, a Rí;

aga labhra is meirtneach mé

dob e ceirtleath m'anma í.

[She was one of my two feet, one of my sides- her countenance like the white-thorn; none belonged to her more than to me, she was one of my eyes, one of my hands.

She was the half of my body, the fresh torch; harshly have I been treated, O King; I am faint as I tell it – she was the very half of my soul] (Bergin, 1970: 101-102)

Seo arís atá ag Titley san úrscéal:

Leath mo choirp ar choinneal úr, leath mo shiúil, leath mo thaobh, leath mo bheatha ar leabae fhuar, leath mo bháis an banlaoch caomh. Leath mo shúl í, leath mo lámh, leath mo bhreithe, leath mo chroí, leathnaigh an mheirthe ar fud mo bhail, ba í ceartleath m'anama í. (1993, 51)

Tá sé suimiúil go dtagraítear do Rí éigin sa dán mar san úrscéal deir Muireadhach le beirt chun a rá le Dónal Mór Ó Dónaill go bhfuair a bhean bás (ibid.: 53). Seans gurb é seo an sampla is soiléire dúinn den idirtheáscúlacht sa leabhar, sé sin le rá gur féidir linn cosúlachtaí a aithint ar an bpointe idir friotal agus structúr na n-abairtí. D'fhéadfaí tuairimiú go raibh Títle níos tógtha leis an dán áirithe seo thar aon dán eile de bharr go raibh sé chomh pearsanta sin don mhórfhile seo. Seo pointe spéise a dhéanann Quiggan, sula dtagraíonn sé den dán *The Dead Wife*:

The Irish collections consist almost exclusively of panegyrics and religious poems, but until all the material in the Royal Irish Academy has been described, we may continue to cherish the hope the hope that pieces of a more personal nature will be discovered (1911: 41).

D'fhéadfaí a thuairimiú chomh maith, go mbaineann Títle an-leas as an dán seo toisc gur dán fhíorphearsanta é. Braithimid féin fiú, go bhfuilimid ag cur aithne níos fearr ar an mórfhile de bharr an dáin seo ná thar aon dán eile go dtí seo.

Is ó Albain go dtí an Talamh Naofa a leanann an t-úrscéal ar aghaidh agus bunús na fírinne anseo mar seo mar atá sé ráite in Ó Cuív arís, 'tugaid siad le tuiscint gur chuaidh sé ar oilithreach go dtí an Talamh Naofa agus gur fhill sé slán agus gur tháinig sé ar cuaird go hÉirinn ar ball' (1961: 60) nó mar a deir Bergin:

[D]uring his exile Muireadhach Albanach visited the Holy Land. The British Museum has a copy of a poem of his written in the Mediterranean – unfortunately the text is too fragmented for this series. [It begins Fada in chabair a Cruacain] (1970: 108)



Deir Quiggan go bhfuil fianaise ann go ndeachaigh Muiríoch Albanach go dtí an Talamh Naofa freisin de bharr bisiúlachta a chuid filíochta:

The more one studies the works of these bards, the more one is impressed with the range of their attainments. They were not in holy orders and yet they must have been better versed in Latin than most of the clergy. Some of them in all probability paid visits to Highland chiefs, and may have required English and French, though we could not assume this from merely studying the sources of their compositions. And unfortunately we have evidence of continental travel in the case of one member of the fraternity alone, viz. Murray O Daly, who may have taken part in a crusade. (1911: 36)

San úrscéal, téann Mac Tíre agus Muiríoch Mac Alún in éineacht le Muireadhach Albanach go dtí an Talamh Naofa agus is léir go bhfuil fianaise liteartha éigin anseo freisin mar i ndán leis, deir Muireadhach go raibh comhluadar aige:

Do bamur ceath(r)ar; crad li(nd),  
Te(a)sta leath loch tar cuibhrind;  
Do roindeadh – is nir ced gar-  
In coindeam bec do bhamar.

[We were four; but half, alas, of our party died; the little group we were divided – and the leave taking was for no short time] (Murphy, 1953-56: 77)

Tugann Titley le fios dúinn gur maraíodh Muiríoch óg nuair a deir sé:

Maraíodh Muiríoch, fear caoin grámhar,  
Gríobh laochta gaisce-  
ghabhaonghol fuafar faoi mo chroí  
le huafás na heachtra (1993: 90).

Cén fáth mar sin go ndeachaigh Muireadhach go dtí an Talamh Naofa? Seo a bhfuil le rá ag Flower faoi:

Why did he go there? He left Ireland in 1213. In 1215 Innocent III was preaching the Fifth Crusade, which got under way in 1217. The assault was to be delivered by way of Egypt, and

the armies of Europe beleaguered Damietta on the eastern delta of the Nile. The capture of that strong place was the only achievement of the crusade. While the armies lay before Damietta, St. Francis came to the camp in the vain attempt to make peace between the warring worlds. There was a Scottish contingent with the European forces, and it may well be that Muireadhach Ó Dálaigh was with them. It is difficult otherwise to explain his presence in the Levant. It is a thrilling thought that the Irish poet may have seen the great founder of the Order which was later to have so profound an effect on Irish literature. There is no stranger possibility in history than the chance that these two passed one another among the tents on the shores of Egypt – the kinsman of the greatest religious poet of Ireland and the Tuscan saint, whose children were to transform the religious poetry of Europe and Ireland. I like to imagine them meeting – strange figures both – looking wonderingly and unknowingly on one another and going by in ignorance to their several destinies. (1947:87)

Is léir gur líon a leithéid de smaoinemh Titley leis an iontas céanna mar déanann sé cur síos ar Naomh Proinsias, is cosúil. Ní luaitear ainm an naoimh ach ón méid thuas luaite is féidir linn glacadh leis gurb eisean atá i gceist san úrscéal:

Fear naofa a bhí ag siúl na slí ó champa go campa agus sinn i mbun anléigir. Chan fhaca féin ach uair amháin é agus é tamaill uaim. Shíl mé an t-aer ar lasadh ina thimpeall cé gur mhaolaigh sé ar nimhneacht an lae. D'imigh sé sula raibh an uain agam éisteacht leis. (AFD:85)

Gan amhras, bíonn aoir éigin i gceist leis an sliocht seo sa leabhar go háirithe nuair a deir Muireadhach:

Ní hé gur thuig mé a raibh aige á rá. B'fhéidir, fiú amháin, cur ina choinne. Dúirt siad go ndúirt sé gurb í an leisce an tslí ab fhearr chun Dé. Go raibh naofacht ag brath ar an leisce. Nár cheart aon obair a dhéanamh ach ligean do Dhia tuirlingt mar a bheadh spideog i do chroí. Ní fheadar mé an mbeadh rud ar bith indéanta sa saol dá ngéillfí do na briathra sin. (86)

In ainneoin go ndéanann Titley aoir éigin anseo, fós cloíonn sé leis an eolas atá faighte aige ó na foinní éagsúla a fuair sé i dtaobh Mhuireadhaigh agus cuireann sé in oiriúint don úrscéal iad faoi mar atá feicthe go dtí seo.

Ní féidir linn a bheith go hiomlán cinnte go raibh Muireadhach páirteach sna crosáidí, agus mar thoradh, is féidir le Titley ligint lena samhlaíocht arís. Mar sin féin, leanann Titley leis i gcrúthú aimsir na linne sin go cliste agus go hinchreidte. Tá línte Laidine scaipthe anseo agus ansiúd tríd an úrscéil a thacaíonn leis an méid a deir Quiggan thuas, mar shampla, ‘vestra, viri Christum memorans mens personat heia’ agus, ‘Heia viri! Nostrum reboans echo sonnet heia’<sup>6</sup> (*AFD*: 75) Chomh maith leis sin, éiríonn le hinchreideacht an scéil sa slí is gur féidir le Titley muintir na linne sin a athchrúthú go cruinn faoi mar a shamhlóimís iad a bheith, mar shampla:

Daoine chugainn ag áiteamh orainn gur mhór an mhallacht an t-adhradh págánachta a bhí ag gabháil ar aghaidh san tír ar éirigh réalt eolais na Críostaíochta inti le linn ár Slánaitheora. Daoine chugainn i gceaicne gabhar ar chosa nochta ag insint dúinn faoin tslí ar chuir na Sáirsínigh dhubha leanaí óga ar bhior sular chaitheadar chun na leon iad. Daoine eile faoi éadaí iarainn ag tathant ar an slua ceannaithe an díola a bhualadh le stróicí de chordaí rihne mar a rinne Íosa sa teampall (*AFD*: 67).

Sa chaibidil seo, is iontach an cur síos agus, faoi mar a dúirt mé, an tsamhlaíocht atá ann de bharr na héiginnteachta a bhaineann le Muireachadh Albanach sna crosáidí. Níl mórán ar eolas againn i dtaobh an fhile maidir leis an tréimhse seo dá shaol agus níl mórán dá chuid filíochta le haimsiú sa chaibidil seo, ach feicimid go dtagraíonn Titley don Bhíobla agus do téacsanna eile na Gaeilge, ní eile a phléfear ar ball.

Chomh maith leis sin, sa chaibidil seo, castar Giolla Bríde orainn, mórfhile eile ón 13ú haois, atá curtha sa chatagóir céanna le Ó Dálaigh ag Quiggan, mar deir sé, ‘the poets of the thirteenth century beginning with Murray O Daly and Gilbride Macnamee’. (1911:13) Buaileann Ó Dálaigh le Giolla Bríde ag an Talamh Naofa in *AFD* agus tá fianaise éigin ag dul leis an méid sin mar deir

---

<sup>6</sup> Ho, men! Let answering echoes shout our Ho! Rememebering Christ friends, yet your hearts cry Ho!

Ó Cuív gur ‘labhair Muireadhach le comhfhile éigin á mholadh go ndéanfaidís araon filíocht dos na Brianaigh’ (1961: 64). Seo eolas eile a thugann Ó Cuív dúinn faoin fhile seo:

Ach a chomhoilithreach go bhfuil teacht thairis ins na dánta eile. Cérbh é an compánach so? Cá bhfios dúinn nárbh é Giolla Bríghde Albanach é, fear go raibh aithne ar Dhonnchadh Chairbreach agus ar Cathal Chroibhdhearg, agus a chuaidh uair go dtí an Talamh Naofa mar a dhein Muireadhach (1961:66).

Seo mar a chuirtear Giolla Bríde os ár gcomhair san úrscéal den chéad uair:

Agus castar na cnoic ar a chéile. File eile bhí ar an chomhluadar. Giolla Bríde a ainm. Dúirt gur fhóin do Chlann Dónaill na nOileán tamall. Dúirt féin gur fhóin do Chlann Dónaill Thír Chonaill tamaill. Chuireamar Dónallaigh agus an éigse trína chéile. Níor chomh-mheas ár mbreith orthu. (Titley, *AFD*: 97)

Ní mór an meas atá ag Muireadhach ar Ghiolla Bríde san úrscéal mar deir sé, ‘ba mhó de bhriolla gaoithe ná de Giolla Bríde é, dar liom’ (ibid.: 98). Is suimiúil an t-imeartas focail áirithe seo mar tá an méid seo le rá ag O’ Grady:

After the heading some contemporary joker writes anagrammatically: “Briolla gide [i.e leg. gaoide] albanach” but his wit is (considering out ignorance of circumstances) too subtle for translation without commentary. (1926: 336)

Seans gur thóg Titley an giota eolais faoi ndeara agus gur bhain sé féin taitneamh as féidireacht an imeartas focail seo agus gur úsáid sé é. Ní hamháin sin ach úsáideann sé masla eile atá cosúil leis sa chéad chaibidil den úrscéal nuair a deir sé leis ‘an Broclánach’:

‘Tusa giolla na gaoithe’, arsa mise, óir níor ghá a rá go rabhas le ceangal um an taca seo, ‘níl aon phuth dá dtéann poll amháin isteach ionat nach dtagann poll eile amach’ (*AFD*: 13)

Arís, feicimid go dtógann an t-údar na píosaí eolais éagsúla atá faighte aige is go gcuireann sé anseo agus ansiúd iad san úrscéal sna háiteanna is mó éifeacht, dar leis.

Deir Ó Cuív freisin, gur ‘do Mhurchadh na n-each Ó Briain a chum se an ceann [an dán] eile’ nuair a bhí sé ‘tar éis filleadh ón dTalamh Naofa’ (1961:66). Sa chuntas atá ag Bergin, deir sé:

The poet who felt the need of patronage, does not spare his flattery, comparing Murchadh to the most famous characters in Irish mythology, history and romance (1970: 108).

Baineann Titley úsáid as an eolas seo dá úrscéal agus deir Muireadhach in *AFD*, ‘Muracha na nEach a thriail mé i dtosach. Tearc each a dhiúltaíos a mhoing adeirtear agus ba mhór mo dhóchas as’ (*AFD*: 105) Tá dán eile ag Bergin, *The Palmers Greeting*, ina labhraíonn Muireadhach le Murchadh na nEach is cosúil agus is léir go ndéanann Titley athchúrsáil air seo freisin. Ach faoi mar a bhí luaite agam cheana, bíonn miondhifríochtaí idir an bhunfhoinsé agus an t-úrscéal uaireanta mar, ní ag caint le Murcha na nEach atá Muireadhach nuair a chloisimid macallaí den dán seo san úrscéal, ach le hAilis, nuair a chasann sé uirthi arís. Seo véarsa a seacht den dán:

Falmaire agus fear dána  
Labhras réd ghnúis ghealmhálla;  
Tabhair ní dhamhsa ar mo dhuain,  
Is almsa í i n-énuair.

[A plamer and a poet speaks to thy bright star and modest countenance,  
give me somewhat for my poetry – ‘tis an alms at the same time] (1970: 109)

San úrscéal ansin, tá Muireadhach ag iarraidh go gcogródh Ailis i gcluas Riocard ar a shon:

Abair leis gur palmaire mé, agus fear dána. Abair leis gur iompair mé mo chrois ar son Chríost  
in aghaidh na n-ainchreidmheach (*AFD*: 109)

Arís, úsáideann Titley blúirí agus codanna ó na dánta ar fad ach in áiteanna san úrscéal a oireann dó féin agus don phlota.

Ní fhágann turas Mhuireadhaigh go dtí an Talamh Naofa aon rian ar Ailis mar deir sí go searbhasach leis:

Nach ait go nua iad faisin chláir Éibhir. Gach file is fáidhfísí ag trial ar an talamh bheannaithe agus an filleadh ansin mar bhreis orainn (AFD: 109).

Tuigimid ansin, cé atá ag Riocard mar fhile aige cheana féin, ‘Giolla Bríde a ainm’ (ibid.:110) Is ansin go dtéann Muireadhach ag trail ar ‘Chathal Crobhdhearg mac Thoirealaigh mhóir, rí Chonnacht’ (ibid.: 111) Bheimís den tuairim go n-úsáideann Titley cuid den dán *On Cathal Redhand* (Bergin, 1970: 105-107) sa chaibidil seo nuair atá sé ag moladh Cathail go hard na spéire.

Seo véarsa 18 den dán sin:

As é an Croibhdhearg chuirfios soir na Gulla do ghabh Theamhraigh:  
an duine ní diombáidh linn  
‘ga ttiomáin uile a hÉirinn

[It is the red hand that will drive eastwards the Foreigners who have seized Tara; it were no grief to me that he should banish them all from Ireland]

Agus seo mar atá sé san úrscéal:

An rí bac chróga is ba haintréine le heascairde dá dtáinig riamh. An rí ba mhó grain agus urra ar gach leith in Éirinn. An rí is mó a rinne creach agu loscadh ar Ghaill agus ar Ghaeil a bhí ina aghaidh (AFD: 111)

Macalla eile gurb fhiú a lua ná nuair a deir Muireadhach san úrscéal gur ‘(b’) fhada an turas seo ó Chruachan’ (AFD: 112) agus seo mar atá an chéad líne agus an líne deireanach (is mar a chéile iad) den dán, ‘Fada in chabhair a Cruacain’ nó sa Bhéarla, ‘Help from Cruachain is far off’ (Murphy, 1953-55: 76).

Chomh maith leis sin, in ainneoin go ndeir Ó Cuív go mb’fhéidir nár Cathal Crobhdhearg a dúirt na focail, ‘A Mhuireadháiigh, meil do sgín go mbearram inn don ardrígh’ (1961:66), tá macallaí den fhriotail sin curtha i mbéal Chathail ag Titley san úrscéal nuair a deir sé, ‘A Mhuirígh, meil do scian, go mbearraimid sinn féin don fhírinne’ (AFD: 114).

Feicimid ó na samplaí thuas fiú go roghnaíonn an t-údar idir phíosaí eolais ó leithéidí Murphy, Flower agus Gillies, faoi mar a luaigh mé níos luaithe sa chaibidil, agus línte filíochta ó bhéal Mhuireadhaigh féin, ach go gcuireann sé in áiteanna éagsúla iad a bhíonn in oiriúint do na carachtair agus don phlota féin. Is é sin le rá go mbíonn údar an úrscéil stairiúil níos gafa le sruth scríbhneoireachta an scéil seachas aon ní eile. Agus dáiríre, sin bun agus barr seift na hidirthéacsúlachta. Seo an méid atá le rá ag Ó Buchalla, agus an ceart aige, dár ndóigh:

Oibríonn an reacaireacht ar leibhéal éagsúla – ráiteas díreach an reacaire agus ráiteas indíreach na dtagairtí liteartha. Mar sin, cruthaítear feasacht ointeolaíoch sa scéal ar na slite a dtéann toisí idirthéacsúla an téacs seo – agus gach téacs eile – i bhfeidhm ar an léitheoir (2015:212)

Anois féachfaimid ar na tagairtí d'fhoincís liteartha seachtracha atá le fáil in *AFD* agus déanfar iniúchadh ar an éifeacht atá acu siúd ar an úrscéal agus gan amhras ar conas a théitear i bhfeidhm ar an léitheoir.

## *An Idirthéacsúlacht ó fhoinsí liteartha seachtracha*

Mar a dúirt mé, feicimid nach tagairtí d'fhillíocht Uí Dhálaigh amháin atá in *AFD* ach go bhfuil an t-úrscéal breac le tagairtí ón nua-litríocht freisin, tagairtí atá 'mí-aimseartha i gcomhthéacs an úrscéil staire', dar le Ó Buachalla (2015: 199). Seift é a chuireann go mór leis an taobh meitíficseanúil den úrscéal. Go han-chliste, tugann Titley le fios dúinn go bhfuil a leithéid ar siúl aige mar i nguth Mhuireadhaigh, deir sé, '[m]inic ar m'aistear dom focail ag sleamhnú isteach i mo mheabhair nach liom iad' (1993: 72), is é sin le rá go dtugann Titley nodanna dúinn anois agus arís nuair a dhéanann sé tagairt d'fhoinsé litríochta eile nár scríobh sé féin. Deir sé freisin, in agallamh leis go bhfuil 'filíocht in *AFD*, ach is i mbéala daoine eile atá sé' (2001: 19). Gan amhras, is d'aon ghnó a phiocann sé blúirí ó shaothair litríochta eile dá úrscéal agus deir Ó Buachalla go bhfuil na 'tagairtí seo chomh líonmhar go bhfuil feidhm acu fiú mar chuid den scéal. Is úrscéal é, mar sin, a bhfuil cúrsaí liteartha mar ábhar agus mar mhodh insinte araon aige' (2015: 213). Seo an cur síos a dhéanann Mac Lochlainn ar an mbisiúlacht a bhaineann le húsáid na nua- agus na seanlitríochta in *AFD*:

Ní miste mar sin, tarraingt ar fhoinsí seanda agus ar fhoinsí comhaimseartha araon agus an t-iomlán dearg a chur i mbéal Mhuireadhaigh, amhail is go snadhmfáí le chéile gach file ó Aimhirgin go Davitt in aon phearsa amháin. (1995: 29)

Faoi mar atá luaite ag Ó Buachalla thuas is féidir a thuairimiú go ndéantar é seo mar gur 'm[h]achnamh é ar fheidhm na litríochta atá san úrscéal' (2015: 213) agus go bhfuil mórán le foghlaim ón úrscéal tábhachtach seo. Cloisimid macallaí de shaothair chomhaimseartha ó leithéidí Michael Davitt, *Cré na Cille, Lig sin i gCathú*, agus Eoghan Ó Tuairisc agus bíonn idir shúgradh agus dáiríre le fáil sna macallaí sin. Bíodh filí ag déanamh tagairtí d'fhillí eile riamh, agus bíodh



scríbhneoirí ag tagairt do scríbhneoirí eile chomh maith, agus seo a ndeir Mac Lochlainn faoin méid sin:

Is fada lucht éigse na Gaeilge ag ‘samplú’ ó shaothar a chéile, más ceadmhach dom focal ó stórchiste an rac-cheoil. Fiú amháin bhí focal ag filí na scol ar an nós. Ba ‘líne liath’ gach athfhríotal a bhainfeadh file as dán a chum file eile roimhe. Tá cosúlachtaí idir línte liatha seo agus an rud a thugtar idirthéacsúlacht air inniu (1995: 28)

Is fiú dúinn dul i ngleic leis na ‘línte liatha’ seo anois agus féachaint ar na samplaí den idirthéacsúlacht liteartha ó fhoinsí seachtracha atá le fáil san úrscéal toisc go bhfuil an idirthéacsúlacht a bhaineann le seanfhillíocht Mhuireadhaigh pléite againn. Ar an gcéad dul síos, braithimid anáil an Chadhanaigh san úrscéal go cinnte. Ní haon ionadh é sin, go bhfuil macallaí de scríbhneoireacht Uí Chadhain le fáil san úrscéal seo mar bhí meas riamh ag Alan Titley ar an gCadhanach agus tá obair scolártha déanta ag Titley air freisin. Seo abairt cháiliúil amháin an Chadhanaigh ón gcaint a thug sé ag Scoil Merriman sa bhliain 1969, *Páipéir bhána agus páipéir bhreaca*, agus é ag caint faoi thábhacht an fhocail scríofa, nuair a deir sé:

Araon nós ní hí fírinne na cumadóireacht, na healaíne, fírinne an tsaoil. Is dóigh liom gur mar sin a d’fhága chuile údar ariamh é (10)

Níl amhras ar bith ann ach go bhfuil macalla éigin ón abairt seo le haimsiú in *AFD* agus Muireadhach ag caint faoi Shorcha, bean Mhic Uidhir. Cloisimid macallaí d’fhocail chumhachtacha Uí Chadhain san úrscéal ach ní mar fhocail a thabharfadh inspioráid dúinn. A mhalairt ar fad atá i gceist nuair a adhmhaíonn Muireadhach gur maslú ar an mbean seo atá ann agus go raibh an ceart ar fad aige a leithéid a dhéanamh:

B' é ba thábhachtaí go ndéarfáí é. Cruthaíonn an rud a deirtear a fhírinne féin. Saol ann féin an rud a deirtear. Tá fírinne na héigse sa ráiteas beo. I ndealbhadh an dáin is ea an gníomh. I ndeireadh an lae is é fírinne na healaíne fírinne an scéil. (AFD: 73)

De bharr go gcuireann sé focail an Chadhanaigh bun os cionn, d'fhéadfaimis a thuairimiú, leis an scigathris seo, go bhfuil Titley ag iarraidh aird an léitheora a tharraingt ar thábhacht na healaíne agus ar thábhacht ról an ealaíontóra féin.

Braitear anáil an Chadhanaigh arís go minic i nguth Mhuireadhaigh mar, seachas a bheith ag éisteacht le friotal uasal na filíochta clasaicí, mar a bheadh súil againn leis b'fhéidir, is mó a chloisimid caint gharbh Bhriain Mhóir Cré na Cille (1949) ag teacht amach as béal Mhuireadhaigh. Seo cúpla sampla den chaint sin agus Muireadhach agus Fionn Ó Brolcháin ag argóint:

Fraochta an duine mé. Is mura mbailíonn tú féin, do thóin, do chuid geire is do chuid dreancaidí as an áit seo go beo ní beo a bheas tú lena dhéanamh (Titley, 1993: 12)

Agus:

Go dtite do chluas dheis isteach i do mhagairle clé, a ghlincín ghlágaigh (ibid.)

Lena leithéid de chaint ag teacht ó bhéal an mórhfhile seo, bímid den tuairim go bhfuil Titley ag iarraidh an gradam agus an urraim a shamlaítear le lucht na bairde a íslíú. Mar sin, cén fáth go ndéanann Titley a leithéid? Is dócha go mbeifí ag súil lena leithéid de scigmhagadh in aon phrós iar-nuaoiseach agus sa chás seo, cuireann Titley iachall ar an léitheoir a bheith ag cuimhneamh ar shlí dhúshlánadh faoi conas mar a bheadh saol na 13ú haois i ndáiríre, pé réamhthuairimí atá aige/aici. Seo a méid a deir Hutcheon faoin scigmhagadh agus ciall ag baint leis i gcomhthéacs an úrscéil seo:

Parody is the perfect postmodern form, in some sense, for it paradoxically both incorporates and challenges that which it parodies. It also forces a reconsideration of the idea of the origin or originality that is compatible with other postmodern interrogations of liberal humanist assumptions. (Hutcheon, 1988: 11)

Téann Titley níos faide leis seo sa tslí go mbíonn sé ag spraoi le hainmneacha na gcarachtar. Athraíonn Titley litir amháin in ainm ‘Ó Broilcháin’, fíor pearsa staire, stíobhard Uí Dhomhaill, faoi mar is eol dúinn, (Ó Cuív, 1961) ar mhaithe le greann agus glaonn sé ‘Ó Brocláin’ (1993: 15) air. Ligeann Titley leis an bhféith grinn atá ann agus seo é an méid atá scríofa san úrscéal faoin ‘[m]Broclánach’:

Ní mise a chuir romham an Broclánach a mharú. Fionn Brocláin a thug siad air, deirtear liom, ar scáth gur béasa an bhroic a chleachtadh sé. Ba chuma liomsa nó Slabar Ó Salacháin é, agus is ea fós. (1993: 15)

Leanann Titley air sa chéad chaibidil eile agus luann sé broc aon uair a bhíonn sé ag maslú áit nó duine. Mar shampla, deir sé faoi mhuintir Luimní gur ‘botha beaga brocacha ar bhord na habhann mar ar chónaigh an daoscar’ iad (*AFD*: 21) agus cuireann sé na daoine a bhíonn i leapacha a chéile i gcomparáid le broic freisin:

Ach ba í seo cumar an trí chine. Lochlanaigh, Normannaigh agus Gaeil i leaba a chéile. Ag cumasc ar a chéile mar a bheadh broic i bpoll. (*AFD*: 23)

Baineann Titley úsáid go mion minic as an imeartas focal in *AFD*. D’fhéadfaimis a rá go mbaineann imeartas focal le teideal an úrscéil féin fiú. Mar aon leis an teideal, deir Muireadhach gur ‘fear dána’ é go cuíosach minic tríd an úrscéal. Tuigtear dom gurb as scéal Fiannachta, *Bruidhean Chaorthainn* a thagann tagairt an fhir dhána chugainn. Seo sliocht as an scéal sin ina luaitear fear dána:

Aon do lá dá dtáinig Fionn, Fiana Éirinn do sheilg, d'fhiadhach fá Thriúcha Céad Caoinrí, fá Chríochaibh bhFear Morc ris a ráitear Í Chonail Ghabhra aniugh, do shuigh Fionn 'na dhumha shealga ar Thulach an Fhoirghleanna fris a ráitear Fearann Ua gConnail aniugh, drong d'Fhianaibh Éireann mar aon fris ann. Níor chian dóibh ann sin go bhfacadar aon óglach dá n-ionnsaighe, é mór míleanta ag teacht do láthair aga, trealamh comhdhaingean catha uime.i. cotún suaithnidh sróil, ceannbheart corrchloch mbuadhach ar a cheann & sgian dhonn dhath-álainn rena ghualainn chlí, dhá shleadh shíoth-fhada 'na láimh dheas, táinig do láthair, do bheannaigh d'Fhionn, d'Fhiannaibh Éireann, do fhiarfaigh Fionn sgéal dhe. Do ráidhsean: 'Fear dána mé' ar sé, 'táinig re dán agad-sa.' 'Is iongnadh an culadh fir ealadhna sin umad,' ar Fionn, 'i. trealamh comhdhaingean catha, culadh comhraic.' 'Giodh atá sin mar sin **is fear dána mise**' ar sé, 'tánaig re dán chugad-sa' (Ó Cróinín in Ó Coileáin et al, 2013: 489)

Ní hamháin gur fear dána ó thaobh na filíochta é Muireadhach Albanach ach duine gan scáth, gan náire atá ann freisin agus tá clisteacht san imeartas focal sin ag Titley. Bheadh réamhthuairimí rómánsúla againn, b'fhéidir i dtaobh an saghas duine a bheadh i gceist le file ón 13ú haois déag, fear uasail, béasach, b'fhéidir, faoi mar atá cruthaithe ag Máire Mhac an tSaoi san úrscéal stairiúil *A Bhean Óg Ón* (2001). Úrscéal é *A Bhean Óg Ón* ina dtagann Piaras Feiritéar, mórfhile an 17ú haois, agus príomhcharachtar an úrscéil i gcabhair ar Mheig Ruiséal i Sasana, faoi mar a chonaiceamar níos luaithe sa tráchtas. Cuirtear Piaras os comhair an léitheora mar fhile agus mar fhear uasail, séimh. In *AFD*, áfach, cruthaítear bard borb agus greannmhar agus b'fhéidir gur léiriú níos cruinne é ar fhilí na linne sin. In ainneoin nach mbaineann sé leis an 13ú haois, seo a ndeir Ó Fiannachta faoin bhfile mór le rá, Aogán Ó Rathaille, 'Aogán uasal uibreach na n-aislingí, bhí greann agus magadh ann' (1975: 135), giota eolais a thugann le fios go mbíodh magadh agus féith an ghrinn sna filí riamh. Ní haon ionadh é mar sin, go bhfuil macallaí d'Aogáin Uí Rathaille san úrscéal seo. Is léir go bhfuil spéis chomh maith ag Titley in Ó Raithille mar i gcnuasach gearrscéal leis, *Eiriceachtaí agus scéalta eile* (1987), tá gearrscéal ann bunaithe ar fhilíocht Uí Raithille, 'An File ar Leaba a Bháis'. Tá cosúlachtaí idir an gearrscéal seo agus *AFD* sa tslí gur machnamh ar

nádur na healaíne trí aigne Aogain Uí Rathaille, agus é ag deireadh a shaoil, faoi bhráca, atá ann. Cosúil leis *AFD* tá iliomaid macallaí liteartha sa ghearrscéal go háirithe as filíocht Uí Raithille. D’fhéadfaimis a thuairimiú, b’fhéidir gur cineál *pastiche* atá sa ghearrscéal sin, ‘An File ar Leaba a Bháis’ don úrscéal stairiúl, *An Fear Dána*.

Seo pointe eile a luann Ó Fiannachta i dtaobh an mhagaidh a bhíodh i bhfilí le linn na MeánAoiseanna:

Bhí sé ina nós coitianta ag uaisle agus ag lucht léinn san Eoraip óna MeánAoiseanna anuas bréagcháipéisí agus litreacha magúla a scríobh chun a chéile; bhí geocaigh na n-uasal an-chleachtaithe ar an nós (1975: 135).

Faoi mar a luaigh mé, tá féith an ghrinn go láidir i Muireadhach mar thoradh ar na macallaí de shaothair litríochta éagsúla a thagann as a bhéal. D’fhéadfaimis a thuarimiú mar sin, go mbaineann Titley úsáid as seift na hidirthéacsúlachta sa slí seo, ní hamháin, chun gné stairiúil an úrscéil a chur as a riocht ach chun scigmhagadh na mbard thar na blianta a léiriú dúinn chomh maith.

Is iomaí slí atá ag Titley chun plé leis an bhfilíocht san úrscéal seo. Uaireanta, bíonn giotáí ann ó shaothar litríochta éigin focal ar fhocal, ach feictear é sin níos mó agus é ag plé saothar Mhuireadaigh féin. Ach é ag plé téacsanna seachtracha, tá sé de nós aige ‘sleachta a thabhairt focal ar fhocal ach i gcomhthéacs atá difriúil amach is amach le hócáid a gcéad chumtha’ (Mac Craith, 1996:38). Uaireanta eile, díreach ‘is breá leis scigaithe a dhéanamh ar mhúnla dáin aitheanta’ (ibid.). Arís, is léir go ndéanann sé é seo chun go mbeimís ag cur is ag cúiteamh faoi fheidhm na litríochta sa scéal seo, nó go ginearálta, b’fhéidir. Tá roinnt samplaí eile den idirthéacsúlacht sheactrach le fáil in *AFD* pléite ag Mac Craith in alt aige agus b’fhiú dom iad sin a phlé chomh maith mar thacaíonn said leis an bpointe atá á chur in iúl, sé sin, go bhfuil feidhm na litríochta á

cur as a riocht ag an údar. Aithníonn sé go bhfuil tagairtí d'fhilíocht Aogáin Uí Rathaille, faoi mar atá díreach luaite agam, mar shampla seo líne ón dán, *Is fada liom oíche fhírfhliuch*:

Is fada liom oíche fhírfhliuch gan suan, gan srann  
Gan ceathra, gan maoin caoire na buaibh na mbeann (in Ó Tuama, 1981: 140)

Déanann Titley aithris air seo agus é ar teitheadh ó na Dónallaigh:

B'fhaoiseamh dúinn gach oíche fhíorfhliuch, gach uain, gach eang. Ba dhíon dúinn gach críoch braonúr, gach bean fionn (1993:19-20)

Tá macalla eile de na línte seo i ndán Uí Rathaille, Vailintín Brún, 'Do leathnaigh an ciach diachrach féim sheana-chroí dúr' (in Ó Tuama, 1981: 161), nuair atá Muireadhach ag maslú Sorcha arís, 'Leathnaigh an ghile chíochrach thar a leathanphus mhór' (1993: 32). Is sampla é sin den scigáithris ar dhán atá so-aitheanta, is dócha. Is iontach spéisiúil an magadh leanúnach atá le fáil tríd an úrscéal mar 'dá fhaid a théann Titley ón mbundán san aithris mhagúil a dhéanann sé air is ea is mó a cheistíonn sé coincheap na filíochta féin' (Mac Craith, 1996: 38). Gan amhras, ní gan cúis a bhfuil na tagairtí liteartha seo san úrscéal, sé sin le rá go bhfuil an seanchóras liteartha curtha bun os cionn ag Titley d'aon ghnó agus mar thoradh ar an méid sin bímid ag ceistiú tábhacht na filíochta agus na litríochta. Léiríonn Mac Craith dúinn go bhfuil feidhim áirithe in *AFD* agus macallaí ann ó *Religio Poetae* (1961) le hEoghan Ó Tuairisc, 'an téacs naofa canónda maidir le feidhm an fhile i saíocht na Gaeilge', dar leis (1996: 34). Deir sé freisin:

Séard is bun agus is aidhm don fhilíocht ná an nasc idir an saol dofheicthe agus an saol sofeicthe a dhéanamh idir an fhoirm agus an t-ábhar. (ibid.)

Níl amhras ar bith ann go bhfuil a leithéid le feiceáil in *AFD*, sé sin, go mbíonn idir ábhar agus foirm an úrscéil doiléir uaireanta, nó ní bhíonn ról Mhuireadhaigh róshoiléir ach oiread agus is

dócha go bhfuil Titley ag iarraidh ár n-aird a tharraingt ar a leithéid de choincheap, sé sin chun a thaispeántú dúinn, ‘an difríocht [atá] idir an íomhá an fhile mar a chruthaíonn na tráchtairí í agus tuairisc an fhile féin ar a ghairm’ (Mac Craith, 1996: 34). Seo an íomhá a chuireann Ó Tuairisc os ár gcomhair in *Reiligio Poetae agus aistí eile* agus é ag cur síos ar an tslí ar a cuireadh file síos ar mnhá:

Dá mbeadh cailin deas sráidbhailteach le moladh, bhronnadh sé áilleacht na háilleachta uirthi, chonaic sé inti bean shíoraí. Éabha, Afraidité ag éirí ó chúir gearmnaí na mara, plúr na maighdean ómra, an virgo ina samhail agus ina archetype i gcroí gach fir istigh. Iníon álainn Choinn Uí Néill, an pabhsae gléigeal. (1961: 4)

Agus seo an chaoi a gcuireann Muireadhach Albanach an múnla sin go hiomlán bun os cionn san úrscéal agus é ag caint faoi Shorcha, bean Mhig Uidhir, a luaigh mé níos luaithe:

Ba ghá ar uaire cúpla rann a chaitheamh ar fud na gcos lena bhean dá mbeadh sí i láthair agus dá mbeadh siad ag réiteach le chéile. Thugainn Sorcha bhéildearg an fhial ionraic uirthi, glanfhéag na gciabh coinnealach agus ábhar éigin ina dhiaidh sin ar a taobh tláth trombhog, ar a troigh thana. Ba chuma dáiríre fad is a bheadh an fhíodóireacht agus an bhróidnéireacht i gceart. Táipéis an dáin ar féidir pictiúr nó scéal ar bith a dhealbhadh air nó a inint ann. Níorbh fhíor riamh go raibh troigh thana nó sail chorrgeal ar Shorcha. Dá bhfeicfeá í!

Ba chosúla le blogh geire í a phiocfá aníos as tóin phota mhúiceola i ndeireadh oíche. Ba chosúla le meacan bog buí í a d’fhágfá amach i gcomhair na gcon mar fhuill fleá. Ba chosúil le bróg míchumtha í a raibh luchóg dulta i ngaiste ann gan teacht as.

Ba chuma. Leathnaigh an ghile chíochrach thar a leathanphus mhór nuair a deirtí an ran. Leathnaigh an gáire póite thar a donnfhiacla maola nuair a chloiseadh sí mo chuid. Leathnaigh an t-aoibhneas i gcúinní iomadúla a hascaillí nár theagmhaigh an t-aoibhneas riamh leo roimhe sin nuair a chuaigh an friotal i bhfeac.

Ní hé gur chreid sí a raibh á reacaireacht againn léi. Ní mó ná sin a chreid an plobaire de chéile a bhí aici siolla dár seoda múin. Maith mar a thuig siad an cluiche. Fearr fós mar a thuigeamarna é. (31-32)

Faoi mar a luaigh mé, tugann Ó Tuairisc cur síos ar an gcaoi go mbíodh filí claisiceacha ag moladh áilleacht na mban ach a mhalairt ar fad atá ar siúl ag Titley. Ar shlí greannmhar, maslaíonn sé an bhean bhocht seo, Sorcha. D'fhéadfaimis a thuairimiú fiú, go ndearna Titley í a mhaslú d'aon ghnó chun tuairim Uí Thuairisc a chur bun os cionn. Tá Mac Craith den tuairim go maith go bhfuil 'greann níos liteartha' anseo aige agus go mbeadh roinnt réamheolais ag teastáil chun go mbraithfeá an éifeacht ina hiomláine (1996:34).

Athúsáideann sé an greann fiú, nuair a fheicimid go bhfuil idirthéacsúlacht ann ó *Chúirt an Mheon Oíche* (Merriman, 1789). Baineann na línte seo in *Cúirt an Mheon Oíche* le ceann de na heachtraí is greannmhair sa Chúirt nuair a shaolaítear leanbh fir don simpleoir nuaphósta oíche na bainise féin agus deir siad:

Míle moladh le Solas na Soilse,  
Bíodh nách baileach a d'aibigh an chré seo;  
Chímse an t-athair 'na sheasamh 'na chéadfa. (ibid. 542-44 :33)

Déanann Muireadhach Albanach aithris ar an gcuid seo nuair a saolaítear mac dó:

Coinníodh taobh amuigh den seomra mé agus gach suas síos agam. Chomh leochaileach le sliogán a chaithfí suas ar chladach sheas mé lasmuigh den doras san iarnóin. Clingeann an croí i bhfad istigh go heaglach is baineann macalla as na seomraí móra im chomhair

.  
Ansin gan choinne an challóid anfach scólta agus an doras ar an bheatha ar oscailt. An mus anon go dtí an leaba ina raibh an bhunóc ceagailte agus bean an tí ina luí go hálainn mar a bheadh banríon an tsaoil mhóir gan fhreasúra.



Phóg mé go dil í agus ghlac an leanbh i mo bhaclainn.

**‘Míle moladh le Solas na Soilse’** arsa mise go hard agus arís in íochtar domhain mo chroí. Bheir sé greim orm lena láimhín beag agus d’oscail súil dhorcha amháin ar a athair agus ar an saol. Ba mhór an tabhartas ó Dhia é leanbh mic eile tar éis na beirte a tugadh uainn. Ní fhéadfainn a ra go bhfaca mé Cairbre ná Anluain ann ach is cinnte go ndúirt an comhlúadar **go bhfaca siad a athair ina sheasamh ina chéadfaí** (Titley, 1993: 45-46)

De bharr na hidirthéacsúlachta seo, agus aoir a bheith á déanamh d’aoir aige, tá sé an-shoiléir go bhfuil Titley ag cur idir litríocht na Gaeilge agus an stair féin as a riocht, rud a dhéanann sé go cliste. Tuigeann sé agus tuigimid, gur ealaíon dá chuid féin atá sna tagairtí éagsúla agus tá níos mó le rá ag Mac Craith faoi seo:

Tá bealaí difriúla ag Titley chun plé leis an bhfilíocht san úrscéal seo. Uaireanta tugann sé sleachta focal ar fhocal gan aon athrú a dhéanamh orthu. Seo mar a chaitheann sé le saothar Mhuirígh Albanaigh féin agus le formhór na ndánta a luann sé... Tig leis chomh maith sleachta a thabhairt focal ar fhocal ach i gcomhthéacs atá difriúil amach is amach le hócáid a gcéad chumtha, faoi mar a chonaiceamar thuas le *Cúirt an Mheon Oíche*. (1996: 38)

Admhaíonn Nic Dhiarmada chomh maith gur téacs scigaitheúil spraoiúil liteartha é *AFD*, ‘ina dtugann Titley saiteáin do thuairmíocht áirithe i leith filí agus filíochta’ (1994: 31). Ní hamháin sin ach bíonn Titley ag spocadh as téacsanna naofa chomh maith san úrscéal seo. Feicimid go ndéanann sé aithris scigiúil ar an gcuid is cáiliúla de *Lúireach Pádraig*:

Críost liom

Críost romham

Críost I mo dhiaidh

Críost ionam

Críost ar mo lámh dheas

Críost ar mo lámh chlé

Críost i mo chuideachta

Is cuma cá dtéim  
Críost mar chara agam  
Anois is go buan (in uí Bhraonáin, 2008: 16)

Agus seo mar atá sé ag Muireadhach agus é ag caint faoin a mhac nuashaolaithe:

Mhóthaigh mé go raibh Dia liom, go raibh an saol romham, an dochracht im dhiaidh, an éigse ionam, an léann fúm, an tinfeadh os mo chionn, an cheird arm o lámh dheis, an Taoiseach mar a luigh mé síos mo chairead mar a shuigh, an compord mar a d'éirigh, an t-éad i gcroí gach duine a labhair liom, an meas I rosc gach duine a d'fhéach orm, an t-ómós i gcluais gach duine a d'éist liom (1993: 46).

Deir Mac Craith freisin go mbaineann Titley úsáid as macalla ó na scríoptúir, 'Soiscéal Eoin, 19: 26-27' (1996: 37) nuair a deir Muireadhach sa sliocht céanna, 'A bhean, sin é do mhac' le Maol Mheá, 'A mhic, féach do mháthair', leis an leanbh' (Titley, 1993: 46) Anuas ar sin, cuireann Muireadhach é féin i gcomparáid le Críost go minic chomh maith mar shamplaí, 'ar nós Críost ar a chroch bhí táirní arís trí mo lámha' (110) agus '[m]hóthaigh mé pian im chliabh ón bhuille san áit ar ghoin an saighdiúir ár Slánaitheoir' (135). Neartaíonn na tagairtí ó théacsanna naofa increideacht an úrscéil, dar liom, mar cuid mhór den saol é an creidimh ag an am sin, agus gan amhras tá an Bíobla ar cheann de na saothair mhór litríochta dá bhfuil ann. Ina theannta sin, eachtra an-mhór a bhí sna crosáidí sa 13ú haois agus eachtra an-mhór san úrscéal é freisin. Is cinnte go bhfuil Titley ag iarraidh ár n-aird a tharraingt ar chúrsaí creidimh, maraon leis an bhfilíocht agus an litríocht féin, mar tá an tuairim ann gur ó Dhia a fuair filí na linne bua na héigse. Mar shampla seo an cómhra a bhíonn ag deireadh an úrscéil idir Mac Tíre agus Muireadhach a phléann cumhacht Dé:

‘Giolla mé’, ar sé. ‘Fónaim do cibé duine a oireann. File tusa. Fónann do cibé tiarna a oireann duitse. Tiarna é Ó Dónaill. Fónann do cibé rí a chaitheann. Agus an rí, fónann sé do cibé Dia atá thuas’ (AFD: 127).

Leanann Titley ar aghaidh áfach ag déanamh scigaitis ar scríbhneoirí agus filí araon. Seo dhá shampla eile ina mbraitear féith an ghrinn san úrscéal. Ar an gcéad dul síos, déanann an t-údar aoirden chuid seo de *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*:

Is domhsa nárbh aithreach: Chuiris párlús á ghealadh dhom  
Rúmanna á mbreacadh dhom.  
Bácús á dheargadh dhom.  
Bricí á gceapadh dhom.  
Rósta ar bhearaibh dhom.  
Mairt á leagadh dhom;  
Codladh i gclúmh lachan dom  
Go dtíodh an t-eadartha  
Nó thairis dá dtaitneadh liom (in Ó Tuama, 1981: 200)

Seo mar atá sé ag Muireadhach, agus é féin, Mac Tíre agus Muireadhach Mac Alún ar tóir an Talamh Naofa:

Níor mé b’aithreach. Cuireadh dánta á ndéanamh dom, friotal á dhealbhadh dom, tuiscint á soiléiriú dom, comhardaí i gceangal dom. (1993: 68)

Cloisimid macallaí ó shaothar an Ríordánaigh freisin san úrscéal seo, agus ar an véarsa seo den dán aige, *Adhlacadh mo mháthair*:

D’fhéachas sa treo eile, bhí comharsa ag glanadh a ghlúine. D’fhéachas ar an sagart is bhí saoltacht ina ghnúis. (2008: 16)

Agus seo mar atá sé ag Titley san úrscéal agus na Dónallaigh ag iarraidh Muireadhach a chrochadh:

D'fhéach mé ar Dhónal is bhí a aghaidh chomh liath le cloch. D'fhéach mé ar Mhac Tíre is bhí smuile ina ghnúis (1993: 124).

Tagann Titley ar ais chuig an Ríordánach arís ach le dáiríreacht éigin an uair seo mar tagraítear d'abairt i réamhrá *Eireaball Spideoige* (1952). Tosaíonn Ó Ríordáin leis an abairt; 'Cad is filíocht ann?' (9) agus is é a deir Muireadhach ná:

Cad is paidir ann? Foirfeacht filíochta? Cuireann tú do gathanna díot isteach san doircheacht agus n'fheadair aon duine cá sroichfidh siad. Sireann tú lámh nach dteagmhaíonn choíche leat. Tá an fhoirfeacht agus an ciúnas chomh dothadhaill sin go bhfuil siad i gcónaí fad urchair uait. (118)

Le hathrú an fhocail 'filíocht' go 'paidir', ardaítear ceisteanna móra na healaíne, agus an chreidimh, arís san úrscéal. Ní féidir linn a bheith cinnte cad ina thaobh go roghnaíonn Titley saothair áirithe thar aon saothar eile ach b'fhéidir gurb fhiú dom alt leis a lua a scríobh sé bliain sular foilsíodh *AFD*, 'Clocha Saoirsinne agus Bláithíní an tSléibhe' (1992: 40-42) San alt seo cuireann sé roimhe an méid seo, sé sin, 'an coibhneas neamhchoitianta agus an meáchan mínádúrtha idir an fhilíocht agus an próis sa Ghaeilge a mheas go fuarchúiseach' (ibid.). Bheifí den tuairim go bhfuil an rud céanna ar siúl aige san úrscéal seo, sé sin go bhfuil Titley ag déanamh an phróis a mheas trí bhéal file agus an fhilíocht a mheas i bhfoirm próis chun an dá rud a shní le chéile agus an idirthéacsúlacht aige mar uirlis chun é sin a dhéanamh. Is tríd an bprós agus tríd an bhfhilíocht is fearr a thuigimid fírinne an tsaoil, rud a phléfear sa chéad chuid eile den tráchtas. Seo í an fheidhm phroifisiúnta atá ag Muireadhach agus féachann sé ar an bhfilíocht mar rud a bhfuil feidhm phraiticiúil aici i saol na ndaoine, go háirithe dó féin. Seo a bhfuil le rá ag Ó Buachalla:

Ceistíonn sé an rud is fírinne ann fiú i gcomhthéacs a fhaoistine leis an mbráthair ina gcuirtear iallach air an fhírinne a insint: “Dá gcuirfí trí huairé mé faoi chlais na tine nó go ndéanfaí luaith agus mín díom ní mé an bhféadfainn déanamh suas leis an fhírinne seo agat. Idir na ranna atá an fhírinne an té a loirgeodh é” (9). Ní hé nach bhfuil meas aige ar an bhfilíocht ach tuigeann sé gurb é nádúr na filíochta le bheith ag cruthú saolta neamhréalaíochta eile (2015: 208)

Is spéisiúil an rud é go n-úsáideann Titley saothair litríochta ón mBéarla chomh maith san úrscéal. Nuair atá Muireadhach agus a chompánaigh ar an turas go dtí an Talamh Naofa agus iad ag trasnú na Meámhara, casann Muireadhach ar Ghiúdach agus iad ar bord na loinge. Deirtear faoi go raibh sé “ag iarraidh a phunt feola a thuilleamh ar an taobh eile den loch” (76). Is tagairt é seo den chéad mhír de *The Merchant of Venice* le Shakespeare, nuair a deir an Diúc leis an nGiúdach, Shylock:

And where thou now exact'st the penalty,  
Which is a pound of this poor merchant's flesh (in Brown, 1997: 104)

Chomh maith leis sin, ar an mbád, deir an Giúdach leo go ndéanfadh sé aon rud ina dteannta leo seachas ithe agus ól agus is cinnte go bhfuil sé seo tógtha ó *The Merchant of Venice* freisin nuair a deir Shylock:

I will buy with you, sell with you, talk with you, walk with you and so following but I will not eat with you, drink with you, nor pray with you (23)

Agus seo mar atá sé ag Titley:

Dúirt go raibh bean agus clann aige chomh maith linne. Go gceannódh linn, go ndíolfadh, go labharfadh, go siúlfadh agus mar sin de inár dteannta, ach nach n-íosfadh is nach n-ólfadh linn (76)

Is iontach spéisiúil an tagairt seo ó *The Merchant of Venice* toisc go bhfuil aoir éigin le brath ann. Sa chomhthéacs seo tá an méid seo a leanas atá le rá ag Ó Fiannachta spéisiúil: ‘le neart traidisiún na haoire agus na crosántachta sáraíonn na filí Gaeilge Shakespeare’ (1975: 140). B’fhéidir gurb é seo an tuiscint atá ag Titley ar an scéal agus focail Shakespeare á chur aige i mbéal Mhuireadhaigh. Chomh maith leis sin, tá sé suimiúil gur úsáid Titley téacs Shakespeare in ainneoin gur scríobhadh é beagnach ceithre chéad bliain tar éis na n-eachtraí in *AFD*. Is dócha go bhfuil sé ag cur agus cúiteamh faoi cheist na litríochta go ginearálta, i ngach teanga, anseo. Luann Ó Buachalla tagairt eile ó litríocht an Bhéarla atá le fáil san úrscéal:

Sa tslí chéanna, deir Muireadhach faoin am a bhí sé san Éigipt: “Fear atá ag dul in aois nach suarach an cás é mura bhfuil aisling aige a thugann air bosa a anama a bhualadh agus canadh go hard” (95). Is tagairt í seo do *Sailing to Byzantium* le William Butler Yeats: “An aged man is but a paltry thing, / A tattered coat upon a stick, unless / Soul clap its hands and sing, and louder sing”. Baineann an sliocht seo le háit sa scéal ina bhfuil Muireadhach bréan den suarachas agus den truaillíocht san Éigipt. (2015: 200)

Tá tagairt spéisiúil eile san úrscéal agus d’aithneofaí é mar thagairt don dán cáiliúil seo le Michael Davitt, *Ó Mo Bheirt Phailistíneach*:

Bhrúigh mé an doras  
oiread a ligfeadh solas cheann an staighre  
orthu isteach:  
na héadaí leapa caite díobh acu  
iad ina luí sceabhach  
mar a thiteadar:  
a gúna oíche caite aníos thar a mása  
fuil ar a brístín lása,  
as scailp i gcúl a cinn  
a hinchinn sicín ag aiseag ar an bpiliúr,  
putóg ag úscadh as a bholgsan

mar fheamainn ar charraig,  
ae ar bhraillín,  
leathlámh fhuilthéachta in airde.

Ó mo bheirt Phailistíneach ag lobhadh sa teas lárnach. (1983: 29)

Seo an sliocht san úrscéal a bhfuil tagairt don dán agus Muireadhach sa Talamh Naofa:

Leanaí ógra ina smola dóite ar fud póirsí is áirsí. Páistí ar bior faoi spéartha Dé agus gan aon chuma air go raibh Ala ábalta ar iad a chosaint. A gcuid éagnach gan freagairt ar fhóirneart shlua Chríost... B'fhéidir gur anseo a chonaic mé an bheirt ógánach **agus na héadaí leapa caite díobh acu, iad ina luí sceabhach mar ar briseadh orthu. A ngúnaí oíche caite aníos thar a mása, fuil ara ngabhal. As scailp i gcúl a gcinn, a n-inchinn sicín ag aiseag ar dheannach sráide. Putóg ag úscadh as a mbolg mar fheamainn ar charraig.** (92)

Pléann Mac Lochlainn úsáid an dáin seo in *AFD* agus seo an méid atá le rá aige ina thaobh:

Ba scannal mórálta a spreag Davitt chun gach radharc is gránna ná a chéile a charnadh ina dhán. Ní hé sin ag Muireadhach é. Tugann Davitt le fios go mbeidh íomhánna seo an uafáis greanta ina chuimhne go dté sé faoin bhfód. Insíonn sé cén áit, cén data, a chonaic sé an slad. Is beag nach bhfuil dearmad déanta ag Muireadhach air cheana féin. B'fhéidir nach bhfaca sé ar chor ar bith é. Tá cuspóir an dáin curtha as a riocht go huile is go hiomlán, agus ní amháin chun go léireofaí an chaolaigeantacht agus an díograis mharfach chreidimh a bhí i réim in aimsir Mhuireadhaigh. (1998: 29)

Sin an cur síos a dhéanann sé ar a thimpeallacht in Iarúsailéim nuair a 'scoileadh na hoilithrigh' isteach. (*AFD*: 91) Mar sin cén tábhacht a bhaineann leis an tagairt seo? B'fhéidir gurb é atá i gceist aige a thaispeáint ná nach mór idir inniu agus inné agus go mbaineann sé amach aidhmeanna an úrscéil stairiúil mar thoradh. Míníonn Hawthorn go soiléir an fáth go mbíonn an idirthéacsúlacht le feiscint chomh minic sin sa litríocht, agus is oiriúnach an míniú atá aige, go háirithe i gcás tagairt dháin Davitt in *AFD*:

[T]he effect is to move us in and out of real-world and fictional-world realities whilst simultaneously moving us between two interlinked but nonetheless differing texts (1992: 104)

Tá an cur síos ar an Talamh Naofa an-chliste freisin go háirithe nuair a fheiceann Ó Dálaigh moncaí don chéad uair:

Draothadh maíteach uaidh i dtreo muintir na sráide, agus a mhagairlí á dtochas aige lena láimh eile (1993: 93).

Is tagairt é seo de shaothair eile Uí Thuairisc, *Dé Luain*, ‘i nGarraí na nAinmhithe i mBaile Átha Cliath’ (Mac Craith, 1996: 38) agus seo mar atá sé ag Ó Tuairisc:

Scaoil sé draothadh maíteach ina dtreo, thochais a mhagairlí leis an láimh eile, rinne gnúsachtach (1966: 89)

Tá sé soiléir go n-ardaíonn *AFD* mórán ceisteanna mar gheall ar fheidhm agus ar thábhacht na litríochta agus an tionchar atá aige orainn. Is cinnte freisin go mbaineann Titley lánearraíocht as an idirthéacsúlacht chun na ceisteanna seo a chur agus chun tuairimí an duine a chur ar seachrán, b’fhéidir. Bíonn Titley ag spochadh as tuairimí an léitheora, as feidhm na litríochta mar atá sé ar eolas againn go dtí seo, agus gan amhras bíonn sé ag spochadh as cúrsaí staire agus an aimsir atá caite. B’fhéidir go leagann Mac Craith a mhéar ar oighear an scéil leis an gceist seo a leanas:

An amhlaidh nach bhfuil de chuspóir ag maithe móra na litríochta idir ealaíontóirí agus léirmheastóirí araon, Titley san áireamh, ach moncaithe a dhéanamh dinn ar fad! (1996: 38)

Ceist eile a iniúchaíonn sé ná:

[C]én difríocht atá idir bunchumadóireacht Uí Rathaille agus scigchumadóireadh Thitley, idir bunchumadóireacht Eibhlín Dhuibh agus scigchumadóireacht Titley? (1996: 38)

Leanann sé air ag ardú na ceisteanna mhóra seo:



Cé hiad na móir a leagann síos na rialacha? Céard iad na slata tomhais a bhíonn acu? Cén cineál údaráis atá ag na móir le bheith in a móir sa chéad áit? An amhlaidh nach bhfuil sa litríocht i ndeireadh na dála ach constráid agus córas treallach? (ibid.)

Ní bhraitheann ár dtuiscint ar an litríocht, ar an bhfilíocht, ar an gcreidimh nó ar an stair ar aon mhórscribhneoir, mhórfhile no mhórstaráí. Braitheann gach aon téacs ar chóras leathan idirthéacsúlachta agus faighimid amach go bhfuil smaoineamh no tuairim úrnua ag gach aon cheann acu agus go dtacaíonn téacs amháin téacs eile i saol mór na litríochta agus ní dócha go bhfuil aon fhírinn nó freagra simplí ann a mhíneodh a leithéid dúinn. Fúinn féin atá sé b'fhéidir ár gcinneadh féin a dhéanamh ar fheidhm na litríochta, agus sa chás seo, aidhm Titley in *AFD*.

Tá tuairim Umberto Eco, an scoláire cáiliúil, spéisiúil sa chomhthéacs seo:

I had thought each book spoke of the things, human or divine that lie outside of books. Now I realized that not infrequently books speak of books: it is as if they spoke among themselves. In the light of this reflection, the library seemed all the more disturbing to me. It was then the place of a long, centuries-old murmuring, a imperceptible dialogue between one parchment and another, a living thing, a receptacle of powers not to be ruled by a human mind, a treasure of secrets emanated by many minds, surviving the death of those who had produced them or had been their conveyors. (1998: 286)

Ba dheacair d'éinne againn na tagairtí ar fad a d'úsáid Titley san úrscéal stairiúil seo a aimsiú agus bheadh sé níos deacra fós b'fhéidir, freagra a fháil ar an gceist leanúnach a chuireann sé go fineálta faoi cad is litríocht, filíocht agus file ann? Mar sin féin, san aiste úd a scríobh Titley, a luaigh mé níos luaithe, 'Clocha Saoirsinne agus Bláithíní an tSléibhe', seo a ndeir sé féin, agus is oiriúnach é i gcomhthéacs an úrscéil seo:

I ndeireadh an lae agus na feide, is é file ann ná duine ar bith a bhfuil rud éigin le rá aige agus a deireann go healafonta é. Níor ghá gur i bhfoirm véarsaíochta a déarfaí é. File a thug Seosamh Mac Grianna air féin i gcónaí. File ab ea Tomás Ó Criomhthain nuair a scríobh sé prós;

prácásaí, nuair a bhreac sé filíocht. Tarlaíonn go bhfuil cuid den saothar is fearr á dhéanamh sa Ghaeilge faoi láthair i bhfoirm filíochta. Ach sin toisc gur scríbhneoirí is ea lucht a chleachtaithe a bhfuil fios a gceirde acu. Níl aon difir idir an file ar scríbhneoir é agus an scríbhneoir ar file é, nó má tá, bheinn buíoch de dhuine éigin é a chur ar mo shúile dom. (1992: 55)

Mar sin, is cinnte gur scríbhneoir próis agus file Alan Titley in aon dorn amháin é. Mar sin féin, creideann Titley gur próis-scríbhneoir é, de réir nádúir agus cé gur bhuaigh sé Duais Oireachtais don Dán Fada i 1971, ‘scar sé leis an bhfilíocht go luath ina shaol toisc gan fhéith na liriciúlachta a bheith ann’, dar leis féin (Ní Chléirigh, 1990: 21). Is cinnte go bhfuil rud éigin iontach tabhachtach le rá ag an údar san úrscéal seo agus tuigtear dom go n-impíonn sé orainn ceisteanna a chur faoin stair, faoin litríocht agus faoin bhfilíocht araon san úrscéal seo. Is ríléir go bhfuil sé de dhualgas ar an léitheoir, teacht ar chonclúid éigin maidir leis na nithe thuas agus an fhírinne iontu a lorg. Sa chéad chuid eile den chaibidil seo, pléifear lorg na fírinne seo in *AFD*.

The role of great writers, in other words, is like that of great scientists, they are both *discovers of truth* (Allport, 1941: 214)

Is é a bheidh sa chuid seo den trachtas ná plé ar choincheap na fírinne in *AFD* mar bíonn lorg na fírinne mar théama lárnach tríd an úrscéal seo. Faoi mar atá luaite agam go minic anois, is meascán den stair agus den cheapadóireacht atá i seánra an úrscéal stairiúil. Is ionann é sin agus a rá, mar sin, go bhfuil idir fhírinne agus chur i gcéill ann chomh maith, nó mar dúirt mé cheana, go bhfuil idir shúgradh agus dáiríre ann. Ní hamháin sin, ach deir Mac Cóil, go paradascúl agus é ag trácht ar ealaíon an úrscéal stairiúil, b'fhéidir, 'go bhfuilimid ag plé leis an bhfírinne i gcónaí, fiú agus muid ag insint bréaga' (2006:115). Is dócha go bhfuil sé de dhualgas ar an léitheoir an fhírinne a lorg, pé léamh atá aige/aici ar an rud is fírinne ann, in úrscéalta stairiúla na Gaeilge. Is fiú an méid seo a deir Ó Conaire faoin bhfírinne a lua chomh maith, mar is dócha gur féidir é a chur i gcomhthéacs an úrscéil seo, agus gan amhras in úrscéalta stairiúla go ginearálta:

[níl] aon fhírinne absalóideach ann, ná aon bhréag absalóideach ann ach an oiread i gcúrsaí litríochta ar chuma ar bith. Má nochtaíonn an t-údar aon chuid faoi leith den saol, de réir a éirim aigne agus a chroí féin, gan beann aige ar mholadh ná ar cháineadh aon duine eile, beidh an fhírinne i saothar an duine sin. Má dhéanann sé a mhalairt ... ar ghaineamh na bréige a bheas a sheasamh (in Denvir, 2003: 3)

Tuigtear dúinn gur chuir Titley faoi *AFD* a scríobh agus é beag beann ar mholadh ná ar cháineadh aon duine agus d'fhéadfaí a thuairmiú b'fhéidir, maraon leis an taighde a rinne sé, go bhfuil an lomfhírinne (nó an tuairim atá aige féin air), le brath san úrscéal dá bharr.

Gan amhras, ní féidir leagan amháin a chur ar an bhfírinne chéanna seo, sa tslí chéanna is nach féidir aon leagan amháin a chur ar an stair. Tá sé ar cheann de na paradacsaí is dúshlánaí dá

bhfuil againn i seánra an úrscéal stairiúil, sé sin nach féidir linn leagan cinnte den stair a bheith againn, agus tá an fhírinne díreach mar an gcéanna; níl aon léamh amháin uirthi. Luann Mac Cóil Thucydides, an staraí sinsearach, a bhí ar an bhfód fadó, agus bhí an tuairim ann gur thóg sé scríbhneoireacht na staire céim níos faide ar aghaidh sa tslí is nár scríobh sé díreach ‘le fáil amach céard a tharla, ach fiosrú a dhéanamh ar na cuntais féin féachaint an raibh said fíor nó cén fhírinne a bhí iontu’ (Mac Cóil, 2006: 114). Mar sin, conas is féidir linn an fhírinne a thomhais ón rud nach bhfuil fíor, ní hamháin san úrscéal seo ach in úrscéalta stairiúla go ginearálta? Tá réiteach an-simplí ag Mac Cóil (dar leis féin) ar an deacracht seo a thugann le fios b’fhéidir, nach gá dúinn aon deighilt in aon chor a dhéanamh, mar deir sé ‘go bhfuil sé ceart go leor bréaga a insint fad is go gcuirimid in iúl gur bréaga iad’ (2006: 116). Feicimid in *AFD* go bhfuil an focal ‘fírinne’ luaite go mion minic tríd síos agus go n-adhmhaíonn Titley, (nó Muireadhach b’fhéidir), go bhfuil bréaga áirithe á n-insint aige freisin, faoi mar is léir ó na samplaí seo:

Adhmhaím gur chuireamar leis an mbréag. Ach nárbh shin é ár ngnó? Cad eile atá sa dán ach bréag? Agus is mian leatsa gurb í an fhírinne a fhaisnéiseoinn anois? (*AFD*: 9)

Faraoir nach í an fhírinne lom a bheas ann, áfach. Ní féidir go bhfuil a leithéid ann. D’fhile ach go háirithe. (10)

File mé, ar mise, agus fear dána. Tá mo shaol caite agam le fios is le fíoreolas. Cá barúil a bheir tú de sin gur bréagach mo shaothar? (113)

Níl san éigse ach éide. (55)

An mbeadh orm anois bréaga nua a chumadh a mbeadh dealramh na fírinne orthu seachas bréaga ar léir a mbréaga do chách? (*ibid.*)

Deir sé freisin gur ‘fírinne lom na cnáimhe is cuspóir dom ach go dtagann an fheoil sa tslí’ (AFD: 113) agus glacaimid leis gur meafar í an fheoil don bhréag. Mar sin, conas is féidir linn Titley a chreidiúint in aon chor nuair nach bhfuil aon eolas aige ar an 13ú haois seachas an taighde a rinne sé ar an tréimhse? An cur síos cinnte atá aige ar mhórfhile Uí Dhálaigh? Tuigimid nach ea, ach tuigimid nach ea mar ní hé sin a bhíonn i gceist ag aon scríbhneoir a dhéanamh san úrscéal stairiúil. Is ionann na fíricí agus an chnámh mheafarach a luaigh Titley thuas. Ní bheidh a fhios againn riamh conas a bhraith Muireadhach tar éis dó Fionn Ó Brolacháin a mharú, nó nuair a rugadh leanbh dó ach tapaíonn Titley an deis carachtar spéisiúil a chruthú le tréithe a d’oirfeadh d’aimsir na linne sin, rud a dhéanann scríbhneoirí san úrscéal stairiúil go minic chun teacht timpeall ar dhoiléireacht sna staire:

[T]he classical novelist thrives on such opacity: it is precisely within such “dark areas” of history that he can freely use his imagination to “introspect his historical characters” (Cohn, 1999: 156).

Is mar thoradh ar an gcruthú seo a chuireann Titley feol ar chnámha an charachtair agus go bhfuil Muireadhach chomh hinchreidte sin mar dhuine agus go gcreideann an léitheoir ann. Glacaimid le bréaga an úrscéil mar fhírinne, nó má tá foirmle dhocht uainn chun é seo a shoiléiriú is féidir linn féachaint ar thuairim eile Cohn agus é ag caint faoi conas a éiríonn le scríbhneoirí an úrscéal stairiúil plota nó carachtar inchreidte a chur os ár gcomhair:

Only by taking infinitesimally small units for observation (the differential of history, that is, the individual tendencies of men) and attaining the art of integrating them (that is, finding the sum of these infinitesimals) can we hope to arrive at the laws of history (Cohn, 1999: 151)

Anuas ar sin, is dócha go gcuireann sruth chomhfheasa an phríomhcharachtair le hincreideacht an scéil freisin. Seo tuairim Uí Bhuachalla:

Insítear an scéal seo i bhfoirm comhrá aontaobhaigh ina bhfuil Muireadhach ag cur síos ar a eachtraí do bhráthair eaglasta i mainistir Easa Rua. Ní luaitear comhthéacs an chomhrá seo go díreach san úrscéal cé go dtagraítear dó uaireanta mar fhaoistin. (2015: 201)

Má ghlacaimid leis gur ‘faoistin’ de shórt éigin atá san úrscéal, nó go deimhin gur úrscéal faoistiniúil atá ann, níl a fhios againn go cinnte, áfach, cé leis a bhfuil Muireadhach ag caint. Braithimid go bhfuil reacaireacht an fhile dírithe ar an léitheoir, rud a chuireann go mór le ‘guagacht ointeolaíoch san úrscéal.’ (Ó Buachalla, 2015: 201) Deir Muireadhach ag tosach an scéil gurb ‘í an fhaoistin an soc slán a osclaíos an fód folláin ach ní faoistin í seo. Mó de bhearradh craoibhe í. Mó de choisceadh fola í. Mó de chur amach í cor ar chor’ (AFD: 10). Is féidir a thuairimiú gur mheafair iad na híomhanna sin atá díreach luaite ansin agam i gcomhair phroiséis na fírinne freisin. Tá iallach níos mó ar an léitheoir anois, eachtraí an scéil a cheistiú, agus an fhírinne iontu a cheistiú chomh maith.

Tuigtear dom gur féidir leis an údar an ‘historical psyche’ (Cohn, 1999: 155) a bhaineann leis an gcarachtar, dar leis, a athchruthú, rud nach féidir leis an staraí féin a dhéanamh, agus tá fírinne de shórt éigin ansin. Anuas ar sin, is de bharr na faoistine seo ó Mhuireadhach a bhraitheann an léitheoir go bhfuil sé i lár an 13ú haois, arís, gné a chuireann go mór le hinchreidteacht an scéil dar liom, agus seo tuairim eile atá ag Cohn ina thaobh freisin:

Only fiction is able to create the impression of presenting historical events at the moment they happen, thereby bringing to life the “raw, vital material” of experience without the distortions of hindsight (1999: 152).

Mar sin féin, an féidir aon sainmhíniú cinnte a thabhairt ar an bhfocal ‘fírinne’ riamh i gcomhthéacs an úrscéil stairiúil? Deir ‘Polaitéolaí’ (ainm cleite ar léirmheastóir éigin) go bhfuil an fhírinne cosúil le dreancaidí, agus an rud a bhí i gceist aige leis an méid sin ná, ‘go mbíonn fírinne faoi

cheilt ar chúl do chinn i gcónaí agus iad a cur isteach ort ag baint greim anseo is ansiúd' (1973: 19) N'fheadair an comhthárlúint atá ann go n-úsáideann Muireadhach Albanach an focal dreancaidí cúpla babhta san úrscéal (in ainneoin gur mhaslaí a bhíonn i gceist don chuid is mó), 'is mura mbailíonn tú féin, do thóin, do chuid geire is do chuid dreancaidí as an áit seo go beo ní beo a bheas tú lena dhéanamh' (AFD: 12) gan ach sampla amháin a lua. Pé scéal é, an pointe atá i gceist ná go mbíonn a léamh féin ag gach duine ar an bhfírinne, go mbíonn an fhírinne ag tochailt gach duine go difriúil ar nós na dreancaidí atá díreach luaite. Chomh maith leis sin, bíonn a léamh féin ag gach duine ar an stair agus níos mó ná sin bíonn a léamh féin ag gach duine ar aon saothar litríochta. Tá mé den tuairim go dtuigeann Titley an méid sin i slí ar leith agus go bhfuil sé ag iarraidh ar an léitheoir a léamh féin a thabhairt ar an bhfírinne, ar an stair agus ar sheánra an úrscéil stairiúil in *AFD*. Bhí Pádraig Ó Conaire den tuairim 'gurb é an duine daonna agus a thuiscint féin air féin bun agus barr na litríochta nua agus aonfhoinse na fírinne a nochtaítear inti' (in *Denvir*, 2003: 5). Deir Titley in a shaothar critice go bhfuil cead 'ag gach aon chine daonna a leagan féin den stair nó den scéalaíocht a bheith acu mar níl de rogha againn ach rogha idir leaganacha ar deireadh thiar' agus is léir gurb é sin atá déanta aige san úrscéal seo aige (1991: 324). Leanann sé leis ag rá an méid seo:

Is í ceist na peirspictíochta 'adjusted to present interests' (Webb, 1983: 1) an t-aon cheist atá le meá ag an scríbhneoir agus an staraí araon. Is dúil dóibh beirt gabháil le dearcadh 'which is determined by the circumstances of his time and by his own preconceptions' (Geyl, 1965: 15) agus is iad ceisteanna a linne a dheachtaíonn na cúraimí a tharraingeoidh siad aníos chucu féin ón aimsir chaite. (Titley, 1991: 324)

Is cinnte go bhfuil a leithéid ar siúl ag Titley féin in *AFD*. Seasann seánra an úrscéal stairiúil amach thar aon seánra litríochta eile sa tslí is gur féidir linn níos mó a fhoghlaim uaidh faoi amanna atá imithe uainn agus tuigimid b'fhéidir, nach mór idir daoine a mhair romhainn agus daoine sa lá

atá inniu ann. Más duine comhaimseartha é An Fear Dána, mar atá á scagadh ag Ó Muirí, ‘maireann sé i ré chomhaimseartha fós’ (2017, 222). Deir Ó Muirí freisin go bhfuil ‘dúnmharú, seachaint dlí, teitheadh, bréaga, taoisigh fhealltacha agus cogadh sa Mhéan-Oirthear mar chúlra ag an scéal’ (ibid.). Faoi mar a luaigh Titley thuas is ceisteanna na linne seo a tharraingíonn an scríbhneoir isteach in a shaothar. Thit daoine i ngrá agus titfidh riamh, bhí agus beidh dílseacht agus mídhílseacht sa saol i gcónaí, tháinig agus tiocfaidh daoine ar an saol seo sa tslí chéanna is go bhfuil daoine imithe ar shlí na fírinne romhainn agus go n-imeoidh said feasta. Arís, le seift an tsruth chomhfheasa, tugann an t-úrscéal stairiúil seo léargas úrnua dúinn ar an an 13ú haois agus mar sin ceistíonn sé fírinne na linne sin freisin. Is de bharr na scríbhneoireachta cruthaithí atá aon tuiscint ag gnáthdaoine, nach scoláirí léinn iad, ar thréimhse éiginnte cosúil leis an 13ú haois agus ar dhaoine cosúil le Muireadach Albanach Ó Dálaigh, dar liom. Is droichead í an litríocht idir an saol atá ann anois agus an saol atá imithe uainn. Sa tslí is gur prósa litríochta é *AFD* atá préamhaithe agus bunaithe ar an litríocht sheanaimseartha agus nuaaimseartha araon, tá cumhacht láidir ag baint leis an gceangail atá le fáil ann idir an saol seo agus an 13ú haois, mar is as an litríocht chéanna a fhásann stair agus cultúr na tíre seo. Má déantar staidéar nó machnamh ar litríocht na ndaoine, faightear idir thuairisc agus tuiscint ar shaol agus stair na ndaoine sin trí na blianta. Ní féidir aithne cheart a chur ar aon chine daonna gan tagairt éigin dá gcuid litríochta a bheith ar eolas agat, dar liom. Mar sin, ní haon ionadh é ná go bhfuil a leithéid de smaoineamh i gcroílár an úrscéil, sé sin, go bhfuil tábhacht agus cumhacht b’fhéidir ag saol agus saothair Muireadhaigh i gcultúir na tíre seo. Mar a deir Ó Conchubhair agus é ag tracht d’*AFD*, úrscéal is ea é a ‘c[h]uimsíonn mórcheist amháin le chéile -ról agus dualgas an ealaíontóra, freagracht an ealaíontóra dó féin, dá cheird, dá phátrún agud dá phobal’ (2015: 17)



Mar sin, cén fáth agus conas go n-árdaíonn Títleý ról agus dualgas an ealaíontóra san úrscéal agus cad é an ról agus an dualgas sin? Ar an gcéad dul síos, tuigimid faoi dheireadh an scéil gur lorg na fírinne é príomhról agus príomhdhualgas Muireadhaigh, ealaíontóir an úrscéil seo, b'fhéidir. Is féidir linn a thuairimiú, chomh maith, gurb é buaicphointe an úrscéil ná an comhrá idir Muireadhach agus Cathal Crobhdhearg tar éis do Mhuireadhach filleadh ar Éirinn ón Talamh Naofa. Tá Cathal tar éis dul 'in aois go mór' (112) nuair a chasann Muireadhach air agus tuigeann Cathal go bhfuil an bás ag teacht níos cóngaraí dó agus a léithéid seo á rá aige, 'is é mo thuras deireanach [é]. Gairid uaim an bás' (ibid.) Ní lorgaíonn Cathal ach rud amháin ón bhfile, s'é sin an fhírinne, agus an cómhra sunatasach seo eaturtha:

'An fhírinne a insint', ar seisean, 'an fhírinne íon chomh slán le leanbh nua-bhaistithe'.

Bhain sin siar asam.

'Cad uime a cheapann tú nach n-inseoinn an fhírinne?' arsa mise go simplí solasda.

'File tú', ar seisean.

'File mé,' arsa mise, 'agus fear dána. Tá mo shaol caite agam le fios is le fíoreolas. Cá barúil a bheir tú de sin gur bréagach mo shaothar?'

Ní dúirt bréagach,' ar sé. 'Ach cé ea, níl san éigse ach éide. Agus ba mhinic an éide sin ormsa.'

(AFD: 112-113)

Ina dhiaidh sin, úsáideann Cathal cnámh mar mheafar don fhírinne, meafar ar thagair mé níos luaithe, agus dar liom is suimiúil é an meafar seo mar baineann taoisleann nó buaine leis an gcnámh níos mó ná haon chuid eile den chorp, sa tslí chéanna is go mbaineann buaine níos mó leis an bhfocal scríofa níos mó ná mar a dhéanann cuimhne an duine:

'Is é an t-abhar agus an fhachain um ar thug mé an chnámh seo duit, áfach,' ar sé, 'gur samhail den fhírinne í.'

'Dorcha sin,' arsa mise, cé gur thuig mé cad a bhí chugam nuair a d'ocsail sé a bhéal.

'Amharc uirthi,' ar sé, 'agus láimhsigh id ghlaic. Is í an chnámh seo an fhírinne lom atá mé ag iarraidh a theagasc duit agus a lorg dom féin. Ruainne feola níl uirthi. Í gan ribe, gan

ruainseachán. Tá sí díreach, crua. Tá sí geal, bán. Tá sí borb, bearrtha. Bí id chnámh.’ (115-116)

Is críoch nádúrtha é b’fhéidir go bhfaigheann Muireadhach bás ag deireadh an úrscéil freisin a léiríonn cad atá i ndán dúinn go léir, agus tá fírinne chinnte ansin. Ach go príomha, cén fírinne atá Titley ag iarraidh a nochtadh dúinn agus cén cur chuige atá aige chun é sin a dhéanamh? Tá amhras ar an léitheoir fós teacht ar chonclúid éigin ar choincheap na fírinne san úrscéal seo go háirithe nuair a léitear ceann de na comhráití deireanacha a bhí idir Muireadhach agus Mac Tíre. B’fhéidir go bhfuil Titley ag tabhairt leide dúinn arís gur fúinn féin atá sé ár léamh féin a dhéanamh ar an stair, ar an litríocht agus ar an úrscéal féin:

Is anseo a tuigeadh dom gur turgnamh dóchais díth muirne.

‘Aonar domsa idir dhaoine’, arsa mise, ‘cad é a thoil?’

‘Filíocht a scríobh dó, cad eile.’

‘Agus an daorbhreith,’ d’fhiafraigh mé, ‘cad sin?’

‘Sin breith nach dtabharfar,’ ar sé, ‘go mbeidh freagra again.’

‘Fúm féin atá mar sin.’

‘A déarfad leat a fhírinne,’ ar sé. ‘Is tú a dúirt é.’ (AFD: 128)

Is fiú a lua chomh maith b’fhéidir, gearrscéal eile le Titley, sa chnuasach céanna sin, *Eireachachtaí agus Scéalta Eile* (1987), ‘Cuíorscéal’, sa mhéid is go bhfuil áit luaite sa scéal darb ainm ‘Inis an Fhírinne’. Tá an snáth céanna machnaimh agus fealsúnachta ar lorg na fírinne ag sní tríd an scéal grinn ‘Cuíorscéal’ agus atá in *AFD*. Deir sé sa ghearrscéal gur faoi ‘fhilí fháithe, agus fealsaimh atá ar feadh na mílte bliain’ (59) an fhírinne a chíoradh, a scagadh agus a lorg. Ardaítear ceist ina dhiaidh ceiste faoi gach réimse den saol in *AFD* ach mar sin féin b’fhéidir go bhféadfaí aontú ar an gconclúid seo, sé sin nach mór ar deireadh idir inné agus inniu agus nach mór idir daoine na linne sin agus daoine sa lá atá inniu ann ach oiread. Leis an úsáid iar-nua-aoiseachas a bhaineann

Titlely as saothair Mhuireadhaigh féin agus as foinsí seachtracha, éiríonn leis, is dócha, saol an triú haois déag a cheangail le saol an lae inniu. Mar sin féin, níl amhras ar bith ann ach go bhfuil an greann agus an aoir le fáil go láidir tríd an úrscéal. Dá bharr sin, ní mór dúinn filleadh ar cheist Mhic Craith ar tagraíodh de níos luaithe, sé sin, an bhfuil Titlely ag iarraidh moncaithe a dhéanamh dinn leis an machnamh seo ar fad? Pé iarracht a dhéantar ar an bhfirinne a aimsiú, nó a cheansú, nó a chur i bhfriotal, braitear, in *AFD*, nach mbíonn mar thoradh air ach neamhní agus áiféis. Is spéisiúil an líne seo in ‘Cuíorscéal’ sa tslí is go mbraithimid tuairim Titlely i leith an choincheapa seo agus lorg na firinne, ‘ní bhíonn ag deireadh an bhogha ceatha tar éis na tóraíochta go léir ach banc dramhail’ (49). Faoi mar a deir Ní Chléirigh (1990), ‘nil an fhírinne le fáil i dteoiricí fealsúnacha, ná i bhfíorais mhatamaiticiúla, ná fiú i ndogmaí na n-Eaglaiseach’ (62). Fuair na daoine a chuaigh ag tóraíocht na firinne ar ‘Inis an Fhírinne’ an freagra céanna is a fuair an sagart sa ghearrscéal céanna, a cheap go raibh sí le fáil i gcomhlíonadh aitheanta Dé agus na hEaglaise, cosúil le Muireadhach ar a thuras go dtí an Talamh Naofa, b’fhéidir. Ni raibh freagra cinnte le fáil don fhile agus níl freagra cinnte don léitheoir ach oiread. Is léir mar sin, gur rud guagach í an fhírinne. Faoi mar a deirtear sa ghearrscéal céanna, ‘Tan bid so; Tan bid sin ; Tan bid a n-aill’ (Titlely, 1987: 49)

Agus an t-úrscéal cíortha agus scagatha againn, is ríléir gur úrscéal d’ardchaighdeán atá in *AFD*, idir an iliomad macalla liteartha atá san úrscéal, idir an casadh cliste a dhéanann sé ar sheanfocal agus ar nathanna cainte agus ar an leagan amach spéisiúil atá ann, sé sin go bhfuil an t-úrscéal roinnte ina seacht gcuid agus go bhfuil an seachtú cuid i bhfoirm filíochta. Chomh maith leis sin, i ngach aon chaibidil, tá an chéad líne i gcodanna 2-6 mar athrá ón líne dheireanach sa chuid roimpi agus is léir gur aithris é sin ar mheadracht ó ré na Gaeilge claisicí an conclann, rud eile a léiríonn dúinn an cur amach atá ag Titlely ar fhilíocht na linne sin. Is de bharr an greann

liteartha, an aoir, an ioróin, agus an áiféis, ach ag an am céanna, de bharr na gcarachtar inchreidte, a théann an t-úrscéal chomh mór sin i bhfeidhm ar an léitheoir, maraon leis na codarsnachtaí agus na paradacsaí faoin bhfírinne agus faoin stair féin a bhíonn le fáil ann chomh maith. Tá féith an ghrinn agus claonadh chun cleasaíochta le brath go háirithe, ar imeartas focal a fhaightear ar ainm na gcarachtar cosúil le ‘Ó Brocláin’ agus ‘briolla gaoithe’ faoi mar atá feicthe againn. Is cinnte go bhfuil Titley ina oidhre ar leithéidí an Chadhnaigh, agus an Ríordánaigh, agus go bhfuil sé ag leanúint a sampla i dtraidisiún an ghrinn i litríocht na Gaeilge. Is de bharr a máistreacht stíle dar liom, a éiríonn le Titley a dhearcadh leathmhagúil ar bhard na Gaeilge claisicí sin a chur abhaile orainnn agus shaol Mhuireadhaigh, a athchruthú i slí iar-nua-aoiseach.

## 6. Fontenoy

### *Cén fáth Cath Fontenoy?*

Úrscéal stairiúil é *Fontenoy* a chuireann síos ar Chath Fontenoy dúinn, cath fíorthábhachtach i stair na nGael inar throid Arm na Fraince i gcoinne Arm Shasana ar 11 Bealtaine 1745. Éacht ceapadóireachta i stíl fhiontrach iar-nua-aoiseach atá san úrscéal seo agus úsáidtear mórán cleas liteartha ann, a bheidh á phlé go luath. In oifig an staraí Francach, a thosaíonn scéal *Fontenoy* nuair a thagann An Captaen Ó Raghallaigh, príomhphearsa an úrscéil, chuig an bhFrancach, ‘gan chuireadh, gan choinne’ (*Fon.*:8). Bíonn an ‘cléireach cnagaosta’ seo (*ibid.*) ábhairín soinciúil i dtaobh an Raghallaigh ar dtús ach nuair a thuigeann sé gur ‘duine de ghaiscígh Fontenoy’ (*ibid.*) atá ann athraíonn an port go hiomlán aige agus deir sé, ‘Monsieur le capitain, il faut que je vous embrasse’ (*ibid.*:9)<sup>7</sup> Dáiríre, níl an léitheoir róchinnte cén gnó atá ag an gcaptaen san oifig áirithe seo ach seolann focail chumachtacha an Fhrancaigh, atá ag deireadh na chéad caibidle, an léitheoir isteach chuig ceann de mhórhéamaí an úrscéil, is é sin an tábhacht a bhaineann leis an stair a bhuanú leis an bhfocal scríofa. Is léir gurb é atá le teacht ná insint Uí Raghallaigh ar an gcath agus faoi mar a deir an staraí, ‘inseoidh tú gach rud dom i gceann nóiméad’ (*ibid.*:10). Tá tábhacht ar leith ag baint le scríobh na staire féin ar an gcath áirithe seo, a bhfuil leathdhearmadta ag pobal na tíre seo, agus tuigtear go bhfuil an t-údar coinsiasach faoi sin agus é ag cur peann le pár don úrscéal seo.

San úrscéal, déantar cur síos ar bhua agus ar dhíomua Fontenoy, agus déantar cur síos ar uafás na cogaíochta agus an éifeacht a bhíonn aige sin ar dhaonnacht na cogaíochta araon.

---

<sup>7</sup> A Chaptaein, is gá go mbeirim baróg ort

D'fhéadfaimis a thuairimiú, b'fhéidir, gur scríobh Mac Cóil an t-úrscéal seo chun solas a scaipeadh ar an gcath tábhachtach seo agus leac chuimhneacháin cuí a thógáil do rannpháirtithe chath Fontenoy. Tá tábhacht ag baint leis an staraí Francach seo a dteastaíonn uaidh scéal na nGael a scríobh mar is léir nuair a deir sé:

Beidh seanchas againn, ar seisean. Tusa ag caint, mise ag scríobh. Agus chrom sé in athuair ar thumadh cleite agus ar scríobhadh páipéir. (*Fon.*:21)

Is suimiúil an méid seo a leanas a deir Titley, go háirithe má chuirimid i gcomhthéacs an úrscéil seo é:

Cuid den stair is ea an staraí dá mhéid an fonn a bheadh air suí faoi ar an gcláir teorann ag breacadh a chuid nótaí ar a bhfuil ar siúl thíos faoi (1991: 326)

De réir a chéile, is soiléir don léitheoir go bhfágann an Francach sonraí éagsúla ó scéal na nGael ar lár, agus is mar thoradh ar sin a thagann idir an laoch féin agus an léitheoir ar an gconclúid seo, sé sin, gur faoi gach pobal atá sé a stair féin a scríobh, rud a phléifear go mion níos déanaí sa chaibidil seo.

Chomh maith leis sin, tá insint an scéil san úrscéal seo thar a bheith suimiúil. Ar an gcéad dul síos, baineann Mac Cóil úsáid as modh an iar-dhearcaidh a théann ón láthair catha féin sa bhliain 1745 go suíomh na hoifige, cúpla bliain ina dhiaidh an chatha, ina bhfuil An Raghallach agus an Francach inti. Seo a ndeir de Groot faoin gcur chuige seo agus é ag caint faoi úrscéal stairiúil eile, *Birdsong* (Faulks, 1993) in a bhfuil a leithéid chéanna le haimsiú ann chomh maith:

The movement between past and present is a way of conceptualising the relationship between past and present, between 'reader' of history and 'participant' in history. (2010: 103)

Anuas ar sin, tá trí mhórghuth tríd an úrscéal ar fad, sé sin, an Captaen féin ar láthair an chatha, an staraí Francach san oifig, agus insint an reacaire neodraigh a dhéanann cur síos ar eachtraí an scéil dúinn sa tslí is go líonann sé na bearnaí idir imeachtaí Fontenoy agus smaointe Uí Raghallaigh agus na comhráití éagsúla a bhíonn idir é agus an Fhrancach sé bliana ina dhiaidh. Gné shuntasach eile faoi insint an úrscéil seo ná an tslí nach luaitear ainm an reacaire neodraigh ach an oiread, agus níl aon amhras ann ach go bhfuil guth Mhic Chóil féin le clos ann. Tugtar le fios dúinn gurb é an reacaire seo a thagann ar an lámhscríbhinn, an ‘mbosca 2311 i gcartlann in Chartres na Fraince’, a insíonn scéal Uí Raghallaigh, mar dhea. Ligeann an t-údar air go bhfuil codanna den leabhar bunaithe ar lámhscríbhinn nach bhfuil ann i ndáiríre.

Ní hamháin go gcuireann a leithéid de chleas go mór le hiar-nua-aoiseachas an úrscéil ach cuireann sé le hinchreidteacht an phlota chomh maith. Seo sampla amháin den chleas mar atá sé in *Fontenoy*:

Ar thaobh amháin tá lomchuntas an tsaighdiúra féin againn díreach mar a scríobh sé féin é agus mar atá sé le fáil san aon chóip amháin den leabhar atá againn\* (*Fon.*: 62)

Is san úrscéal féin atá an réaltin sin mar atá sé scríofa thuas. Tá fonóta san úrscéal a thugann uimhir bosca na lámhscríbhinní dúinn, ‘\*Boite 2311 Archives municipales, Chartres’. Gan amhras, cleas é a chuireann go mór le hinchreidteacht an scéil. Is cleas liteartha é seo atá feicthe i saothair Mhic Chonaola chomh maith faoi mar atá pléite.

Gné shuntasach eile a bhaineann leis an reacaire neodrach i bh*Fontenoy* ná gur féidir leis labhairt go díreach leis an léitheoir, chun é a tharraingt isteach i lár an scéil. Seo sampla amháin de sin:

Cúraimí eile atá orainn-ne san insint seo; mar atá súil a choinneáil ar an té is príomhchuspóir don scéal againn, is é sin an Captaen Seán Ó Raghallaigh. Téimis leis siar go dtí an láthair chinniúnach. (*Fon.*:52)

Is tríd na guthanna éagsúla seo a thiteann cogadócht Fontenoy amach. Nuair a bhíonn guth Uí Raghallaigh ar an láthair catha ag insint an scéil, is léir go bhfuil teanga dá chuid féin cruthaithe ag an údar, teanga atá bunaithe ar theanga liteartha na hochtú haoise déag. Tá an teanga seo athchruthaithe ag Mac Cóil ar shlí chomh háititheach sin go bhfuil an chuma ar an scéal gur an lámhscríbhinn ón 18ú haois atá á léamh againn. Cabhraíonn idir na guthanna difriúla agus an teanga nuachumtha linn pictiúr iomlán a fháil ar chath Fontenoy.

Faoi mar a luaigh mé, is léir gur theastaigh ó Mhac Cóil aitheantas a thabhairt do shaighdiúirí na hÉireann a throid i gcath Fontenoy agus é sin a dhéanamh i slí chruinn agus uileghabhálach. Dar liom, theastaigh uaidh an scéal a insint i slí ina bhfaigheadh an léitheoir féachaint ar uafás na cogadócha chun an aidhm seo a chomhlíonadh. B' éigean don údar roinnt mhaith réamhthaighde a dhéanamh agus b' éachtach an tslí a ndeachaigh sé i mbun a chúraim. Is léir go raibh taighde iontach déanta aige agus ar amhraí an tsaoil, tá aiste shuantasach againn ó pheann an údair féin ina ndéantar plé ar an úrscéal stairiúil seo, *Fontenoy*, agus seánra an úrscéil stairiúil go ginearálta. Deir Mac Cóil féin gur úsáid sé, 'leabhar Béarla Phrionsias Mhic Cána faoin College des Irlandais i bPáras agus leabhar Béarla eile le Charles Taylor' maraon le 'liostaí de lámhscríbhinní míleata arm na Fraince, sleachta as leabhair le Drumgold agus an Abbé (Ab) Mac Eochagáin' (2005: 113) gan ach cuid bheag de na faoinsí a lua. Ní hamháin sin ach chuaigh Mac Cóil féin go dtí an Fhrainc agus chaith sé cúpla seachtain sa *Service Historique de l'Armée de Terre* agus sa *Bibliothèque Nationale* (ibid.) Leis an méid sin taighde, is cinnte go raibh go leor eolais bailithe aige chun saothar eipiciúil stairiúil a scríobh faoi chath Fontenoy, rud ar éirigh leis a dhéanamh. Is fiú a lua afách, nach ar na



foinsí seo ar fad a bhraitheann Mac Cóil, mar is mó den bhua atá ina chuid shamlaíochta ná aon ní eile, cosúil le Titley agus scríbhneoirí eile an úrscéil stairiúil. Tá an gné chruthaitheach fíorthábhacht do scríbhneoir an úrscéil stairiúil faoi mar a chonaiceamar in *AFD* le Titley.

Mar sin, sa chéad chuid eile den mhionanailís ar an úrscéal den scoth seo, *Fontenoy*, ba mhaith liom iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar chúrsaí cogaíochta agus ar chúrsaí polaitíochta san úrscéal agus an tslí a chuirtear os ár gcomhair iad. Ní hamháin sin ach ba mhaith liom modh insinte an úrscéal a chíoradh níos mó freisin.

*Athgabháil Fontenoy: an Chogaíocht, agus an Pholaitíocht*

On Fontenoy, on Fontenoy, hark to that fierce huzzah!

“Revenge! remember Limerick! dash down the Sassenach.”

Like lions leaping at a fold when mad with hunger’s pang,

Right up against the English line the Irish exiles sprang<sup>8</sup> (Davis, 1846 : 149)

Faoi mar atá ráite agam níos luaithe, cath é Fontenoy atá dearmadta don chuid is mó ag pobal na tíre seo, ach is léir go bhfuil tábhacht éigin ag baint le himeachtaí na bliana sin, 1745, ar bheartaigh Mac Cóil úrscéal a chumadh bunaithe orthu. Seo an méid atá le rá ag McNally faoin gcath in alt leis a thacaíonn leis an tuairim go bhfuil sé leathdhearmadta ach tábhachtach i gcónaí:

The events of May 11th, 1745, are now largely forgotten, at least in this country. But that they once loomed very large in the Irish psyche explains a childhood address of James Joyce – Fontenoy Street in Dublin 7 – as well as the names of at least three GAA clubs – in Dublin, Down, and Monaghan (2015: 15)

Mar sin, is cosúil gur athgabháil atá san úrscéal seo ar ghaisce na nÉireannach sa chath tábhachtacht sin i Fontenoy 1745 mar gur theastaigh ón údar go smaoineofaí ar imeachtaí an chatha arís. Cén fáth mar sin, gur theastaigh an t-údar go smaoineofaí ar Fontenoy? Go bunúsach, glactar leis gur mar thoradh ar iarracht agus ar chabhair na nÉireannach go raibh an bua ag na Francaigh sa chath úd agus is dócha go raibh Mac Cóil den tuairim nár cheart spior spear a dhéanamh den éacht sin:

---

<sup>8</sup> Véarsa ón ndán cáiliúil a scríobh Thomas Davies ar ghaisce na nÉireannach i cath Fontenoy

Like Waterloo, the Battle of Fontenoy was a close-run thing. And just as the arrival of Gen Blücher's Prussians would tilt the balance for the Duke of Wellington in 1815, it was the late charge of the Irish Brigade – shouting “Cuimhnigídh ar Luimneach agus feall na Sassonach” (“remember Limerick and Saxon perfidy”) – that, 70 years earlier, won the day for the Franco-Prussian alliance. (McNally, 2015:15)

Ba ghné mhór í riamh go míneodh an t-úrscéal stairiúil stair an náisiúin dúinn, ‘this is how our nation came to be as we know it, the historical novelist seeks to explain’, agus ní féidir a rá go bhfuil sé sin ródhifriúil ó ghnó an staraí mar a thuigtear é sin fud fad an domhain leis na blianta anois. (Cahalan, 1983: 5) Tuigeann an t-údar gur féidir linn tuiscint níos doimhne a fháil ar stair ár dtíre fhéin trí phróiseis scríbhneoireachta cruthaithí. Roghnaigh Mac Cóil scríobh faoi Fontenoy d’aon ghnó chun an tuiscint ar an gcath seo a dhaingniú sa léitheoir. D’fhéadfaimis a thuairimiú go bhfuil an t-údar ag caint air féin nuair a labhraíonn an reacaire ar théacs an staraí (mar dhea) agus an méid seo á rá aige:

Seo é an fear a roghnaigh Fontenoy as iliomad cathanna eile, Dettigen, Tournai, Laffeldt, Jenkin’s Ear, gan ach cuid an bheagáin a lua, agus a chuir i mbéal an phobail é. Le slaitín draíochta a chuid filíochta dhealaigh sé Fontenoy amach ó gach uile mionchath agus mórchomhrac eile dar troideach le leithchéad bliain anuas. (*Fon.*: 178)

Is é Mac Cóil a rinne scéal de stair an chatha chun é a chur i gcuimhne don léitheoir. Ar an bpointe sin is dócha gur fiú an cur síos a thugann Mac Cóil dúinn ar an gceangal atá idir an focal ‘stair’ agus ‘scéal’ a lua mar go bhfuil bunbhrí na bhfocal cóngarach go maith don a chéile:

Is ón bhfocal a d’úsáid seisean [Herodotus] na focail eile úd: ‘storia’, ‘stair’, ‘story’, ‘historia’, ‘history’, ‘histoire’. Is éard a bhí i gceist, fiosrú, féachaint le fios a fháil ar ar tharla (2006: 113)

Tá an méid céanna le rá ag Ó Cuív:

Those engaged in Irish historical research might well bear it in mind, for only too often the dividing line between *scél*, which is used in the sense of ‘history’, is indeterminate (1963: 238)

Sin é díreach an rud a dhéanann Mac Cóil san úrscéal *Fontenoy*, fiosraíonn sé scéal an chatha go cruthaitheach. Tuigeann Mac Cóil gur fiú an tréimhse áirithe seo a athchruthú, a athghabháil agus a aiséirí fiú, mar is cuid luachmhar do stair na nGael é sa tír seo agus thar lear chomh maith. Ní léiriú rómánsach atá san úrscéal seo ach oiread, cosúil le luatharrachtaí ar nós *Niamh* (Ua Laoghaire, 1910) nó *Cogadh Gaedhel re Gallibh*, agus mar sin ní féidir linn a rá go bhfuil blas na heipice air. Tugann an t-údar léargas réalaíoch dúinn ar bhraistintí inmhéanacha na saighdiúirí. Tá doimhneacht sna carachtair in *Fontenoy*. Mar sin féin, áfach, is cinnte go bhfuil blas an náisiúnachais le brath ann agus pléifidh mé polaitíocht an úrscéil ar ball.

Mar sin, conas ar éirigh leis an údar gan eipic rómánsach a dhéanamh den úrscéal *Fontenoy*? Is dócha gur thuig sé tábhacht na cothromaíochta i dtaobh taighde agus i dtaobh samhlaíochta a úsáid, rud a chabhraíonn le haon úrscéalaí úrscéal stairiúil inchreidte, soléite a chur ar fáil dúinn. Is léir, faoi mar a chonaiceamar níos luaithe, go raibh mórán réamhthaighde déanta ag Mac Cóil sula ndeachaigh sé i mbun oibre. Arís, d’fhéadfaimis a thuairimiú gurb as ceann de ‘lámhscríbhinní míleata arm na Fraince’ a tháinig an inspiorád do Mhac Cóil teacht ar lámhscríbhinní Uí Raghallaigh, mar dhea, san úrscéal, agus an méid seo atá le rá aige an-spéisiúil:

Faighim seanleabhair agus lámhscríbhinní an-chorraitheach ach ní féidir liom a rá go beacht cé mar a aistrítear an chorraíl sin go réimse na scéalaíochta nó an fhicsin (2005: 130)

Leanann sé air ag rá faoin úrscéal seo gurb é an rud is mó a chorraigh é ná nuair a léigh sé ‘stair na hÉireann leis an Abbé (Ab) Mac Eochagáin’ (ibid.) Tuigtear dúinn gur meascán den chur i gcéill agus den fhírinne atá san úrscéal seo, mar gan amhras, téann an t-úrscéalaí i muinín a

shamhlaíochta don chuid is mó, mar atá de nós ag úrscéalaithe an úrscéil stairiúil. Ar cheann de na samplaí is soiléire den mheascán seo de chur i gcéill agus d'fhírinne san úrscéal, tá cruthú an príomhcharachtair; an Captaen Ó Raghallaigh. Chomh maith leis sin, is cliste an tslí ar roghnaigh Mac Cóil captaen de chuid na shamhlaíochta mar phríomhcharachtar mar in ainneoin nach fíorphearsa staire atá ann, tagann cumhacht agus uaisleacht leis an gcarachtar seo, rud eile a chabhraíonn le hinchreidteacht an scéil:

Má roghnaíonn sé (an t-úrscéalaí stairiúil) pearsa mhór de chuid na staire agus é a phleancadh síos i lár aonaigh a chuid eachtraíochta rachaidh sé i mbaol gréasán uileghabhálach an ama a mhúchadh faoina charachtar láidir, nó níos measa ná sin, an stair féin a laghdú chun toise an duine mhóir seo nó siúd. Os a choinne sin, má chuireann sé mo ghnáthduine 'teachtúil' i gcroí a shaothair beidh de chontúirt aige nach mbeidh ann ach sprémhóin gan dealramh á séideadh ag gaotha na staire (Titley, 1993: 407).

In ainneoin gur carachtar de chuid samhlaíochta Mhic Cóil é an Captaen Ó Raghallaigh, is féidir linn a bheith cinnte go raibh daoine proifisiúnta mar é i Reisimit Milord Diolún. Éiríonn le Mac Cóil carachtar proifisiúnta a chruthú sa tslí is gur gnáthduine fós é ach ní 'gnáthduine teachtúil'<sup>9</sup> é mar sin féin de bharr gur chaptaen san arm é. Ní díreach gnáthshaighdiúir coise atá ann rud a sheachnaíonn an 'sprémhóin gan dealramh' sin a luann Titley. Níl aon amhras ann ach go raibh a léithéid de bhuíon agus Reisimint Milord Diolún a throid i gcath Fontenoy, agus luann Mac Cóil an phearsa stairiúil seo, James Dillon, 'colonel of the Dillon regiment, who was killed with many of his men in the battle of Fontenoy in 1745' (2001: 159). Agus cloíonn Mac Cóil leis an eolas sin san úrscéal nuair a chuireann sé an phearsa staire sin os ár gcomhair:

---

<sup>9</sup> Ní heol dom go bhfuil an focal 'teachtúil' le fáil in aon fhoclóir ach seo a ndúirt Titley i gcomhfhreagas dom, 'duine a sheasann do gach aon duine eile'. (2016)

Is é do bhí i gceannas ár reisiminte an Tiagharna Séamus mac Airt mhicc Tiobáid Diolmhún. An Tiobóid sin do bhunaigh agus do ghléas an reisimint insan mbliadhain 1690 roimh theacht as Éirinn dó aimsir Chogadh an Dá Ríogh. (*Fon.*: 14)

San úrscéal féin tugann Mac Cóil cur síos cruinn ar na reisimintí éagsúla a bhí páirteach sa chath úd seo Fontenoy:

Is mar seo a bhí na reisimintidh Éirionnacha arna nordhughadh ag an Iarla Thuathmhúhan os comhair na coille sin Bari amach. Sé reisimin ar fad do bhí againn ann. An áit a raibh ár reisimin-ne curtha idir Bulkeley agus an Bherbhic gar do dheireadh na line amach ón gcoill. Ba iad na Cláirínigh .i. Reisimin Uí Bhriain, Tiagharna an Chláir mar aon le Reisimint Uí Mhaolallaidh do bhí i dtosach na line mar is cuibhe (*ibid.*)

Tugtar eolas dúinn i saothar Mhic Chána a thacaíonn leis an gcuntas thuas:

The two factions were headed by Charles Ó' Brien, 6<sup>th</sup> Viscount Clare, 'Maréchal de Thomand' who had commanded the Irish infantry at Fontenoy in 1745 (2001:103).

Fíorcharachtar eile atá san úrscéal ná 'an t-ardtaoiseach slua Tomás Ó Maolallaidh féin' (112) agus tá an t-eolas seo againn ina thaobh:

Thomas Arthur Comte de Lally, one of the Franco-Hibernians who fought with such "desperate valour" at Fontenoy. The grandson of a Tuam man, he continued his rise in French political and military circles for another decade or so after the battle. (McNally, 2015: 15)

Cloíonn Mac Cóil leis an eolas sin gur 'Franco-Hibernian' a bhí ann mar bíonn sé ag labhairt na Gaeilge agus na Fraincise san úrscéal. Chomh maith leis sin deir Ó Raghallaigh tar éis dó bheith ag labhairt le hÓ Maolallaigh, go raibh 'Gaeilge gharranta aige agus foghar gutha na Fraincise uirthi, é mall á labhairt' (*Fon.*:132). Is léir go bhfuil cur amach cruinn ag Mac Cóil ar an úrscéal stairiúil mar ní hiad fíorcharachtair na staire príomhcharachtair an úrscéil seo mar moltar de ghnáth gan 'too prominent a position and too dominant and interest' a thabhairt 'to the real persons and

the real incidents of the story' (Stainsbury in Delap, 1993: 50) agus fágann Mac Cóil Ó Maolallaigh agus Seámus Diolún ar an gcúlraíid san úrscéal. Tugtar le fios dúinn, mar sin féin, trí chomhráite na ngnáthshaighdiúirí coise go raibh ardmheas acu ar Ó Maolallaigh nó 'Lallaí' i gcónaí i measc na saighdiúir:

Ó Dónaill: Agus Lallaí. Nach é a bhí spriúchta.

Seáinín: Ó, is é Lallaí an fear.

Ó Dónaill: Is é Lallaí an fear. Is é Lallaí a shaorfas Éirinn. (*Fon.*:163)

Is carachtar thar a bheith inchreite é An Captaen Ó Raghallaigh, faoi mar a dúirt mé, agus cuirimid aithne air agus é ar láthair an chatha agus é in oifig an staraí Francach, in a ghuth inmhéanach féin, agus trí insint an reacaire neodraigh, agus feicimid an fhorbairt a thagann air tríd an scéal dá bharr. Go háirithe ar an láthair catha, is trí shúile Uí Rathallaigh a chítear uafás na cogaíochta don chuid is mó. Faoi mar atá ráite níos luaithe sa tráchtas, is úrscéal stairiúil é *Fontenoy* a thiteann lastigh d'fhosheánra na cogaíochta chomh maith, maraon le *An Cléireach* agus *Ceol an Phiobaire*. Is cuid thábhachtach den stair é, agus gan amhras d'úrscéalta stairiúla go ginearálta, go n-insítear dúinn faoi bhrúidiúlacht na gcogaí. D'fhéadfaimis a thuairimiú freisin go bhfuil sé de bhua ag húrscéalta stairiúla gur féidir leo cur síos níos beomhaire a dhéanamh ar uafás na cogaíochta agus 'the unknowability of the horror of war' (de Groot, 2010: 103), i bhfad níos fearr ná mar is féidir leis an leabhar staire féin. Lena thaighde fhairsing agus lena chuid samlaíochta, tugann Mac Cóil léargas réalaíoch dúinn ar lomscrios na cogaíochta agus baintear stangadh as an léitheoir uaireanta lena chur síos. Déanann Mac Cóil cur síos suntasach ar an láthair catha roimh agus tar éis na cogaíochta. Seo an méid atá san úrscéal agus na saighdiúirí ar tí cogaidh:

Do bhí an t-ordughadh charge tugtha agus do thóg an sluagh uile an gháir. Do ligeamar uilic béic in éineacht agus do léim muid uilic chun tosaigh ag béicíghil i rith an ama agus do mhúch

an gháir sin i mo chluasaibh feadh an ala torann na mbombaídh agus gleo uilic an mhachaire. Do ritheamar ceann ar aghaidh gualainn ar ghualainn a ghunna sáighte amach roimhe ag gach fear a chloigeann cromtha. Síos linn insa díog agus aníos an taobh eile i dtreo line na Sasanach gur ionnsaíghamar iad go laochmhar láidir lánchalma. (*Fon.*: 139)

Agus seo an Captaen Ó Raghallaigh ag siúl an láthair catha tar éis na cogaíochta:

Mo chreach is mo léan géar na coirp ghléghéal ina luíge ansoin tromach tramach. Do bhí colainneacha óga ar maos i gcródh agus fuil capaill á meascadh le fuil an duine. Do chonnaic mé each ag cur freanga de ag iarraidh éirghe agus an fhuil ag sruthúleis amach ar an talamh agus a chosa in anachrann ina phutógaibh silteacha. Is mé a d'aithin go leor ar mhachaire úd an áir. Chonarc Diarmuid Scurlóg, an seanbhalcaire as Maigh nAilbhe. D'aithin mé ar a bhlagóid é. Do bhí sé caite siar ar a dhroim is leath a mhuinéil raobtha. Do bhí a shúile ag stánadh go míchéadfach suas i dtreo na bhFlaitheas agus do bhí aoibh aisteach ar a bhéal. Is do badh aisteach liom craiceann bán a throughthe mar do bhí sé cosnochta mar do bhí idir bhróga snasta agus stocí bána bainte dho cheana héin. (*Fon.*: 144-145)

Sa dá chuntas seo ní fhágann Mac Cóil mionsonra ar bith amach agus cabhraíonn na mionsonraí seo go mór le suíomh inchreidte a chruthú. Is léir go bhfuil tuiscint aige ar ar tharla tar éis catha go háirithe leis an gcur síos a thugann sé ar na bróga goidte, rud a bhí comónta, sé sin go ngoidfí earraí luachmhara an tsaighdiúra mhairbh.

Is suimiúil an ní é, dar liom, chomh maith go bhfuil roinnt cosúlachtaí le feiceáil idir *L'Attaque* agus *Fontenoy*, agus an cur síos ar chúrsaí cogaidh iontu. Feicimid an lagchroí a thagann ar na saighdiúirí sa dá úrscéal. Mar shampla, deir Máirtín Dubh, príomhcharachtar *L'Attaque* gur 'dhéistin anama dó an scléip dhúnmharfach lena lig sé srian' (1962: 127). Tagann lagmhisneach agus áiféala ar Mháirtín, príomhcharachtar *L'Attaque*, de bharr na cogaíochta. I *Fontenoy*, ansin, in ainneoin go soilsítear gaisce na nÉireannach don chuid is mó, déantar cur síos ar a mbraitheann na saighdiúirí coise tar éis na cogaíochta agus é le brath go bhfuil iarracht d'áiféala orthu:



Is trua ár gcás, arsa San Nioclás, Éireannaigh agus Gaeil do bheith ag marbhughadh a chéile ar thalamh Flóndras. Do thosnuigh duine nó dís eile ag aithris air. An gaisce do roinne muid ar an láthair sin, arsa an saighdiúir óg Ó Dónaill – agus i gcomórtas le haon ghaisce míleata is maith leat a luadh, badh ghaisce é, agus murach muidne seans nach dtiocfadh an Rígh féin slán – níor bhadh ghaisce ar bith é mar gur mharaigh muid ár gcomhthírigh lena bhaint amach (Fon.: 160)

Toisc gur captaen atá in Ó Raghallaigh ní fhéadfadh seisean tuairimí mar sin a chur in iúl ach is léir gur fhan cuimhne na cogadóchta ina aigne. Faighimid féachaint ar smaointe an chaptaein agus é tuirseach traochta in oifig an staraí anois:

Do bhí mé ag éisteacht leo agus a fhios agam nach dtaitneodh an cineál sin cainte leis na hardtaoisigh. Ach ní raibh siadsan dall ar dhomhneamna so na bhfear. Is ar an ádhbhar sin a dúbhradh linn gabháil ina measg. Ar an ádhbhar sain chomh maith ní raibh aon ionghantas orm an uair do chuala mé buidhean ceoil na reisimine ag seinm Lá Fhéile Pádraig. Do bhíog na fir suas arna cloisteáil sin dóibh agus chualathas gártha teinte thart. “Éire go brách” agus a léitheide agus fiú “Clann Diolamhain abú”. Agus chuir sin deireadh le caint murar chuir sé deireadh le brón, mar do bhí intinn na n-oifigeach le léamh ar an gceol sin (ibid. 160)

Feicimid i bh*Fontenoy* an filleadh ar an nglór agus ar an ngaisce i gcónaí áfach, rud nach bhfeictear in *L'Attaque*. Dár ndóigh, cuireann a léitheid leis an mblas náisiúnach atá ar an úrscéal seo.

Faoi mar atá luaite agam cheana, ní féidir leis an captaen a chuid tuairimi phearsanta a roinnt leis na saighdiúirí coise ach is dócha go líonann idir an guth neodraigh agus a smaointe inmhéanacha féin san oifig na bearnaí sin dúinn. Is trína shúile go bhfeictear gach taobh den chogadh dáiríre, bíodh sé sin go díreach nó go hindíreach. I measc an uafáis, insítear don léitheoir faoin bhfaitíos agus faoin bpaisean a bhí ar na saighdiúirí, agus is ceart na gnéithe eile sin a chíoradh chomh maith céanna mar tugann siad íomhá níos iomláine dúinn ar chúrsaí cogadóchta. Ní féidir le héinne a bheith iomlán cinnte riamh conas a bhraith na saighdiúirí, roimh, i rith, nó i ndiaidh an chatha.

Éiríonn leis an údar é sin a mhíniú dúinn, mar dhea, i mbéal an reaire neodraigh, agus insítear faoi thábhacht an chur síos atá againn ar mhothúcháin an chaptaein:

Dá fheabhas é cur síos Sheáin Uí Raghallaigh in áiteanna, is cinnte gur mór idir é agus a ndeachaigh sé tríd, idir corp agus anam, na laethanta úd. Bímis buíoch de, mar sin féin, ní hamháin as insint dúinn faoi imeachtaí an chatha, ach as léargas uathach a thabhairt dúinn ar intinn shaighdiúra Ghaelaigh in Arm na Fraince ag an am sin. (*Fon.*: 178)

Tá sé ráite ag de Groot go n-úsáidtear na heachtraí uafásacha mar lón machnaimh in úrscéalta stairiúla, '[historical novels] take the trauma of war and fold it into their meditations upon memory and identity' (2010: 103). Go fírinneach, is é sin díreach atá ar siúl ag an gcaptaen in oifig an staraí, go ligean sé dá smaointe chun fáin agus é ag déanamh machnaimh ar laethanta an chogaidh arís agus is dá bharr sin a chuirimid aithne níos fearr ar Ó Raghallaigh.

Fear uasal, séimh agus cróga é An Raghallach agus in ainneoin gur captaen proifisiúnta é, feicimid cosúlachtaí idir na braistintí a bhíonn aige féin agus na rudaí a bhraitheann Máirtín Dubh Caomhánach, an gnáthshaighdiúir in *L'Attaque* uaireanta. Mar shampla, feicimid an daonnacht ag borradh in Ó Raghallaigh tar éis an chuid is fuilte den chath nuair a gortaíodh 'an t-ógán óg as an Ráth Mór' (*Fon.*:112):

Chuaigh mé síos ar mo ghogaide agus cheangail mé an binndéal ar uachtar a láimhe agus gach uile ghramhaisc agus chuile bhuíochas ag Mac Gobhann bocht (*ibid.*)

Tuigtear dúinn nach é seo gnáthchúram captaein. Feicimid a leithéid de dhaonnacht i Máirtín Dubh nuair a thugann sé a chuid bróga do Jack Duprat toisc go bhfuil a phéire féin ag dó na sála dó (Ó Tuairisc, 1962: 99). Léargas eile a léiríonn daonnacht Uí Raghallaigh ná nuair atá an eachtra idir Mhic Dhonnacha agus an Sasanach á insint ag na saighdiúirí agus tarraingíonn feithid aird an chaptaein:

Bhreathnaigh sé ar a bhróga agus thug sé faoi deara, i solas lag na tine go raibh fuil fós orthu agus go raibh osáin a bhríste crua le fuil téachta. Shíl sé éirí agus a bhróga a ghlanadh san fhéar ar imeall na coille ach ansin chonaic sé rud éigin ag corraí ar an gcréafóg eatarthu. Bhí feithid éigin ag bogadh ann: dollán line, ceilpeadóir a thugaann cuid acu air, ag snámh go sciobtha ó bhróg bróg go ndeachaigh as amharc faoi thrácht na bróige deise. (*Fon.*:162-163)

Cuid thábhachtach é an giota beag seo mar léiríonn sé go mbíonn beatha éigin i gcónaí i measc na fola. D'fhéadfaimis a rá go bhfuil bá éigin ag an gcaptaen don cheilpeadóir seo. Cítear eachtra cosúil leis in *L'Attaque* nuair a mhúchann Máirtín Dubh an fonn atá ann míl chríon a mharú toisc go mbíonn trua aige dó, '[B]hí sé ar tí í a bhrú faoi sháil a bhróige, ach staon sé, seans gur mhilis leis an mhíoltóg beo' (Ó Tuairisc, 1962: 99-100) Glaotar 'gnáth-theicníc frithchogaíochta' air an teicníc liteartha seo. (Delap, 1993: 82) Cleas é seo a léiríonn daonnacht an laoi, is dócha, agus is éifeachtach an cleas é go háirithe in úrscéalta stairiúla cogaíochta.

Feictear idir an paisean agus an eagla a bhíonn ar na saighdiúirí ar an láthair catha freisin. Is leis an scanradh anama agus an mórtas tíre seo a léiríonn na saighdiúirí gur gnáth-daoine le laigí agus le buanna is ea iad, 'murab ionann 'is 'naoimh' íonghlana osdaonna Uí Laoghair agus Uí Dhuinnín' (Delap, 1993: 79). Tuigimid na mothúcháin dhaonna seo, agus is mar sin go bhfuil carachtair níos réalaíche cruthaithe ag an údar agus an toradh atá ar sin ná go bhfuil úrscéal stairiúil inceilidthe scríofa aige. Taispeántar an éiginnteacht agus an faitíos a thagann ar Ó Raghallaigh roimh an gcogadh. Bheifí ag súil b'fhéidir, go mbeadh crógacht sa chaptaen i gcónaí, ach tuigimid nach bhfuil mórán fírinne ina leithéid de thuairim nuair a deir sé:

An guagadh do bhíos in íochtar goile duine sula dtosaígeann an siubhal i dtreo na líne troda is íonghantach mar a shocruighíonn chéad séideadh na píbe é. (*Fon.*:105)

Léiríonn Mac Cóil an eagla a bhíonn ar na saighdiúirí trí mheán comhráite, ina bhfuil guthanna na ngnáthshaighdiúirí le clos. Cleas é seo a chuireann go mór le héifeacht an phlota agus cabhraíonn sé le pearsantachtaí na gcarachtar a chur in iúl dúinn chomh maith:

An Sáirsint: Agus tá eagla ort, a Sheáin, go bhfuil d’ainm ar cheann de philéir ghunna san na Sasanch.

Seáinín: Tá sé tomhaiste go cruinn agat, a Sháirsint.

An Sáirsint: Tá an eagla chéanna orainn ar fad, a Sheáin. Anois, lean ort leis an mbileog sin, maith an buachail. Ní foláir dúinn na heabataíos seo a thógaint roimh a sé a chlog tráthnóna.  
(*Fon.*:46)

Léiríonn Mac Cóil an scéin atá ar na saighdiúirí mar chuid nádúrtha de shaol an chogaidh ach tugann sé le fios i gconaí tríd an scéal nach raibh aon drogall orthu dul i mbun cogáíochta. Tuigeann na saighdiúirí cad atá rompu seachas ‘idéalachas ardaidhmeanach na cogáíochta’ (Delap, 1993: 81) a fheictear sna carachtair in *L’Attaque*.

Feicimid an paisean atá i measc na saighdiúirí san úrscéal seo freisin, ach paisean sealadach atá ann, gan amhras, go háirithe nuair atá na saighdiúirí in aghaidh an bháis. Seo an cuntas a thugann an captaen don staraí agus é ag caint faoi Tollendal, nó ‘Tulach na Dála’, leasainm atá ag na saighdiúirí dó:

Bhí Tulach na Dála lán de phaisean an lá sin. “Ná scaoiligí leo go mbeidh an daigéir ina luí ar a mbolg.” Ag dul thar fóir déarfá ach théigh ár gcoithe leis an cúpla nóiméid sin roimh an ionsaí deireanach. (*Fon.*:135)

In ainneoin go raibh áibhéil éigin i bhfocail Tollendal, is léir uaireanta gurb é an paisean sin atá ag teastáil ó shaighdiúirí agus iad réidh chun cogaidh. Is féidir linn an bród agus an mórtas a bhrath sa ghiota seo a leanas chomh maith:

Bhí ár gcuid bratacha le gaoth. Seinneadh suas an phíb, bhí na drumaí ag bualadh. Ní shásódh rud ar bith muid ach gaisce. Bhí gach duine ar tinneall agus beag beann ar an gcontúirt. (ibid.)

Faoi mar a dúirt mé cheana, imíonn an paisean chomh tapa agus a thagann sé chomh maith, gné a thugann taobh eile den chogaíocht le fios dúinn:

Scaiptear an paisean déarfá, mar a scaiptear ceo na maidine faoi sholas na gréine agus tá sé amhail is nach raibh sé riamh ann. (*Fon.*:136)

Cruthaíonn Mac Cóil íomhá de bhraistintí na reisiminte, idir paisean, faitíos agus bród, atá chomh soiléir sin go gcreidtear ann agus go mothaíonn an léitheoir an teannas agus an neirbhís atá i measc na saighdiúirí troda. Is tríd na mothúcháin áirithe seo, go háirithe an paisean cumhachtach atá le brath go láidir ann, a chuirtear polaitíocht an úrscéil in iúl freisin, ar léibhéal pearsanta agus ar léibhéal náisiúnta. Caithfear a rá mar sin, maraon lena bheith ina úrscéal stairiúil cogaíochta, is úrscéal stairiúil agus polaitiúil é freisin. Is mar fhreagra uaireanta, agus ‘d’fhonn is gur fearr a thuigfí cor polaitiúil na linne’ (Titley, 1991: 323) a bhíonn gné den pholaitíocht in úrscéalta stairiúla. Ní mór dom a rá arís nach eipic rómánsach atá san úrscéal seo, ach níl amhras ar bith ann go bhfuil náisiúnachas le brath agus le clos agus gur mhaith leis an údar idir cheiliúradh agus comóradh a dhéanamh ar ghaisce na nÉireannach i gCath Fontenoy. In ainneoin gur ar láthair catha thar lear atá an reisimint, luaitear cás na hÉireann go minic ann. Ní haon ionadh é seo mar is dócha go raibh meon frithShasanach ag an-chuid de mhuintir na hÉireann an t-am sin agus cruthaíonn Mac Cóil an meon seo i gcarachtair an úrscéil, go háirithe agus an ‘cri de guerre’ (*Fon.*:137) seo acu: ‘Cuimhnigíde ar Luimneach agus feall na Sasanach’ (ibid.). Feictear an meon fhrithShasanach seo sna carachtair in úrscéal eile de chuid Mhic Cóil, *An Litir* (2011) agus a léithéid seo le haimsiú ann:

Tá na Sasanaigh inár n-aghaidh ar bhealach nach raibh riamh roimhe seo, feictear dom, agus sin go míthrócaireach. Tá rud damanta déanta ag Chichester inniu, agus an riarachán uile. Damanta amach is amach. Is iad síol Ifrinn iad go cinnte. (20)

Braithear meon an-dhiúltach i dtaobh na Sasanach in *An Litir* arís anseo nuair a deirtear:

Táimid ina anchaoi má ligimid do na Sasanaigh siúl orainn agus a rogha rud a a dhéanamh linn. Is naimhde gan trócaire iad. (35)

Is léir go bhfuil cruinneas sa dóigh náisiúnach a scríobhann an t-údar agus sa tslí a chuireann sé an meon seo in iúl, rud a chúngaíonn an bearna idir an tsamhlaíocht dúchais glóire agus an fhírinne, dar liom.

Ar cheann de na giotáí is paiseanta a scaipeann solas ar thírgrá na nÉireannach ná ‘Comhrádh Blasta Uí Mhaolallaidh Thulach na Dála os comhair an Armshluaigh’ roimh an ionsaí agus is cinnte go bhfuil mórán den fhrithShasanachas sa chaint seo:

Tá fréamhacha na héagóra agus an anorlainn sin uile le fagháil i bhfeall na Sacsanach. Tá a fhios agaibh féin céard dó a dtagraim. Conradh sollúmhanta a dearbhaíodh go poiblidhe agus go forleathan, ar chur ard-ghíúistísí na hÉireann agus ardaoisigh armála na Sacasanach a nainmneacha leis, a dhearbhaigh an Rí Liam féin ina dhiaidh sin faoi shéala mór na Ríogachta. Conradh Luimnigh: Do bhriseadar é. Chuaigh siad thar a bhfocal mar ní daoine dá bhfocal iad. Má tá sibh in amhras faoi sin a fheara ná faoi aon nídh dá bhfuil ráidhte agam libh indiu, cuimhnigí ar Luimneach. Cuimhnigí ar Luimneach agus ar fheall sin na Sasanach. (*Fon.*:127)

Leanann sé air ag míniú an tábhacht a bhaineann le bheith ag troid san Fhrainc:

Feiceann sibh os bhur gcomhair sean-namhaid bhur dtíre. Is iad bhur namhaid féin iad agus naimhde na Fraince. Ní ligfimid leo níos mó e. Díolfaimid leo inniu gach feall a d’imir siad orainn, gach conradh a bhris siad, gach éagóir a rinne siad orainn féin is ar ár muintir. Cuireadh an lá indiu tús le saoirse na hÉireann (129).

Is ionann cás Fontenoy agus cás na hÉireann.

Ní hamháin go bhfuil focail cumhachta curtha ag Mac Cóil i mbéal Uí Mhaolallaigh ach sa chéad chaibidil eile, tugtar le fios, mar dhea, gur tháinig an scríbhneoir ar chuntas na cainte seo mar deir an reacaire:

Tá fianaise áirithe ann, ceart go leor, gur thug Tomás Ó Maolallaigh caint speagúil uaidh roimh an ionsaí mór deireanach. Rinneadh tuairisciú ar roinnt nithe dá ndúirt sé ina dhiaidh sin. Ach níl aon fhianaise go ndúirt sé “comhrá blasta” (cf Foclóir Uí Bheaglaíoch agus Mhic Cuirtín sv “harangue”) atá curtha i leith sa leabhar seo. (130)

Lena leithéid de chur síos atá chomh pointeáilte sin ina shonraí agus atá chomh lán sin de shamhlaíocht agus de chruthaitheacht, ní haon ionadh é go bhfuil cruth an-réalaíoch ar an úrscéal seo. Éiríonn le Mac Cóil úrscéal de chaighdeán ard a scríobh toisc go seachnaíonn sé an dul thar fóir agus seachnaíonn sé an leimhe agus mar atá le rá ag Titley faoin méid sin, ‘[d]amnaítear an rómásaíocht nuair a théann sí thar fóir agus moltar an chlasaiceacht nuair nach bhfuil sí dána’ (1991: 406).

Ní féidir an pholaitíocht a sheachaint in úrscéalta stairiúla, agus go háirithe, b’fhéidir, in úrscéalta stairiúla na tíre seo agus an ceart ag Titley nuair a deir sé ‘nach bhfuil d’oscailt ann ach samhlaíocht an scríbhneora agus cibé seasamh atá aige i leith fadhbhanna síoraí na polaitíochta’ (ibid.:324). Tuigtear dúinn áfach, go bhfuil sé soiléir a dhóthain cén seasamh atá ag Mac Cóil maidir le fadhbhanna síoraí na polaitíochta sa tír seo, go háirithe nuair a deir sé in agallamh leis fiú nach bhfuil aon ‘spás neodrach’ ag baint le próiséis na scríbhneoireachta:

Mar sin, is seasamh iomlán neamhneodrach é focal a rá mar caithfidh tú a rá i dteanga éigin agus caithfidh tú a rá i ndioscúrsa éigin agus caithfidh tú a rá i suíomh sóisialta éigin nó d’fhéadfá labhairt leat féin ach fós, mar a mhínigh Wittgenstein, i bhfad ó shin, ní fheidhmíonn

teanga phríobháideach. Mar sin, fágaimid an cheist seo faoi theanga phríobháideach as an áireamh ar fad. Má úsáideann tú teanga ar bith, focal ar bith, tá tú ag rá rud éigin, agus s'éard atá mé a rá mar sin, mura bhfuil sé neodrach ar bhealach éigin bunúsach, tá sé polaitiúil. (2013)

Tuigtear mar sin, gur rogha coinsiasach polaitiúil a bhí ag an údar, an t-úrscéal seo a scríobh i nGaeilge. Leanann sé air leis an méid seo:

Má scríobhann tú i mBéarla, tá tú ag tabhairt tacaíocht[a] do bhéascna an Bhéarla. Is cuma, “níor mhaith liom é sin a dhéanamh, tá mé ar son na Gaeilge”. Cén teanga atá tú ag labhairt? Tá tú ag labhairt Béarla, Sacs-Bhéarla. Níl aon locht ar sin, billion éigin duine á dhéanamh. Ach ná ceap go bhfuil tú i spás neodrach á dhéanamh. Mar an gcéanna leis an nGaeilge, b'fhéidir gur féidir leat spás neodrach a chur ar fás i d'intinn féin ach, tá tú ag glacadh seasamh, bealach amháin nó bealach eile. (ibid.)

D'fhéadfaimis a thuairimiú go gcuireann Mac Cóil an tuairim chéanna i mbéal an reacaire i *Fontenoy*, agus an sliocht seo uaidh a ardaíonn na ceisteanna uilig atá idir lámha againn:

An té ar mhaith leis staidéar a dhéanamh ar chur le chéile na staire go háirithe i gcomhthéacs a bhfuil scríofa faoin tréimhse seo, b'fhéidir gurbh fhiú dó é seo a fhiosrú: cé méid den chúlantas Gaelach seo faoi ndear claoninsint na staire ina dhiaidh sin; cé méid den insint sin a eascraíonn as cinsearach na haicme a fuair an lámh in uachtar; cé méid ar cheist teanga é; agus cé méid den stair a bhaineann le cás lucht labhartha na teanga sin i láthair na huaire. (*Fon.*:153-154)

Más é sin an scéal in aon dorn amháin é, sé sin go lúbann an t-úrscéal seo go hiomlán i dtreo na Gaeilge agus cás na nGael san 18ú, bíodh sin mar atá. Is cuid den áiteamh agus den argóintíocht é, mar a deir Titley ‘idir an dream a bualadh agus lucht a bhualte’ (1992: 360) agus is léir freisin nach mbraitheann Mac Cóil gur gá dó aon phárdún a ghlacadh nó aon leithscéal a ghabháil dá chuid tuairimí. Dar liom, léargas cruinn atá aige ar mheon na nGael, go háirithe ar na saighdiúirí Gaelacha le linn na tréimhse sin agus is léir uaidh nach aon scéal simplí amháin é ach ‘scéal chomh hachrannach, iltaobhach, díospóidiúil le náisiún normálta ar bith’ é scéal na tíre seo (ibid.)



Tuigeann Mac Cóil an tábhacht a bhaineann leis an bhfocal scríofa, go háirithe an focal scríofa i Gaeilge. Ní hamháin sin ach tuigtear gurb é an focal scríofa an uirlis is cumhachtaí ar fad i dtaobh athgabháil na staire agus leagann an t-úrscéalaí a mhéar ar an gcoincheap sin san úrscéal féin, rud a ghabhann aird an léitheora go docht nuair a deir sé na focail chumhachta seo a leanas, na focail is cumhachtaí san úrscéal, b'fhéidir, á rá ag an reacaire neodrach:

Is í, a chompána, ní miste a rá, a chruthaíonn pobail agus a ardaíonn ríthe, a leagann prionsaí is a iompaíonn stáit; cuireann sí tiarnais de dhroim seoil. Is di a d'umhlaigh slata stiúrtha agus coróineacha impiriúla na Gréige, na Peirsia, agus na Róimhe, agus is di fós a umhlaíonn an iliomad cumhachtaí ar fud na cruinne . Is í a thoibhíonn sluaite is a chuireann iad ag bogadh soir siar ó cheann ceann tíortha is mór-rannta. Cruthaíonn sé cogadh agus déanann sí síocháin. Múchann sí lena héifeacht lasracha mora, triomaíonn aibhneacha, cuireann cnoic agus sléibhte mar a chéile as a n-áit, agus srianann sí an ghaoth is an fharraige. Baineann sí réalta as an spéir, is ea, agus cuireann plainéid úra ag casadh thart ar an ngrian is ar an ngealach. Mharaigh sí na milliúin. Thug freisin na sluaite easlán, is aosach, is truán croíleonta, ar ais ón mbás. Leathann sí gorta ar fud na cruinne ach ní staonann ó ghlach a chur i mbéal an linbh thréigthe. Tagann sí idir dhaoine agus tugann sí le chéile arís iad. Cuireann sí an talamh ag crith agus téada ceoil ar gléas. Cuireann sí daoine ag gol is daoine ag gaire. ;S í a bhí ann i dtosach agus deacair a shamhlú cén uair nuair a thiofadh deireadh lena ríocht. Is dó a thagraím, a chompána, do chumhacht choimpeartha an fhocail. (*Fon.*:35)

Is léir mar sin, go bhfuil bua ag Mac Cóil “cumhacht choimpeartha” an fhocail a chur ar leathanaigh an úrscéal stairiúil seo sa Ghaeilge chun gnéithe na cogaíochta agus na polaitíochta a shoilsiú don léitheoir. San úrscéal *Fontenoy*, (mar aon le húrscéal eile leis *An Chláirseach agus an Choróin* (2010)), ‘because he knows that history is fiction, and that it is used as a political tool, he very consciously (and very rightly) proposes that the Gael rewrite history’ (Ó Broin, 2012: 3) De bharr a chuid stíle, a chuid shamhlaíochta agus a chuid tuisceana ar an úrscéal stairiúil féin, tá cath

Fontenoy athcruthaithe agus athbheoite ag an údar sa tslí is go bhfágann an scéal rian ar an léitheoir is go bhfuil orainn athmhacnamh a dhéanamh ar an gcath tábhachtacht, leathdhearmadta seo.

## *Reacaireacht an Úrscéil*

Faoi mar a luaigh mé i dtosach na caibidle seo, tá reacaireacht an scéil in *Fonentoy* thar a bheith spéisiúil. Tá mórán guthanna comhuaineacha le clos san úrscéal agus tá meascán d’insintí sa chéad agus sa tríú pearsa ann. Bíonn na hinsintí éagsúla seo ag déanamh sealaíochta ar a chéile ag amanna difriúla tríd an úrscéal. Titeann plota an scéil seo amach lastigh d’aon lá amháin, ach faoi mar a luaigh mé, úsáideann an t-úrscéalaí modh an iardhearcaidh le féachaint siar ar imeachtaí Chath Fontenoy féin. Ar an gcéad dul síos, cloistear guth Uí Raghallaigh ar an láthair catha agus sinn ag léamh lámhscríbhinní an chaptaein, mar dhea, san úrscéal. Cloistear guth an staraí Francach, maraon le guth Uí Raghallaigh agus iad beirt in oifig an staraí sé bliana tar éis an chatha. Ní hamháin sin, ach cloistear idir ghuth seachtrach agus smaointe inmheánacha an Chaptaein san oifig sin. Ansin, tá guth neodrach ann chomh maith, guth a labhraíonn sa chéad phearsa, ach a thugann cur síos dúinn ar na príomhcharachtair, an staraí Francach agus an Captaen, sa tríú pearsa. Tuigimid ag deireadh an úrscéil go bhfuil feidhm áirithe ag gach ceann de na hinsintí seo sa leabhar.

Gné eile a dhéanann idirdhealú idir na hinsintí éagsúla seo ná go bhfuil an t-úrscéal leagtha amach ag Mac Cóil faoi mar gur dhá leabhar lastigh d’aon úrscéal amháin atá ann. Sé sin le rá go bhfuil an t-úrscéal roinnte i bhfiche sé caibidil, agus an focal ‘caibidil’ litrithe faoi mar a litrítear é sa lá atá inniu ann, agus is sna caibidilí sin atá teacht againn ar an gcomhrá a bhíonn idir an staraí agus an captaen. Is iontu a fhaightear smaointe inmheánacha na beirte maraon le hinsint an ghutha neodraigh chomh maith. Idir na caibidilí seo ansin tá fiche ‘is a haon ‘caibidiol’ agus is iontu siúd a bhímid ag léamh chuntas Uí Raghallaigh. Léimeann an t-úrscéal idir ‘caibidiolaí’ lámhscríbhinní Uí Raghallaigh agus guth inmheánach an chaptaein 6 bliana tar éis an chatha in oifig an staraí

Francach agus cruthaíonn an dá ghuth seo aimsir láithreach stairiúil san úrscéal, is é sin nuair a leantar an príomhcharachtar, an Captaen Ó Raghallaigh. Is é atá i gceist agam le an aimsir láithreach stairiúil ná an méid seo a leanas ag Cohn:

The historical present resolution calls on the norms of formal mimeticism that the realist tradition ties to first-person fictional narration: the imitation of an autobiographical discourse where the narrating self refers to the past life of an experiencing self (1999: 104)

Ní hamháin go gcruthaíonn an t-údar ‘aimsir láithreach stairiúil’ den saghas seo leis an gcur chuige ríspéisiúil atá aige san úrscéal, ach is le húsáid na n-ilpheirspictíochtaí a bhunaíonn Mac Cóil dearthaí agus tuairimí éagsúla na gcarachtar dirfriúil i leith Chath Fontenoy. Is sa tslí seo a chruthaítear an cuntas ilghnéitheach ar an eachtra stairiúil ríthábhachtach seo agus spreagtar samhlaíocht an léitheora dá bharr sin.

## An Staraí Francach

Is é an staraí Francach an chéad ghuth a chloistear san úrscéal. Tosaíonn an scéal amach agus an staraí Francach ag labhairt go díreach sa chéad phearsa le hÓ Raghallaigh agus é ag iarraidh a fháil amach cén gnó atá ag an Éireannach seo ina oifig:

A Éireannaigh, labhróidh mé go foscailteach leat gan folach gan fala agus guím thú gan breithiúnas tobann a thabhairt ar an méid a déarfaidh mé (*Fon.*: 7)

Nuair a fhaigheann sé amach cé hé an Raghallach seo, cuireann sé spéis ann toisc gur throid sé ar son na Fraince i gcath Fontenoy. Tuigimid ón tús gurb iad eachtraí Fontenoy trí shúile na bhFrancach a bhreacann sé ar pháipéar agus gurb iad cúrsaí na Fraince is mó a bhí spéis aige ann nuair a deir sé:

Louis XV soutint tout ce grand fardeau. Déjà Tournai était investi<sup>10</sup>...Inseoidh tú gach rud dom i gceann nóiméid. (*Fon.*:10)

Teastaíonn ón staraí cuntas a scríobh faoi Chath Fontenoy, rud a éiríonn leis a dhéanamh le cabhair ón gCaptaen. Labhraíonn sé i bhFraincis agus i nGaeilge agus is léir, le húsáid an dá theanga mar sin, gur stair na nGael ó pheirspictíocht na bhFrancach a scríobhann sé. Cabhraíonn an chodarsnacht seo idir meon an staraí Francach agus meon Uí Raghallaigh lenár n-aird a tharraingt ar an mbolscaireacht a bhaineann leis an stair uaireanta is go mbíonn níos mó ná léamh agus insint amháin ar an stair. Ag deireadh an úrscéil, níl ag teastáil ón staraí ach ainmneacha na ndaoine a fuair bás agus ainmneacha na ndaoine a tháinig slán. Is cuma leis faoi na comhráití deireanacha a bhí idir na Gaeil, níl uaidh ach a chuntas féin a bhreacadh. Tuigimid nach mbíonn i gcuntas ach figiúirí agus ainmneacha agus ‘níor nós scríobh faoi na saighdiúirí’ (*Fon.*:182). Ní bhíonn mórán ó thaobh scéalta pearsanta ná mionsonraí in aon chuntas den saghas a scríobhfadh an staraí agus cuireann Mac Cóil in iúl dúinn nach róshásta atá an Captaen leis sin. Seo comhrá áirithe idir an bheirt a léiríonn b’fhéidir, nach raibh fonn ar an staraí aon eolas a bhreacadh a bhainfeadh ón ngaisce a bhí i Fontenoy:

- Agus ansin?
- Ansin, chuireas leis an mbuíon faire a bhí ina seasamh taobh thiar den na claíocha uchta, agus dúras leis na fir eile fanacht réidh, mar cá bhfios ach go dtiocfadh na Sasanaigh ón gcoill amach, nóiméad ar bith.
- Agus ar tháinig?
- Níor tháinig.
- Níor tháinig?
- Do tharla rud eile.

---

<sup>10</sup> Thuig Louis an t-ualach seo. Infheistíodh i Tournai cheana féin.

- Monsieur?
- Tháinig sámhnas ar thorann na ngunnaí móra.
- Ça présageai quelque chose? Arsa an Francach? Droch-chomhartha, b'fhéidir?
- Sin é go díreach an tuairim a bhí againn féin.
- Chonaiceamar iad, a dhuine choir, in Dettigen. Ní ghéileann said chomh héasca sin. Bhí scéalta cloiste againn, freisin faoi Chumberland; ainmhídhe de ghinearál nárbh aon chás leis beatha a chuid fear ná a beatha féin ach an oiread, má b'fhíor. Ba dhroch-chomhartha é mar a deir tú.

Thug Ó Raghallaigh faoi deara nach raibh an Francach ag scríobh. (Fon.: 79-81)

Nuair is léir go bhfuil amhras ag teacht ar an gCaptaen faoin staraí seo toisc nach bhfuil ach na lomsonraí á mbreacadh aige, cuireann an staraí in iúl go bhfuil saothair eile cumtha aige, dán ar chath Fontenoy mar shampla. Nuair a deir an staraí Francach é sin leis an gCaptaen, maolaíonn an t-amhras a thagann air beagán ach d'fhéadfaimis a thuairmiú mar sin b'fhéidir, gur cuntas atá á scríobh ag an staraí a rachadh chun tairbhe dá chlú agus dá cháil féin:

A Éireannaigh chroí, níor léigh tú m'fhorógra. Agus cén chaoi a léifeá? Nuair nár tháinig uain a fhoilsithe? Ach b'fhéidir gur léigh tú mo dhán? Mo dhán bhreá? An dán a scríobh mé faoi Fontenoy? Luaigh mé leat roimhe seo é? B'fhéidir nár luaigh. (Fon.:184)

Tagtar ar an tuiscint ansin, áfach, in ainneoin nach mbreacann an staraí síos na sonraí ar fad a insíonn an captaen do go bhfuil ról fíorthábhachtach aige maidir le stair na nGael a insint san úrscéal. Más fíor é nach bhfuil an staraí Francach ach ag scríobh cuntais chun a cháil féin a bhaint amach, fós, is eisean a roghnaigh scríobh faoi Chath Fontenoy agus eisean a spreag (go neamh-chomhfhiosach) Ó Raghallaigh chun a pheann féin a chur le pár. Feicimid an príomhcharachtar trí shúile an fhir seo freisin agus is ábhar suime é peirspictíocht an staraí Francach seo maidir le ról na nGael i gCath Fontenoy.

## An Guth Neodrach

Is ionann an guth neodrach agus uirlis liteartha a ghlaonn criticeoirí eile an ‘external focalization’ air (Rimmon-Kenan, 1988:81). Bíonn sé de bhua ag an nguth neodrach seo gur féidir leis féachaint ghéar a thabhairt ar smaointe inmheánacha na gcarachtar. Líonann an guth neodrach mórán bearnaí dúinn san úrscéal seo mar sin, go háirithe na bearnaí a bhaineann le scéal Uí Raghallaigh roimh agus tar éis an chatha. Labhraítear go díreach leis an léitheoir san insint seo agus chomh maith leis sin, is cosúil gur ag féachaint anuas ar an staraí agus ar an gcaptaen san oifig atá an guth neodrach faoi mar gur ceamara teilifíse atá ann, mar shampla:

Trasna uaidh sin go díreach ag pointe na sé huaire, atá an Captaen Ó Raghallaigh ina shuí (agus muidne ag breathnú thar a ghualainn). Tá an fear eile, an scríbhneoir, ag pointe na deich n-uaire, a chloigeann liath glan-bhearrtha cromtha agus é ag scríobh, ní miste a rá, mar a bheadh Dia á rá leis (*Fon.*:19).

Tugann an guth seo eolas ar leith dúinn, mar shampla an cur síos ar oifig an staraí a fhreastalaíonn ar na céadfaí ar fad, rud nach bhféadfadh modhanna insinte eile a dhéanamh chomh slachtmhar sin, b’fhéidir. Mar shampla:

Bhí boladh chlúdaigh leathair na leabhar ar éigean ar an aer meirbh. Ní raibh le cloisteáil ach scríobadh chleite an scríbhneora. Ar fhíor na spéire bhí le feiceáil, trí ro sámh na léanta, líne dhorcha crann. (*Fon.*: 12)

An éifeacht eile atá ag an nguth seo, a insíonn an scéal dúinn sa tríú pearsa, ná go dtugann sé ‘inside views into their [the character’s] conciousness’. (Cohn, 1999: 104) Deir an reacaire neodrach seo an méid seo a leanas é féin fiú amháin, rud a thacaíonn leis an tuairim seo:

Tá buntáiste againne ar an saighdiúir agus ar an scríbhneoir araon. Tá an scríbhneoir ag leanúint dá chuid scríbhneoireachta; ní fheiceann seisean – ach oiread is a fheiceann an saighdiúir féin é – an rud a fheiceann muid... (*Fon.*: 18)

Ní hamháin sin, ach mar a deir Rimmon-Kenan, ‘an external focalizer has at his disposal all the temporal dimensions of the story (past, present, future)’ (1988:78). Tá eolas ag an reacaire seo faoi nithe a tharlóidh sa scéal nach bhfuil tarlaithe fós agus mar sin de. Mar shampla, i gcaibidil a sé, tugann an guth neodrach féachaint dúinn ar smaointe Uí Raghallaigh, smaointe a bhaineann leis an bhfonn scríbhneoireachta a thagann air:

Go tobann tháinig éad air leis an mbuidéilín dúigh. Thnúthaigh sé an cleitín buí lomtha. Shantaigh sé na leathanaigh bhána a raibh slam maith díobh fós faoi lámh shaothrach an scríbhneora. Thabharfadh sé a chlaíomh greanta, a ghradam oifigigh, a ionad ainmnithe ar rolla na reisiminte, ach an dornán billeog a fháil agus deis scríofa orthu i nótaí dubha. Dar leis go gcaithfeadh sé uirlisí na ceirde a iarraidh ar an bhfear cóir roimh dheireadh an lar mar bhí oiread le rá aige agus níor theastaigh uaidh go nimeodh a chuid smaointe le sruth an ama agus le fána an tsaoil (*Fon.*: 41)

Agus feicimid roimh dheireadh an lae seo go n-iarrann an captaen páipéar ar an staraí ach ní hé an guth neodrach atá á lorg ach guth an chaptaein féin agus é ar tí an oifig a fhágáil:

Agus rith sé liom freisin a dhuine uasail, dá mbeadh sé de chineáltas ionat cúpla leathanch páipéir a thabhairt dom go bhféadfainn tuilleadh de mo chuid chuimhní a bhreacadh orthu dá rithfeadh liom (*Fon.*: 187)

Is trí bhithín an dá insinte seo a fhaightear léargas níos iomláine ar aigne na príomhphearsan. Is fiú a lua freisin go ndéantar idirdhealú idir smaointe inmheánacha Uí Raghallaigh agus a ghuth féin nuair atá sé ag labhairt os ard. Déantar soiléir dúinn le cabhair ón gcló iodálach gur an guth neodrach a nochtann smaointe inmheánacha an Chaptaein dúinn. Seo sampla eile de chomhrá a



bhíonn idir an staraí agus an captaen agus closimid an dá insint ann, insint an charachtair féin agus an guth neodrach a labhraíonn ar son a chuid smaointe inmheánacha:

Ní raibh ach aon mhíniú amháin ar an torann uilic: bhí teipthe ar na Sasanaigh briseadh tríd ar dheis agus ar chlé agus do bhíodar anois ag cur a gcuid achmhainní uile le chéile agus ag déanamh amais ar an lár agus bhí neart iomlán na ndúchlaíocha seo againne á dhíriú orthu dá réir. *An t-aon smaoinemh amháin a bhí in intinn gach uile dhuine agus ba é an Sáirsint ó Laoire a chuir focail air: má tá siad ag teacht trí an lár ní foláir nó tadar á leagan ina gcéadta.* (Fon.: 84)

Cuireann an guth neodrach in iúl gur smaointe inmheánacha Uí Raghallaigh atá i gceist leis an gcló iodálach níos luaithe san úrscéal:

Mar a dúirt sé ina intinn féin- agus féach go mbainimid úsáid as an gcló iodálach chun smaointe dílse agus cuimhní pearsan a chur i láthair (Fon.: 20)

An gnó deireanach atá ag an insint neodrach seo, b'fhéidir, ná go dtugtar le fios dúinn gur tháinig duine ar lámhscríbhinní Uí Raghallaigh, rud a chuireann cuma réalaíoch ar theacht an ghutha neodraigh seo ar lámhscríbhinní an Chaptaein:

Sin a bhfuil againn de leabhar an Chaptaein Ó Raghallaigh. Sin é an áit a dtagann deireadh le prófaí Chartres. An raibh sé i gceist aige a thuilleadh a scríobh? An raibh sé i gceist aige cur lena chuntas tar éis dó na profaí a fháil. Ní féidir a bheith cinnte. Níl a fhios againn. (Fon.: 177)

## Guth an Chaptaein

Cloisimid an captaen ag caint ar an láthair catha agus in oifig an staraí. In oifig an staraí, míníonn Ó Raghallaigh don bhFrancach cé hé féin:

Bhí mé san arm i seirbhís Rí na Fraince. Rinneadh captaen buíne díom sa champa i ndiaidh Dettigen. Bhí mé cúpla bliain leo ag troid go ndearnadh an tsíocháin le mo linn. (*Fon.:* 9)

Labhraíonn Ó Raghallaigh go díreach leis an staraí ach cuirtear a smaointe ar fáil don léitheoir trí úsáid an chló iodálaigh mar a luaigh mé. Déanann sé cur síos ar an gcath don bhFrancach ach is minic go bhfuil ‘rudaí níos domhaine fós ag borradh is ag caolú is ag síolrú in íochtar a aigne’ (37) In ainneoin nach raibh ‘aon rogha’ (12) ag Ó Raghallaigh, nochtann sé scéalta an chatha don staraí. Agus é ag tosú amach, tugtar le fios dúinn nach bhfuil aon ‘cruas ná ciniciúlacht’ (20) sa chaptaen i dtaobh a bhfuil á scríobh ag an staraí, ‘fad is nach mbaineann sé d’onóir na reisiminte nó dem onóir féin’, a deir sé leis féin (21).

Bíonn leisce ar an gCaptaen a smaointe a nochtadh leis an staraí uaireanta agus is minic a théann a chuid smaointe ar fán ina aigne féin agus go bhfuil ar an staraí a aird a fháil arís:

An t-oifigeach óg as Éirinn – fós ag breathnú thar an mbalastráid amach i dtreo na líne dorcha crann ar fhíor na spéire.

- Monsieur? (*Fon.:* 70)

Diaidh ar ndiaidh, áfach, éiríonn sé soiléir sa scéal nach mbíonn an staraí ag breacadh nótaí do na himeachtaí is tábhachtaí, (dar le hÓ Raghallaigh) atá á insint aige:

Bhí sé tagtha chuig ceann de bhuaicphointí a scéil. Bhí an stair á ríomh aige. Ach bhí iontas air nach raibh an Francach ag scríobh (*Fon.:* 92)

Is ansin a fheicimid go n-athraíonn aigne Uí Raghallaigh i dtaobh imeachtaí an chatha a insint don staraí agus is ag an bpointe seo san úrscéal go soiléirítear cúram an dá insint ar an úrscéal don léitheoir, dar liom:

Thuig sé an tráthnóna sin agus e dans une facon de parler<sup>11</sup> i láthair na staire – murab ionann agus an la úd sé bliana roimhe nuair a bhí sé i láthair ag ócáid stairiúil – go raibh aistriú ar siúl arb ionann é, geall leis, agus an stair féin; aistriú a d’fhágfadh nach mbeadh an tuairisc a scríobhfadh an Francach seo ag teacht iomlán leis an insint a bhí sé féin ag tabhairt dó (*Fon.:*100).

Is léir ó smaointe inmheánacha Uí Raghallaigh go mbeadh air a chuntas féin ar na Gaeil a throid i gCath Fontenoy a scríobh mar is minic nach mbíonn an staraí ag scríobh na sonraí is mó tábhacht don chaptaen. Téann an léitheoir ó chaint inmheánach Uí Raghallaigh agus é gan ach ag smaoineamh faoi scríobh ar an gcath san oifig, go dtí na lámhscríbhinní féin a scríobh sé, mar dhea. Agus Ó Raghallaigh ag déanamh cur síos ar an gcath, cuirtear in iúl conas mar a chonaic seisean an cath le súile a chinn féin san insint seo. Bíonn éifeacht íocshláintiúil ag an insint seo ar an gcaptaen mar is léir gur faoiseamh na féinfhaoistine atá ann dó. Ní hamháin sin, ach sna caibidlí atá bunaithe ar lámhscríbhinní, d’fhéadfaí a rá go n-athrchruthaíonn Mac Cóil, geall leis, Gaeilge liteartha na 18ú haoise dúinn agus déanann sé é seo ar shlí chomh éifeachtach sin go mbraitheann an léitheoir go bhfuilid ag léamh cáipéise na linne sin:

Ar an naomhadh lá de Bhealtaine ionsá mbliadhain d’aois ár dTigherna míle seacht gcéad is a ceathracha cúig, hordaíghreamh dúinn ar gcampadh ag Tournai do sgaoileadh. Is é sin dúnphort daingean Tournay arb é an tardtasgóir clúiteach Sébastien de Vauban do thóg aimsir an Rí Laoiseach XIV : agus do bhí fa léigear agus fa lán-imshuíghe againn le dhá seachtain roimhe : is ann do bhí an foslongphort againn feadh an achair sin (*Fon.:*13)

---

<sup>11</sup> Ar shlí

Is léir gurb é atá á dhéanamh ag Mac Cóil ná go bhfuil sé ag cruthú carachtair atá ‘engaged in writing a novel similar to the novel in which he appears’ (Rimmon-Keenan 1983:93) sé sin le rá go bhfuil an cuntas pearsanta atá á scríobh aige cosúil le húrscéal lastigh d’úrscéal ar shlí. Mar shampla:

Is é atá san leabhrán mbeag seo, a léightheoir ionmhuin, cunntas nó tuarasgháil ar an gcath iomráidhte fearadh i bhFlondrás insan Tír Íochtair idir Rí Laoiseach na Fraince agus Seoirse Hanóbhárach Rí Sacsan ansa mbliadhain 1745 .i. Cath Fontenoy agus Antoin arna scríobhadh re Seán mac Aodha mhic Sheaáin mhic Shéamuis mhic Philib Dhuibh mhic Shéamuis Chaim mhic Aodha Mhurdarrtha na mBó Uí Raghallaigh, Caiptín i reisimint Diolmhan an tan sin. Agus is é atá anso síos torthaídh m’fhiosruighthe agus fiadhnaise mp shúl féin mar aon re heolas ionntaobhach de réir mar a fuair mé romham tairngthe é ag údaraibh barrantamhla agus é sin uilic arna athchur síos anso agam ar an ordughadh do chí do romhat. (*Fon.*:38)

Faoi mar atá feicthe againn cheana, tá an cleas céanna seo in *Ceol an Phíobaire* (Mac Confhaola, 1996) chomh maith agus cuireann an réamhrá ag tús an leabhair, a scríobhann príomhcharachtar an úrscéil, Cathal Ó Ceallaigh, scríofa i gcanúint bhreá Loch Garmain, de réir dealraimh, go mór le fiúntas an leabhair sin:

Tá formhór an ndaoine a tháinig anseo linn go Meiriceá sínte sa chré i New Butcher’s Grove, is an ghaoth aduaidh ag feadaíl chughubh ó Loch Erie is ag carnadh sneachta ar a n-uaiqeanna. Thá súil agam go mbeidh clann mo cholainne is na glúnta athá le teacht in ndon an saothar seo a léamh, agus go dtuigfidh siad ár scéal agus cad é an tubaist a dhíbhír anseo míd ón bhaile beag aerach sin ag bun na Staighrí Dubha... (Ó Ceallaigh in Mac Confhaola, 1996: vii)

## Tábhacht na n-Insintí difriúla

Is é an buntáiste a bhaineann le mórán insintí san úrscéal seo ná go bhfaighimid pictiúr níos iomláine de Chath Fontenoy againn mar thoradh agus ina theannta sin, faighimid réimse níos leithne de pheirspictíochtaí difriúla ar an stair a bhaineann leis an eachtra stairiúil seo. Tá tábhacht le cur chuige mar seo toisc go dtarraingítear ár n-aird ar mhórthéama eile de mhórthéamaí an úrscéil seo, sé sin ‘[nach] mór don starthóir rogha do dhéanamh agus is insa rogha sin nochtann a chlaonadh is a dhearcadh féin’ (*Fon.*:152) nó i bhfocal eile ‘bealaí éagsúla le breathnú ar na rudaí céanna’ (ibid.:103) Tá an rud céanna i gceist san úrscéal seo agus bealaí éagsúla le féachaint ar stair an Chatha Fontenoy.

Feicimid ról tábhachtach an reacaire neodraigh chun a leithéid a chur in iúl dúinn agus cur síos á dhéanamh aige ar na difríochtaí idir cuntas an staraí agus cuntas an chaptaein féin. Níl anseo ach sampla amháin:

An í an aithne sin a bhí ag an scríbhneoir ar Richelieu agus ar Lally araon a d’fhág nár luaigh sé Lally ach ar éigin ina chuntas scríofa agus gur fhág sé ar lár a ndúirt sé faoi mhífhoigid na nÉireannach agus an fonn a bhí orthu aghaidh a thabhairt ar a sean-namhaid. An í an fhaillí sin nó an neamhshuim a bhí sé [an staraí] ag léiriú sa Taoiseach Gaelach a shochraigh Ó Raghallaigh ar phointe faoi leith a dhéanamh de ina leabhar féin? (*Fon.*: 115)

Achroimríonn Mac Cóil tábhacht na n-insintí éagsúla go sár-chliste don léitheoir in aigne Uí Raghallaigh, nuair a deir sé, ‘*Dá liacht staireanna is dócha is fearr domhain*’ (ibid.:188). Is ionann sin le rá ná gur fearr dúinn ar fad sa lá atá inniu ann mórán léamha a dhéanamh ar imeachtaí na staire agus peirspictíochtaí ó gach aon taobh a fháil chun go dtiocfaí ar ár bpeirspictíocht fhéin. Tugann an captaen creidiúint ar leith don staraí nuair a thagann guth inmhéanach Uí Raghallaigh ar an gconclúd thábhachtach seo gurb é an staraí a ‘chruthaigh’ scéal Fontenoy in ainneoin nach

róshásta a bhí sé gur cheap an staraí go bhféadfadh sé ‘briseadh croí na hÉireann a chuimsiú taobh istigh de dhá líne loma deisbhéalacha véarsaíochta.’ (Fon.:185) Mar sin féin, tuigeann an captaen:

[G]ur scríobh sé dán faoi [Fontenoy] ag an nóiméad ceart, toisc gur léadh é is go ndearnadh aithris air, seoladh Fontenoy- murab ionann agus go leor leor scliúchas eile – ar thonnta buacacha na staire móire. Le cumhacht coimpearta an fhocail, le cumas cruthaitheachta a bhriathra féin, chuir sé tús le múnlu an scéil eipciúil – rud nach bhféadfadh céad arm dá chumhachtaí a dhéanamh go deo astu féin. (ibid.: 186)

Is ag deireadh an úrscéil áfach a thagann an Captaen ar an gconclúd is tabhachtaí dá bhfuil ann, sé sin gur gá leagan Gaelach a bheith ann ar stair na nGael amach anseo nuair a deir Ó Raghallaigh in a aigne féin arís, ‘*Sa deireadh is dócha tá gach pobal freagrach as stair féin*’ (188). Glacann Ó Raghallaigh leis an gcúram peann a chur le pár agus a thairfead féin a scríobh ar a chomráidithe, ar bhuanna agus ar dhíomuanna an chatha, agus ar an méid a chonaic sé agus ar an méid a bhraith sé. Tuigeann sé tábhacht an fhocail scríofa agus tuigeann sé gurb í a inseoidh scéal na nGael do na glúinte atá le teacht:

Ach rachaidh bronntanas Fontenoy gan a thuairisc i measc na nGael mura scríobhaim síos é. Mura n-insím an scéal do mo mhuintir, do phobal na Gaeilge sa bhaile agus thar lear, mura mbreacaim síos é do na glúnta eile Gael nár tháinig fós agus nár chuala tada faoi seo ach mar a chuala siad faoi aon chaith in aon chogadh dá raibh ann le trí chéad bliain, mura ndéanaim é sin, rachaidh sé uile amú, is an saibhreas atá faighte againn ón scríbhneoir seo dreofaidh sé sa chomhra ceal úsáide. (Fon.: 186-187)

Mar sin, cad chuige go bhfuil insintí éagsúla agus leagan amach spéisiúil mar seo ag Mac Cóil san úrscéal? Iarracht is ea na hinsintí éagsúla in Fontenoy, b’fhéidir, ar léiriú a dhéanamh ar an duine mar indibhid agus ar an duine mar imreoir amháin eile in ollchúrsa na staire. Tagann forbairt ar an gcaptaen sa tslí is go dtuigeann sé cumhacht an fhocail scríofa agus é ag imeacht leis ó oifig an staraí Francach. Tá cuma na fírinne ar an úrscéal de bharr na reacaireachta seo toisc go

bhfuil a ndearcthaí féin ag na hinsintí difriúla ar ar tharla sa chath clúiteach seo. Deir Titley go bhfuil cead ‘ag gach aon chine daonna a leagan féin den stair nó den scéalaíocht a bheith acu mar níl de rogha againn ach rogha idir leaganacha ar deireadh thiar’ (1991: 324). Is léir gurb é sin atá déanta ag Mac Cóil san úrscéal seo aige, sé sin go bhfuil a leagan féin de Chath Fontenoy ceaptha ag An Raghallach, ag an staraí Francach agus ag an nguth neodrach fiú, go pointe. I bh*Fontenoy* is í ceist na peirspictíochta an cheist is mó a bhíonn ag dó na geirbe ag an Raghallach agus ag an staraí Francach agus is dual dóibh beirt gabháil le dearcadh ‘which is determined by the circumstances of his time and by his own preconceptions’ (Geyl, 1965: 15). Gan amhras, is iad ceisteanna agus tuairimí a linne a dheachtaíonn an méid a chuireann said beirt, an staraí agus an captaen, ar an leathanach bán scríbhneoireachta atá os a gcomhair ach tuigimid faoi dheireadh an úrscéil gur chuid de ‘Laoi Fontenoy’ (*Fon.*: 161) atá inste ag na guthanna go léir.

## 7. An Cléireach

### *Cúlra agus Carachtracht*

Faoi mar a luadh sa mhionphlé ar an úrscéal seo níos luaithe sa tráchtas, ardsaothar úrscéalaíochta eile is ea *An Cléireach* a ghnóthaigh duais mhór an Oireachtais sa bhliain 2007 agus dar leis na léirmheastóirí, gurb é ‘an t-úrscéal is fearr ó chasadh an chéid é’ (Coilféir *et al.*, 2013: 24-29). Ní hamháin sin ach nuair a rinneadh suirbhé litríochta sa bhliain 2013, ar cé na leabhair is fearr le léitheoirí na Gaeilge, b’*é An Cléireach* a bhí ag uimhir a dó ar an liosta sin (ibid., 2013: 27). Is fiú a lua chomh maith go raibh *Fontenoy* ag uimhir a trí ar an liosta céanna sin agus nach leabhar ficsin a fuair an chéad áit ach leabhar léinn (ibid.).

Tá *An Cléireach* suite sa seachtú haois déag agus tréimhse an-suaite ar fad a bhí ann, fud fad na hEorpa agus na hÉireann, dár ndóigh. Mar sin féin, is tréimhse í sin lena mbaineann ‘paradacs’ (Ó Cróinín, 2007) mór amháin, sé sin in ainneoin go raibh cúrsaí go dona in Éirinn maidir le cúrsaí polaitíochta agus cogáíochta, tháinig an-bhorradh ar an litríocht. Seo an méid a deir an t-údar féin mar gheall ar an tréimshé áirithe seo in agallamh leis:

B’shin ré Chromail agus ré na géarleanúna agus ré Aughrim. Ach chomh maith leis sin, b’shin ré Eochadh Uí Eochadhsa agus na filí mór, na scríbhneoirí i Louvain Cearúl Óg Ó Dála agus Parlaimint Chlainne Thomáis agus an borradh mór a tháinig sa litríocht. Agus bhí sé aisteach is dóigh go raibh an dá rud ag tarlú in éindí (Ó Scolaí, 2013)

Cé gur luadh an t-úrscéal so mar úrscéal cogáíochta sa suirbhé ginearálta a rinneadh i gcaibidil a dó, feicimid go leagtar níos mó béime ar thábhacht na healaíne agus ar thábhacht na litríochta níos mó ná cúrsaí cogáíochta ann, ach pléifear é sin go mion ar ball.



Tá an t-úrscéal roinnte ina seacht gcaibidil agus brollach ag tosach an úrscéil. Is sa bhrollach go dtugtar cúlra an úrscéil dúinn:

Earrach na bliana 1650 bhíomar sé chéad fear agus trí scór marcach ag máirseáil isteach trí gheata bhaile an Teampaill Mhóir dhúinn, an cornal Ó Flatharta ar ár gceann, bratacha ar foluain agus drumáí á mbualadh... Naoi lá a chaitheamar faoi thuairteáil na ngunnaí móra sular fhágamar slán leis an Teampall Mór agus d'éalaíomar amach thar mhúrtha an bhaile cheithre chéad fear le garfan na hoíche. Mhalartaíomar piléir ghunnaí leis an namhaid agus, tar éis dianshiúl inar fhágamar ár gcompánaigh sínte feadh an bhealaigh, le chéad shoilsíú an lae thugamar na coillte orainn. (AC: 7)

Lastigh de na seacht gcaibidil sin, léimeann an scéal ó lár na haoise go tosach na haoise agus ó Éirinn go dtí an Mhór-Roinn. Mar shampla, tá an chéad chaibidil, *An Raitréat*, an dara caibidil, *An Odaisé* agus an triú caibidil *An Campa* suite in Éirinn sa bhliain 1650. Tógann an ceathrú caibidil, *An Dá Leabhar* siar cúpla bliain sinn go 1647, agus baineann eachtraí na cúigiú caibidle, *An Scoil* leis na blianta 1620-1642, agus tá an chaibidil sin suite idir Éirinn agus Mór Roinn na hEorpa. Tá eachtraí na séú caibidle, *An Maor*, suite idir na blianta 1601 agus 1650 agus téann an chaibidil dheireanach ansin *An Cuntas*, ó Oistinn na hÍsiltíre 1667 go hÉirinn 1650. Is trí úsáid theicníc an iardhearcaidh a éiríonn leis an údar an léimt thall is abhus sin a dhéanamh san úrscéal gan cur isteach ar shruth an phlota.

Is in Earrach na bliana 1650 atá tús an úrscéil suite, agus is é Tadhg Ó Dubháin príomhreacaire an scéil. Tá sé ina 'oifigeach i reisimint Éamoinn Uí Fhlathartha' (Ó Scolaí, 2008: 90) agus is eisean an cléireach. Is deacair a rá go bhfuil príomhphlota ag an úrscéal seo ach mar sin féin, tá formhór eachtraí an úrscéil bunaithe ar oíche scéalaíochta a tharlaíonn le linn ionradh Chromail i measc shaighdiúirí reisimint Éamoinn Uí Fhlathartha, caitheamh aimsire a bheadh comóna go leor i measc shaighdiúirí na linne sin, agus b'fhuirist dúinn a leithéid a shamhlú. Agus iad cruinnithe le chéile,

insíonn na saighdiúirí a gcuid scéalta a sholáthraíonn roinnt mionphlotaí san úrscéal. Mar sin, is léir go bhfuil gnéithe den fhrámascéal in *AC*, sé sin go bhfuil mionphlotaí ann atá fite fuaite timpeall ar an bpríomhphlota. Is é atá i gceist le frámascéal ná ‘sraith scéalta a insítear lastigh de scéal eile a sholáthraíonn an fráma do na heachtraí ar fad’ (Ó Cróinín, 2007: 23). Feicimid gur bhain an t-údar úsáid as struchtúr an fhrámascéil ina shaothar *Feis Tigh Chonáin* (1995) chomh maith, arbh é atá ann ná leagan nua-chóirithe den seantéacs Fiannaíochta ach é curtha in oiriúint do léitheoirí na Nua-Ghaeilge. In ainneoin nach úrscéal stairiúil é *Feis Tigh Chonáin*, feicimid gur scaoil Ó Scolaí chugainn a ‘leagan féin den scéal mar phársa litríochta’ (Ó Cróinín, 2001: 24) agus d’fhéadfaimis a rá gurb é atá ar siúl aige in *An Cléireach*, ná go bhfuil a leagan féin d’eachtraí na 17ú haoise in Éirinn á chur faoinár mbráid. Is fíor an méid atá le rá ag Ó Cróinín i gcás an dá leabhar, sé sin nach dtagann ‘éinní idir an léitheoir agus an téacs’ (ibid.: 24) toisc go bhfuil an dá leabhar chomh taitheamhach agus dea-scríofa sin. Tá an t-údar ina mháistir ar an teanga stairiúil a ionramháil agus é á chur in oiriúint do léitheoirí an lae inniu agus tá sé sin soiléir in *Feis Tigh Chonáin* agus *An Cléireach* araon. Feicimid, fiú, go scríobhann sé chuid den úrscéal sa rud a thugann Nicholas Williams an caighdeán cúng air (2002: 8), sé sin le rá, leagan simplithe den gcaighdeán atá oiriúnach do léitheoirí agus scríbhneoirí an lae inniu. Is é atá i gceist leis an gcaighdeán cúng dar le Williams, ná ‘fo-thacar de chuid an Chaighdeáin Leathain’ (ibid.: 8) atá bunaithe go hiomlán ar theanga labhartha an lae inniu. B’fhéidir go gceapfadh an léitheoir gur aithris ar na lámhscríbhinní atá ann, ach dar leis an údar, ní raibh ann ach gur theastaigh uaidh a fheiceáil conas mar a d’fhéachfadh caibidil don saothar seo agus é scríofa amhlaidh<sup>12</sup>.

---

<sup>12</sup> Eolas a fuair eadh ón nDoctúir Breandáin Ó Cróinín a chuir ceist ar an údar nuair a tháinig sé chun caint a thabhairt i gColaiste Muire gan Smál tamall de bhlianta ó shin.

In AC, faoi mar a luadh cheana, úsáideann an t-údar teicníc an iardhearcaidh agus tógann carachtair eile an scéil siar sinn go blianta luatha na 17ú haoise nuair a insítear na scéalta mar gheall ar chathair Phrág, ar Oistinn na hÍsiltíre, ar Gheata Bhaile an Teampaill Mhóir, ar Lobháin na Beilge, ar Ghailimh agus cathair Bhaile Átha Cliath chomh maith. Is léir ón úrscéal seo, mar sin, go raibh saighdiúirí na hÉireann ag troid fud fad Mór Roinn na hEorpa le linn an 17ú haoise:

Chaitheadar os cionn bliana ar mhacairí na Bóihéime ag tabhairt maidhme is mion-bhrisidh dá chéile agus gan aon taobh ag breith buntáiste ar an taobh eile nó gur chruinníodar súid a neart féin agus thugadar aghaidh soir ar rí-chathair Phrág... (AC: 2007: 92)

Faoi mar a luadh cheana, bhí cúrsaí go dona in Éirinn sa seachtú aois déag agus tuigtear dúinn go raibh Mór-Roinn na hEorpa ina cíorthuathail freisin, ach d'fhéadfaimis a thuairmiú, b'fhéidir, mura mbeadh cúrsaí chomh hainnis sin ar an Mór-Roinn agus in Éirinn nach mbeadh litríocht chomh bisiúil sin againn ón tréimhse chéanna, agus is mar gheall ar sin go bhfuil ról chomh lárnach sin ag cúrsaí litríochta agus ealaíne san úrscéal seo. Tá an méid atá le rá ag Ó Cróinín faoi seo spéisiúil:

[N]í dócha go dtiocfadh aon fhorbairt ar fhilíocht na Gaeilge ag an am murach gur thit an seanchóras Gaelach as a chéile ó thosach an 17ú haois ar aghaidh agus ní móide go scríobhfaí an próis iontach a scríobhadh in Éirinn agus ar mhór-roinn na hEorpa mura mbeadh go raibh ar uaisle agus lucht léinn na nGael an tír a fhágaint (2007)

Is léir gur aithin an Scolaíoch tábhacht na tréimhse seo is gur spreag sé é chun úrscéal ina bhfuil an litríocht féin lárnach ann mar théama a shuíomh sa 17ú haois. Tá an t-úrscéal seo breac le filí agus scéalaithe, a bhíonn i mbun scéalta agus reacaireachta tríd an úrscéal ar fad, agus is léir go mbíonn an fhilíocht agus an scéalaíocht níos mó chun tosaigh san úrscéal seo seachas eachtraí cogaithe. Tá ról an chléirigh féin an-thábhachtach gan amhras, mar is eisean a choimeádann

agus a scríobhann cuntas na nGael, agus cuntas b'fhéidir, ar stair na nGael. Seo a ndeir an sagart Proinsiasach leis agus é ag impí ar Thadhg cuntas na nGael a scríobh:

[Ó]ir táid amuigh ansin, a deir sé, atá ag cur bréaga orainn agus ag déanamh beag is fiú dhe ghníomhartha gaisce is laochais ár náisiúin. Ar son na fírinne, a deir sé, agus ar son go mbeidh tuairisc is tuarascáil chruinn ag náisiúin an domhain orainn tá sé iarrtha ag an bProivinsial orm cuntais a chur á scríobh ag daoine iontaofa i reisimintí is i dtrúpaí na ríochta. Agus chuige seo, iarrtar ortsa a mhic Uí Dhubháin, ós eol dúinn gur oifigeach i resimint Éamoinn Uí Fhlatharta thú, go bhfuil léann ort agus cumas scríbhneoireachta, agus ós aithnid dúinn ó t'athair is ó do shinnsearthacht gur duine dílis diaganta thú, iarrtar ort glacadh leis an leabhar seo uaim agus cuntas a scríobh inti ar imeachtaí an chogaidh (Ó Scolaí, 2007: 90)

Feicimid go bhfuil cosúlachtaí idir an píosa sin thuas agus an méid a deir An Captaen Ó Raghallaigh i bh*Fontenoy* nuair a thuigeann sé go bhfuil sruth na staire ina aghaidh agus go bhfuil dualgas air í a bhreacadh faoi mar a chonaiceamar cheana nuair a chloiseann sé an laoi á rá i gcampa na saighdiúirí.

Chomh maith leis sin, dála Titley agus Mhic Cóil, is léir go raibh a chuid taighde déanta ag an Scolaíoch sula ndeachaigh sé i mbun scríbhneoireachta. Faoi mar atá raite go minic anois sa tráchtas seo, is meascán den fhírinne agus den chur i gcéill é an t-úrscéal stairiúil agus is minic go gcuireann údair úrscéalta stairiúla na foinsí a d'úsáid siad in iúl dúinn ag tús nó ag deireadh an leabhair. Luann de Groot an sampla suimiúil seo as úrscéal stairiúil de chuid David Peace, *The Damned United* (2006), áit ina gcuireann sé síos ar na foinsí a d'úsáid sé mar seo a leanas, 'this novel is a another fiction, based on another fact. That fact was found in the following sources...' (2010: 8) agus is fíor sin i gcás cuid mhaith de na húrscéalta stairiúla Gaeilge atá pléite againn anseo chomh maith. I gcás *An Cléireach*, luann Ó Scolaí a chuid foinsí in iarnóta ag deireadh an leabhair:

Ar na hait is ar na leabhair ba mhó a raibh mé ag brath orthu tá ‘Cín Lae Ó Mealláin a chuir Tadhg Ó Donnchadha in eagar in *Analecta Hibernia* 3;’ “Toireadhealbhach Ó Conchubhair a chuir Cuthberg Mhág Craith OFM in eagar in Father Luke Wadding leis na Bráithre Prionsiasacha (2007)

Cé nach bhféadfaí a rá go dtéann an scríbhneoir thar fóir le cúrsaí idirthéacsúlachta san úrscéal seo, sa tslí chéanna is a chonaiceamar in *AFD*, is rílér dúinn gur bhain sé an-úsáid as *Cín Lae Ó Mealláin*. I mbeagán focal, is é atá i g*Cín Lae Mealláin* ná ‘tuairisg ar an gcogadh i gCúige Uladh agus i gCúige Laighean, fé Sir Feidhlim Ó Néill agus fé Eoghan Ruadh ó bhliain 1641 go dtí 1647’ (1931: 1). Cloistear macallaí soiléire d’fhilíocht Toirealach Uí Chonchubhair in *AC*, atá le fáil i g*Cín Lae Ó Mealláin* a phléifear i gceann tamaill.

Cosúil leis an dá úrscéal eile ar a bhfuil mionphlé déanta againn, *An Fear Dána* agus *Fontenoy*, tá idir charachtair samhlaíochta agus fíorphearsana staire in *An Cléireach* chomh maith. Agus na saothair sin, *Cín Lae Ó Mealláin* agus cuntas Mhig Craith mar chabhair aige, ní haon ionadh mar sin go luaitear mórphearsana na tréimhse seo cosúil le Padraigín Haicéad<sup>13</sup> (c.1604-1654), Micheál Ó Cléirigh (c.1592-1643), Brian Mac Giolla Choinnigh (c.1582-1662), agus Somhairle Mac Dómhnaill (c.1586-1632) gan ach roinnt samplaí a lua. Tá beatháisneisí na ndaoine seo le fáil ar [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie) agus feictear sna fonótaí ann go raibh ról an-lárnach ag na pearsana staire seo i saol cultúrtha an 17ú haois. File mór le rá a bhí sa Haicéadach, scoláire ab ea Mícheál Ó Cléirigh, file agus sagart é Brian Mac Giolla Choinnigh, agus saighdiúir ab ea Somhairle Mac Dómhnaill chomh maith le bheith ina phatrún ag lucht litríochta. agus d’fhág na daoine seo lorg buan ar litríocht na tíre seo. Mar sin féin, is sa chúlra atá na mórphearsana staire seo in *AC*, rud a

---

<sup>13</sup> Ba é Pádraigín an dara mac ag James Haicéad FitzPiers. Chuaigh sé go coláiste a bhí ag Doimnicigh na hÉireann i [Lováin](#). Scríobh sé dán do ‘cuideachtaí Chaptain Cairí’ a bhí leis ar an mbóthar ó [Londain](#) go [Canterbury](#) i 1628. Ón bpointe sin tá léiriú leanúnach ar shaol an fhile le fáil sna dánta.

thugann le fios go dtagann úrscéal Uí Scolaí faoi thuiscint Cahalane ar an úrscéal stairiúil a léiríonn dúinn go bhfuil tuiscint mhaith ag an údar ar ealaíon an tseánra seo. Is trí na gnáthcharachtair agus a gcuid mothúchán a nochtar an scéal seo dúinn go príomha. Is mar chuid de na mionscéalta a insítear a luaitear na mór-ainmneacha staire de ghnáth in AC. Insíonn an leitionant Búrc scéal faoi Phádraigín Haicéad nuair atá na saighdiúirí i lár díospóireachta faoi chúrsaí creidimh agus chúrsaí polaitíochta timpeall na tine sa tábhairne:

Chuala ceann maith i dtaobh an athar Haicéad, a deir an leitionant Búrc. An fear seo d'fhiafraigh sé dhen athair Pádraigín an naimhde linn na Sasanaigh, agus dúirt an sagart gurb ea. D'fhiafraigh sé dhe ansin an cairde linn naimhde ár gcuid naimhde, agus gur naimhde linn naimhde ár gcairde. Ach os rud é, a deir an fear seo leis, gurb iad na Sasanaigh ár naimhde agus go bhfuilid siúd ag fógairt cogaidh ar Chailvínigh na hAlban, mar sin chaithfeadh sé gur cairde linne an t-ard eiriceach Seón Cailvín féin is a chomhleacaithe siúd Aibríoraim is Séat is Béalzabúl is Sátan agus an uile shodamach is deamhan eile a scaoileadh aníos as Ifreann chugainn ar an saol seo. Bhí an t-athair Haicéad le ceangal, a deir an leitionant go ríméadach. (A.C: 61-62)

Mórphearsa staire eile atá mar chuid de mhionscéalta na príomhcharachtar ná an t-athair Brian Mac Giolla Choinnigh. Seo scéal a insíonn Seonac Ó hAllúmhráin faoin sagart seo i ngan fhios dó, gan dabht, agus is suimiúil an ní é go dtosaíonn sé an scéal sa chaoi chéanna is a thosaíonn scéal an Bhúrcaigh:

Chuala ceann maith i dtaobh an tsagairt, a deir Seonac. D'fhéach sé ó dhuine go duine orainn agus clár leathan gairí air. Le dhe na laethaibh, a deir sé, i dtávairne an Dá Choileach ar an Teampall Mór bhíodar buíon de na fearaibh ag gabháil fhoinn go súgach agus tháinig an t-athair Brian isteach agus ruaig as an teach iad ce is moite dh'aon oifigeach amháin, meirgire an chomplachta, a d'fhan ann ag ól. Thug an sagart íde béil don mheirgire a ra go raibh droch-shampla á thabhairt do na fearaibh aige, agus d'fhiafraigh sé dhe an raibh a fhios aige céard is peaca an chraois ann?

...A deir an meirgire á fhreagairt, nach bhfuil é ráite ag an mbráthar bocht Mac Aingil ina leabhar beannaithe gur chóir don pheacach fuath a thabhairt don pheaca? Atá, a deir an sagart. Is fuath liomsa, a deir an meirgire, gur chóir dhon pheacach aithrí is leorghníomh a dhéanamh ina pheaca trí phianós a dhéanamh? Atá, go deimhin a deir an sagart. Agus tá sé raithe gur chóir dhon phianós a bheith i gcontráltacht don pheaca, a deir an meirgire, agus mar gur fuath liomsa an deoch mheisciúil ólain an deoch chun piónós a chur orm féin, agus nuair a bhíonn a leordhóthain di ólta agam canaim in ard mo chinn mar phíonós don uile pheacach eile i mo chomhluadar. (Ó Scolaí, 2007: 16-17)

Feicimid dhá shampla ansin de scéalta a insíonn do charachtair samhlaíochta an úrscéil faoi mhórainmneacha staire na tréimhse sin. Ní hamháin sin ach scéalta greannmhara iad an dá shampla sin agus faoi mar a luaigh me, is scéalta iad a thosaíonn amach sa tslí chéanna. Cuireann cleas na bhfínead seo go mór le hinchreideacht an úrscéil sa tslí, dar liom, is go dtugtar íomhá daonna ar na saighdiúirí i measc uafás na cogaíochta agus cuireann an greann le pléisiúr an leabhair. Dar liom, is scil ar leith é ag údar an úrscéil stairiúil an greann a fhí isteach le hábhar chomh trom sin agus an 17ú haois sa chás seo. Is iontach an íomhá atá ann agus spochadh á dhéanamh as an bhfile mór le rá seo, Pádraigín Haicéad, agus duine beannaithe mar an sagart, rud nach samhlófaí de ghnáth, b'fhéidir. Nascann Ó Scolaí fírinne na staire agus spleodar an fhicsin go smior lena chéile leis an ngreann seo agus cuireann a leithéid le réalachas an scéil chomh maith.

Chonacthas cheana gur éirigh le Mac Cóil an greann a fhí isteach in bh*Fontenoy* chomh maith. Is cuid den *conditione humaine* an greann agus is féidir leis an ngreann solas a chaitheamh ar dhaonnacht na gcarachtar agus iad ag dul i ngleic le cursaí cogaíochta nó a léithéid.

Beidh sé le feiscint go bhfuil ról fíorthábhachtach ag formhór na gcarachtar san úrscéal seo ó thaobh cursaí ealaíne de sa chiall is leithne den bhfocal. Tá an-thábhacht ag baint leis na filí san úrscéal, dar liom. Tá Toirealach Ó Conchubhair, Fear Flatha an Gnímh ‘. i. mac an fhile chlúitigh agus leitionant an triú complachta’ (AC, 2007: 44) agus Mathúin Ó hUiginn, ‘seanfhibh Shliabh

Damh agus maor capall na reisiminte’ (ibid.: 13) go lárnach san úrscéal agus baineann na carachtair sin go mór le tábhacht na healaíne ann. Buailimid le formhór na reisiminte ag tús an úrscéil agus cé go bhfuil an t-údar i dtaobh lena shamhlaíocht, tá sé fós ábalta ar charachtair réalaiócha, go bhfuil blas na fírinne orthu, a chruthú. I gceannas ar an reisimint tá an Cornal Ó Flatharta agus a dhreatháir Dónall Ó Flatharta. Ansin, bualimid le Ruairí Uí Cadhain, ‘sáirsint an gharda’ (AC: 10), Seonac Ó hAlluráin, ‘as Rinn Mhaoile Thuaidh’ (AC: 11). an chornail Seán Mac Conraí, ‘a ghruaig slíochta anuas ar a leiceanna agus a bhuataisí’ (AC: 22), an leitonant Ó Gnímh, ‘a hata ar leathmhaing’ (AC: 27) agus an meirgire Ó Conchúir agus cuirimid aithne ar Bhrian Ó Gnímh, ‘rúpálaí mór láidir a chaill leathlámh leis i scliúchas leis na hAlbanaigh’ (AC: 28). Feicimid cosúlachtaí idir an cur síos a dhéanann Ó Scolaí ar na saighdiúirí in AC agus an cur síos a dhéanann Mac Cóil ar na saighdiúirí in *Fontenoy*. Mar shampla i bh*Fontenoy*, buailimid le saighdiúirí cosúil le Ó Laoire, ‘plucaire mór dian dea-mhéiniúil’ (*Fon.*: 46), Diarmuid Scurlóg, ‘fear mór ciúin, gruaig liath air, blagóid air’ (*Fon.*: ibid.), agus Mac Gearailt, ‘é cabanta, géarghlórach agus folt maith rua air’ (*Fon.*: 48) Cuireann na mionsonraí seo in iúl dúinn gurb iad na carachtair shamhlaíocha seo príomhcharachtair agus mórleaochra an dá úrscéal stairiúil seo. Ní thugtar mórán eolais dúinn i dtaobh na bhfíorphearsan staire cosúil le Pádraigín Haicéad agus Somhairle Mac Domhnall, faoi mar tharlaíonn go minic in úrscéalta stairiúla agus fé mar a chonaiceamar, fágтар i gcúlra an scéil iad.



## *An Chogaíocht san Úrscéal*

Faoi mar atá pléite sa dara caibidil, is úrscéal stairiúil cogaidh é *An Cléireach*, go príomha. Faoi mar a pléadh sa chaibidil chéanna sin chomh maith, is mór an t-athrú atá tagtha ar chineál an úrscéil stairiúil cogaíochta agus is mór an dul chun cinn atá déanta ag scríbhneoirí i bhforbairt an tseánra seo le fiche bliain anuas. In úrscéalta stairiúla nua-aimseartha na Gaeilge, cuirtear príomhphearsana an úrscéil os ár gcomhair mar ghnáthdhaoine agus ní mar laochra, gné in úrscéalta stairiúla na Gaeilge nach bhfacthas roimhe seo ach amháin in úrscéal Uí Thuairisc *L'Attaque*. Ba ghnách ag leithéidi Phádraig Uí Dhuinnín nó Sheosaimh Mhic Grianna ‘sleachta móra fada’ (Delap, 1993: 86) a scríobh faoi shaol sóisialta na bpríomhcharachtar, iad curtha os ár gcomhair mar laochra móra, gan mórán béime a chur ar chúrsaí maireachtála na linne ach gaiscí an laoch amháin. San úrscéal seo, áfach, ní bhíonn an oiread sin crógachta nó laochais le haimsiú ach smaointe inmheánacha agus mothúcháin an phríomhcharachtair, Tadhg Ó Dubháin, an cléireach féin. Is trí mhothúcháin an chléirigh agus gan amhras trí mhothúcháin na gcarachtar eile, go n-éiríonn leis an An Scolaíoch cur síos réalaíoch a dhéanamh ar uafás na cogaíochta. Bheadh sé deacair gan cur síos fuilteach a dhéanamh ar eachtraí na linne sin, an 17ú haois, agus Cromail ag déanamh slada timpeall na tíre. Tá tábhacht ar leith mar sin, ag baint le brollach an leabhair ina dtugtar cúlra gonta d’imeachtaí stairiúla na tíre sa bhliain ina bhfuil an t-úrscéal suite agus sna blianta roimhe:

[Bhí] Cill Chainnaigh i lámha an namhad. Chaitheadar na fir an samhradh ag daingniú mhúrtha an bhaile, ag árdú na mballaí agus ag gearradh claiseanna thart timpeall orainn, agus sinn ag brostú marcach i ndiaidh a chéile siar thar Sionainn le scéalta an chogaidh. Thiteadar Cluain Meala agus Cathair Dhún Iascaigh. Chailleamar arm an tuaiscirt i Scairbh Sholais. Ghéilleamar Port Láirge (AC: 7)

De bharr go bhfuil cúlra an scéil againn ó thosach, ní gá don údar ach cur síos anseo agus ansiúd a dhéanamh ar chúrsaí cogaithe mar d'fhéadfaí a thuairmiú go seasann aon eachtra amháin san úrscéal 'd'iomlán na cogaithe' (Delap, 1993: 75).

Eachtra amháin ach go háirithe, a thaispeánann fuadar agus scriosadh, maraon le daonnacht na cogaithe, ná nuair atá saighdiúirí Uí Fhlatharta ag 'dreapadh anuas de mhúr bhaile an Teampaill Mhóir' (AC: 30). Ní chloisimid faoi ghaisce ná faoi chrógacht na saighdiúirí seo ach an dúshlán agus an míchompórd a bhaineann leis an gcogaithe:

Ba go mall dícheallach a dhreapamar anuas le fána an tsléibhe, na capaill á mbréagadh thar na srutháin bháistí againn agus sinn ag scioradh is a titim sa bpuiteach is sa bhfiataíl. Chonac beirt ag iompar saighdiúir ar eileatram agus a chuid fiacla báite le teann péine i bhfáithim a chlóca aige... Chuala pléascadh eile agus bheartaíos go mba dhen chríonnacht gan cónaí a dhéanamh ar mhullach an tsléibhe ach gluaiseacht romham le fána le súil go bhfágfainn an chontúirt i mo dhiaidh (AC: 40)

Faoi mar a dhéantar go minic in úrscéalta stairiúla cogaidh den tsaghas seo, *War and Peace* (Tolstoy, 1869) féin san áirimh, mar a luann Delap (1993: 75), cuireann Ó Scolaí síos ar eachtra amháin san úrscéal agus an tslí a théann sé 'i gcion ar fhorbairt daonna a chuid charachtar' (Delap, 1993:ibid.) Feicimid é sin ach go háirithe nuair a deir Ó Dúbháin gur theastaigh uaidh an chontúirt a fhágaint ina dhiaidh. Is léargas réalaíoch é seo ar na saighdiúirí mar ghnáthdhaoine le tuairimí réalaíocha faoi chúrsaí chogaidh, agus sa chás seo, b'fhéidir, gur fearr rith maith ná drochsheasamh don chléireach seo.

Leanann an eachtra seo ar aghaidh ag cur síos ar an gcogaithe, atá go hindíreach, ag cur le pearsantacht na gcarachtar:

Ní raibh ach achar gear curtha dhíom agam nuair a lasadh an sliabh in athuair agus chuala plab mór eile. Dallta ag an mbáisteach agus mé ag achainí go piachánach ar an ngearrán a bhí ar cheann sriana agam, bhuaileas faoi dhuine éigin a bhí ag cúlú romham, á leagan go trom ar an talamh. D'aithníos an Seilmide caite siar ar a dhroim sa phuiteach i lúireach an chornail agus é ag mallachtaí go fraochta, agus shíneas lámh chuige, á tharraingt aníos. Líonadh mo phollairí le boladh an dó, thugas súil i mo thimpeall agus chonac go rabhas tagtha ar shlua beag fear is capall a bhí ina seasamh ar ghualainn an tsléibhe (AC: 41)

Freastalaíonn an cuntas seo ar na céadfaí ar fad, cleas eile atá ag an údar a chuireann le hinchreidteacht an chogaidh sa chaoi is gur féidir linn an timpeallacht a shamhlú lenár gcluasa, lenár súile agus lenár srón. Ní hamháin sin, ach nuair a deirtear linn gur maráfodh Seonac Ó hAllúráin, ní fhágann Ó Scolaí, sonra ar bith ar lár maidir leis an gcuma a bhí ar Ó hAllúráin agus faighimid tuiscint ar dheasghnátha na linne nuair a fuair duine bás:

Ba ansin a chonac Seonac Ó hAllúráin sínte le hais an chapail agus giolla an tsagairt is Mathúin cromtha ar a nglúine os a chionn, agus chuala paidreoireacht ard líofa an ghiolla. Bhí a éadan bán iompaithe i dtreo na spéire ag Seonac agus an buataise bainte dá leathchois nocht. Ní dhúirt Ruairí Ó Cadhain tada eile agus ní raibh sé dhe mhisneach agam aon cheist a chur (AC: 40-41)

Chítear an lagmhisneach a thagann ar an bpríomhcharachtar in aghaidh an bháis, mothúchán a mbeimís ag súil leis i suíomh mar é. Arís, tá a leithéid i gcodarsnacht le luathúrscéalta stairiúla na Gaeilge, ina seachnaítear an brón agus an dolás, ach cuirtear béim ar laochas an tsaighdiúra don chuid is mó ina ionad. Is léir go bhfuil an t-údar rífhollasach ina chuid tuairiscí beoga, fuinniúla ar chúrsaí cogadóchta ach go háirithe san úrscéal seo. Is suimiúil an ní é fiú, go n-adhmaíonn an príomhcharachtar féin nach laoch atá ann agus cuireann sé é féin i gcodarsnacht le hUiliséas:

Ach ní i mo Uiliséas a bhíos-sa acu ach i m'Amadán Mór na foraise, mo dhá through is binn mo chlóca á dtarraingt i mo dhiaidh tríd an bhfraoch agam, agus an uile shúil sa gcomplacht orm féin is ar mo chapailín beag gearrchosach (AC: 24)

Fiú an cur síos a thugann sé ar an gcapall, ní each mór bán atá faoi, a bheadh ag mórlaoch scéil, ach ‘capallín beag gearrchosach’ mar a deir sé féin. Is suimiúil freisin gurb é teideal na caibidle seo ná ‘An Odaisé’ agus gan amhras is é atá san úrscéal seo ná odaisé phearsanta Thaidhg Uí Dhubháin agus tugann an tagairt seo aige d’eipic mhór litríocht na Gréige agus don scéal próis, Eachtra an Amadáin Mhóir, le fios gur duine eirimiúil é a bhfuil cur amach aige ar litríocht a linne féin.

Éiríonn leis an údar taobh eile d’uafás na cogaíochta a chur os ár gcomhair go háirithe i léiriú an chornail. Feicimid an t-athrú a thagann air, go fisiciúil agus go hintleachtúil, le himeacht aimsire san arm. Tugtar le fios dúinn gur dhea-chaidreamh a bhí idir an cornal agus Ó Dubháin, ‘go dtí deireadh na bliana 1649 nó earrach na bliana 1650’ (AC: 85):

Go deimhin an uair sin féin ní ba léir dhom aon athrú mór a theacht air óir ba mhinic an cornal borb nó giorraisc leis an uile dhuine againn nuair a bhíodh cúraimí na reisiminte ag luí go trom air. Leideanna beaga ar dtús a fuairas uaidh. Bhraitheas nach ndeachaigh ár dtréimhse i mbarda Chluain Meala go maith dhó. Tháinig deireadh lena chaint ar shaoirse coinsiasa agus ar shaor-sheirvísigh an rí, óir ba mhinic é in earráid le saor-sheirvísigh an bhaile sin le linn dúinn ar dualgas ann. Tháinig deireadh freisin le fiach is le seabhcóireacht, agus leis an léitheoireacht a dhéanainn dó as leabhar a athar agus é ar a leaba san oíche. Níor iarr sé comhairle níos mó ná níor nocht sé a rún, ach é de réir a chéile ag dúnadh isteach air féin agus é ag éirí níos déine ar shaighdiúirí is ar oifigigh dá réir (AC: 85-86)

Is cuid an-bhrónach é sin san úrscéal ina bhfeictear tionchar an chogaidh agus conas a thagann cruas agus soiniciúlacht orthu siúd a bhíonn páirteach ann. Ní hamháin sin, ach feictear san úrscéal go mbíonn éifeacht ag cúrsaí cogaíochta orthu siúd nach mbíonn páirteach ann chomh maith. Is é atá i gceist agam ná an léiriú a fhaigimid ar mháthair Thaidhg nuair a chloiseann sí go bhfuil sé tar éis liostáil san arm:

Agus chuimhníos ar an oíche a d'fhógraíos go mórtasach go rabhas ag liostáil san armáil chun an ríocht a chosaint ar na heiricigh a bhí ag ceilt ár nDia orainn agus ar na Gallaibh a bhí ag goid ár gcuid talún uainn agus ar mo dhíomua nuair a d'iompaigh mo mháthair a droim liom gan focal a rá (AC: 73)

Tuigimid gur cailleadh mac léi, deartháir le Tadhg, agus gur fágadh a chuid leanaí ina ndílleachtaí. Tá eagla ar mháthair Thaidhg go gcaillfeadh sí mac eile, rud ab fhuirist a shamhlú a bheadh fíor sa tréimhse mhór cogáochta seo. Arís in ionad míniú fada casta a thabhairt dúinn ar an gcogadh atá ar siúl, díríonn an t-údar ar an taobh daonna den chogadh, ar an ocras, ar an drochbhail agus ar an bhfaióis atá ar na saighdiúirí agus ar ghnáthdhaoine na linne sin. Sampla gléineach dá mbíonn le déanamh ag na saighdiúirí chun teacht slán de bharr ocrais is ea an cur síos ar mharú an phréacháin ina bhfuil, cinnte, greann dubh le feiscint, ach chomh maith leis sin, leiriú ar aimléis na saighdiúirí:

Chonac caróg ar ball ag titim as an spéir, a d'fhógair Seonac os ard, agus aon leic amháin reoite déanta dá sciatháin.

Geall nár fhágabhar cleite uirthi.

Níor fhágamar an ubh féin inti. Bhí sí feannta bruite agus slogtha again sular fhéad sí gráig a ligean aisti. (AC: 14)

Ní hé sin an chéad uair a théann an t-údar i mbun an ghrinn san úrscéal seo, faoi mar a chonaiceamar sa chéad chuid den chaibidil. Sampla eile den ghreann, ach greann níos eadroime atá i gceist an babhta seo, ná nuair a deir an leitionant-chornal Bairéad go raibh leabhair chráifeacha 'á scríobh agus a gclóbhualadh i gColáiste San Antaine sa Tír Íseal' agus mar chogar sa chluais leis an bhFear Flatha Ó Gnímh, deir an caiptín Mac Cárthaigh, 'níos mó ná sin á bhualadh i Lováin' (AC: 102). D'fhéadfaí a thuairimiú, b'fhéidir, go dtéitear i muinín an ghrinn in

úrscéalta stairiúla cogaidh chun ár n-aird a tharraingt ó uafás na cogaíochta agus an chuid daonnachta den chogadh a léiriú dúinn.

Feicimid saighdiúirí chomh hóg le ‘dhá bhliain déag’ (AC: 22) san arm agus braitear eagla agus éiginnteacht an fhir óig áirithe seo nuair a cheistíonn sé Ó Dubháin faoi Walair:

Deirid, ar sé, go bhfuilid marshlua Walair sna sála orainn? An fíor, a deir sé, go bhfuilid Luimneach is Caisleán Uí Chonaill timpeallaithe ag an namhaid, agus go bhfuilimid ag cúlú siar thar Sionainn? (20)

Ní fhéadfadh an cléireach freagra ar bith a thabhairt ar na ceistanna sin agus feicimid anabaíocht an ógánaigh nuair a shánn sé amach ‘a liopa íochtarach le stuaic’ (20-21).

Ní hamháin go ndéanann Ó Scolaí cur síos ar an dtaobh gránna den chogadh ach tugtar chugainn an t-eolas míleata agus an téarmaíocht a ghabhann leis, ar ‘an chaint iompaithe ar ghunnaí móra, ar chulvairníní, ar shaecéirí, ar fhabhcúna, ar chanóna agus ar mhoirtéirí’ (AC:24) Déanann sé cur síos ar na coinníollacha oibre agus an anchaoi a bhaineann leo. Mar shampla, braitear an fhuacht nuair a bhaineann siad an bóthar mór amach agus iad ‘fluich go craiceann is ar creathadh le teann saothair’ (43). Anuas ar sin, is éasca dúinn an complacht a shamhlú toisc, mar atá feicithe againn cheana, go bhfreastalaíonn Ó Scolaí ar an gcluas, ar an tsúil agus ar an tsrón fiú, sna cuntais a sholáthraíonn sé don léitheoir. Freastalaítear ar an gcluas ach go háirithe sa phíosa seo a leanas:

Chuala druma á chur i gcaoi, ansin le buillí tomhaiste na ndrumadóirí, le trup bríomhar capall agus le cling gunnaí is pláta, ghéaraíomar ar an gcoisíocht agus ghluaiseamar go mórtasach faoi dhéin an tí (AC: 43)

Níl amhras ann ach go bhfuil péac a phinn ag an Scolaíoch gur féidir leis domhan an seachtú haois déag a chruthú chomh soiléir sin don léitheoir. Gan amhras, ceann de ghnóthaí an úrscéil is ea

domhan a chruthú nó a athchruthú dúinn agus is cinnte go n-éiríonn leis é sin a dhéanamh go healaíonta. Téann sé i muinín an taighde atá déanta aige agus is mór an leas a bhaintear as, agus is fíor do Tíleay nuair a deir sé, ‘is é domhan an úrscéil, cruinneshamhail na muintire ná Éire Éireannach na hÉireann mar chuid den domhan mór mar a bhí (2007). Chomh maith leis sin, tá sé an-shoiléir nach bhfuil aon chur síos rómánsúil ar an gcogaíocht, ‘agus an chéad uair a luaifead *romantic nationalism* leat, tugtar an leabhar sep ar bhois uait lena lámh’ (ibid.:2007). Ní fhágann an Scolaíoch aon bhlúire ghránna eolais ar lár i dtaobh sceon na cogaíochta agus is sceon é sin a bhaineann le gnáthdhaoine atá caite isteach i gcroí-lár an fhoiréigin. Ní hamháin go gcuireann an cur síos críochnúil san úrscéal seo ar uafás na cogaíochta le héifeacht agus inchreidteacht an scéil ach is léir go bhfuil an chogaíocht go hiomlán i gcodarsacht le príomhthéama an úrscéil, sé sin, mar atá tábhacht na healaíne i saol an duine, gné a phléifead sa chéad chuid eile den chaibidil seo anois.

## *Tábhacht na hEalaíne*

Faoi mar atá ráite níos luaithe sa chaibidil seo, cuirtear níos mó béime ar chúrsaí ealaíne ná mar a chuirtear ar chúrsaí cogaithe in *An Cléireach*. Is é atá i gceist agam le cúrsaí ealaíne ná an bhrí is leithne den fhocal i gcomhthéacs an tsaothair seo, ná an litríocht, an fhilíocht, an seanchas agus an ceol fiú. I lár an úrscéil, tarlaíonn oíche mhór scéalaíochta ann agus feictear ‘na carachtair éagsúla, idir fhilí, shagairt, staraithe, agus saighdiúirí bailithe le chéile i dteach tábhairne’ (Cummings, 2007). Tugann an oíche scéalaíochta seo deis don údar ‘fíricí faoin choimhlint agus faoi shaol na gearachtar a nochtadh dúinn ar dhóigh shuimiúil’ (ibid.) Seinntear ceol, déantar aithris ar an bhfilíocht agus insítear scéalta. Tá sé soiléir ó thosach an úrscéil go mbíonn an ealaíon agus an chogaíocht fite fuaite lena chéile agus go síneann teoireannacha an úrscéil lasmuigh d’Éirinn:

Tá cogaithe anseo, agus macallaí Fiannaíochta, agus díospóireachtaí faoi aimsir fháistineach... tá Prág ann, agus an Lováin, agus bailte beaga gránna Thiobraid Árann... (Titley, 2007)

Is minic go bhfeictear cúrsaí ealaíne ag fáil an lámh in uachtar ar an gcogaíocht san úrscéal seo.

Ní haon ionadh é gur cúrsaí ealaíne atá ag croílár an úrscéil seo agus an ré ina bhfuil an t-úrscéal suite. Tréimhse thar a bheith spéisiúil is ea an 17ú aois, ó thaobh staire agus litríochta de, faoi mar atá luaite, agus bhí cúrsaí ag athrú go mór in Éirinn ag an am sin. Is é sin le rá go raibh an seanord ag titim as a chéile, bhí cumhacht sliocht na dtaoiseach Gaelach ag meath, bhí claochlú ag teacht ar an aos dána ó ord daingean na scoileanna éigse go filíocht an phobail, agus chomh maith leis sin bhí ar uaisle agus lucht léinn na nGael an tír a fhágaint. Is fiú a lua go raibh filí ag



glacadh páirt in Iomarbhá na bhFilí ag an am seo freisin, sé sin an díospóireacht agus an plé a bhí ar siúl idir filíocht na Scol agus filíocht an phobail:

Má bhí filí ann a chaoin cruachás na hÉireann i dtosach an 17ú haoise, bhí filí eile ann ná thuig de réir dealraimh, go raibh athrú saoil buailte leo. Ba iad siúd na filí a ghlac páirt in Iomarbhá na bhFilí idir 1616 agus 1624 (Williams agus Ní Mhuiríosa, 1985: 205)

D'úsáid na filí sin, sé sin na filí a thuig go raibh athrú saoil buailte leo, 'caint nádúrtha shimplí na ndaoine, an canúnachas measctha tríthi agus focail Bhéarla le fáil anseo agus ansiúd' (ibid.: 213)

Mar gheall ar an athrú seo ar chúrsaí teanga, bhí daoine ar nós An Chéitinnigh agus Mhíchíl Uí Chléirigh buartha go raibh traidisiún liteartha na nGael faoi bhagairt, ach faoi mar a tharla, tháinig borradh ar litríocht na Gaeilge sa seachtú haois déag seachas a mhalairt. Cuid den bhorradh sin ab ea an iarracht mhór a rinneadh chun an traidisiún féin a thabhairt slán. Seo an méid atá le rá ag Piaras Béalaí ag tacú leis an méid sin:

[M]úsclaíodh suim sa tseandacht de bharr na conspóide agus go m'fhéidir gurbh é sin a ghríosaigh daoine mar Mhicheál Ó Cléirigh agus Seathrún Céitinn níos déanaí chun foinsí stair na hÉireann a bhailiú agus a chaomhnú. (ibid.:205)

Feictear samplaí san úrscéal seo den teannas sin a bhainfeadh le hIomarbhá na bhFilí, b'fhéidir, go háirithe idir Mathúin, 'seanfhile Shliabh Damh' (AC: 13) agus Toirealach, 'file eile' agus meirgire é freisin (AC: 14). Seo an comhrá a bhíonn eatarthu nuair a bhuaileann siad lena chéile den chéad uair, agus is léir go bhfuil Mathúin soiniciúil ina thaobh:

File a deirir?

D'fhreagair Toirealach é go humhal. Cumaim rannta beaga go fánach, a deir sé, do-chum sásamh na gcompánach.

Éilíonn bé na héigse staidéar a stócaigh. Agus foighne. Cá rabhais ar scoil?

Ag an máistir Mac Fhlanncha. Tomás na Scoile Mac Fhlanncha ar an gCloich Scoilte. Dúiche Éanna.

Níor chuala caint air.

Mhúin sé na rudimenta dhúinn. Laidin, Béarla agus smuta dhen mhatamaitic is den Ghréigis.

Agus an Ghaeilge?

Bhí tost ann sular thug Toirealach freagra air. M'athair a mhúin léamh na Gaeilge dhom, a deir sé.

T'athair, tuigim. Agus is file t'athair?

Ní hea.

Tuigim. (A.C: 15)

Níos faide ar aghaidh sa scéal ansin, nuair atá na saighdiúirí ag socrú síos sa tábhairne 'chun seanchas is tobac a mhalartú' (Mac Cóil, 2007: 53) cloiseann an cléireach an comhrá seo idir na fir agus iad ag caint faoi éigse Thoirealaigh:

Ní focal fileata é caivilír.

Ná scarfa, ná go deimhin hata ná cóta bufa!

Níl ealaín ann. Níl sé snite ná snasta.

Is é is ansa leis na fearaibh.

Cad is eol do na fearaibh?

Tá a chuid dánta á gcanadh ó cheann ceann na tíre.

Ná daoine? Níl acusan ach fiannaíocht.

Ní hin ealaín.

Is í ealaín na ndaoine í.

Ealaín na sráide! Cad is dóigh leatsa a Mhathúin?

D'fhan Mathúin meandar sular thug sé freagra ar an gceist. Ní fheadar, a deir sé. Is fear ó é an Conchúrach. Tá gealladh ann. (ibid.: 53)

Is suimiúil go ndeirtear gur ealaín na ndaoine atá i bhfilíocht Thoirealaigh mar ba é a mheas Eoghan Ó Comhraidhe gurb amhlaidh a shocraigh na filí eatarthu 'an chonspóid a chur ar siúl d'fhonn sprid na náisiúntachta agus mórtas cine a mhúscailt sna daoine' (Williams agus Ní

Mhuiríosa, 1985: 206) Tá blas an náisiúnachais le brath go rialta i bhfilíocht na gcarachtar, go háirithe Fear Flatha Ó Gnímh, ‘mac an fhile chluitigh’, agus seo friotail uaidh a léiríonn an náisiúnachas sin, ‘beidh Eoghan Rua ina shuí, beidh Cromail gan bhrí, agus beidh a cheann le cur ar ais ar an rí’ (AC: 46) Tá an t-eolas thuasluaite faoi Iomarbhá na bhFilí agus an méid a bhí ar siúl ag an am sin ag léithéidí Seathrún Céitinn, agus daoine eile mar é, i gcomhréim le mórán de na fínéid atá le fáil san úrscéal seo, sé sin an taisteal timpeall na tíre agus an cuardach ar sheanlámhscríbhinní agus an ‘bailiú eolais chun an mórchuspóir a bhí aige a chur i gcríoch, is é sin, stair na hÉireann a scríobh’ (Williams agus Ní Mhuiríosa, 1985: 207) Chomh maith leis tugann taisteal Uí Chléirigh agus Chéitinn le fios dúinn, ‘go raibh cuid d’éigse na nGael ag éirí inníoch faoina raibh i ndán do sheanchas agus do litríocht na Gaeilge’ (ibid.: 207). Is léir go bhfuil Ó Scolaí coinsiasach faoin inní sin i measc ‘éigse na nGael’ agus braitear é sin sa leabhar go háirithe agus scéal an tSaltair agus scéal an tséipéil scriosta á insint ag na carachtair, scéalta a phléfear níos doimhne go luath.

Ní hamháin go mbaineann inchreideacht an urscéil seo le máistreacht an údair ar an gcomhthéacs staire, faoi mar atá feicthe thuas, ach cruthaíonn sé carachtair réalaíochas agus cumann sé comhráití beoga, suimiúla idir na carachtair réalaíochas seo. Chomh maith leis sin, níos minicí ná a mhalairt, baineann na comhráití sin le cúrsaí ealaíne. Rud eile a chuireann leis an mbéim atá ar an ealaíon san úrscéal, ná go gcloistear macallaí soiléire d’fhillíocht Uí Chonchubhair in AC, atá le fáil i gCín Lae Ó Mealláin, faoi mar a luadh níos luaithe sa chaibidil. Chomh maith leis sin, feictear dom gur sampla eile is ea na macallaí seo ar an athrú sin ó fhillíocht na scoileanna éigse go caint na ndaoine. Seo gan ach sampla amháin den reacaireacht sin a thabhairt a thagann ó bhéal Thoirealaigh san úrscéal:

**An gcuala tú cúrsa Coirnéal Seonsa?**

### **Ní scéala gan siansa**

Leag an meirgire a mhála is a chlóca anuas ar an teallach agus thug freagra go gasta ar an gcaiptín,

### **Comhartha na croiche ar mo bheolsa**

**Do chlaon mo chiallsa** (AC: 48)

Agus seo an bunleagan atá le fáil i *gCín Lae Ó Mealláin*:

An gcúala tú cúrsa Corinel Seónsa?

Ní sgéal gan siansa

Comharrdga na croiche ar mo bheól-sa!

Do <chlaon mo chial[1]sa><sup>14</sup> (1931: 17)

Tá ealaíon ag baint leis an mbuntéacs agus go háirithe leis an leas a bhaineann an t-údar astu chun iad a chur in oiriúnt don úrscéal. Is minic a fheicimid rannta mar seo sa leabhar a thaispeánann an ról lárnach atá ag an bhfilíocht tríd an scéal.

De bharr gur cléireach é Tadhg Ó Dubháin, is minic ag tosach an úrscéil go mbíonn na saighdiúirí coise ag magadh faoi go háirithe nuair a chloisimid a leithéid seo uathu: “fanadh Taidhgín in airde ar a ghearrán agus ní baol dó!” (A.C: 25), agus, “chughainn an caballero Ó Dubháin, a deir duine dhen triúr dhe gháir mhagaidh” (A.C: 27). Tugtar le fios dúinn go bhfuil na saighdiúirí coise den tuairim go bhfuil slí bheatha dheas an phinn aige agus gur “chúis ghrinn riamh an fear pinn ag an gcosmhuintir” (A.C: 25). Faoi mar a leanann plota an scéil ar aghaidh, áfach, tuigimid an dualgas agus an ról ríthábhachtach atá ag an gcléireach i dtaobh scríobh na staire de. Faigheann an cléireach dualgas breise ón Athair Mac Giolla Coinnigh, a thugann leabhar beag

---

<sup>14</sup> Sa mbliain 1647 a tháinig Coronel Mícheál Seónsa, duine de lucht na Pairliméide go hÉirinn. Sé an briseadh mór a thug sé ar Séamus Buitléar atá i gceist anseo. Theastóidh mion-eolas ar chúrsaí na ndaoine seo leis an dán a thuiscint i gceart. Is léir ar aon nós go bhfuil an file ag séideadh faoi Shéamus Buitléar.

dubh dó agus a iarann air cuntas a scríobh ar imeachtaí an chogaidh, agus dar liom, is é seo ceann de bhuaicphointí an scéil:

Óir táid amuigh ansin, a deir sé, atá ag cur bréaga orainn agus ag déanamh beag is fiú dhe ghníomhartha gaisce is laochais ár náisiúin. Ar son na fírinne, a deir sé, agus ar son go mbeidh tuairisc is tuarascáil chruinn ag náisiúin an domhain orainn tá sé iarrtha ag an bProivinsial orm cuntais a chur á scríobh ag daoine iontaofa i reisimintí is i dtrúpaí na ríochta. Agus chuige seo, iarrtar ortsa a mhic Uí Dhubháin, ós eol dúinn gur oifigeach i resimint Éamoinn Uí Fhlatharta thú, go bhfuil léann ort agus cumas scríbhneoireachta, agus ós aithnid dúinn ó t'athair is ó do shinnsearthacht gur duine dílis diaganta thú, iarrtar ort glacadh leis an leabhar seo uaim agus cuntas a scríobh inti ar imeachtaí an chogaidh (Ó Scolaí, 2007: 90)

Tá cosúlachtaí idir an sliocht sin agus óráid Uí Mhaolallaigh in *Fontenoy* a phléamar cheana.

Is é Tadhg Ó Dubháin a bhreacann na cuntaisí ar armlón, ar na saighdiúirí agus i ngan a fhios dó, b'fhéidir, is eisean atá ag scríobh cuntas ar an gcuid seo den stair. Is iontach an cur síos a thugann Ó Scolaí dúinn ar phróiséis na scríbhneoireachta agus ealaíon an chúraim seo san úrscéal:

Leagas mo dhiallait ar an úrlár agus shuíos chun boird. D'fholaíos mo mhála agus thógas an próca dúigh á oscailt go cáiréiseach. Cé go rabhadar na fir fós ag caint d'airíos a gcuid súile ar mo dhroim agus iad ag faire orm i mbun oibre. D'osclaíos an beart éadach ina raibh mo chuid peann agus an scian ghéar a fuaireas ó mháthair an chornail, roghnaigh ceann agus, leis an scian, chuir bior air. Ghlanas spás os mo chomhair ar an mbord, d'oscail amach an leabhar cuntais, agus roghnaíos an leathanach deireanach a bhí breactha agam. Thógas an peann agus thumas sa dúch é, ag glanadh an farasbarr dúigh ar chuimhas an phróca. Thosnaíos thíos i lár an leathanaigh san áit ar chríochnaíos dhá oíche roimhe sin, d'fhág spás bán agus, le peannaireacht ghlan néata, bhreacas síos an cuntas a bhí déanta agam ar an méid den armlón a tháinig slán. Lena thaobh, bhreacas cuntas ar an méid de a bhí cailte again...Chuireas an dáta an mhí agus an bhliain leis sin agus, fad a bhíos ag fanacht go dtriomódh an dúch ar an leathanach, chuimil gob an phinn sa gceirt go cúramach, leag an mo pheann ar ais sa mbeartán leus na pinn eile agus chuimil ciumhais dubh an phróca leis an gceirt sular fháisceas an claibín air. Bhí an cuntas déanta. (AC: 70)

Sa sliocht seo, feicimid cé chomh géarshúileach agus atá an t-údar ó thaobh ceird na scríbhneoireachta de, ní fhágann sé mionsonra ar bith ar lár agus mar thoradh cuireann sé dualgas an chléirigh ar ár súile dúinn. In ainneoin nach bhféadfaimis ‘ealaíontóir’ a ghlaoch ar an gcléireach sa tslí chéanna is a ghlaotar ar na filí agus na scéalaithe, fós is é an peann príomhuirlis a cheirde.

Plé an-tábhachtach eile ar chúrsaí ealaíne san úrscéal is ea an eachtra ina dtagann an sáirsint Muimhneach, Finín Ó Donnchú go ceathrú na n-oifigeach agus an saighdiúir Ó Dálaigh in éineacht leis. Bíonn achrann idir an sáirsint Muimhneach agus an sáirsint Connachtach mar gheall ar cheathrúna na saighdiúirí, sé sin nuair a deir an sáirsint Connachtach a méid seo:

Cloí le hairteagail an chogaidh a leagann síos gur le hoifigigh amháin ceathrú na n-oifigeach, agus lena ngiollaí is lucht an gharda gan amhras, agus go bhfágтар a gceathrú féin faoi shaighdiúirí (AC: 101)

Agus seo an freagra le faobhar a thugann an sáirsint Muimhneach air sin:

Tuigim thú a sháirsint... ní nós leis an gcaiptín Mac Cárthaigh foslongfort a roinnt le saighdiúirí ná le ceithearnaigh chosnochta, ach gur dh’aon turas a thug sé lucht ealaíne is ceoil chun an tí seo anocht chun siamsa is caitheamh aimsire a dhéanamh dho do chornalsa. Ach níor thuig mo chauptínse nach nós libh é sin in Iarchonnachta. (ibid.)

Gan amhras, ní róshásta atá an sáirsint Connachtach leis an méid sin agus freagraíonn sé:

Lucht ealaíne? Is nós linn é go deimhin, a deir sé, agus ní bhfaighidh tú aon easpa ar Chonnachtaigh ó thaobh ceoil is ealaíne dhe, ach a mhalairt ar fad, agus béarfaidh mise na focail sin agatsa chuig mo chornal agus is breá sásta a bheas sé iad a chlos óir is fear maith ealaíne é féin agus ní gnách leis luí ar a leaba gan cheol is fiannaíocht, ealaín is reitric. (ibid.)

Feictear cúpla rud dom san eachtra thuas, léirítear an cháiríneacht atá i measc Muimhneach agus Connachtach agus feicimid gur rud í an ealaíon atá lárnach i saol gach éinne, sé sin le rá nach mbaineann cúrsaí ealaíne le haon aicme ar leith, is cuma an captaen, oificeach nó giolla iad na carachtair. D’fhéadfaí a rá gurb é sin príomhaidhm na healaíne, an cheoil agus na filíochta ná ‘sólás agus taitneamh as in aimsir a bpeannaide’ a sholáthar. (Ní Mhuiríosa, 1985: 215)

Tá finéad tábhachtach eile inste ag ‘an meirgire’ Seán Mac Conraí san úrscéal, nuair a théitear siar go ‘deireadh chogadh mór na hOstaire faoi Shamhain na bliana 1620’ (Ó Scolaí, 2007: 92) agus an caiptín Mac Dhónaill ag siúl an bhláir tar éis an chatha. Tá sé ag lorg a chomrádaithe nuair a chloiseann sé ‘guth ag glaoch amach i nglan Gaeilge’ (ibid.: 96), ach ní le saighdiúir a chomplachta féin an guth ach is le hógfhear ‘in éide dhearg mharcshlua na hUngáire’ é (ibid: 97). Cuireann an saighdiúir é féin in iúl mar Dhonnacha Mac Cailín as Earra Gael na hAlban ach toisc gur throid sé leis ar thaobh na namhad, gabhtar mar phríosúnach é agus bhí sé le crochadh an mhaidin dár gcionn. Is fiú a lua anseo go raibh sé de nós ag na hAlbanaigh teacht go hÉirinn leis na céadta bliain i mbun saighdiúireachta, maraon le bheith ‘ag déanamh léinn’ anseo (Mhág Craith. 1957: 414). An oíche chéanna sin agus na saighdiúirí i mbun ragairne, iarrann iníon an chaptaein scéal ar na saighdiúirí ach sula bhfuair aon duine de na saighdiúirí deis chun labhartha, iarrann an príosúnach cead scéal a insint (ibid.: 98). Ní róshásta ar dtús a bhíonn na saighdiúirí ach nuair a thuigeann siad nach bhfuil scéal ag duine ar bith acu, ligtear leis a scéal a aithris. Nuair a chloiseann siad é ag labhairt ‘go mínbriathrach mealltach’ (ibid.), iarrtar scéal eile air. Is mar sin a leanann cúrsaí ar feadh na hoíche, sé sin an príosúnach ag aithris scéalta agus na saighdiúirí a bhí chun é a chrochadh ag tabhairt cluas na héisteachta dó. Nuair a fhiafraíonn an caiptín de cá bhfuair sé a chuid scéalta, an freagra a thugann sé ná, ‘I mórán de sheanleabhair an domhain’ (ibid.:99). Ba mhaith leis an gcaiptín go scríobhfadh sé na scéalta sin i leabhar agus ‘b’shin mar a fuasclaíodh é

ón gcroch' (ibid.). Feicimid arís sa scéal seo gur treise cleite ná claíomh, agus más féidir ciall eile a bhaint as an méid a dúirt Adam Loftus, ardeaspag Bhaile Átha Cliath na linne sin, agus é a chur i gcomhthéacs an úrscéil seo, sé sin, 'the sword alone without the Word is not sufficient' (in Ó Buachalla, 1985: 61), d'fhéadfaimis a rá nach leor an chogaíocht in aon úrscéal stairiúil gan machnamh a dhéanamh ar an litríocht.

Tá mionscéal eile a nochtar dúinn sa leabhar, sé sin scéal Éamon Uí Mhaoldóráin agus scéal Shaltair an Easpaig. Deir Ó Cróinin gur 'snáith eile san insint' (2007) é agus níl amhras ar bith ann gur fíor sin. Tá tábhacht ollmhór ag baint leis an gcuid seo den úrscéal mar 'ceistíonn sé fianaise na scéalaíochta is na béalathrise' (Titley, 2007: 18) Cloistear trí insint dhifriúla ar an scéal áirithe seo. Tagann an chéad insint ó Bhrian Ó Gnímh, mar a fuair sé é 'ón gcaiptín Séamas mac Ránaill Mhic Aodha' (A.C: 108). Is ón sáirsint Finín Ó Donnchú a chloistear an dara hinsint agus deirtear linn gur chuala seisean an scéal 'ó Chú Mhaigh mac Einrí Ó Catháin ó Chaisleán na Róiche cois Banna' (AC: 114). Is ó bhéal Uí Mhaoldóráin féin a chloistear an tríú hinsint agus an 'teistiméireacht á breaca síos i nGailliv ar an 5ú lá Eanair 1652' (AC:152). Cloistear na míthuiscintí, an easpa eolais, agus na fíricí dhifriúla a bhíonn in insintí táinisteacha Uí Ghnímh agus Uí Dhonnchú. Seo an méid a deir an bheirt sin ina gcuid scéalta a bhaineann le tréimhse Uí Mhaoldóráin san Ísiltír. Is sonraí loma atá ag Ó Gnímh maidir leis an eolas seo:

Bhí fear dhe mhuintir Mhaoldóráin ó Choill Locha i dTír Eoghain a tháinig go Flóndras sna hÍsiltíortha beagnach dhá scór bliain ó shin... (AC: 108)

Eolas éiginnte ansin atá ag Ó Donnchú faoin tréimhse a chaith Ó Maoldóráin san Ísiltír:

Tá sé ráite ag daoine sa Tír Íseal gur éalaigh Ó Maoldóráin ó chomplacht an chaipitín Somhairle leis an tSaltair agus tá sé ráite ag daoine eile nár ealaigh (AC:114)



Seo a leanas mar a thit eachtraí an scéil sin amach dar le hÓ Maoldóráin féin:

[T]ar éis seachtain a chaithe ar an droichead nua ag iarra déirce shocraíos ay a thúirt ar na hÍseal-Tíortha mar a ravadar ag liostáil Éireannach in armáil na Spáinne... Ceithre bliana déag a chaitheas ansin go vfuairreas cead scoir chun liostáil in armáil nua a bhí á shlóga ag an Impire i dTournáí chun crosáid a chur ar na heiricí a bhí ag bailiú nirt i ríocht na hOstaire. Liostálas i gcomplacht muscaed an chaptaein Sovairle Mac Dhónail, mac mic Shovairle Bhuí... (AC: 156)

Insíonn Éamon Ó Maoldóráin dúinn conas a fuair sé an tSaltair rud nach n-insítear sa dá hinsint eile. Is óna mháthair a fhaigheann sé an ‘leavar’ toisc go raibh ‘a dhreatháir Tayg i gcoinvint na mBráithre i bPáras’ (AC: 154) agus gur ar Éamon féin ‘anois a thit maoirseacht Uí Mhaoldóráin’ (ibid.). Chomh maith leis sin, déanann Éamon cur síos ar an gcuma fhisiciúil atá ar an leabhar:

Mar nach bhfuil sí feicithe agiv ní miste cur síos a dhéana ar an leavar. Leavar beag atá inti ar aonmhéid le do dhá ghlaic oscailte amach agus clúdach donn leathair uirthi. Tá na leathanaí beaga breactha le hurnaithe Naoiv Dóran i scríveoireacht dhlú gan mhaisíocht gan ornáid. Maidir leis an scrín, cófra beag miotalach í de bheagán níos mó ná an leabhar héin. Tá clócha beaga bua, carrvogail is seoda daite uirthi agus faoina bun tá scríofa mar a thaispeánach m’athair dom go mion minic, Muireartach mac Cába a rinne do Riceard Easpag Ard-Mhaca agus dá mhaor Conall Ó Maoldóráin 1370. (ibid.)

Taispeánann an cur síos seo an tábhacht a bhaineann leis an Saltair d’Ó Maoldóráin. Chomh maith leis sin, feicimid cuma na fírinne ar scéal Uí Mhaoldóráin de bharr an chur síos fisiciúil a chuireann sé ar ár súile dúinn den leabhar, cur síos nach bhfuil ag Ó Gnímh ná ag Ó Donnchú. Mar sin féin, tuigeann an bheirt sin, go háirithe Ó Gnímh go bhfuil roinnt eolais maidir le scéal an tSaltair fágtha ar lár acu, nuair a deir sé ‘nach dtig leis a rá mar nach raibh sé féin i láthair’ (AC: 112). Tagraíonn Ó Gnímh d’éiginnteacht an scéil agus d’fhéadfaimis a thuairimiú go bhfuil sé ag tagairt d’éiginnteacht na staire go hindíreach freisin, b’fhéidir, is é sin le rá gur deacair d’aon duine cur síos ar stair aon eachtra a dhéanamh gan iad a bheith i láthair ag am am.

Nuair a thuigeann Ó Maoldóráin go bhfuil cúrsaí cogaíochta ag dul in olcas agus gurbh fhada na saighdiúirí ‘ó fhortacht nó fóirithint’, beartaíonn sé ina intinn ‘an tSaltair a thúirt slán’ (AC: 163). Fágann sé an scrín féin taobh thiar de toisc go bhfuil meáchan agus toirt ann agus dar leis, bheadh an tSaltair níos fusa le hiompar gan é agus deir Ó Maoldóráin gur imigh sé leis ‘ag scinne tríd na toim soir le bruach na havann’ (ibid.) Insíonn Ó Maoldóráin ar conas a tháinig sé go dtí an Lováin agus gur sagart ‘sa teach cló’ é ar dtús agus ansin bhí sé ina theachtair (AC:165-167). Agus eagla ar Ó Maoldóráin i gcónaí go n-aithneodh duine éigin é, d’athraigh sé an tsloinne a bhí air chomh maith. Imíonn na blianta agus ní aithníonn aon duine Éamon Ó Maoldóráin, ach baintear stagnadh as an lá áirithe seo nuair a tugtar an captaen Sovairle isteach ‘tránóna aváin ar eileatrom agus é ag éagoin le fiavras’ (AC:169). Ní hamháin sin, ach feiceann Ó Maoldóráin a scrín féin i measc leabhar an chaptaein. Ní aithníonn Sovairle, fear eile, Ó Maoldóráin agus faigheann Ó Maoldóráin an deis féachaint ar an scrín agus ar leabhair an chaptaein. Is mar sin, a fhaighimid amach conas a cuireadh ‘leavar coga Uí Dhónaill’ i scrín Shaltair an Easpaig:

Go gairid ina dhia don chaptaen a anam a thúirt, thógas leabhar coga Uí Dhónaill óna sheomra. Ní rav sé deacair orm í a aithint, óir bhí sí i vfolach aige leis na páipéir eile nár bhain le hobair an choláiste agus a mbíodh sé ag scríov amach faoi rún sa scriptorium, laoi mhór Ghoill Mhic Morna agus na dánta chum sé is lé sé dúinn. Le maith a dhéana air, óir bhí a fhios agam gur d’Ó Dónaill a scríov Eón an leavar agus gurb é a mhian go dtúrdaí dó é, chuireas i measc maoin an chaptaein sa seomra leavar í agus é de rún agam í a thúirt ar láiv do dhuine éigin de mhuintir Uí Dhónaill nuair a bhéach faill agam chuige. Chuireas i vfolach i scrín Shaltair an Easpaig í, mar a vfuil sí fós is dócha. (AC: 172)

Líonann an cuntas seo ó Ó Maoldóráin bearnaí i scéal Uí Dhonnchú nuair a deirtear linn gur thug Éamon Ó Maoldóráin ‘an tSaltair ar ais i seilbh an teaglaigh agus go raibh sé ag col ceathrar le hÉamonn sin, Cormac mac Taidhg mhic Dónaill Uí Mhaoldóráin’ (AC:114). Bhí Cormac i seirbhís an ghinearáil Féilim Ó Néill timpeall na bliana 1642. Agus complacht Uí Néill ag troid in aghaidh

na nAlbanach an bhliain chéanna maraítear Cormac Ó Maoldóráin agus seo an méid a tharlaíonn nuair a thagann an sáirsint Cú Mhaigh Einrí ar a chorp ‘agus an scrín i ngreim fáiscthe lena chliabhrach aige’:

D’fhan an Maoldóránach i ngreim an fhir mhairbh sa scrín, agus b’éigean don sáirsint a ghabháil den mhuscaed in athuair ar an bhfear marbh gur bhris sé na méara is na hailt air sular fhéadadar an scrín a fháisceadh as a lámha...ach nuair a d’osclaíodaran leabhar agus nuair a scrúdaíodar í chonaiceadar nárbh í an leabhar naofa .i. Saltair an Easpaigh, a bhí acu ar chor ar bith, ach leabhar beag lamhscríofa a rabhadar na focail seo scríofa ar a chlúdach, Leabhar ar Rialacha et ar Inneall an Chogaidh ar a ndearna Eoghan Rua Mac an Bhaird translation et tiontú i nGaeilge air don iarla óg Aodh mac Rúraí Ó Dónaill (AC:117)

Ar léamh na chéad inste, ó Éamon Ó Maoldóráin, tuigimid cómhthéacs an dara scéil. Arís, feicimid úsáid agus tábhacht na hilpheirspictíochta in insintí difriúla an scéil áirithe seo. Faoi mar a chonaiceamar i bh*Fontenoy*, bíonn mórán peirspictíochtaí ar aon scéal amháin, agus ina theannta sin, bíonn mórán insintí ar an stair. Cuireann sé sin i gcuimhne dúinn arís an méid a bhí le rá ag Mac Cóil faoin nasc idir brí na bhfocal ‘stair’ agus ‘scéal’. Arís, is dócha gur fear de sin uile na léamha difriúla a dhéantar ar an stair sa lá atá inniu ann chun gur féidir linn teacht ar ár bpeirspictíocht fhéin, mar a rinne Tadhg Ó Dúbháin tar éis dó an dá insint ó Ó Donnchú agus Ó Gnímh a chloisteáil:

Rinneas iontas freisin den chaoi a raibh na scéalaithe ní hamháin ag freagairt dá chéile, ach ag freagairt freisin do chaint os íseal na saighdiúrí agus d’ábhair a raibh doicheadh ag na hoifigh roimhe .i. easumhlaíocht agus tréigean na harmála. Go deimhin, b’fhacthas dom gur chontúirteach an chaint í agus go raibh na scéalaithe, mar a deireadh mo mháthair féin, ag rith ar an tanaí.(A.C: 117)

Is suimiúil an ní é go bhfuil Ó Dúbháin rud beag ciniciúil i dtaobh na n-insintí mar tuigeann sé nach bhfuil cruinneas ag baint le ceachtar den dá scéal toisc nach bhfuil siad ag teacht salach ar a

chéile. Is léir dúinne, mar sin, gur dúshlánach an rud é teacht ar aon leagan cruinn d'aon eachtra staire agus gur rud éasca é cuntas bréagach a thabhairt ar an eachtra chéanna. Arís, tuigtear dúinn an ríthábhacht a bhaineann leis an úrscéal stairiúil mar léargas ar an stair mar d'fhéadfaimis a thuairmiú, mar atá déanta sa tráchtas cheana féin, gur tríd an bhficsean agus tríd an athchruthú gur féidir linn an fhírinne a aimsiú ón scéal.

Eachtra thábhachtach eile a chaitheann solas ar thábhacht na healaíne i measc uafás na cogaíochta ná nuair a thagann an cléireach ar an séipéal scriosta. Seo an cuntas a thugann an cléireach féin dúinn nuair a thagann sé go dtí an séipéal scriosta, áit a thagann sé ar a 'ghearráinín' a bhí imithe ar strae uaidh:

Ghearras fíor na croise orm féin ansin agus chromas isteach faoin lindéar. Ba léir ar na sailtreacha dóite is ar an ngloine bhriste faoi mo chosa nach raibh sé i bhfad tréigthe. (AC:36)

Ach in ainneoin go bhfuil an séipéal scriosta ag an namhad tá áilleacht na healaíne fós le feiscint ar na tablónna istigh ann agus tarraingítear ár n-ard ar an áilleacht sin seachas ar an scriosadh féin:

Séipéal beag aonseomra a bhí ann. Bhíodar coluin greanta sa gcloch dhearg ar dhá thaobh an dorais is ar na fuinneoga, agus os a gcionn thart timpeall na mballaí bhíodar pictiúir d'éanaibh dhe leon is de ghrifín agus iad timpeallaithe ag slabhraí deilgneacha. Nó an é go rabhadar na hainmhithe gaibhithe ag driseacha nó ag géaga finiúna? Os cionn na haltóra ar thaobh amháin bhí fear ag baint an fhómhair, agus ar an taobh eile bhí an coirce órbhuí á shábháil in iothlainn ag a bhean is ag a chlann, agus in uachtar ar spéir a bhí chomh gorm le hoíche shamhraidh bhí marcshlua na seilge ag imeacht ar chosa in airde trasna na firmiminte agus fianna muca alta is mic thíre ag imeacht de ruaig rompu, agus i rinn na gruaige giorria beag mongrua ag scinneadh thar na réaltóga go lúthchosach éadrom (ibid.)

Is léir go ndéanann Tadhg níos mó machnaimh ar chúrsaí ealaíne ná ar an damáiste a rinneadh don áit, rud a admhaíonn sé féin san úrscéal:

Ach in áit mo mhachnamh a dhéanamh ar neamhbhuaine is ar ghairide an tsaoil is amhlaidh a bhíosa ag baint sásaimh as feabhas na ceardaíochta a bhí ar na ballaí os mo chomhair amach, agus an ngiorria sin ach go háirithe agus í ag imeacht go hoscártha ón bhfiach. (ibid.: 36-37)

Ba dheacair teacht ar aon sliocht eile sa leabhar a mhíneodh dúinn cé chomh lárnach agus atá cúrsaí ealaíona san úrscéal seo agus cé chomh mór is atá an bhéim curtha ar bhuaine na healaíne i gcomparáid le neamhbhuaine an tsaoil mar a luann an cléireach féin.

Ní hamháin sin, ach is suimiúil é íomhá an ghiorria san úrscéal seo. Luaitear giorria trí huair ann agus is íomhá de ghiorria atá ar chlúdach an eagráin bhoig. Tá toise osnádúrtha éigin ag baint leis an ngiorria san úrscéal seo sa chaoi is nach dtuigimid an ról ná an tábhacht chinnte atá aige ann ach is cinnte gur siombal é tríd an leabhar seo. Mar sin féin, d'fhéadfaimis a thuairimiú, b'fhéidir, go mbaineann áilleacht agus saoirse de shórt éigin leis an ainmhí seo. B'fhéidir go bhfuil nod sna hathfhriotail sin thuasluaite dúinn nuair a éiríonn leis an ngiorria teacht slán ón bhfiach go dtuigeann Tadhg tábhacht na saoirse an nóiméid sin, tábhacht na saoirse pearsanta i measc na cogaíochta. Tuigeann sé go bhfuil an giorria seo beag beann ar uafás na cogaíochta, agus go bhfuil nádúr an ghiorria go hiomlán i gcodarsnacht lena shaol féin mar chléireach, an té a choiméadann cuntais ar armlón an chogaidh.

An chéad tagairt eile do ghiorria sa scéal ná nuair atá an complacht ag dreapadh anuas de mhúr bhaile an Teampaill Mhóir agus nuair a chasann an cléireach thart:

Ní fhacas ach an fraoch in aontonn go bun na spéire agus bean óg donnrua chugam, a leanbh fáiscithe ina fallaing ar a droim aici agus seanghearrán ualaigh á tiomáint roimpi aici le maide. Tharla nach raibh amharc fós ar an marcshlua agam, d'iompaíos mo ghearráinín ina treo go gcuirfinn a dtuairisc léi. Níor thug sí aon fhreagra díreach orm ach, gan a oireadis féachaint a thabhairt sa tsúil orm, chas sí ar a chois agus a méar á síneadh uaithi ó dheas le fána an tsléibhe. Ansin d'iompaigh sí ar ais ar a cúram agus d'fhág ann mé ag féachaint i ndiaidh a cúilín

cuachta rua agus mé ag fiafraí díom féin an bhfaca sí mé ar chor ar bith. Thugas m'aghaidh romham in athuair agus gluais anuas le fána go mall aireach agus an gearrán á sheasamh agam gach ré scaitheamh chun cluas a chur orm féin agus chun súil a thabhairt i mo thimpeall. Ach in ainneoin na contúirte ina rabhas, óir ní raibh amharc ar bith agam ar shaighdiúirí na reisiminte agus bhí an baol ann gur a dhul i ndiaidh mo mhullaigh siar i gcraos an namhad a bhíos, ní rabhas in ann an bhruillín óg ghlas-súileach a chur as mo cheann. Stopas an gearrán agus chas thart sa diallat chun féachaint a thabhairt siar thar mo ghualainn uirthi. D'imigh giorria ag pocléimneach trasna an chriathraigh. Ní raibh aon amhrac ar an mbean óg, ná ar an lucht iompair. (AC: 30-31)

Arís, ba dheacair a bheith cinnte cén tábhacht go díreach a bhaineann leis an bpíosa seo ach feicimid ag deireadh an leabhair go n-éiríonn le Tadhg teacht suas leis an mbean chéanna seo arís, nó sin é an chuma atá ar an scéal, agus go mbíonn saol sona acu ina dhiaidh na cogaíochta. Is léir go mbaineann saoirse éigin leis an mbean áirithe seo agus in ainneoin gach ní atá ina choinne i rith na cogaíochta, tagann Ó Dubháin slán agus bean lena thaobh sa deireadh:

Tá a hainm ar eolas anois agam, rud nach raibh an uair sin. Mairéad .i. mo Mhairéad-sa, Mairéad Ní Ghnímh, iníon an mháistir cheathrún, a bhfuil leaba dhearg déanta i mo chroí aici ó shin. Bhí Mórág bheag á hiompar ag an tseanbhean .i. seanmháthair an linbh, agus Mairéad ag tabhairt an ghearráin léi ar théad. (AC: 199)

B'fhiú a lua ag an bpointe seo go bhfuil finscéalta ann i mbéaloideas na tíre seo riamh ina gcuireann an giorria cruth na mná ar féin, mar shampla, 'MLSIT 3056 *The Old Woman as a Hare* de réir áirimh Bo Almqvist. (Ó Fiannachta 1992-92: 47). Tá an mhóitíf seo lárnach sa noibille is cáiliúla dá bhfuil againn i Nualitríocht na Gaeilge, b'fhéidir, *Fonn a Níos Fiach* (1978) chomh maith.<sup>15</sup> Tá iarracht den fheartaíocht le brath sa chuid seo faoi mar a chonaiceamar in *Ár i gCor Chomrua*, ina bhfeictear claochlú Fheardorcha ina ainmhí gránna agus Beningus ag iompú ina cholm. In

---

<sup>15</sup> Fiach giorria ag sealgaire dícheallach in am gorta agus an tsneachta atá ann; ag deireadh an scéil, nuair atá an giorria sáraithe agus go mbuaileann an sealgaire isteach chun seanmhnám bheifeá ag súil le hí siúd leis a bheith i ndeireadh na feidem ,ar gurb í an giorria í dáiríre (ibid.)

ainneoin nach úrscéal stairiúil neamhréalaíoch é *An Cléireach*, fós féin, b'fhéidir gurb é aidhm Uí Scolaí agus an ceangal seo á dhéanamh aige idir an giorria ar an tabló, agus an giorria in áit na mná sin, ná chun ár n-aird a tharraingt ar na rudaí a thugann Tadhg slán as uafás na cogáíochta, sé sin an áilleacht agus an ealaíon. Baineann áilleacht leis an tabló, leis an mbean agus leis an ngiorria féin, gan amhras. Is cosúil gurb é an giorria an nasc a shníonn an áilleacht seo ar fad atá ann in ainneoin na cogáíochta.

Is minic a dhéanann an cléireach cur síos ar áilleacht na timpeallachta in ionad an scriosadh féin faoi mar a chonaiceamar le scéal an tséipéil scriosta. Sa deireadh thiar tuigimid go bhfaigheann an grá, an áilleacht agus an ealaíon an lámh in uachtar ar uafás na cogáíochta, agus tá an ceart ag an gcléireach féin ag deireadh an leabhair nuair a deir sé, 'nach minic a thagann an donas gan an sonas ina horlaí tríd' (AC: 199). Arís, tagann Tadhg slán de bharr na nithe thuasluaite agus fágtar sinn ar nóta dóchais ag deireadh an úrscéil ar fad:

Agus sinn ag máirseáil amach as an gcampa osclaíonn na spéartha agus doirteann an bháisteach anuas ar na saighdiúirí is ar na caiple ar na buachaillí is ar na mná is ar na heaslána. Ach ar bhealach éigin tá an bháisteach níos boige, tá an fraoch níos cumhraí, tá an spéir níos gile, agus tá teas éigin de thine na hoíche in ár gcnámha. (ibid.)

Tuigtear dúinn go mbaineann an áilleacht, an ealaíon, agus an grá fiú, le brí na beatha agus nádúr an duine. Freastalaíonn an ealaíon ar spiorad agus ar aigne an duine agus éiríonn leis an Scolaíoch é sin a thaispeáint san úrscéal seo, le húsáid an fhrámascéil agus le sruth chomhfheasa an phríomhcharachtair. Táimid den tuairim, mar sin, ag deireadh an úrscéil go mbíonn sonas sa donas, solas sa dorchadas agus áilleacht i measc an uafáis. Chomh maith leis sin, tuigimid gurb í an ealaíon a thugann brí agus tábhacht do shaol an duine rud murab ionann agus an foréigin nach bhfuil le tairiscint aige ach bás agus aimiléis na cogáíochta:

Tá idir chorp agus spiorad sa duine agus faoi mar a bhíonn riachtanais áirithe ag an gcorp, bíonn riachtanais áirithe ag an spiorad freisin. Faoi mar a bhíonn riachtanais bhunúsacha, mar chothú agus dídean ag an gcorp, éilíonn an aigne agus an croí tuiscint agus comhlíonadh. Cuireann an ealaín i gcoitinne friotal ar an tnúthán daonna seo. (ibid.)

Deir an Scolaíoch féin, in agallamh a rinne sé, go ndearna sé machnamh domhan ar an ealaíon agus é i mbun an úrscéil seo a scríobh, agus deir sé go raibh sé an-choinsiasach ach go háirithe faoin íomha sin de na saighdiúirí agus iad cruinnithe timpeall na tine (2013). Tuigeann an t-údar cé chomh tábhachtach agus a bhí ealaíontóirí sa phobal an t-am sin, go háirithe nuair a bhí pobal i dtrioblóid agus tuigimidne, na léitheoirí, ag deireadh an úrscéil seo, gurb í an ealaíon, an scéalaíocht, an fhilíocht, nó áilleacht an tabló sa séipéal scriosta fiú, a thugann cultúr na nGael slán sa deireadh agus is tríd na nithe seo go príomha a insítear stair na nGael leis anseo.

Tar éis mionscrúdú a dhéanamh ar na trí mhórúrsceál seo, *An Fear Dána*, *Fontenoy*, agus *An Cléireach*, níl amhras ar bith ann, dar liom, ach go bhfuil an-tábhacht ag baint leo maidir le forbairt an úrscéil sa Ghaeilge agus go háirithe maidir leis an úrscéal stairiúil sa Ghaeilge. Is léir domsa, go bhfuil na húrscéalta seo ar chaighdeán i bhfad níos airde ná na húrscéalta stairiúla eile, de bharr na slí ina láimhsíonn na húdair an tréimhse staire ina bhfuil an scéal suite agus de bharr na slí ina samhlaíonn siad na carachtair a mhair sa tréimhse chéanna. Chomh maith leis sin, tá creidiúint ollmhór ag dul dóibh as an éacht taighde atá déanta acu chun úrscéalta den chaighdeán seo a chumadh. Féachfaimid siar arís ar na cúiseanna laistiar de rogha na n-úrscéalta seo mar úrscéalta ar leith agus suimiú á dhéanamh againn sna conclúidí.



## Conclúidí

D'fhéach mé sa tráchtas seo le haitheantas a thabhairt don úrscéal stairiúil nua-aimseartha sa Ghaeilge. Ag féachaint ar na húrscéalta stairiúla atá scríofa le fiche bliain anuas san ord cróineolaíoch seo, is cinnte go bhfuil borradh tar éis teacht ar an seánra sa Ghaeilge. Chomh maith leis sin, feictear cosúlachtaí eatarthu chomh maith, in ainneoin a n-ilghnéitheachta i gcomhthéacs sheánra an úrscéil stairiúil mar atá leagtha amach i gcaibidil na bhfosheánraí. Arís, faoi mar atá feicthe, is díol spéise é líon na n-úrscéalta stairiúla a scríobhadh sa Ghaeilge ó 1993 go 2013 agus na tréimhsí staire a phléitear iontu chomh maith. Creidim go léiríonn sé seo rud ar leith i dtaobh litríocht na Gaeilge, sé sin go bhfuil fás agus forbairt tar éis teacht, ní hamháin ar an úrscéal stairiúil, ach ar an úrscéal sa Ghaeilge sa tréimhse seo, rud a léiríonn bisiúlacht sheánra an úrscéil stairiúil sa Ghaeilge thar aon rud eile. Baineann tábhacht áirithe leis an seánra seo, níos mó ná seánraí litríochta eile dar liom, mar insíonn sé stair na tíre, an cinéal staire nach bhfuil le fáil i dtéacsleabhair staire agus is minic a insítear scéal na ngnáthdaoine a mhair le linn na dtréimhsí áirithe atá i gceist, maraon le pearsana staire nach bhfuil ach beagán eolais againn ina dtaobh. Is féidir linn bá a bheith againn leis na gnáthdaoine sin agus mar thoradh, tá tuiscint níos fearr againn ar amanta atá doiléir dúinn, aimsir na gCrosáidí, mar shampla, faoi mar a léirítear dúinn san úrscéal *An Fear Dána*. Tá stair na hÉireann an-chasta ar fad, faoi mar is fíor faoi stair tíortha eile, agus is mó díospóireacht a bhíonn ann ina taobh, ach is uirlis é an t-úrscéal stairiúil a chuireann ar ár gcumas tuiscint níos fearr a fháil ar an gcastacht sin, nó mar a deir de Groot agus é ag caint ar an gcoimhlint a bhaineann le stair tíortha áirithe:

[I]n the case of Ireland, the significance of particular events and historical occurrences is still conflicted; these [historical] novels merely use the space created by such dissonance to situate their practice. (2010: 141)

Ní hamháin sin, ach, d'fhéadfaí a rá, b'fhéidir, go bhfuil níos mó tábhachta ag baint leis an úrscéal stairiúil sa Ghaeilge sa tír seo mar is í an Ghaeilge a labhair muintir na hÉireann, idir chlér, shaighdiúirí agus fhilí anuas go dtí lár an naoú haois déag. Is í an Ghaeilge a bhí in úsáid go príomha ar an láthar catha, i bhfad agus i gcéin, bhí sí i measc na sagart léannta i Lobháin agus bhí sí mar theanga ghnó maraon le bheith mar theanga na mbard. Mar sin, is dócha gur féidir a rá gur léiriú níos cruinne iad úrscéalta stairiúla na Gaeilge ná a leithéidí céanna sa Bhéarla, fíric b'fhéidir, atá dearmadta ag cuid mhaith de phobal na tíre seo. Foilsíodh alt le déanaí a deir go bhfuil an tuairim ann gurb ionann an téarma 'Irish literature agus litríocht Bhéarla na hÉireann' (Titley, 2018:18) rud nach fíor gan amhras, ach is minic nach dtugtar an chreidiúint atá tuilte aici do litríocht na Gaeilge sa tír seo ná thar lear. Is léir go bhfuil 'poll mór sa dioscúrsa seo' (ibid.:18). Tuigtear dom gur seanscéal an 'poll mór' sin ach is iontach go dtugann cuid mhaith de na húrscéalta stairiúla sa Ghaeilge a scríobhadh le fiche bliain anuas le fios níos fearr ná aon rud eile, b'fhéidir, gurb í an Ghaeilge a bhí mar phríomhtheanga chumarsáide sa tír seo tráth agus sin an fáth go bhfuil an seánra ríthábhachtach don scríbhneoir Gaeilge. Tuigeann na húdair an tábhacht a bhaineann leis an scríbhneoireacht sa Ghaeilge agus is suimiúil an méid a deir Titley in agallamh leis nuair a deir sé:

I think those of us who write largely in Irish, we feel we are part of something that is much bigger than ourselves, something that, in a sense, is carrying us along, and in that sense it gives us sustenance, and it gives us food, and it gives us energy, and it gives us belief in ourselves. (2018)

Gan amhras, is cuid de ghnó an úrscéil stairiúil ná féachaint ar chruthú an náisiúin agus iniúchadh a dhéanamh ar fhéiniúlacht an náisiúin sin, nó mar atá le rá ag de Groot ar an ábhar seo:

Historical novelists have been long interested in the discussion of national creation; from Scott onward the substantiation of a sense of national identity has been part of the historical writer's purpose and mode of working. (2010: 140)

Ag féachaint ar na húrscéalta stairiúla a scríobhadh i nGaeilge le fiche bliain anuas, is cinnte go bhfuil na húdair coinsiasach faoi conas atá siad chun stair, nó scéal, na tíre seo a insint. Cinneadh ar leith a dhéanann úscéalaithe stairiúla tabhairt faoi úrscéal stairúil a scríobh faoi thréimhse áirithe mar, trí ealaíon an tseánra seo, is féidir leo bearnaí áirithe na staire a líonadh, an fhírinne a lorg agus domhan éigin a athchruthú ar shlí a théann go mór i bhfeidhm ar an léitheoir:

It is here, in the gaps of history, in the spaces between knowledges, in the lacking texts, within the misunderstood codes, that historical novelists work, and it is the very insubstantiality of the past that allows them to introduce their version of events. (de Groot, 2010:182)

Feicimid go bhfuil ardú beag tar éis teacht ar líon na n-úrscéalta stairiúla le fiche bliain anuas, ach ní hé sin an t-aon athrú, ná an rud is suntasaí. Tá athrú le sonrú ar an saghas úrscéil atá ag teacht chun cinn, agus ó thaobh an chaighdeáin a bhaineann leis. Is léir go bhfuil éirithe leis an seánra seo sa Ghaeilge, sé sin le rá go bhfuil duaiseanna buaite ag roinnt de na húrscéalta; tá dhá cheann, *Fontenoy* agus *An Cléireach* ar liosta na ndeich leabhar is fearr sa Ghaeilge faoi mar a mheas Coilféir, Ó Scolaí, Ó Caoimh, agus daoine nach iad (2013). Chomh maith leis sin, tá ar a laghad trí úrscéal stairiúla eile scríofa ó tosaíodh an tráchtas seo, úrscéalta a phléifear beagán ar ball.

Mar sin, is léir go dtagann na húrscéalta sin, *An Cléireach* agus *Fontenoy* chugainn le haitheantas cheana féin ach níl ansin ach fáth amháin gur roghnaíodh iad don mhionphlé sa tráchtas seo. Maraon le *An Fear Dána*, 'tour de force' teanga (Nic Dhiarmada, 1994 : 30) iad na trí úrscéal sin. Tá éirithe leis na húrscéalaithe seo tréimhsí staire a athchruthú le hionramháil na teanga ach go háirithe, agus tagann sé sin le fealsúnacht liteartha Titeley, sé sin gurb í 'an teanga agus

caidreamh an údair léi an rud is tábhachtaí, an rud a dhéanann saothar fiúntach de leabhar’ (Nic Eoin, 1984 : 19).

Tá struchtúr an úrscéil an-éifeachtach mar uirlis freisin in *An Fear Dána*, chun go samhlófaí domhan an 13ú haois, sé sin go bhfuil an t-úrscéal roinnte ina seacht gcuid agus go bhfuil an seachtú cuid i bhfoirm filíochta, mar atá ráite cheana sa tráchtas. Tá macallaí le haimsiú de ré na Gaeilge clasaicí chomh maith, cleas a chuireann cuma an-réalaíoch ar an scéal. In *Fontenoy* úsáideann Mac Cóil teanga atá bunaithe ar theanga liteartha na hochtú haoise déag. Tá an teanga seo athchruthaithe ag Mac Cóil ar shlí chomh háititheach sin go bhfuil an chuma ar an scéal gur lámhscríbhinn ón 18ú haois atá á léamh againn. Ní mór dom an teanga a úsáideann An Scolaíoch in *An Cléireach* a lua chomh maith anseo, sé sin gur scríobh sé chuid den úrscéal i dteanga a thugann Nicholas Williams an caighdeán cúng air, ‘fo-thacar de chuid an Chaighdeáin Leathain’ (2002: 8), sé sin le rá, leagan simplithe den chaighdeán atá oiriúnach do léitheoirí agus scríbhneoirí an lae inniu. Is suimiúil an cur chuige seo mar shamhlófaí gur aithris ar na lámhscríbhinní atá ann, ach faoi mar a pléadh, ní amhlaidh atá. Toisc máistreacht a gceird ag na húdair seo, feicimid an difríocht idir láimhseáil na teanga ina n-úrscéalta agus úrscéalta eile atá pléite, *Lucinda Sly* mar shampla. Ba dheacair ar uairibh an suíomh i gCeatharlach a shamhlú toisc canúint láidir Uí Shé a bheith le clos tríd síos agus ba dheacair idirdhealú a dhéanamh idir an t-údar féin agus na carachtair dá bharr san.

Rud eile dar liom atá mar shnáith chomónta sna mórúrscéalta sin, ná an leas a bhaineann na húdair as an teanga, go mór mhór ainmneacha na gcarachtar ar mhaithe le greann. Gan amhras, is spochadh don chuid is mó atá ar siúl ag an Titlíoch leis an imeartas focal a úsáideann sé agus é ag athrú an tsloinne ‘Ó Brolcháin’ go ‘O Brocláin’ nó ‘briolla gaoithe’ a thabhairt ar an bhfile Giolla Bríde. Is minic gur tríd an ngreann seo gur féidir linn íomhá dhaonna a bheith againn de

Mhuireadhach Albanach. Léiríonn Titley gur féidir úsáid ealaíonta a bhaint as an liodán i gcónaí agus tá sé seo le feiceáil i saothar eile aige chomh maith, *Stiall Fhial Fheola*, mar shampla, agus ainmneacha mar seo a leanas sa saothar sin, ‘Ó Bolgúir, Biatach, Ó Colpa, Ó Coinín, Ó Gamhna srl...’ (Mac Lochlainn, 1999: 23).

Is leasainmneacha seachas imeartas focal den chuid is mó a úsáideann Mac Cóil agus Ó Scolaí do na carachtair ina saothair, ach fós féin, is léiriú na leasainmneacha sin ar phearsantachtaí na gcarachtar úd, nó díreach ‘an nom de guerre’ a bhí acu. ‘San Nioclás’ a ghlaonn an saighdiúir Ó Faoileáin air féin, ‘ar chúis éigin nár thuig aon duine’ agus ‘Lallaí’ seachas Ó Maolallaigh a ghlaotar ar an gcaptaen mar shamplaí (*Fon*. 2006: 50). Baineann Mac Confhaola úsáid as clisteacht focal ina úrscéalta chomh maith chun cur síos a dhéanamh ar charachtair áirithe, ‘Na Cailleacha Caola’ in *Cogadh ‘gus Cathú* agus na deirfiúracha cráite ‘Cití na gCnámh’ agus ‘Máire Chaol’ i *gCeol an Phíobaire*. Is léir go raibh Ó Laighléis coinsiasach faoi éifeacht na bhfocal chomh maith nuair a roghnaigh sé Benignus, (focal Laidine a chiallaíonn ‘séimh’) agus Feardorcha, an fear dorcha féin mar ainmneacha na gcarachtar dá saothar, chun an chodarsnacht idir an dea-charachtar agus an drochcharachtar a neartú. Chomh maith leis sin, tá mailís ag baint leis ‘An Sionnach’, ainm an namhad in *An Litir*.

Is ag súgradh leis an teanga a bhíonn úrscéalaithe na n-úrscéalta seo ach dar liom, tá Mac Cóil, Titley, agus Ó Scolaí ar leibhéal i bhfad níos airde ná úrscéalaithe eile maidir le húsáid na teanga de, bíonn an charachtracht ar fheabhas acu, bíonn grinneas ina súile maidir le mionsonraí, agus bíonn comhráití beo, bríomhaire le clos. Is dócha gur féidir linn an méid a bhí le rá ag Nic Eoin faoin teanga i *Meisrí na Treibhe* a chuir i gcomhthéacs na mórúrscéalta seo nuair a dúirt sí gurb ‘í an teanga féin atá ag gníomhú anseo, dár dtimpeallú, dár dtachtadh, dár ndalladh’ (1984: 19).

Maraon le hionramháil na teanga, tá mórán seifteana liteartha le fáil sna húrscéalta stairiúla nua-aimseartha seo atá idir lámha againn, ach arís ní hé gur rud nua é modh an iar-dhearcaidh nó frámascéal a úsáid sa litríocht, mar shamplaí, ach is é aibíobht agus clisteacht na seifteanna liteartha atá le fáil iontu atá suntasach. An teicníc is comónta atá le haimsiú, b'fhéidir, ná go mbunaítear na húrscéalta ar fhoinsí nó ar lámhscríbhinní samhailteacha. D'fhéadfaimis 'extra-textual', nó 'seachthéacsúil', a ghlaoch ar a leithéid de theicníc, sé sin 'a world outside the novel and other texts, other representations of the world being represented in the novel' (Allen, 2000: 193). Tá an tseift seo éifeachach mar tugann sé dúshlán don léitheoir idirdhealú a dhéanamh idir an fhírinne agus an ficsean, na comhábhair is tábhachtaí in úrscéal stairiúil mar atá pléite. Feictear in *Ceol an Phóbaire* gur ó lámhscríbhinní Cholm Mhic Dhonnchadha, mar dhea, mac an phríomhcharachtair, Cathal, a fuair an t-údar a inspioráid don leabhar, faoi mar a deirtear linn. Feicimid an cur i gcéill arís in *Fontenoy* nuair a deir Mac Cóil é féin go bhfuil 'cuid nach beag den scéal bunaithe ar leabhrán a scríobh Ó Raghallaigh faoin gcath féin am éigin roimh an mbliain 1752' (2006: 119). Maidir leis an úrscéal *Lucinda Sly*, tugtar dúshlán don léitheoir idirdhealú a dhéanamh idir fírinne agus ficsean i slí eile nuair a shuíonn an fear sin James Battersby in aice le reaire an úrscéil agus insíonn sé scéal an chrochta dó. Taibhse é Battersby, gan amhras. Is féidir linn cosúlachtaí a aithint idir an tseift seo agus an úsáid a bhaineann na húrscéalaithe as an idirthéacsúlacht mar is teicníc í seo a iarrann orainn machnamh a dhéanamh idir an tsúgracht agus an dáiríreacht chomh maith. An t-úrscéal is soiléire ina bhfeictear an idirthéacsúlacht ná *An Fear Dána* gan amhras. Toisc go gcloistear macallaí de shaothair chomhaimseartha ó *Cré na Cille, Lig sin i gCathú*, agus *L'Attaque* ó bhéal an fhile, is minic go mbíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir na buntéacsanna agus an úsáid nó an aoir a bhaineann Muireadhastu agus is fíor an méid atá le rá ag Landow sa chomhthéacs seo:

[It] makes much of this new text's challenge to notions of linear narration and reading, the boundedness or independence of each text, and thus of traditional notions of authorial and critical authority (in Allen:2010:201)

D'fhéadfaimis a rá go bhfuil saothair mhóra litríochta faoi cheilt in *An Fear Dána*, ach luaitear mórscríbhneoirí nó mórsaothair litríochta os ard i roinnt de na húrscéalta stairiúla eile; luaitear *The Destruction of the Sennacherib* le Lord Byron in *Hula Hul*, luaitear Charles Darwin agus *The Origin of Species* in *Rí na gCearrbhach* maraon leis an manach Eoghan Ó Néill in *1260AD* atá ag déanamh staidéir ar Eurígina, gan ach cúpla sampla a lua. Is d'aon ghnó a thagraítear do shaothair liteartha thábhachtacha in úrscéalta stairiúla, mar d'fhéadfaí a rá go neartaíonn siad téamaí áirithe sna húrscéalta agus gan amhras leis an seift seo, leagtar béim ar an tábhacht a bhain leis an litríocht riamh, agus a bhaineann fós, agus faoi mar a deir Allen 'the fact that a text's significance depends on a host of other texts is made an integral part of the reading experience' (2010: 202). Is dóigh liom go bhfuil sé soiléir ón méid seo, an t-ardchaighdeán a bhaineann na húrscéalta stairiúla seo amach.

Faoi mar a pléadh níos luaithe, ní don tsúil amháin a scríobhadh na húrscéalta stairiúla seo ach don chluas chomh maith. Cruthaíonn na húdair atmaisféar sa leabhair seo uaireanta, faoi mar ba dhual don sceindráma nó don dráma rómánsúil, go háirithe i saothair Uí Dhúrois, dar liom. Níl ionadh ar bith ach oiread gur drámadóirí roinnt de na húrscéalaithe chomh maith agus an-bhéim curtha ar éide, agus feistis sna húrscéalta seo faoi mar a chonacthas agus an cur síos ar shaighdiúirí in *Fontenoy* agus *An Cléireach*, chomh maith leis an gcur síos a rinneadh ar an gCoirnéal Goring in a *Bhean Óg Ón*. Toisc go bhfuil na húdair géarshúileach i dtaobh chuma na gcarachtar, is ar nós go bhfuil siad á ngléasadh do stáitse meafarach an úrscéil atá in oiriúint don tréimhse staire ina bhfuil siad suite agus cuireann sé sin go mór le hinchreideacht an scéil.

Ón mbliain 2013 ar aghaidh, is léir nach bhfuil aon trá tarlaithe i dtaobh sheánra an úrscéil stairiúil agus scríobhadh ar a laghad ceithre úrscéal ó shin: *An Bhean Feasa* (Titley, 2014), *An Colm Bán* (Ó Muirthile, 2014), *I dTír Stráinéartha* (Mac Cóil, 2015) agus *Sliocht ar Thír na Scáth* (Ó Doibhlin, 2018). Ní hamháin sin, ach is léir go bhfuil caighdeán agus soifisticiúlacht an tseánra ag dul ó neart go neart i litríocht na Gaeilge chomh maith. Níos suimiúla fós b'fhéidir, ná gurb iad Titley agus Mac Cóil atá mar údair ar dhá úrscéal as ceithre cinn, na húdair chéanna a scríobh dhá cheann de na húrscéalta is mó tábhacht sa tráchtas seo, *An Fear Dána* agus *Fontenoy*. Is úrscéal stairiúil eachtraíochta é *An Bhean Feasa* agus úrscéal atá scríofa i bhfoirm filíochta nó 'prós i bhfoirm filíochta' atá ann, an chéad saothar dá shórt i litríocht na Gaeilge (Bannister, 2015: 27). Feicimid arís saothar eile ina nascann Titley an próis agus an fhilíocht lena chéile. Tá plota an úrscéil bunaithe ar an mbean ar a dtugtaí Ann 'Goody' Glover, is é sin go raibh a leithéid de phearsa stairiúil ann, gur díbríodh as Eirinn í, gur chaith sí na blianta ina sclábhaí goirt agus tí in Barbados, gur aistríodh go Bostún í, 'gur cuireadh asarlaíocht ina leith agus gur crochadh í [sa bhliain 1688]' (Titley, 2014: 8). Cosúil le Muireadhach Albanach, níl ach beagán eolais againn ina thaobh ach, is dócha gur buntáiste é sin don Titlíoch sa seánra seo mar 'even the smallest lives can create a ripple in history' (Traynor, 2018). Tá an t-úrscéal roinnte ina thrí chaibidil, 'Cročadh', 'Tráill', agus 'Bóithre' agus Ar nós *An Fear Dána*, tá *An Bhean Feasa* breac leis an idirthéacsúlacht ó fhoinsí liteartha seachtracha, agus 'mothaítear traidisiún domhain liteartha na Gaeilge sa leabhar leis na macallaí a bhaintear as saothair le Seathrún Céitinn, Eibhlín Dubh Ní Chonaill agus eile' (Bannister, 2015: 28). Chomh maith leis sin, úsáidtear modh an iar-dhearcaidh san úrscéal freisin, sé sin le rá go dtosaíonn an scéal amach le bás an phríomhcharachtair, ach ansin teimid siar ar ais go dtí a breith, seift liteartha eile atá an-chomónta sna húrscéalta atá pléite againn sa tráchtas seo, *Cogadh 'gus Cathú* agus *Crann Smola*, mar shamplaí. Rud eile gur fiú a lua maidir



leis an úrscéal i gcomhthéacs chás na mban sa tráchtas seo ná gurb é *An Bhean Feasa* an chéad úrscéal stairiúil a bhfuil againn agus bean mar príomhcharachtar ann. Mar sin féin, mar a thuigimid, ní bean í a bhfuil uaisleacht nó stádas ag baint léi, agus crochadh atá i ndán don bhean feasa seo sa deireadh mar creidtear gur cailleach í. Is fiú, ar an bpointe sin, iniúchadh a dhéanamh ar a méid a deir Traynor faoi chás na mban agus í ag caint ar Goody Glover:

Ann Glover, a woman of low standing in the community who had travelled from an unimaginably different community halfway across the globe, stands as a powerful symbol of the wrongs that can easily be perpetrated against the dispossessed. She fitted Mather's idea of a witch - a woman in the way of his providential plan (2018).

In ainneoin gurb í an príomhcharachtar í, tá sí fós faoi chaimpirín na bhfear. Mar sin féin, agus a leithéid d'úrscéal stairiúil seo againn, tá *An Bhean Feasa* ina 'chomhartha suntais' (Bannister, 2015: 29) ní hamháin don úrscéal stairiúil ach do litríocht na Gaeilge go ginearálta. Is léir gur thuig Titley an tábhacht a bhain le scéal Goody Glover a athchruthú agus a athinsint mar:

On the face of it, Ann Glover's life would appear to be relatively insignificant, the date and place of her birth unrecorded, the exact circumstances of her leaving Ireland. However, the consequences of her tragedy are more wide-reaching than she ever could have expected (ibid.)

Úrscéal stairiúil eile atá scríofa ó 2013 ar aghaidh ná an dara leabhar i sraith úrscéalta Mhic Cóil. Tagann *I dTír Stáinséartha* chugainn agus Duais an Oireachtais buaite aige sa bhliain 2014 agus is fíor an méid atá le rá ag Vahey, sé sin, gur 'seoid eile stíle is ea an t-úrscéal is deireanaí ó pheann bisiúil Liam Mhic Chóil' (2015: 28). Agus an príomhcharachtar, Lúcas Ó Briain ar bord na loinge ag imeacht ó Ché na Gaillimhe, táimid ag siúil go dtabharfaidh sé an litir rúnda slán d'Ó Néill sa Róimh. Ní thugann an long Lúcas ach chomh fada le Briostó, agus is faoi féin atá sé ansin dul chomh fada leis an Róimh. Ar nós *An Litir*, úrscéal é seo atá lán d'eachtraíocht, teannas agus dúshláin don príomhcharachtar óg, agus tá naimhde eile ar a thóir i Sasana, sé sin La Persuiveant,

‘a feared and brutal Catholic-hunter’ (Póirtéir, 2005:33). Is deas mar a leagan Póirtéir a mhéar ar cháilíochtaí an sórt seo úrscéil:

*I dTír Stráinséartha and An Litir* both reawakened the boyish enjoyment I used to get from the adventure stories of Robert Louis Stevenson and his like, the adrenaline rushes of ‘fight and flight’ fiction. Mac Cóil provides us with regular tension and release as the intrepid Lúcas tries to outdistance An Sionnach, still on his scent. (2015: 33)

D’fhéadfaí a rá gurb é an rud is suntasaí, agus is réabhlóidí, b’fhéidir, ná, sa tslí chéanna gurb é *An Bhean Feasa* an chéad úrscéal dá shórt, tá sraith Mhic Cóil ar an gcéad tríológ atá go hiomlán scríofa sa Ghaeilge. In ainneoin gur chuid de thríológ *Ár i gCor Chomrua* le Ré Ó Laighléis, is toisc gur scríobhadh as Béarla ar dtús an chéad leabhar *Sceon sa Bhoireann* (agus toisc go bhfuil an chuma air gur scríobhadh don aos óg é), ní bheifear ag glacadh leis mar an gcéad tríológ atá scríofa sa Ghaeilge. Bheinn ar aon aigne le Vahey nuair a deir sé ‘go seasfaidh an tsraith seo [sraith Mhic Cóil] ar feadh na nglúin[te] i dtraidisiún na húrscéalaíochta Gaeilge’ (2015: 28).

Úrscéal eile agus cur chuige suimiúil le fáil ann, ná *An Colm Bán* le Ó Muirthile. Tá beirt phríomhcharachtar san úrscéal; Nora Buckley, an chéad phríomhcharachtar, an colm bán meafarach féin, nó ‘la blanche colombe’ (MacKernan, 2014:19) atá mar rinceoir i bPáras sna fichidí, agus glaonn siad an colm bán uirthi toisc ‘she danced in mind, body and wing as would a dove’ (ibid.). William Driscoll, ‘scríbhneoir i bPáras agus beatha Nóra á fiosrú aige’ an príomhcharachtar eile san úrscéal (Nic Íomhair, 2014: 30). Tá gnéithe den úrscéal seo le feiceáil sna húrscéalta stairiúla eile atá pléite againn go dtí seo; tá an ghné idirnáisiúnta san úrscéal seo, mar atá in *An Fear Dána* agus *Fontenoy*; tá an t-ilteangachas ann mar atá in *Fontenoy*, *Ceol an Phíobaire* agus *Cogadh ‘gus Cathú*. Tá béim ar an ealaíon, go háirithe nuair a phéinteáil William Driscoll féinphortráid dó fhéin mar Naomh Proinsias le colm bán aige, agus is féidir linn

béim na healaíne san úrscéal seo a chuir i gcomparáid leis an mbéim a chuirtear ar an ealaíon in *An Cléireach*. Chomh maith leis sin, tá filíocht fite fuaite sa scéal mar atá in *An Fear Dána* agus *Scéal Gearóid Iarla* agus ní haon ionadh é go bhfuil an fhilíocht in úrscéal ó pheann Uí Mhuirthile nuair a bhí sé ar dhuine de na filí ab fhearr ó dheireadh na 1960idí ar aghaidh. Meascann Ó Muirthile an fhírinne agus an ficsean go cliste agus an cur síos beomhar atá san úrscéal ar shráideanna Phárais. Toisc, b'fhéidir gur mhair an t-údar i bPáras é féin ar feadh seala, tá sé géarchúiseach maidir le sonraí na cathrach. Cosúil leis na saighdiúirí ag siúl an láthair catha in *Fontenoy*, is féidir linn na carachtair a shamhlú ag siúl sráideanna na cathrach seo chomh maith. Mar sin, agus an méid sin atá díreach luaite agam in *An Colm Bán* á mheabhrú againn, níl amhras ann ach go bhfuil an ceart ag Nic Íomhair nuair a deir sí go bhfuil 'aitheantas tuilte ag an saothar as scéal na hÉireann, na hEorpa agus na hAifrice a tharraingt le chéile (2014: 30). Chomh maith leis sin, is é cur síos Uí Mhuirthile 'ar shult buile na gcéadfaí sa rince, sa chollaíocht agus san ealaín barr maise an leabhair' (ibid.).

An t-úrscéal stairiúil is déanaí atá foilsithe ná *Sliocht ar Thír na Scáth* le Breandán Ó Doibhlin. Is as leabhar Iseáia a thagann teideal an úrscéil seo:

Beidh an saol ag do chuid marbhánach arís, éireoidh a gcoirp as an nua; músclaí, déanaigí gairdeas, sibhse uile atá sínte sa láib, óir is geal é mar dhrúcht do dhrúchtsa, agus tiocfaidh sliocht ar thír na scáth (in Ó Muirí, 2018)

Ní haon ionadh é gur roghnaíodh a leithéid de theideal mar 'd'aistrigh Ó Doibhlin Leabhar Iseáia ón Eabhrais go Gaeilge' (ibid.) agus is sagart é chomh maith gan amhras.

Tá an saothar seo lonnaithe le linn aimsir na mbardscoileanna, cosúil le *An Fear Dána*, ach is ag druidim le deireadh na tréimhse sin agus córas na nGael ar tí titim as a chéile. Tá sé suite sa

Tuaisceart, ‘thart ar cheantar dúchais an Doibhlinigh féin’ (Ó Muirí, 2018) agus tá an t-úrscéal bunaithe ar fhíortheachlaigh a mhair an uair sin agus ‘filí Chineál Eoghain a bhfuil an-iomrá go fóill ar Ghiolla Brighde Mac Con Midhe (c.1210-1272)’ (ibid.). Bheinn den tuairim go bhfuil snáithe de na húrscéalta stairiúla atá pléite sa tráchtas seo le brath in úrscéal an Doibhlinigh; tá snáithe an chreidimh ann, mar atá le feiceáil in *1260AD* agus *Seilbh na Coróine* ach go háirithe agus tá an fhilíocht go tréan san úrscéal, mar atá le feiceáil i *Scéal Gearóid Iarla, A Bhean Óg Ón, An Cléireach* agus *An Fear Dána*, agus tá sé an-shoiléir san úrscéal seo nár stad Ó Doibhlin ‘riamh de bheith ag saothrú na litríochta agus na Críostaíochta’ (Ó Muirí, 2018).

Tar éis féachaint ar na húrscéalta stairiúla atá scríofa ó 1993-2013, is léir gur seánra fíorthábhachtach i litríocht na Gaeilge atá ann agus is léir chomh maith go bhfuil sé tar éis dul ó neart go neart.

Cuirtear tús leis an anailís le sainmhíniú ar cad is úrscéal stairiúil ann agus tá sé feicthe gur sainmhíniú a bhíonn de shíor ag athrú atá ann. Tá sé cinntithe sa tráchtas seo go bhfuil na húrscéalta ar fad suite i dtréimhse staire ‘prior to the author’s own experience’ (Cahalan, 1983: 20) agus gur taighde agus samhlaíocht seachas taithí phearsanta atá mar uirlisí aige nó aici. Ní fíorcharachtar na staire atá mar phríomhcharachtair sna húrscéalta stairiúla, ach gnáthdhaoine ficseanacha, den chuid is mó. Chomh maith leis sin, i measc na gceisteanna eile a ríomhtar sa chaibidil seo, tá stíl agus ábhar an úrscéil stairiúil i dteangacha eile an domhain, go háirithe sa Bhéarla, agus an chéad úrscéal stairiúil á rianú siar go 1892 le foilsiú *Waverly* le Walter Scott.

Is é a bhí i gceist agam a dhéanamh sa dara caibidil ná féachaint siar ar phríomhúrscéalta stairiúla an fhichiú haois, agus soláthraítear gearrchuntas taobh le léirmheastóireacht ghonta ar na sé cinn is fiche d’úrscéalta a foilsíodh idir 1901 agus 1993. Aithnítear buanna agus laigí na n-úrscéalta le

húsáid thairbheach as réimsí foinsí ó chriticeoirí iomráiteacha litríochta ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc, Máirín Nic Eoin, Alan Titley féin, Breandán Delap, Jerome de Groot agus Georg Lukács. Tá plé déanta ar shaothair údair na n-úrscéalta stairiúila, le 5 úrscéal luaite idir 1901 agus 1938; le hanailís ar bhorradh mór an tseánra sna seascaidí, agus déantar mionphlé ar *L'Attaque* (1962) le Ó Tuairisc. Mar sin féin, tá sé feicthe gurb é an t-úrscéal, *Cormac Ua Conaill*, an chéad chéim a thóg scríbhneoir na Gaeilge chun tús a chur le seánra an úrscéil stairiúil. Is iomaí difríochta a fheictear idir luathiarachtaí agus na húrscéalta atá scríofa le fiche bliain anuas, difríochtaí a bhréagnaíonn sainmhíniú an úrscéil stairiúil sa lá atá inniu ann, is é sin le rá go gcuirtear an iomarca béime ar fhíorphearsana staire sna luathúrscéalta.

Sa tríú caibidil, déantar cur síos, in ord cróineolaíoch, ar na húrscéalta stairiúla a scríobhadh idir 1993 agus 2013 le suirbhé litríochta a chuimsíonn ábhar, téamaí, agus stíl inste na n-úrscéalta i gcomhthéacs na dtuiscintí atá sonraithe sa chéad agus sa dara caibidil. Sa cheathrú caibidil, déantar soiléiriú ar fhosheánraí na n-úrscéalta agus cuirtear in iúl go bhfuil ceithre mhórsheánra aimsithe faoi sheánra ginearálta an úrscéil stairiúil; an t-úrscéal stairiúil cogaidh, an t-úrscéal stairiúil fantasaíochta (cé nach bhfuil ann ach go bhfuil téama na fantasaíochta le fáil i gceann amháin acu), an t-úrscéal stairiúil bleachtairachta, agus an t-úrscéal stairiúil grá. Chomh maith céanna, cuirtear spotsholas ar leith ar theirce ghuth na mban sa seánra scríbhneoireachta seo le bean amháin a bhfuil úrscéalta stairiúla foilsithe aici. Sé sin le rá go n-aithnítear Máire Mhac an tSaoi mar an t-aon scríbhneoir mná a chuaigh i ngleic le seánra an úrscéil stairiúil sa tréimhse seo.

Cuirtear clabhsúr leis an anailís le mionphlé agus léirmheas criticiúil ar *An Fear Dána*, *Fontenoy*, agus *An Cléireach*, trí úrscéal leis na húdair is iomráití i scríbhneoireacht chomhaimseartha na Gaeilge agus duaiseanna dá réir bainte amach ag an triúr acu. Sna caibidlí seo, ríomhtar teicnící

agus mionghnéithe insintí an scéil agus stíleanna éagsúla scríbhneoireachta. Ar na téamaí a ndéantar staidéar orthu, ta an idirthéacsúlacht stairiúil, an idirthéacsúlacht ó fhoinsí liteartha seachtracha, lorg na fírinne, bunús téama a roghnaíonn na húdair agus anailís ar na téamaí féin, stíleanna agus teicnící inste an úrscéil (reacaireacht, an staraí, an guth neodrach, guth na gcarachtar éagsúil), cúlra na n-úrscéalta agus na scéalta féin. Tá téama na cogaióchta ar cheann de na téamaí is mó tábhacht i measc na n-úrscéalta seo; déantar iniúchadh, ach go háirithe, ar an doirteadh fola, an ainnise, agus gnéithe eile mar sin a bhaineann le cúrsaí troda. I gcás *An Cléireach*, ríomhtar tábhacht na healaíne agus aithítear éabhlóid agus forbairt an úrscéil mar ghné shuntasach, thábhachtach de nualitríocht na tréimhse. Chomh maith leis sin, tá insint agus guth firinsneach cinnte sna trí mrórúscéal sin, óir, gan dabht, is minic go bhfágtar mná ar leathtaobh sa stair.

Cé nach bhfuil an seánra chomh líonmhar sa Ghaeilge agus atá sé i dteangacha eile, tugann sé léargas níos cruinne dúinn ar stair na tíre agus ar stair na nÉireannach mar, faoi mar atá luaite, ba í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide na tíre seo go dtí thart ar chéad [go leith] bliain ó shin (Tittley, 2015: 12-15). Chomh maith leis sin, ní dócha go bhfuil aon amhras ach go bhfuil an ceart ag Ó Buachalla nuair a deir sé go bhfuil ‘cosáin oscailte don scríbhneoir sa Ghaeilge – sa teanga mhionlaigh – atá dúnta don scríbhneoir sa Bhéarla’ (2015, 263) agus ní hamháin sin ach, tá na húrscéalta seo bríomhar, cliste agus thar aon ní eile, tá siad taitneamhach. Tá súil agam go léiríonn an tráchtas seo an tábhacht a bhaineann leis na húrscéalta seo, an feabhas atá tagtha ar an seánra ó nóchaidí na haoise seo caite agus an éagsúlacht a bhaineann leo maidir le téamaí agus chur chuige. Is tríd an gcineál litríochta seo is féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar stair na hÉireann agus is féidir linn a bheith ag súil lena thuilleadh ó scríbhneoirí na Gaeilge sa ghort seo sna blianta atá romhainn.



**Noda**

**AFD**

An Fear Dána

**Fon.**

Fontenoy

**AC**

An Cléireach



## Leabharliosta

Allen, Graham, 2010: *Intertextuality*. London & New York: Routledge.

Allport, Floyd H., 1941: 'Literature and the Search for Truth', *The Sewanee Review* 49: 213-236.

Baker, Ernest, 1914: *A Guide to Historical Fiction*. London: Routledge & Sons Ltd.

Bannister, Garry, 2015: 'An Bhean Feasa by Alan Titley', *Comhar* 2: 27-29.

Barthes, Roland, 1977: *Image – Music – Text*, Stephen Heath (trans.) London: Fontana.

- 1981: 'Theory of the text' in Young (ed). 31-47.

Bergin, Osborn, 1924: 'Unpublished Irish Poems. XXVII: The Dead Wife', *An Irish Quarterly Review* 51: 427-430.

- 1970: *Irish Bardic Poetry*. Baile Átha Cliath: The Dublin Institute for Advanced Studies.

Bernbaum, Ernest, 1926: 'The Views of Great Critics on the Historical Novel', *PMLA* 2: 424-441.

Brown, Stephen J, 1915: 'Irish Historical Fiction', *An Irish Quarterly Review* 4: 441-453.

Burford, Eva, 2007: 'Saothar Úr- Ár i gCor Chomrua' *Feasta* 9: 11-12.

Cahalan, James M., 1983: *Great Hatred, Little Room. The Irish Historical Novel*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan.

Céitinn, Séamus, 2004: ‘An Teanga: Forbairt na Gaeilge- Gá le Foréigin?’, *Comhar* 8 : 10-12.

Chase, Bob, 1996: ‘History and Poststructuralism: Hayden White and Fredric Jameson’ in *The Expansion of England: Race, Ethnicity and Cultural History*, ed. Bill Schwarz, London: Routledge, 61-91.

Cohn, Dorrit, 1999: *The Distinction of Fiction*. Baltimore and London: The John Hopkins University Press.

Cummings, Philip, 2007: ‘Ar Imeach an Chatha’, *Lá Nua* 12.

Davitt, Michael, 2004: *Dánta 1966-1998*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

- 1983: *Bligeard Sráide*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

De Brún, Fionntán, 2009 ‘Bua an Scéalaí’, *Comhar* 2: 22-23.

De Groot, Jerome, 2010: *The Historical Novel*. London: Routledge.

Delap, Breandán, 1993: *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge*, Baile Átha Cliath: An Clóchmhar.

- 1994: ‘An Fear Dána’, *Comhar* 6: 21-23.

Denvir, Gearóid, 2003: ‘Litríocht: An Coimhthíos agus Aghaidh an Bháis’ *Comhar* 11: 3-5

Eco, Umberto, 1998: *The Name of The Rose*, London: Vintage.

Flower, Robin, 1947: *The Irish tradition*. Oxford: Clarendon Press.

Genette, Gerard, 1992: *The Architext: an introduction*, Jane E Lewin (trans.), Berkeley CA & Oxford: University of California Press.

Hayden, Eric, 2002: ‘Wexford author’s epic work in Irish’, *Enniscorthy Guardian*: 6.

Heussaff, Anna, 2004: ‘Bláthú tobann úrscéal; eagarthóir gaeilge: Pól Ó Muirí’, *Irish Times*: 9.

Hutcheon, Linda, 1988: *A Poetics of Postmodernism: history, theory, fiction*. London & New York: Routledge.

- 1989: *The Politics of Postmodernism*. New York & London: Routledge.

Hutchinson, P, 1956: ‘Piaras Firtéar’, *Comhar* 5: 15-17.

Jagodzinski, Mallory, 2015: *Love is (color) Blind: Historical Romance Fiction and Interracial Relationships in the Twenty-First Century* (Ph.D) Graduate College of Bowling Green State University.

Joye, Lar, 2013: ‘Les Irlandais et la France: trois siècles de relations militaires’, *History Ireland* 1: 29.

Knott, Eleanor, 1978: *Filíocht na Sgol*. Corcaigh: Mercier Press.

Lukács, Georg, 1983: *The Historical Novel*. Nebraska: University of Nebraska Press.

Mac an tSaoir, Flann, 1963: ‘Próslitríocht na Gaeilge’ *Comhar* 6: 19-21, 23-24.

Mac Cana, Proinsias, 2001: *Collège des Irlandais Paris & Irish Studies*. Dundalk: Dundalgan Press.

Mac Cóil, Liam, 1991: ‘Sáraíocht?’, *Comhar* 4: 26.

- 2001: *Nótaí Ón Lár*. Indreabhán: Leabhar Breac.

- 2005: *An Litir*. Indreabhán: Leabhar Breac.

- 2006: ‘Ficsean Staire’, in Ní Dhonncha, A. , ead., *Léachtaí Cholm Cille XXXVI*:

112-146.

- 2007: *Fontenoy*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- 2015: *I dTír Stráinéartha*. Indreabhán: Leabhar Breac.

Mac Confhaola, Colm, 1997: *Ceol an Phíobaire*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

- 2002: *Cogadh 'gus Cathú*: Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Conaill, Alec Bán, 2008: *1260AD*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

- 2008: *Seilbh na Coróine*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Craith, Mícheál, 1996: 'Taighde: Titley agus an treallchogaíocht in aghaidh na critice'

*Comhar* 4: 33-38.

-2013: 'Ceol an Phíobaire: úrscéal 1798, úrscéal Gaeilge an tí mhóir' in Ó Baoill. D., Ó hAodha D. & Ó Muraíle N., eagr., *Saltair, Saíochta, Sanasaíochta agus Seanchais*, England: Four Courts Press: 144-153.

Mac Gabhann, Risteard, 1985: 'Léine Ghorm by Aodh Ó Canainn', *Comhar* 2: 38.

Mac Giolla Chomhaill, An tAthair Anraí, 1988: 'Dúchas agus Dúshlán: Aistí Sheosaimh Mhic Grianna', *Comhar* 1: 36-37.

MacKernan, Caitríona, 2014: 'An Colm Bán: la blanche colombe by Liam Ó Muirthile', *Books Ireland* 357: 19

Mac Lochlainn, Antain, 1995: 'Ó Dálaigh Abú An Fear Dána by Alan Titley' *The Irish Review* 17/18: 219-220.

- 1998: 'Ealaín an Phróis', *Comhar* 11: 28-29.
- 1998: 'Ainmneacha: Ealaín an Phróis', *Comhar* 1: 22-23.

Mac Macthúna, Seán, 2007: *Hula Hul*. Indreabhán: Leabhar Breac.

Mangan, James Clarence. (trans.) 1852 *The Tribes of Ireland: a Satire. by Aenghus O'Daly, with poetical tr. by J. C. Mangan; together with An historical account of the family of O'Daly; and an introduction to the history of satire in Ireland, by J. O'Donovan*, Dublin.

McKenna, Lambert, 1969: *Dioghluim dána*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Merriman, Brian (1747-1805), 1982, *Cúirt an Mheán Oíche*. Baile Átha Cliath: An Clóchmhar.

Mhac an tSaoi, Máire, 2008: *Cérbh í Meg Russell?* Indreabhán: Leabhar Breac.

- 2001: *A Bhean Óg Ón*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Murphy, Gerard, "Notes on *Cath Maige Tuired*", *Éigse* 7 (1953–1955): 191–198.

Ní Annracháin, Máire & Nic Dhiarmada, Bríona, 1998: *téacs agus comhthéacs*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí.

Ní Chinnéide, Mairéad, 2008: '1260 AD agus Seilbh na Coróine', *Feasta* 11: 20.

-2008: 'Géargá le heagarthóireacht ar úrscéalta', *Comhar* 3: 6-9.

Ní Chléirigh, Siobhán, 1990: *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile le hAlan Titley: Saothar Iar-Nua-Aoiseach*. (Ph.D) Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.

Nic Dhiarmada, Bríona, 1994: 'An Fear Dána by Alan Titley; Éagnairc by Pádraig Ó Siadhail', *Fornight* 330: 29-31.

Nic Eoin, Máirín, 2006: 'Ag taisteal gan mapaí', in Ní Dhonncha, A. , eag., *Léachtaí Cholm Cille XXXVI*, An Sagart: 79-91.

- 1982: 'An Litríocht Réigiúnach agus Forbairt an Nuaphróis', *Comhar* 4: 22-28.

- 1984: 'Úrscéalaíocht na Gaeilge 1974-1984', *Comhar* 8 : 15-21.

- 1993: 'Facts and Fictions', *Fortnight* 4: 12-14.
- 1998: *B'ait Leo Bean*. Baile Átha Cliath: An Clóchmhar.
- 2008: ' Idir Dhá Chomhairle/ Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish', *Field Day Review* 4: 216-231.

Nic Íomhair, Caitlín, 2014: 'An Colm Bán/La Blanche Colombe', *Comhar* 6: 30

Nic Pháidín, Caitriona, 1998: 'Cúlra na hAthbheochana', *Comhar* 10: 15-21.

Ní Fhionnáin. Rachel, 2009: 'Máire mhac an dáin', *Comhar* 2: 19-21.

Ó Baoill, Seán, 2005: *Sceoin sa Bhoireann le Ré Ó Laighléis*, *Daily Ireland*: 3-6.

Ó Broinn, Leon, 1939: 'Iolar agus Sionnach by Seán Mac Maoláin' *The Irish Monthly* 787: 66-68.

Ó Buachalla, Thaddeus, 2015: *An tÚrscéal Iar-Nua-Aoiseach sa Ghaeilge*, (Ph.D) Ollscoil Chorcaí.

Ó Cadhain, Máirtín, 1969: '*Páipéir bhána agus páipéir bhreaca*', Baile Átha Cliath: Clóchomhar a d'fhoilsigh do Chumann Merriman.

- 2009: *Cré na Cille*, Indreabhán: Cló-Iar-Chonnachta.

Ó Cearnaigh, Seán, 1995: *Scríbhneoirí na Gaeilge 1945-1995*, Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ó Comhraí, Eoghan, 1873: *Manners and customs of the ancient Irish ii*, London: Williams and Norgate.

Ó Coileáin, Seán et al: *Séimhfhear Suairc, Aistí in ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir*, An Daingean: An Sagart.

- Ó Conchubhair, Brian, 2015: ‘Úrscéalta Gaeilge an Fichiú hAois’, *Comhar* 7: 14-17.
- 2016: ‘Greann na Gaeilge: Téacsanna, Tuiscintí agus Teoiricí: An Naoú Léacht Bhliantúil i nDilchuimhne ar Bharra Ó Donnabháin’ in *American Journal of Irish Studies*, eág., 13: 215-236.
- O’ Connor, Seán, 2006: ‘Fontenoy agus an Dochtuir Áthais’, *Feasta* 4: 12-13
- 2008: ‘Commentary on Seven Books for Learners of Irish’, Rotiet, K.J & Leigh. T, eágí., in *Journal of Celtic Language Learning*, U.S.A: North American Association of Celtic Language Teachers.
- Ó Cróinín, Breandáin, 2007: ‘Ag Baint Sponcáin’, *The Limerick Leader*: 17
- Ó Cuív, Brian, 1961: ‘Eachtra Muireadhaigh Í Dhálaigh’, *Studia Hibernica* 1: 56-69.
- Ó Dochartaigh, Liam, 1988: ‘Scéalai Chúige Uladh: Spléachadh ar Scéalta Staire Sheosaimh Mhic Grianna’, *Comhar* 1: 38-42.
- Ó Doibhlin, Breandáin, 2018: *Sliocht ar Thír na Scáth*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Dúrois, Seán, 2001: *Crann Smola*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- 2003, Rí na gCearrbhach. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Fiannachta, Pádraig, 1975: ‘An Barántas – Sampla de Ghreann agus de Gháirsiúlacht na bhFilí’, in Ó Fiannachta, P. , eág., *Léachtaí Cholm Cille IV*, An Sagart: 132-150.
- O’ Grady, Standish Hayes, 1926: *Catalogue of Irish manuscripts in the British museum*. London: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ó hÉigearthaigh, Seán, 1962: ‘L'Attaque by hEoghan Ó Tuairisc’, *Comhar* 5: 23-25.

Ó hÓgáin, Daithí, 1982: *An File*. Baile Átha Cliath: Ooifig an tSoláthair.

Ó Háinle, Cathal, 1998: ‘An slán don aistriú’, *Comhar* 6: 25-27.

Ó Héalaí, 2015: ‘Nach deas é? Tá an seacht nDeabhail ort’, *Tuairisc.ie*. <https://tuairisc.ie/nach-deas-e-ta-na-seacht-ndeabhail-ort/>

Ó Laighléis, Ré, 2005: *Ár i gCor Chomrua*; Baile Uí Bheacháin: Móinín.

Ó Muirí, Pól, 1992: ‘In Aghaidh Easa: Súil ar Shaothar Sheosaimh Mhic Ghrianna’ *Comhar* 5: 205-210.

- 2001: ‘Béal Feirste na gcaismirtí crua seicteacha’, *The Irish Times*: 12.
- 2001: ‘Rare novel from a rare breed’, *The Irish Times*: 12.
- 2001: ‘Sex and violence as Gaeilge’, *The Irish Times*: 19.
- 2008: ‘Hula Hul le Seán Mac Mathúna’, *Cúinne na nEalaíon* 85.
- 2018: ‘Iseáia fáidh, magna Irecheria agus úrscéal’, *The Irish Times*: 17.

Ó Raithille, Tomás, 1927: *Measgra Dánta*. Corcaigh & Baile Átha Cliath: Cork University Press.

Ó Ríordáin, Seán, 2011: *Seán Ó Ríordáin: Na Dánta*. (eag) Seán Ó Coileáin, Indreabhán: Cló-Iar-Chonnachta.

- 1952: *Eireaball Spideoige*. Baile Átha Cliath: Sáirseal & Dill.

Ó Scolaí, Darach, 2007: *An Cléireach*. Indreabhán: Leabhar Breac.



Ó Tuairisc, Eoghan, 1987: *Religio Poetae agus Aistí Eile*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.

- 1962: *L'Attaque*. Baile Atha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh.
- 1966: *Dé Luain*. Baile Atha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh.

Ó Tuama, Seán & Kinsella, Tomás, 1981: *An Duanaire 1600-1900: Poems of the Dispossessed*. Mountrath: Dolmen Press.

Peck, John, 1947: *Literary Terms and criticism*. Basingstoke: Palgrave Macmillan.

- Peck, John & Coyle, Martin, 2002: *A Brief history of English literature*. Hampshire & New York: Houndmills.

Póirtéir, Cathal. 2011: 'An Litir le Liam Mac Cóil', *IMRAM*: 675.

- 2015: 'I dTír Stráinséartha by Liam Mac Cóil', *Books Ireland* 361: 32-33.

Quiggan, Edmund Crosby, 1911: *Prolegomena to the Study of the Later Irish Bards, 1200-1500*. Oxford: Oxford University Press.

Sealy, Dúghlas, 1985: 'Faoin Tuaisceart': *Books Ireland* 3: 37-38.

Selden Raman, 1984: *Criticism and Objectivity*. London: Allen & Unwin.

Shakespeare, William, 1596: *The Merchant of Venice*. 7th ed., Brown, John Russell, (1923) London: Methuen.

Simms, Katharine, 1989: 'Bards and barons: the Anglo-Irish aristocracy and the native culture': *Medieval Frontier Societies*: 177-197.

Thompson, Derick S., 1960-63: 'The MacMhuirich bardic family', *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* 43: 276–304.

Titley, Alan, 1987: *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile*, Baile Átha Cliath: An Clóchmhar.

- 1992: 'Clocha Saoirsinne agus Bláithíní an tSléibhe', *Comhar* 5: 40, 42-52, 54-55.
- 1993: *An Fear Dána*, Baile Átha Cliath: An Clóchmhar.
- 2005: 'A wild geese chase', *The Irish Times*: 11.
- 2007: 'An Cléireach Cogaíoch', *Foinse*: 17
- 2011: 'Ní hAnsa': *Comhar* 3: 16-19.
- 2014: *An Bhean Feasa*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- 2018: 'Tost Liteartha nach Scagtar'. *The Irish Times*: 20.

Traynor, Jessica, 2018: 'Irishwoman Ann Glover, the last woman hanged for witchcraft in Boston', *The Irish Times*: 21.

Uí Bhraonáin, Donla, 2008: *Paidreacha na Gaeilge*, Baile Átha Claith: Cois Life Teoranta.

Vahey, Lee, 2014: 'Gaeil ag Déanamh Grinn', *Comhar* 4: 27-28.

- 2015: 'Seolta Bocóideacha agus Clonscairt Chlaimhte', *Comhar* 4: 26-28.

Woods, John, 2015: 'An Bhean Feasa agus Brí na Filíochta', *Comhar* 8: 23-25.

### **Foinsí Eile**

- Físeán

Mac Cóil, Liam, (2013) *An Scéalaíocht*, Leabhar Breac:

<https://www.youtube.com/watch?v=-FI85H23FrU>

- (2013) *Teanga an Úrscéil*, Leabhar Breac:

<https://www.youtube.com/watch?v=Ukot69gABlk>

Ó Scolaí, Darach (2013) *An tÚrscéal Staire*, Leabhar Breac:

<https://www.youtube.com/watch?v=EsB19uQiM78>

Póirtéir, Cathal (2013) *Alan Titley faoi agallamh*, Meon Eile:

<https://www.youtube.com/watch?v=3MoiyKB5gXg&t=462s>

Titley, Alan, (2018) *My Writings, My Time*, Kerala Literature Festival:

<https://www.youtube.com/watch?v=ebkR3wqU8D8&t=903s>

